NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment


# Aistear

## Creatchuraclam na Luath-Óige
## The Early Childhood Curriculum Framework















## Treoirlínte le haghaidh an dea-chleachtais



© CNCM 2009

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2.
www.ncca.ie

# Clár

**Réamhrá** **5**

**Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí** **6**
- Réamhrá 7
- Cad is comhpháirtíochtaí ann? Cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint leo? 7
- Comhpháirtíocht agus í ag feidhmiú 8
- Tacú le foghlaim agus forbairt 8
- Eolas a Chomhroinnt 12
- Rannpháirtíocht 20
- Cinntí a dhéanamh agus cur chuige agus bealaí éagsúla a mholadh 23
- Conclúid 26

**Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta** **27**
- Réamhrá 28
- Conas is féidir liom idirghníomhú go sásúil le leanaí? 28
- Cad iad na straitéisí idirghníomhaíochta is féidir liom a úsáid? 29
- Modhanna samplacha: Tuilleadh eolais 32
- Leanaí ag foghlaim le chéile 48
- Conas is féidir liom tacú le hidirghníomhaíocht idir leanaí? 48
- Conclúid 53

**Foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha** **54**
- Réamhrá 55
- Céard is súgradh ann? 55
- An bhfuil cineálacha éagsúla súgartha ann? 56
- Cá mbíonn leanaí ag súgradh? 57
- Cén ról atá agamsa, an duine fásta, sa súgradh? 58
- Conas an timpeallacht súgartha a ullmhú? 59
- Conas is féidir liom cuidiú le leanaí a bhfuil sé deacair orthu súgradh? 62
- Conas is féidir liom súgradh a úsáid ar fud cheithre théama *Aistear*? 63
- Conclúid 73

**Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe** **74**
- Réamhrá 75
- Cad is measúnú ann? Cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint leis? 75
- Cad a dhéanfaidh mé a mheasúnú agus cathain a dhéanfaidh mé an measúnú sin? 77
- Cén t-eolas a dhéanfaidh mé a dhoiciméadú agus cén fáth agus cén chaoi a ndéanfaidh mé é a dhoiciméadú? 77
- Conas an t-eolas measúnaithe a stóráil agus cá fhad é a choinneáil? 79
- Conas a bhainfidh mé úsáid as an eolas a bhaileoidh mé agus a dhéanfaidh mé a dhoiciméadú? 80
- Cé leis/léi a chomhroinnfidh mé an t-eolas seo agus cén chaoi a ndéanfaidh mé sin? 81
- Cén t-eolas is cóir dom a bhailiú ó thuismitheoirí? 82
- Conas an t-eolas measúnaithe a bhailiú? 83
- Cúig mhodh don measúnú 83
- Féinmheasúnú 84
- Comhráite 88
- Breathnóireacht 92
- Tascanna sa suíomh 98
- Tástáil 103
- Na dúshláin agus láidreachtaí a bhaineann leis na modhanna measúnaithe 106
- Conclúid 107

**Aguisín 1: Acmhainní don súgradh** **108**

**Aguisín 2: Reachtaíocht, rialacháin agus measúnú** **113**

**Leabharliosta** **115**

## Fíoracha

Fíor 1: Sainmhíniú ar chomhpháirtíocht 7
Fíor 2: Sliocht as dialann laethúil Paul 19
Fíor 3: Sainmhíniú an fhocail ‘measúnú’ 75
Fíor 4: Modhanna measúnaithe 84
Fíor 5: Cineálacha breathnóireachta 92

## Táblaí

Tábla 1: Na sochair a bhaineann le tuismitheoirí agus cleachtóirí a bheith ag obair i gcomhar lena chéile 8
Tábla 2: Réimse de straitéisí idirghníomhaíochta 29
Tábla 3: Caidrimh a thógáil 30
Tábla 4: Éascú 30
Tábla 5: Eagrú 31
Tábla 6: Stiúradh 31
Tábla 7: Saintréithe an tsúgartha 55
Tábla 8: Súgradh a chur i gcatagóirí 56
Tábla 9: Foghlaim a shaibhriú agus cur leis an bhfoghlaim trí mheán an tsúgartha 59
Tábla 10: Athrú ar ról an duine fhásta sa súgradh le linn na luath-óige 61
Tábla 11: Machnamh ar mheasúnú 75
Tábla 12: Gnéithe den dea-chleachtas sa mheasúnú 76
Tábla 13: Foghlaim agus forbairt leanaí a dhoiciméadú 78
Tábla 14: Dúshláin agus láidreachtaí 107

# Réamhrá

Is creatchuraclam é *Aistear* le haghaidh leanaí in Éirinn don tréimhse 0-6 bliana d'aois. Cuireann sé síos ar fhoghlaim agus ar fhorbairt trí na ceithre théama bhainteacha seo a leanas: *Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.* Tá ceithre shraith de threoirlínte ann, gach ceann ag díriú ar ghnéithe éagsúla den oideolaíocht, a cuireann síos ar **an gcaoi** ar féidir leis an duine fásta tacú le foghlaim agus forbairt an linbh ar fud na dtéamaí sin. Díríonn na treoirlínte orthu seo a leanas:

- comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí
- foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí
- foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha
- tacú le foghlaim agus forbairt trí mheasúnú.



Cuireann na treoirlínte seo síos ar dhea-chleachtas agus baineann úsáid as roinnt *eispéireas foghlama* chun an cleachtas seo a léiriú. Cé go ndíríonn na heispéiris foghlama seo ar aoisghrúpa ar leith leanaí agus ar chineál ar leith suímh de ghnáth, féadfar roinnt mhaith díobh a chur in oiriúint d'aoisghrúpaí agus do shuíomhanna eile. Sa rannóg *Machnamh ar mo chleachtas* cuidítear leis an duine fásta machnamh a dhéanamh ar a ndéanfaidh agus ar a ndéarfaidh sé/sí chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí.

Tá an iliomad ceangal idir na ceithre shraith treoirlínte. Mar shampla, féadfaidh roinnt mhaith de na heispéiris foghlama i sraith amháin tacú le cleachtas i dtreoirlínte eile.





# Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí

# Réamhrá





Is iad na tuismitheoirí na daoine is tábhachtaí le linn luath-óige an linbh. Foghlaimíonn leanaí faoin domhan agus an áit atá acu féin sa domhan sin trí mheán a gcomhráite, a súgartha agus a ngnáthamh le tuismitheoirí agus lena dteaghlaigh. Féadfaidh tuismitheoirí tacú le foghlaim an linbh freisin i suíomhanna eile lasmuigh den bhaile, mar shampla suíomhanna feighlíochta libh, creiseanna, grúpaí súgartha, naíonraí, agus bunscoileanna. Féadfaidh tuismitheoirí agus cleachtóirí feabhas a chur ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí trí oibriú i gcomhar lena chéile.


Bíonn tacaíocht ag teastáil ó gach tuismitheoir ó am go chéile. Mar shampla, i gcás báis sa chlann, i gcás fadhbanna airgeadais, nó i gcás drochshláinte seans go mbeadh cúnamh sa bhreis de dhíth orthu. I measc na nithe eile a chuirfeadh isteach ar rannpháirtíocht mhaith na dtuismitheoirí i bhfoghlaim agus i bhforbairt a leanaí tá srianta ama, bochtaineacht, cúlra sóisialta agus eacnamaíochta, féiniúlacht chultúrtha, idirdhealú éagórach, eispéiris dhiúltacha roimhe seo, deacrachtaí litearthachta, teanga, nó míchumais éagsúla. Cé go bhfuil sochair le baint ag gach tuismitheoir agus teaghlach as an gcomhpháirtíocht, féadfaidh comhpháirtíochtaí idir an tuismitheoir agus an cleachtóir a bheith thar a bheith tábhachtach do na teaghlaigh seo.

Sna treoirlínte seo tugtar breac-chuntas ar an mbrí atá le comhpháirtíocht agus cuirtear síos ar bhealaí éagsúla ar féidir le tuismitheoirí agus cleachtóirí oibriú i gcomhar lena chéile.

## Cad is comhpháirtíochtaí ann? Cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint leo?

**Fíor 1: Sainmhíniú ar chomhpháirtíocht**

Is éard atá i gceist le comhpháirtíocht ná tuismitheoirí, teaghlaigh agus cleachtóirí ag obair **i gcomhar lena chéile** chun sochair leanaí. **Aithníonn agus urramaíonn** siad a bhfuil le rá ag a chéile agus aithníonn **luach** leis sin. Tá **freagracht** ar na comhpháirtithe uile as an gcomhpháirtíocht.



Tá sé níos coitianta anois cúram luath agus oideachas leanaí óga, mamailíneach agus leanaí a bheith á roinnt ag tuismitheoirí, teaghlaigh agus cleachtóirí. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh cur chuige comhpháirtíochta ann i measc na ndaoine seo, go háirithe agus athruithe ag tarlú i saol an linbh. I measc na n-athruithe sin tá socrú isteach i suíomh nua, aithne a chur ar chleachtóir agus dul i dtaithí leanbh óg nua a bheith sa bhaile. Amanna ríthábhachtacha eile i saol an linbh ná i gcás báis sa chlann, i gcás iad a bheith corraithe nó imníoch, nó i gcás go bhfágtar ar lár iad nó go gcaitear leo ar bhealach éagsúil nó diúltach. Féadfaidh tuismitheoirí agus cleachtóirí an saol a dhéanamh níos éasca don leanbh ach oibriú i gcomhar lena chéile agus eolas a chomhroinnt. Is ar mhuinín a bhunaítear comhpháirtíochtaí maithe. Ní foláir do chleachtóirí meas a bheith acu ar rúndacht an eolais a fhaigheann siad i leith leanaí, ach fós féin a thuiscint nach féidir rúndacht a chinntiú i gcónaí, mar shampla i gcás saincheisteanna cosanta leanaí.[1]

Tugann Tábla 1 breac-chuntas ar na sochair atá le baint as comhpháirtíochtaí maithe idir tuismitheoirí, cleachtóirí agus leanaí.

1 Féach *Children First: National Guidelines for the Protection of Children* (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 1999), *Our Duty to Care: the principles of good practice for the protection of children and young people*, (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2002) agus *Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2001).

**Tábla 1: Na sochair a bhaineann le tuismitheoirí agus cleachtóirí a bheith ag obair i gcomhar lena chéile**

| Tuismitheoirí | Cleachtóirí | Leanaí |
|---|---|---|
| ▪ a bhrath go bhfuil meas orthu agus luach ag baint lena n-ionchur<br>▪ bheith níos rannpháirtí i bhfoghlaim agus i bhforbairt a leanaí<br>▪ bheith in ann eolas a chomhroinnt i leith a leanaí<br>▪ a bhrath go bhfuil tuiscint ar luachanna, ar chleachtais, ar thraidisiúin agus ar chreideamh a dteaghlaigh<br>▪ a bhrath ar a gcompord ag tabhairt cuairte ar an suíomh, ag labhairt le cleachtóirí agus ag pleanáil leo<br>▪ tuilleadh a bheith ar eolas i ndáil le heispéiris a leanaí lasmuigh den bhaile agus an t-eolas sin a úsáid chun tacú lena bhfoghlaim agus a bhforbairt ar bhealach níos éifeachtaí<br>▪ an tábhacht a bhaineann le cúram luath-óige agus oideachas a thuiscint<br>▪ muinín níos fearr a bheith acu as a scileanna tuismitheoireachta féin. | ▪ tuiscint níos fearr ar na leanaí agus a dteaghlaigh ina suíomhanna teaghlaigh agus úsáid a bhaint as an eolas sin chun an fhoghlaim a dhéanamh níos taitneamhaí agus níos sásúla le haghaidh gach linbh<br>▪ bheith ábalta cuidiú le leanaí féiniúlacht agus muintearas a bhrath trí pháirt ghníomhach a bheith acu sa suíomh i bhfoghlaim faoi luachanna, traidisiúin agus creideamh teaghlaigh, agus cur leo seo i gcás gur iomchuí<br>▪ sochar a bhaint as scileanna agus saineolas na dtuismitheoirí<br>▪ bheith in ann timpeallacht níos socra ó thaobh na mothúchán de a sholáthar do na leanaí. | ▪ a bhrath níos socra agus sochar a bhaint as na deiseanna oideachais a chuirtear ar fáil dóibh<br>▪ aistriú ó shuíomh amháin go suíomh eile le níos mó muiníne<br>▪ amharc ar an bhfoghlaim ar bhealach níos taitneamhaí nuair atá a saol baile 'sofheicthe' sa suíomh<br>▪ taitneamh a bhaint as a dteanga dhúchais a bheith in úsáid sa suíomh nuair nach é an Béarla nó í an Ghaeilge an teanga sin<br>▪ ceangail a thabhairt faoi deara idir na seirbhísí éagsúla atá ann chun tacú leo. |

## Comhpháirtíocht agus í ag feidhmiú

Tá an iliomad bealaí éagsúla ann ar féidir le cleachtóirí agus tuismitheoirí oibriú i gcomhar lena chéile. Díríonn na treoirlínte seo ar cheithre bhealach:

- tacú le foghlaim agus forbairt
- eolas a chomhroinnt
- rannpháirtíocht
- cinntí a dhéanamh agus cur chuige agus bealaí éagsúla a mholadh.

Tá ceangail idir na bealaí éagsúla seo mar is léir i roinnt de na heispéiris foghlama ar leathanaigh 11 go 26.

## Tacú le foghlaim agus forbairt

Is éard atá sa tuismitheoireacht ná an cúram, an t-oideachas agus an aird atá riachtanach a chur ar fáil do leanaí chun cuidiú leo foghlaim agus forbairt. Is iad na tuismitheoirí a chuireann a gcéad eispéiris foghlama ar fáil do leanaí agus cuidíonn siad le leanaí clocha mílte tábhachtacha a bhaint amach amhail suí, siúl, dul go dtí an leithreas, labhairt, nithe a ghearradh, cnaipí a dhúnadh, rothaíocht, léitheoireacht, agus mar sin de. De réir mar a chaitheann leanaí níos mó ama i suíomhanna lasmuigh den bhaile leanann tuismitheoirí ar aghaidh ag tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt. Bíonn sé seo níos éifeachtaí i gcás go gcomhlánaíonn na tuismitheoirí na heispéiris a bhíonn ag leanaí i suíomh áirithe. Ar an gcaoi chéanna, bíonn an fhoghlaim níos suntasaí i gcás go n-úsáideann cleachtóirí eolas ó thuismitheoirí i ndáil le spéiseanna, scileanna, cumais agus claonadh na leanaí mar thúsphointe le haghaidh eispéiris nua. Seo a leanas roinnt bealaí ar féidir le tuismitheoirí tacú le foghlaim agus forbairt a leanaí sa bhaile, agus an chaoi ar féidir le cleachtóirí cuidiú leo déanamh amhlaidh.

## Tuismitheoirí

Is féidir leat tacú le foghlaim agus forbairt an linbh sa bhaile ar na bealaí seo a leanas:

- Iarr ar an **gcleachtóir moltaí** a thabhairt duit i ndáil lenar féidir a dhéanamh sa bhaile le do leanbh.
- Bíodh na leanaí páirteach i **ngníomhaíochtaí laethúla** cosúil le cócaireacht, siopadóireacht, oibriú sa ghairdín, dul go dtí an neachtlann, agus taisteal ar an mbus. Labhair le do leanbh i ndáil lena bhfuil ar siúl aige/aici, agus fiafraigh de/di cén chaoi a mbraitheann sé/sí.
- Tabhair deiseanna do do leanbh úsáid a bhaint as a **c(h)éadfaí** – chun nithe éagsúla a fheiceáil, a bhlaiseadh, a bholú, agus a chloisteáil.
- **Léigh** le haghaidh do linbh. Cláraigh leis an leabharlann áitiúil, agus cuidigh le do leanbh leabhair a roghnú a mbainfidh sibh taitneamh astu lena chéile.
- **Cas amhráin, inis scéalta** agus **imir cluichí** le do leanbh. Bain **taitneamh** as an saol i dteannta a chéile.
- **Labhair** le do leanbh. Spreag é/í le ceisteanna a chur. Tabhair le fios do do leanbh nach mbeidh an freagra i gcónaí ar eolas agat. Faigh amach faoi rudaí i dteannta a chéile.
- Cuir teorainn leis an méid ama a chaitheann do leanbh ag breathnú ar an **teilifís**. Labhair leis/léi i ndáil leis na cláir a bhféachann sé/sí orthu.
- Faigh amach **conas a fhoghlaimíonn agus a fhorbraíonn leanaí.** Iarr ar chleachtóir do linbh moltaí a thabhairt duit i ndáil le leabhair nó suíomhanna gréasáin úsáideacha ar a bhfuil eolas ar fáil.
- Léigh ***Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*** chun smaointe a fháil i ndáil lenar féidir leat a dhéanamh chun tacú le foghlaim agus forbairt do linbh. Sna *deiseanna foghlama samplacha* faoi na ceithre théama agus sna *heispéiris foghlama* sna treoirlínte tá moltaí i ndáil le roinnt mhaith gníomhaíochtaí le déanamh lena chéile.





## Cleachtóirí

Féadfaidh sibh cuidiú le tuismitheoirí tacú le foghlaim agus forbairt a leanaí ar na bealaí seo a leanas:

- **Comhroinn eolas** faoin gcuraclam le tuismitheoirí.
  - Bain úsáid as clár fógraí chun tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanann leanaí ar lá áirithe. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as pictiúir chun an t-eolas seo a chur in iúl do thuismitheoirí nach bhfuil Béarla ná Gaeilge acu.
  - Seol roinnt grianghraf abhaile de na leanaí le fortheidil a chuireann síos ar a bhfuil agus a bhí ar siúl acu agus á fhoghlaim acu.
  - Cuir na tuismitheoirí ar an eolas i ndáil le topaicí ar spéis lena leanaí iad. Faigh amach cad iad na spéiseanna atá ag na leanaí sa bhaile agus forbair na spéiseanna sin.
  - Tabhair cuireadh do thuismitheoirí eolas a chomhroinnt i ndáil lena gcultúr agus a dtraidisiúin, ar eolas é a d'fhéadfadh bheith úsáideach i dtacú le foghlaim agus forbairt a leanaí.
  - Eagraigh seisiúin eolais le haghaidh tuismitheoirí. D'fhéadfadh roinnt de na seisiúin seo a bheith an-tábhachtach don leanbh nuair a thosaíonn sé/sí sa suíomh nó ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh seisiún díriú ar cheithre théama *Aistear* agus na nithe le déanamh chun tacú le foghlaim agus forbairt

leanaí iontu seo. I gcás leanaí sna naíonáin shóisearacha agus shinsearacha, d'fhéadfadh an seisiún eolais díriú ar *Churaclam na Bunscoile* agus ar *Aistear*. D'fhéadfadh seisiún eile béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le súgradh agus an chaoi ar féidir le leanaí foghlaim trí mheán an tsúgartha.

- Bualadh le múinteoir(í) rang na naíonán chun a fháil amach cén chaoi ar féidir leat cuidiú le tuismitheoirí agus a leanaí aistriú go muiníneach éasca, taitneamhach chuig an mbunscoil.
- Seoladh shuíomh gréasáin CNCM a thabhairt do thuismitheoirí ionas gur féidir leo tuilleadh a fháil amach faoi: *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (féach www.ncca.ie/luathoige).

- **Roinn acmhainní** le tuismitheoirí.
    - Cuir bileoga eolais, bileoga le noda, DVDanna agus acmhainní eile ar fáil le haghaidh tuismitheoirí. Cuir iad seo ar fáil i dteangacha dúchais na leanaí i gcás gur féidir é.
    - Leabhair scéalaíochta agus téipeanna d'amhráin agus de rannta a thabhairt ar iasacht.
    - Pacáistí foghlama le smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí a sholáthar, agus míreanna a chur san áireamh cosúil le criáin agus siosúir atá oiriúnach do leanaí óga, má tá dóthain airgid ar fáil
    - Leabhair a roinnt atá éasca le léamh maidir le forbairt linbh.

- Cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí **am a chaitheamh sa suíomh** ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí agus foghlaim faoina ndéanann a leanaí.

- **Nuachtlitir** rialta a fhorbairt a chuireann eolas úsáideach ar fáil cosúil le focail amhrán agus rannta atá á bhfoghlaim ag na leanaí, dátaí tábhachtacha, nuashonrúcháin i ndáil le polasaithe, agus blúirí beaga teoirice i dteannta smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí ar féidir iad a dhéanamh sa bhaile – gníomhaíochtaí taitneamhacha nach bhfuil costasach.

## Machnamh ar mo chleachtas


Mar thuismitheoir

1. *Cad iad na gníomhaíochtaí taitneamhacha nua is féidir liom a dhéanamh le mo leanbh chun cuidiú leis/léi foghlaim agus forbairt?*
2. *Cá mhéad atá ar eolas agam faoina bhfuil á fhoghlaim ag mo leanbh lasmuigh den suíomh sa bhaile?*
3. *Conas is féidir liom tuilleadh a fháil amach chun cuidiú leis/léi foghlaim agus forbairt sa bhaile?*

Mar chleachtóir

4. *Conas is féidir liom eolas a bhailiú ó thuismitheoirí agus a úsáid chun feabhas a chur ar eispéiris na leanaí?*
5. *Cad iad na céimeanna is féidir liom a thógáil chun cuidiú le tuismitheoirí tacú le foghlaim agus forbairt a leanaí?*
6. *Cad iad na hacmhainní atá agam a bhféadfainn iad a roinnt le tuismitheoirí?*



**Eispéireas foghlama 1: Fréamhacha Nua-Shéalainne Jack**

### Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht:* Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 5

**Aoisghrúpa: Leanaí óga agus leanaí**

**Suíomh: Sa bhaile agus feighlíocht linbh**

Léann Luke scéal do Jack (5½ bliain d'aois) agus dá dheirfiúr óg Kate (16 mhí) gach oíche sula dteanna siad a chodladh. De réir mar a luíonn siad isteach le Daidí, cuidíonn Kate na leathanaigh a chasadh agus síneann a méar i dtreo na gcarachtar is fearr léi. Is breá léi leabhair flapaí agus d'inis Luke d'fheighlí Kate, Mags, faoi seo nuair a thosaigh Mags ag tabhairt aire di cúpla mí ó shin. Tá roinnt de na leabhair seo ag Mags agus is breá le Kate suí ar bhaclainn Mags ar an suíochán sa ghairdín agus breathnú orthu.

D'inis Luke do Mags freisin i dtaobh na spéise atá ag Jack i leabhair, go háirithe leabhair spóirt. Is as an Nua-Shéalainn do Luke agus is breá leis féin agus le Jack léamh os ard faoi rugbaí. Mhúin Jack do leanaí eile ag teach Mags conas rugbaí a imirt, agus cúpla seachtain ó shin shocraigh Luke go rachadh Mags agus na ceithre leanbh eile a dtugann sí aire dóibh chuig cluiche rugbaí sa scoil áitiúil. Chomh maith leis sin cheannaigh sí dhá leabhar faoin Nua-Shéalainn mar go bhfuil Jack agus a theaghlach ag beartú cuairt a thabhairt ar mhamó agus ar dhaideo ansin an samhradh seo chugainn. Tá a lán á fhoghlaim ag Mags agus na leanaí eile faoin Nua-Shéalainn. Tá siad ag fáil amach faoin aimsir ann, faoi na spóirt a imríonn siad, faoin mbia a itheann siad, agus na cineálacha feirmeacha atá acu. Tá siad á gcur i gcomparáid freisin leis an sráidbhaile i gContae Thiobraid Árann áit a bhfuil cónaí orthu. Tá na leanaí sceitimíneach faoi Jack a bheith ag dul ar eitleán mór. Tá siad ag tógáil eitleáin cosúil leis i seomra súgartha Mags. Tá an t-eitleán bréige seo ollmhór!

?

*Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom spéis na leanaí a spreagadh chun cur lena bhfoghlaim agus a bhforbairt, agus chun a bhféiniúlacht a dhaingniú?*

**Eispéireas foghlama 2: Buille an druma**

### Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 2

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Cúram lae baile lánaimseartha agus páirtaimseartha (creis)**

Bhog Gloria go hÉirinn ón Nigéir Thuaidh trí bliana ó shin. Labhraíonn sí Béarla agus tugann sí cúnamh i seomra na mamailíneach ar mhaidin Mháirt gach dara seachtain. Tá a garmhac Lee (2½ bliain d'aois) ag freastal ar an gcreis ó mhí Mheán Fómhair i leith. Gach uair a thugann sí cuairt ar an gcreis, tugann Gloria léi rud éigin ón Nigéir Thuaidh ionas gur féidir leis na leanaí é a fheiceáil, súgradh leis agus foghlaim faoi. Tá taithí ag Lee ar na nithe seo. Thug sí léi druma Afracach lá amháin. Sheinn sí an druma agus í ag casadh amhrán Afracach agus rinne an chuid eile den chomhluadar bualadh bos le buille an druma. Rinne Lee agus roinnt dá chairde aithris ar roinnt de na focail agus na frásaí. Rinne na leanaí iarracht ina dhiaidh sin an druma a sheinm iad féin. Ba mhaith le Gloria roinnt cluichí a imirt lasmuigh leis na mamailínigh an chéad uair eile. Rinne Sorcha, an ceannaire seomra, roinnt nóiméad de na himeachtaí a thaifeadadh ar fhístéip agus thaispeáin é seo do na leanaí nuair a bhí Gloria imithe abhaile.

?

*Ábhar Machnaimh: Cad iad na bealaí ar féidir leis na tuismitheoirí agus na seantuismitheoirí a bheith páirteach in eispéiris a shaibhriú do na leanaí?*

**Eispéireas foghlama 3: Ag tacú le mo fhoghlaim**



## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 2

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Sa bhaile agus rang na naíonán (bunscoil)**

Tá Kara (4 bliana d'aois) i rang na naíonán sóisearach. D'fhág a tuismitheoirí an scoil agus iad óg. Tá deacrachtaí litearthachta acu agus tuigeann siad go bhfuil seo ina mhíbhuntáiste. Ba bhreá leo dá d'éireodh go maith le Kara ar scoil agus dá bhfaigheadh sí oideachas maith. Ach deir Kara nach maith léi an scoil. Cuireann an comhordaitheoir Pobail Teagmhála Baile is Scoile, Betty, cúnamh ar fáil do Kara agus dá teaghlach. Iarrann Betty ar thuismitheoirí Kara labhairt leis an múinteoir, Iníon Nugent, agus molann sí cúpla ceist ar féidir leo iad a chur ar an múinteoir. Iarrann Iníon Nugent orthu cuidiú le Kara ar pé bealach is féidir leo. Molann sí go n-úsáidfidís leabhar pictiúr chun scéalta a léamh nó scéalta a insint di iad féin faoina dtréimhse ina leanaí. Is féidir leo pictiúir a tharraingt lena chéile sa bhaile agus labhairt ina dtaobh. Má tá am acu is féidir leo teacht isteach cúpla lá agus cuidiú sa seomra ranga.

Chuidigh Iníon Nugent le Kara ar scoil freisin trí fhiafraí di cad iad na leabhair is maith léi breathnú orthu agus a léamh ar scoil. D'fhreagair Kara, *Leabhair mar gheall ar leanaí óga agus leanaí faoi éadaí maiseacha a chur orainn i dteach mo chara*. Úsáideann sí anois leabhair leis na topaicí seo go minic nuair atá scéalta á léamh aici do Kara agus dá cairde. Cuireann sí éadaí maiseacha agus frapaí cosúil le tiaraí, bábóga, bugaí agus málaí láimhe sa spás don súgradh samhlaíoch. Labhraíonn Iníon Nugent go minic le máthair Kara chun a fháil amach conas a leanfaidh siad leis an obair le chéile chun tacú le Kara sa bhaile agus ar scoil. Bíonn teagmháil idir Betty agus Iníon Nugent agus tuismitheoirí Kara freisin go rialta chun a chinntiú go mbíonn eispéiris dhearfacha ag Kara agus ag a teaghlach ar scoil.

?

***Ábhar Machnaimh: Cad is féidir liom a dhéanamh chun tacaíocht agus uchtach níos fearr a thabhairt do thuismitheoirí áirithe?***

## Eolas a Chomhroinnt



Tá an chumarsáid mhaith idir tuismitheoirí agus cleachtóirí ríthábhachtach má táthar chun foghlaim agus forbairt leanaí a chothú. Ní foláir do gach duine a bheith soiléir faoina ról agus faoina bhfuil an duine eile ag súil leis. Mar a luadh roimhe seo, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh gach duine go bhfuil roinnt den eolas a chomhroinneann tuismitheoirí agus cleachtóirí ina eolas rúnda, cé nach bhfuil sé seo amhlaidh i gcásanna saincheisteanna cosanta leanaí.

Féadfaidh riachtanais speisialta a bheith ag roinnt tuismitheoirí ó thaobh rochtain a fháil ar eolas nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí. Mar shampla, tuismitheoirí atá faoi mhíchumas fisiceach, a bhfuil lagú céadfach acu, a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, ar teanga dhúchais eile atá acu seachas an teanga a labhraítear sa suíomh. Is iad na tuismitheoirí féin an acmhainn is luachmhaire atá ann chun caidreamh comhpháirtíochta a chothú. Féadfaidh roinnt tuismitheoirí a bheith cúthail, ámh, nó gan mórán féinmhuiníne a bheith acu, ach le roinnt tacaíochta ba bhreá leo páirt a ghlacadh. An chéad chéim atá riachtanach sa chás áirithe seo ná a fháil amach cad iad na riachtanais atá acu, mar gur féidir le tuismitheoirí léargais luachmhara a chur ar fáil i ndáil leis an gcaoi a bhféadfaí feabhas a chur ar sheirbhísí nó an chaoi na seirbhísí sin a dhéanamh níos inrochtana dóibh.



Tá an chomhpháirtíocht idir cleachtóirí agus gairmithe eile a bhfuil páirt acu i dtacú le foghlaim agus forbairt leanaí ríthábhachtach freisin, agus ba chóir go rachadh a n-ionchuir chun sochair leanaí a mhéad is féidir. Nuair nach féidir teagmháil dhíreach a bheith ann idir cleachtóirí agus gairmithe eile féadfaidh tuismitheoirí a bheith ina dteagmhálaithe leis an eolas a atreorú.

### An suíomh

Ba chóir eolas a thabhairt do thuismitheoirí faoi shuíomh na leanaí lasmuigh den bhaile agus faoin bhfoireann sa suíomh sin. Áiríonn an t-eolas seo[2] sonraí i leith na nithe seo a leanas:

- Fís nó misean an tsuímh
- An curaclam – a phrionsabail, na nithe a fhoghlaimíonn na leanaí agus na slite ina bhfoghlaimíonn siad
- An Bainisteoir/príomhoide, agus an príomhtheagmhálaí agus/nó oibrí bunriachtanach an linbh
- Áiseanna an tsuímh
- Amanna oscailte agus dúnta
- Oiliúint agus cáilíochtaí na foirne
- Cóimheasa daoine fásta le leanaí, agus an t-uaslíon agus aois na leanaí
- Táillí
- Polasaithe i réimsí amhail iompar a bhainistiú, bia sláintiúil a chur chun cinn, agus socrú isteach.








### Eispéiris agus dul chun cinn leanaí

Ní foláir do thuismitheoirí agus do chleachtóirí cumarsáid rialta a bheith eatarthu mar gheall ar dhul chun cinn, spéiseanna, riachtanais agus eispéiris laethúla na leanaí. Tá an-chuid eolais ag tuismitheoirí i ndáil lena leanaí. Is féidir leo cur leis an bpictiúr atá ag an gcleachtóir den leanbh ach an t-eolas seo a chomhroinnt – mar shampla na nithe is maith/nach maith leis an leanbh, na spéiseanna atá aige/aici, agus mar sin de. Tá sé tábhachtach, mar sin, go bhfaigheadh tuismitheoirí an deis bualadh le cleachtóirí agus eolas a chomhroinnt i ndáil lena leanaí. Le haghaidh tuilleadh eolais féach na treoirlínte, *Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe.*

Is minic a labhraíonn tuismitheoirí le daoine ó ghairmeacha éagsúla i ndáil lena leanaí, agus féadfaidh gach gairm a théarmaíocht speisialta a bheith ag baint léi. Féadfaidh téarmaí laethúla bríonna éagsúla a bheith acu i suíomhanna éagsúla. Tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint ag gach duine ar a bhfuil á phlé, cad is brí leis na téarmaí agus céard atá á mholadh do na leanaí. Tá sé tábhachtach le haghaidh gach linbh, go háirithe nuair nach Béarla nó Gaeilge teanga dhúchais an tuismitheora, nuair nach bhfuil oideachas foirmiúil ar na tuismitheoirí, nó an t-oideachas sin a bheith ar an mbeagán, agus, i gcás leanaí le riachtanais speisialta oideachais, nuair atá téarmaí teicniúla á n-úsáid.

---

[2] Leagtar amach sna Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (2006) an t-eolas bunúsach is gá a thabhairt do thuismitheoirí. Is maith le roinnt mhaith suíomhanna níos mó eolais ná seo a chomhroinnt maidir leis an gcaoi a n-oibríonn siad.

Ba chóir eolas a chomhroinnt i mBéarla/Gaeilge shothuigthe. Bíonn sé i gcónaí cuidiúil nótaí a scríobh, labhairt, pictiúir a úsáid, agus eolas a aistriú ar bhealaí cuidiúla le tuismitheoirí. Beidh gá le socruithe éagsúla uaireanta le teaghlaigh éagsúla. Is gá go dtabharfadh cleachtóirí aird ar leith ar leanaí ar scar nó ar cholscar a dtuismitheoirí nuair atá teagmháil á déanamh leis an mbaile. Uaireanta beidh gá an t-eolas a sheoladh chuig dhá bhaile agus dhá choinne éagsúla a dhéanamh labhairt leis na tuismitheoirí. Oibríonn socruithe éagsúla i suíomhanna éagsúla.

### Tuismitheoirí: Eolas a roinnt le cleachtóir do linbh

- **Cuir aithne ar** chleachtóir do linbh. Léirigh spéis sna rudaí atá le rá aige/aici i leith eispéiris do linbh. Labhair leis an gcleachtóir go rialta nuair atá do leanbh á fhágáil agat sa naíonra nó á bhailiú ón naíonra. Nuair nach féidir seo a dhéanamh déan coinne nó úsáid nóta nó dialann chun an t-eolas a chomhroinnt.
- Tabhair **aiseolas** don chleachtóir. Mar shampla, inis dó/di i gcás go dtagann do leanbh abhaile agus sceitimíní air/uirthi faoi ghníomhaíocht agus gur mhaith leis/léi triail a bhaint as an ngníomhaíocht sin sa bhaile.
- Inis don chleachtóir faoina bhfuil **bainte amach ag an leanbh sa bhaile**.
- Roinn **traidisiúin agus cultúr an teaghlaigh** leis an gcleachtóir ionas gur féidir leis an gcleachtóir cuidiú le do leanbh a bhrath go bhfuil sé/sí bainteach leis an suíomh. Tabhair eolas do chleachtóirí faoi do **chleachtais tógála linbh** féin, go háirithe nuair atá siad éagsúil leis na cleachtais a úsáidtear sa suíomh.
- Inis don chleachtóir faoi aon ní a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar **ghiúmar nó iompar do linbh**, mar shampla peata a fuair bás, tuismitheoir tinn, scaradh, chomh maith le himeachtaí spreagúla sa bhaile cosúil le breithlá, imeacht cultúrtha, peata nua, nó col ceathrar tagtha ar cuairt.
- Breathnaigh ar **thaispeántais d'obair do linbh** nó ar ghrianghraif de/di sa suíomh. Labhair le do leanbh ina dtaobh.
- Cuir in iúl dóibh má tá **cúiseanna imní** agat faoi fhoghlaim agus fhorbairt do linbh leis an gcleachtóir.
- Comhroinn eolas faoi **thacaí nó chúnamh ar leith** atá ag teastáil ó do leanbh d'fhonn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí. Comhroinn **eolas speisialta** faoi riachtanais do linbh leis an gcleachtóir. Cuir iad ar an eolas maidir le moltaí a thug seirbhísí speisialaithe i leith do linbh. Mar shampla, má mhol an fisiteiripeoir cleachtaí aclaíochta chun feabhas a chur ar chumhacht chuid uachtarach an choirp cinntigh go bhfuil an cleachtóir ar an eolas faoi seo.
- Cuir in iúl don chleachtóir má tá **tuilleadh eolais uait faoin suíomh** agus faoin gcaoi ar mhaith leat an t-eolas sin a fháil. Má tá rud éigin nach bhfuil tú soiléir ina thaobh nó a bhfuil imní ort faoi, **fiafraigh ina thaobh.**
- **Déan cúnamh a thairiscint** le haistriúcháin, nó ar bhealaí eile, chun cuidiú le tuismitheoirí a úsáideann an suíomh sin.

### Cleachtóirí: Comhroinn eolas le tuismitheoirí

- I gcás gur féidir é **labhair go neamhfhoirmiúil** le tuismitheoirí ar bhonn rialta chomh maith le cruinnithe idir an tuismitheoir agus an cleachtóir. Iarr orthu teacht chugat le heolas, nó chun eolas a lorg ort.
- Labhair le tuismitheoirí agus teaghlaigh faoi **shamplaí d'obair na leanaí**. Mar shampla, déan fillteáin d'obair na leanaí. Eagraigh laethanta oscailte agus taispeántais chun an obair sin a chur ar taispeáint agus chun í a cheiliúradh. Seol na fillteáin abhaile ag deireadh na míosa, an téarma nó na bliana. Cuir obair na leanaí agus grianghraif ar taispeáint i bpasáistí agus athraigh iad seo go rialta.
- Cinntigh go léiríonn na taispeántais seo **ilchineálachas na dteaghlach** a úsáideann an tseirbhís, lena n-áirítear struchtúir teaghlaigh, An Lucht Siúil, agus pobal nua. (Féach an téama, *Féiniúlacht agus Muintearas.*)

- **Eolas agus aiseolas a sholáthar ó bhéal** agus i scríbhinn, agus i dteanga dhúchais an linbh chomh maith más féidir. Bain úsáid as **ríomhphost** chomh maith le fógraí clóite, bileoga eolais agus nuachtlitreacha. Bain úsáid as **teachtaireachtaí téacs** chun imeachtaí speisialta a chur i gcuimhne do thuismitheoirí, agus fág teachtaireachtaí ar an **nglórphost** nó ar an **ngléas freagartha** ar féidir teacht orthu ag an deireadh seachtaine agus i rith laethanta saoire.
- Roinn **taifid** le tuismitheoirí, chomh maith leis na ceanglais íosta faoi na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2006). Mar shampla, d'fhéadfadh leabhar nótaí laethúil a bheith á choinneáil ag creis nó feighlí linbh le taifead de chúram fisiceach an linbh nó an mhamailínigh (buidéil, béiltí, clúidíní) agus de na nithe a bhain an leanbh/mamailíneach amach amhail miongháire, focail nua, cairdis, agus mar sin de. Tá sé tábhachtach go mbeadh cleachtóirí ionraic le tuismitheoirí agus a chur in iúl dóibh i leith fadhbanna agus cúiseanna imní, chomh maith le dul chun cinn agus a bhfuil bainte amach ag an leanbh, chomh luath agus is féidir. Caithfear é seo a dhéanamh go pearsanta. (Féach na treoirlínte, *Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe*.)
- Beidh cúnamh ag teastáil ó roinnt tuismitheoirí na **cártaí tuairisce** a thuiscint i gcás go mbaintear úsáid astu, mar shampla i mbunscoileanna. D'fhéadfaí sainmhínithe focal nó grafaicí a úsáid ar na cártaí chun é seo a éascú.
- Cuir in iúl do thuismitheoirí go bhfuil **am rialta** ann nuair a bheidh ball foirne ar fáil chun **labhairt** ar an teileafón. D'fhéadfadh seo a bheith an-úsáideach do thuismitheoirí a bhíonn ag obair i rith an lae nó nach féidir leo teacht amach go dtí an suíomh. Tá sé níos fearr, ámh, plé duine le duine a bheith ann de ghnáth má bhíonn fadhb i gceist.
- Reáchtáil **ceardlanna** maidir le foghlaim agus forbairt na leanaí, mar shampla maidir le foghlaim trí mheán an tsúgartha. Tabhair taithí phraiticiúil do thuismitheoirí ar roinnt de na gníomhaíochtaí. Cuir iad ar an eolas maidir le gnéithe sóisialta agus mothúchánacha na foghlama, agus cuidigh leo an tábhacht a bhaineann le súgradh agus le hiniúchadh gníomhach a aithint.
- Eagraigh **gníomhaíochtaí éagsúla** le haghaidh tuismitheoirí ag **amanna éagsúla** den lá agus den tseachtain ionas go n-áireofaí an líon is mó tuismitheoirí agus is féidir. Mar shampla, eagraigh creis chun cuidiú le tuismitheoirí leanaí níos óige freastal ar chruinniú nó ar imeacht eile. Cinntigh gur féidir le daoine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu, fadhbanna litearthachta agus lagú céadfach in ann páirt a ghlacadh.
- Déan iarracht ar leith **daideanna** a chur san áireamh. Cothaigh caidreamh leo nuair a thagann siad chun an leanbh a fhágáil nó a bhailiú agus spreag iad le bheith níos rannpháirtí i bhfoghlaim agus i bhforbairt a leanaí, agus teacht chuig gníomhaíochtaí agus cruinnithe sa suíomh. Má chuirtear áis creise ar fáil d'fhéadfadh sin an dá thuismitheoir a spreagadh le freastal ar chruinniú nó ar imeacht sóisialta.
- Eagraigh **imeachtaí sóisialta** le haghaidh tuismitheoirí chun cuidiú leo bualadh lena chéile agus líonraí a thógáil le tuismitheoirí eile chomh maith le cleachtóirí.
- Comhoibrigh le **grúpaí áitiúla oideachais d'aosaigh** agus glac páirt i dtionscnaimh don fhoghlaim d'aosaigh a chuideoidh le tuismitheoirí cur lena muinín ina scileanna litearthachta agus uimhearthachta féin agus in úsáid an bhaile mar thimpeallacht foghlama.

## Machnamh ar mo chleachtas

Mar thuismitheoir

1. *Cén t-eolas is féidir liom a roinnt leis an gcleachtóir a chuideoidh leis/léi pictiúr níos soiléire a fháil de spéiseanna agus de láidreachtaí mo linbh?*
2. *An roinnim mo chúiseanna imní leis an gcleachtóir? Conas a d'fhéadfainn feabhas a chur air seo?*
3. *Conas is féidir liom an t-aiseolas scríofa agus ó bhéal a fhaighim i leith fhoghlaim mo linbh a úsáid?*
4. *An bhfuil sé curtha in iúl agam do dhaoine sa suíomh faoi aon deacrachtaí atá agam freastal ar imeachtaí nó teacht ar eolas?*
5. *Céard a d'fhéadfainn a dhéanamh chun cuidiú le tuismitheoirí eile bheith páirteach?*

Mar chleachtóir

6. *Conas is féidir liom feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanaim cumarsáid le gach tuismitheoir faoina leanbh?*
7. *Conas is féidir liom úsáid níos fearr a bhaint as an aiseolas agus as an eolas a fhaighim ó thuismitheoirí i leith a leanaí?*
8. *Cad iad na bealaí ar féidir liom mo chuid eolais a roinnt le tuismitheoirí maidir le foghlaim agus forbairt a leanaí?*
9. *Nuair a thugaim cuireadh do thuismitheoirí freastal ar imeachtaí, conas is féidir liom é a dhéanamh níos éasca dóibh freastal orthu, ó thaobh na nithe seo a leanas – uainiú, rochtain ar eolas, áiseanna creise?*

**Eispéireas foghlama 4: Iontráil oscailte – deiseanna cainte neamhfhoirmeálta**

## Téama: *Folláine agus leas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Mamailínigh agus leanaí**

**Suíomh: Sa bhaile agus seisiún naíonra**

Fáiltíonn Mina roimh na leanaí agus a dtuismitheoirí de réir mar a shroicheann siad an naíonra gach maidin. Dar léi, tá na cúig nóiméad teagmhála sin thar a bheith luachmhar. Sa tréimhse sin is féidir le tuismitheoirí a chur in iúl di más rud é gur mhaith leo comhrá a bheith acu léi i dtaobh a leanaí agus eagraíonn sí am a bheadh oiriúnach dóibh. Ag tús na bliana cuireann sí in iúl dóibh freisin gur féidir teacht uirthi ar an teileafón gach lá ó 1i.n. go dtí 1.30i.n. i gcás go mbeadh aon chúiseanna imní acu, nó chun plé a bheith acu mar gheall ar cé chomh maith is atá ag éirí leis an leanbh sa ghrúpa súgartha. Cuireann sí i gcuimhne dóibh go rialta ina thaobh seo, mar go gcuireann sé ar a suaimhneas iad má choinníonn sí i dteagmháil leo mar seo. Tugann gaolta nó feighlithe roinnt leanaí go dtí an naíonra iad, agus tá an cineál seo teagmhála an-luachmhar le haghaidh tuismitheoirí mar gur féidir leo glaoch a chur ar Mina le linn am lóin.

Thosaigh Mikie (2 bhliain 11 mhí d'aois) ag imirt i ngrúpa súgartha mí ó shin. Tá a mháthair, Lucy, an-chúthail agus déanann Mina iarracht ar leith comhrá a bheith aici léi uair sa tseachtain. Taispeánann Mina rud éigin do Lucy, cosúil le grianghraf de Mikie ag imirt nó pictiúr a tharraing sé. Baineann sí úsáid as seo chun uchtach a thabhairt do Lucy labhairt faoi Mikie. Fiafraíonn sí faoi rudaí is maith leis a dhéanamh sa bhaile agus tugann sí moltaí do Lucy maidir lenar féidir léi a dhéanamh chun cur leis an méid a fhoghlaimíonn sé sa suíomh.

?

*Ábhar Machnaimh: Cad iad na straitéisí a d'fhéadfainn a úsáid chun cuidiú le tuismitheoirí a bheith níos muiníní labhairt liom faoina leanaí?*

**Eispéireas foghlama 5: An nuachtlitir**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht,* Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Mamailínigh agus leanaí**

**Suíomh: Sa bhaile agus cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (naíolann)**

Chuir foireann na naíolainne Happy Start pacáiste fáilte ar fáil le haghaidh thuismitheoirí na leanaí nua. San áireamh sa phacáiste seo tá ráiteas misin na naíolainne agus eolas ar an gcaoi a dtacaíonn an fhoireann le foghlaim agus forbairt na leanaí. Chomh maith leis sin seolann siad abhaile nuachtlitir gach mí ionas go mbeidh a fhios ag na tuismitheoirí cad iad na hamhráin, scéalta agus gníomhaíochtaí atá ar siúl ag na leanaí. Bíonn na leanaí i mbun cinntí a dhéanamh i ndáil le cén t-eolas atá san áireamh. Seo a leanas sampla de nuachtlitir atá ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i bPolainnis (príomhtheangacha dúchais na leanaí). Tá sé beartaithe ag an bhfoireann freisin teachtaireachtaí téacs a úsáid le haghaidh tuismitheoirí ar mian leo eolas a fháil faoi imeachtaí sa naíolann.

?

*Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom tuilleadh eolais a roinnt le tuismitheoirí faoina bhfuil ar siúl ag a leanaí i mo shuíomh?*

Bealtaine 2009

# Rudaí Iontacha a Dhéanamh lena Chéile!

## Naíolann Tús Maith: Mamailínigh shinsearacha agus leanaí réamhscoile

**Ár lá amuigh sa choill!**
Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na tuismitheoirí go léir a tháinig linn ar ár dturas chuig coillte Ghleann Garaidh. Bhain gach duine an-taitneamh as an lá. Deir na leanaí gur bhain siad taitneamh ar leith as an turas ar an mbus agus as an bpicnic! Thaitin go mór leo a bheith ag léimneach sa lathach ina mbuataisí. Ó d'fhilleamar ón turas bhíomar ag foghlaim faoi chrainn agus faoi bhláthanna a fhásann sa choill. Thosaíomar freisin ag foghlaim faoi mhil a dhéanamh mar gur aimsíomar coirceoga faoi cheilt i gcúinne na coille. Beidh an tUasal Mackey, a chuireann mil ar fáil le haghaidh na siopaí áitiúla, ag tabhairt cuairte ar an réamhscoil ar an 12 Meitheamh. Tabharfaidh sé leis mil agus taispeánfaidh sé fístéip mar gheall ar bheacha. Ba bhreá linn dá mbeadh sibh in ann bheith linn ag 10r.n. ar an lá sin?

Tá grianghraif de thuras Ghleann Garaidh ar taispeáint sa phríomh-halla.

**Am le haghaidh Tuilleadh Scéalta**
Beimid ag dul ar cuairt chun na leabharlainne mar is gnách ar an Aoine dheireanach den mhí seo. Míle buíochas leis na tuismitheoirí a tháinig linn an mhí seo caite.

**An bhfaca tú ár mbus?**
Sa mhéid gur bhain na leanaí an méid sin taitnimh as an turas ar an mbus chuig Coill Ghleann Garaidh bheartaíomar ár mbus féin a dhéanamh. Táimid an-bhuíoch de Dhaid Darren a thug boscaí móra cairtchláir dúinn chun an obair seo a dhéanamh. Tar éis dianoibre tá ár mbus ildaite féin againn le roth stiúrtha, bonnán agus suíocháin. Chun cur leis an bplé a bhí againn ar chórais iompair beidh máthair Ava, Nóra ag teacht isteach an tseachtain seo chugainn chun caint linn faoina post mar thiománaí bus scoile. Beidh roinnt mhaith de na leanaí ag taisteal ar an mbus sin nuair a thosóidh siad sa réamhscoil i mí Mheán Fómhair. Beidh Nóra anseo ag 10.30r.n. ar an Déardaoin 14 Bealtaine. Tá fáilte roimh chách bheith linn agus fanacht i gcomhair cupán tae/caife ina dhiaidh i seomra na dtuismitheoirí.

**Rannta**
Mar is eol daoibh cuirimid san áireamh i gcónaí rann nó dán inár nuachtlitir. An mhí seo d'iarr na leanaí orainn focail an amhráin Timpeall Timpeall a chur ar fáil daoibh. Múinfidh siadsan na gníomhartha daoibh. Baint taitneamh as.

- Timpeall timpeall rothaí an bhus, rothaí an bhus, rothaí an bhus,
- Timpeall timpeall rothaí an bhus, rothaí ag casadh timpeall.
- Bíp, bíp, bíp ag adharc an bhus, adharc an bhus, adharc an bhus,
- Bíp, bíp, bíp ag adharc an bhus, géilligí don bíp bíp.



**Cé aige/aici a bhfuil breithlá i mí Bealtaine?**
Beidh Rarish Obert dhá bhliain d'aois ar an 1 Bealtaine.
Beidh Sharon O'Brien trí bliana d'aois ar an 7 Bealtaine.
Beidh Fiachra Long ceithre bliana d'aois ar an 15 Bealtaine.
Beidh Kia Mihas cúig bliana d'aois ar an 17 Bealtaine.
Tá súil againn go mbeidh breithlá sona agaibh go léir.

**Dáta tábhachtach don dialann**
Le linn an dá sheachtain tosaigh de mhí an Mheithimh tá súil againn bualadh leat agus le do leanbh ar feadh tamall gairid. Taispeánfaidh do leanbh a f(h)illteán ionas go bhfeicfidh tú cad a bhí á dhéanamh agus á fhoghlaim aige/aici le linn na bliana. Mura bhfuil an dáta agus an t-am feiliúnach duit, téigh i dteagmháil le Michelle, le do thoil, ar 084 6655437.

**Eispéireas foghlama 6: Dialann laethúil Paul**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 5

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Sa bhaile agus rang na naíonán (bunscoil speisialta)**

Tá deacrachtaí measartha ginearálta foghlama ag Paul (5 bliana d'aois). Téann sé ar an mbus gach maidin chuig Scoil Speisialta *Holy Angels* atá seacht míle dhéag óna bhaile. Is annamh a thugann a thuismitheoirí cuairt air ar scoil toisc an achair fhada chun na scoile, agus mar sin coinníonn a thuismitheoirí agus a mhúinteoir dialann speisialta laethúil chun a chéile a choinneáil chun dáta ó thaobh conas atá ag éirí le Paul. Ciallaíonn sé seo gur féidir lena thuismitheoirí labhairt leis faoina dtarlaíonn ar scoil agus gur féidir leo athdhaingniú a dhéanamh ar a chuid foghlama sa bhaile. Ciallaíonn sé freisin gur féidir leis na cleachtóirí a chur san áireamh na nithe a tharlaíonn sa bhaile, mar go bhfuil sé deacair ar Paul é féin a chur in iúl.

Bhí Paul thar a bheith sceitimíneach nuair a fuair a theaghlach coileán nua. Scríobh a mháthair faoi seo sa dialann. Bhain an múinteoir úsáid as an eolas seo nuair a bhí a ghníomhaíochtaí á eagrú aici don tseachtain. Scread Paul go sceitimíneach nuair a bhí ainm an choileáin ar eolas ag Iníon O'Malley agus bhí an chuma air gur bhain sé an-taitneamh as scéal a léigh sí faoi mhadra caorach ar fheirm. Seo a leanas sliocht as dialann Paul.

***Ábhar Machnaimh: Cad iad na socruithe speisialta is féidir liomsa a dhéanamh chun eolas a roinnt le tuismitheoirí nach bhfeicim go minic?***

**Fíor 2: Sliocht as dialann laethúil Paul**

*Feabhra 28*

*Hi Fiona*
*Níor chodail Paul go maith aréir. Bhí cuma mhaith air nuair a d'fhill sé ón scoil. D'ith sé a thae agus d'imíomar ag siúl leis ina chathaoir rothaí. Tháinig Toby, an coileán freisin. Bhí a fholcadh ag Paul mar is gnách agus léamar scéal dó ach ar chúis éigin bhí sé míshocair. Tá seans go mbeidh sé tuirseach ar scoil inniu. Tá fhios agam go bhfuilimse ar aon chuma!*

*Le dea-ghuí,*
*Aileen*

---

*Feabhra 28*

*Go raibh maith agat, a Aileen. Bhí seisiún ag Jackie, fisiteiripeoir Paul leis inniu. Dúirt mé léi go raibh seans ann go mbeadh sé beagán tuirseach. Rinne sí roinnt aclaíochta leis agus nuair a thug sí ar ais chuig an rang é bhí sé traochta, mar sin chuir mé é sa spás suaimhneach lena theidí agus a bhlaincéad agus bhí codladh beag aige. Ghlac sé lón maith agus bhí sé i ndea-ghiúmar ina dhiaidh sin. Tá sé fós ag baint taitnimh as na leabhair i dtaobh ainmnithe. Tá sé ag éirí an-mhaith freisin ag leagan na dtúr de bhloic lena cheann agus tá an cleachtadh atá ar siúl aige sa bhaile le sonrú ar a ghníomhaíochtaí. Tá súil agam go bhfaighidh tú codladh anocht.*

*Mar a deirim i gcónaí, is féidir leat glaoch a chur orm aon uair ar 087227569,*
*Fiona*

**Eispéireas foghlama 7: Ag léiriú comhbhá**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Sa bhaile, feighlíocht linbh agus rang na naíonán (bunscoil)**

Is baintreach fir é Mike agus thug sé cuairt ar scoil a iníne, Saoirse, inniu chun a fháil amach conas a bhí ag éirí léi i rang na naíonán sinsearach. Tá polasaí ag an scoil tuairisc lártéarma a thabhairt do thuismitheoirí i mí Feabhra ag na cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí agus ceann eile i dtreo dheireadh mhí an Mheithimh. Seo an chéad uair a bhuail Mike go pearsanta le múinteoir Shaoirse. Ba í a bhean chéile, Mary a mbíodh an teagmháil go léir aici leis an scoil. Tugann Niamh, feighlí Shaoirse, Saoirse ar scoil gach lá agus bailíonn sí í fad is atá Mike ag obair agus cuireann sí Mike ar an eolas maidir le conas atá ag éirí le Saoirse ar scoil. Tá aithne mhaith aici ar mhúinteoir Shaoirse agus bíonn comhrá neamhfhoirmiúil aici léi go minic, go háirithe ón uair ar thosaigh Mike ag iarraidh uirthi seo a dhéanamh ar a shon. Bhí an scoil an-mhaith ag tacú le Saoirse ó fuair a mamaí bás cúig mhí ó shin. Bhí Iníon Buckley, múinteoir Shaoirse, i dteagmháil gutháin rialta le Mike ó shin i leith. Bhí Mike fós neirbhíseach, ámh, faoina chruinniú.

Chuir Iníon Buckley Mike ar a shuaimhneas láithreach agus chuir in iúl dó go raibh ag éirí an-mhaith le Saoirse. D'imigh sí tríd an gcárta tuairisce leis go sonrach agus d'fhiafraigh sí de cúpla uair an raibh aon cheisteanna aige. Thaispeáin sí samplaí d'obair Shaoirse dó freisin – obair a bhí ar taispeáint ar na ballaí, ina leabhair agus ina fillteán. Thaispeáin sí roinnt grianghraf dó. In dhá cheann de na pictiúir seo bhí Saoirse ag tabhairt aire do bheirt leanaí óga agus í ag súgradh le cara léi. Scríofa in aice leis na grianghraif bhí an fortheideal, Ná bíodh imní ort, a Lucy. Tabharfaidh mise aire duit. Mhínigh Iníon Buckley go raibh Saoirse agus a cara ag ligean orthu go raibh mamaí Lucy tinn agus go bhfuair sí bás. D'fhiafraigh sí de Mike conas a bhí ag éirí le Saoirse sa bhaile agus d'inis sé di faoin na rudaí a mbaineann sí taitneamh astu agus na nithe atá dian uirthi, anois sa mhéid go bhfuil Mamaí imithe. Thug Iníon Buckley an cárta tuairisce do Mike le tabhairt abhaile leis agus d'iarr air glaoch uirthi nó nóta a sheoladh isteach dá dteastódh uaidh labhairt léi faoi Shaoirse. Dúirt leis go gcoinneodh sí súil ghéar ar Shaoirse agus go nglaofadh sí air i gceann cúpla seachtain chun eolas chun dáta a thabhairt dó. Leag sí béim athuair ar go raibh ag éirí go maith le Saoirse lena foghlaim agus go raibh sí ag déileáil go maith leis an scoil tar éis di a Mamaí a chailliúint.

?

***Ábhar Machnaimh: An ndéanaim dóthain machnaimh ar na himeachtaí agus na cúinsí i saol daoine a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na leanaí?***

## Rannpháirtíocht

Féadfaidh tuismitheoirí rannpháirt luachmhar a bheith acu i bhfoghlaim agus i bhforbairt a leanaí trí a gcuid ama, eispéireas agus cumas a roinnt leo i suíomh lasmuigh den bhaile. Mar shampla, d'fhéadfaidís cuidiú le spóirt, drámaíocht nó gníomhaíochtaí ceoil. D'fhéadfaidís eolas a roinnt i ndáil lena gcultúr baile agus a gcúlra. Féadfaidh deiseanna a bheith ann áiteanna a mholadh a bhféadfadh na leanaí cuairt a thabhairt orthu nó daoine suimiúla a bhféadfadh na leanaí labhairt leo, nó na himeachtaí seo a eagrú. Féadfaidh tuismitheoirí oibriú i dteannta a chéile freisin trí chumainn na dtuismitheoirí chun tacú leis an suíomh agus feabhas a chur ar thimpeallacht foghlama a leanaí. D'fhéadfadh mamó agus daideo páirt a ghlacadh ar bhealaí cosúla chomh maith. Féadfaidh siad cuairt a thabhairt ar an suíomh agus labhairt mar gheall ar a n-óige féin agus cuidiú le leanaí tuiscint a fháil ar chaitheamh ama. Cuirtear go mór le féiniúlacht agus le muintearas na leanaí má fheiceann siad baill dá dteaghlach féin sa suíomh, agus saibhríonn sé freisin a bhfoghlaim agus a bhforbairt.

Is féidir leis na tuismitheoirí féin sochar a bhaint as a bheith páirteach sa suíomh. Go minic an bealach is fearr feabhas a chur ar shaol an linbh ná tacú le tuismitheoirí ina ról tuismitheora. Ar cheann d'fhoinsí na tacaíochta seo tá líonraí agus cairdis neamhfhoirmiúla a chruthaítear go minic nuair a bhuaileann tuismitheoirí lena chéile.

Féadfaidh siad feidhmiú mar fhoinse luachmhar tacaíochta agus eolais le haghaidh tuismitheoirí, go háirithe na tuismitheoirí sin atá aonraithe nó atá nua sa cheantar. Féadfaidh tuismitheoirí feidhmiú mar mheantóirí le haghaidh a chéile, nó féadfaidh siad cairdeas a thairiscint.

**Tuismitheoirí: Páirt a ghlacadh i suíomh do linbh**

- Caith **am** sa suíomh. Roinn gníomhaíocht foghlama leis na leanaí cosúil le huirlis cheoil a sheinm, spórt a mhúineadh, ceird a thaispeáint cosúil le cniotáil nó origami, bleibeanna a chur, cluiche a imirt, leabhar a dhéanamh, leanaí a thionlacan ar thuras, scéal a insint ag baint úsáide as roinnt focal a úsáidtear sa bhaile atá éagsúil le teanga a úsáidtear sa suíomh.
- Tacaigh le **súgradh**. Cuidigh le cruthú limistéar súgartha agus plandaí lasmuigh. Cuidigh le gníomhaíocht súgartha nó seol isteach frapaí súgartha cosúil le héadaí maiseacha agus soithigh fholmha siopadóireachta.
- Comhroinn **eolas** leis na leanaí agus leis an bhfoireann fút féin, mar shampla is Éireannach tú nó duine den Lucht Siúil, nó Meiriceánach, agus inis dóibh faoi na nithe a bhfuil tábhacht ag baint leo duitse. Labhair faoi do theaghlach, faoi fhéilte, faoi spéiseanna agus mar sin de.
- Labhair leis na leanaí faoi do **chuid oibre féin**. Eagraigh turas chuig do láthair oibre más féidir agus cuir frapaí ar fáil ó do láthair oibre ar féidir iad a chur san áireamh sa spás súgartha.
- Cuidigh le heagrú **turas, laethanta spóirt** agus imeachtaí eile.
- **Bailigh airgead** le haghaidh trealamh nua nó cuidigh le maoiniú stáit a fháil.

?

## Machnamh ar mo chleachtas

Mar thuismitheoir

1. *Cad iad na cumais agus na scileanna a d'fhéadfainn a roinnt le leanaí sa suíomh?*
2. *An bhféadfainn cuidiú le gníomhaíocht nó turas agus a leithéidí a eagrú?*

Mar chleachtóir

3. *Conas is féidir liom fónamh a bhaint as saineolas, scileanna agus dea-thoil na dtuismitheoirí chun na torthaí is fearr a bhaint amach do leanaí i mo shuíomh?*
4. *Cad a d'fhéadfainn a dhéanamh chun a chur in iúl do thuismitheoirí go bhfuil meas againn ar a n-ionchur agus go rachaidh sé chun sochair na leanaí?*








**Eispéireas foghlama 8: Dan, fear an cheoil**

## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Leanaí óga, mamailínigh agus leanaí**

**Suíomh: Sa bhaile agus feighlíocht linbh**

Is ceoltóir é Dan. Is breá lena leanaí féin ceol agus chas sé leo sa bhaile ón aois an-óg. Tagann sé anois chuig a suíomh feighlíochta uair sa choicís ar cheann dá laethanta saoire ón obair chun a ghiotár a sheinm agus amhráin a chasadh leis na leanaí. Is breá leo a ghiotár. Teastaíonn uathu a fháil amach cé chomh trom is atá seo, cad as a bhfuil sé déanta, agus cá mhéad sreang atá air. Taispeánann Dan dóibh conas a oibríonn sé. Ceann de na laethanta thug sé leis a dhrumaí agus thaispeáin sé drumadóireacht dóibh. Bhain sé úsáid as rithimí urlabhartha chun cuidiú leo an buille a thapáil: *An-nie Jou-bert* (ainmneacha leis na leanaí níos óige) agus *D'ith mé úll is d'ól mé tae* (abairtí leis na leanaí níos sine). Bíonn na leanaí ag tnúth leana chuairteanna. Déanann siad cleachtadh beagnach gach lá ionas gur féidir leo a thaispeáint do Dan cé chomh maith is atá siad ag bualadh bos nuair a fhilleann sé. Roimh an gcéad chuairt eile aige déanann Noleen, an feighlí, agus na leanaí giotáir as dramhábhar. Tá siad an-sceitimíneach a mbanna ceoil a thaispeáint do Dan!

?

***Ábhar Machnaimh: Cad iad na cumais speisialta atá ag tuismitheoirí a bhféadfaí fónamh a bhaint astu agus iad seo a roinnt leis na leanaí?***

**Eispéireas foghlama 9: Níl sé choíche ródhéanach**

## Téama: *Cumarsáid,* Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 2

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Sa bhaile agus seisiún naíonra**

Nuair a bhí Sonia óg chaill sí roinnt mhaith scoile. Mar thoradh air sin, bhí deacrachtaí léitheoireachta aici agus bhí sé deacair uirthi obair le heolas scríofa. Nuair a sheol naíonra a leanaí nótaí abhaile bhí uirthi iarraidh ar a deirfiúr iad a léamh di. Le caitheamh ama chuir sí aithne ar Maggie, tuismitheoir eile. Chuir Maggie ina luí uirthi dul léi chuig ranganna i seomra na dtuismitheoirí. Bhí creis sa seomra in aice láimhe áit a bhféadfadh mamailíneach Sonia fanacht. Roghnaigh Sonia agus Maggie cúrsa ceardaíochta do thosaitheoirí. Bhí mac ceithre bliana d'aois Sonia thar a bheith sásta í a fheiceáil ag teacht isteach chuig a naíonra. Bhain Sonia taitneamh as an gcúrsa agus bhí sí níos muiníní labhairt le cleachtóir Evan. Ina dhiaidh sin d'fhreastail sí ar chúrsa tuismitheoireachta agus bhraith sí ansin go bhféadfadh sí cur leis óna taithí féin. Mhol an múinteoir a d'eagraigh na cúrsaí di clárú le haghaidh rang litearthachta do dhaoine fásta. Tá an-dul chun cinn ar siúl ag Sonia. Is breá léi go háirithe a bheith ag léamh dá leanaí agus bíonn sí ag tnúth le nótaí a theacht abhaile, agus anois is féidir léi iad a léamh í féin.

?

***Ábhar Machnaimh: Cad is féidir liomsa agus le mo chomhghleacaithe a dhéanamh inár suíomh chun cuidiú le tuismitheoirí ina ról mar oideachasóirí a leanaí?***

**Eispéireas foghlama 10: Daid Bhláithín**

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 6

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Sa bhaile agus rang na naíonán (bunscoil)**

Tá triúr leanaí ag Joan agus Con sa bhunscoil. Is baill ghníomhacha iad beirt de Chumann na dTuismitheoirí agus freastalaíonn duine díobh ar gach cruinniú. Tá caidrimh mhaithe acu leis na múinteoirí agus leis na tuismitheoirí ó thosaigh a gcéad leanbh ag freastal ar scoil. Tógadh eastát tithíochta sa cheantar áitiúil agus tá an líon leanaí sa scoil méadaithe go mór ó shin. Le déanaí chuidigh Cumann na dTuismitheoirí agus foireann na scoile le lá oscailte a eagrú le haghaidh tuismitheoirí na leanaí nua. D'fhreastail Patrick ar an gcruinniú, a bhfuil iníon aige i rang na naíonán sóisearach. Tá spás súgartha lasmuigh á fhorbairt ag Cumann na dTuismitheoirí a áireoidh limistéar chun plandaí a chur. Mhol Con do na múinteoirí go m'fhéidir go mbeadh suim ag Patrick páirt a ghlacadh i bhforbairt an spáis súgartha lasmuigh. Tugann Patrick aire do na leanaí gach deireadh seachtaine ón uair a scar sé féin agus a bhean chéile. Is tógálaí páirtaimseartha é. Bhí Patrick thar a bheith sásta gur iarradh air agus go háirithe sa mhéid gur chuir an múinteoir féin an cheist air. Bhí a iníon, Bláithín thar a bheith sásta ina thaobh chomh maith. Braitheann Patrick go bhfuil sé ag cur go dearfach le foghlaim agus forbairt a leanaí agus go bhfuil an pobal scoile ag baint sochair as a scileanna.

Thar an gcéad chúpla seachtain eile, d'oibrigh Patrick, an múinteoir ranga, leanaí, agus roinnt tuismitheoirí eile le chéile agus bhí an spás súgartha ullamh i mí an Mheithimh in am don ghrian!

?

***Ábhar Machnaimh: An bhfuil bealaí ann ar féidir liom daideanna a mhealladh le bheith níos rannpháirtí i bhfoghlaim agus i bhforbairt a leanaí?***

## Cinntí a dhéanamh agus cur chuige agus bealaí éagsúla a mholadh



Bíonn cinntí á ndéanamh ag tuismitheoirí ar bhonn leanúnach i ndáil lena leanaí – mar gheall ar a sláinte, a ngníomhaíochtaí, an bia a itheann siad, a ngnáthaimh, cé leo a gcaitheann siad a gcuid ama, cá háit a bhfaigheann siad a gcuid oideachais agus cén cineál oideachais é sin. Féadfaidh tuismitheoirí suíomhanna a sholáthar le heolas tábhachtach chun cuidiú le cinntí i ndáil le foghlaim agus forbairt a leanaí. Chomh maith leis sin ní foláir iad a chur san áireamh nuair atá cinntí tábhachtacha á ndéanamh ag daoine eile mar gheall ar a leanaí.



Ina theannta sin, is féidir le tuismitheoirí feidhmiú ar son a leanaí, ag lorg na seirbhísí atá ag teastáil uatha agus an cleachtóir a chur ar an eolas maidir lena riachtanais indibhidiúla. Uaireanta feidhmíonn siad ar son na leanaí i gcoitinne, mar shampla trí fheachtas a bheith ann chun conláistí a fháil sa cheantar áitiúil nó le haghaidh áiseanna áirithe le haghaidh leanaí sa scoil. Féadfaidh boird bhainistíochta agus coistí, cumainn tuismitheoirí agus coistí comhairleacha, a bheith ina mbealaí trínar féidir leis na tuismitheoirí é seo a bhaint amach. Chun a bheith páirteach, ní foláir do thuismitheoirí na struchtúir a thuiscint maille leis an ról atá acu iontu.

## Machnamh ar mo chleachtas

Mar thuismitheoir

1. *Conas is féidir liom a bheith níos rannpháirtí i gcinntí a rachaidh i bhfeidhm ar mo leanbh?*
2. *Cad is féidir liomsa a dhéanamh chun feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar eispéiris le haghaidh na leanaí uile?*

Mar chleachtóir

3. *Conas is féidir liom na tuismitheoirí a bheith níos rannpháirtí i gcinntí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar a leanaí?*
4. *Cad is féidir liom a dhéanamh chun tathant ar thuismitheoirí a bheith ina mbaill de Choistí Bainistíochta/Bhoird Bhainistíochta/Chumainn Tuismitheoirí?*

**Eispéireas foghlama 11: An dtuigeann tú mo chultúr agus mo thraidisiúin?**

### Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Sa bhaile agus seisiún naíonra**

Is baill den lucht siúil iad Joseph (2 bhliain agus 11 mhí d'aois) agus a theaghlach. Bhog siad isteach sa cheantar le déanaí agus chláraigh Kathleen, máthair Joseph, é le haghaidh dhá mhaidin sa tseachtain sa naíonra áitiúil. Bhuail an bainisteoir, Joan, le Kathleen agus mhínigh di conas a oibríonn an tseirbhís agus thaispeáin di na seomraí éagsúla agus an spás súgartha lasmuigh. D'fhiafraigh Joan de Kathleen céard iad na nithe a thaitníonn agus nach dtaitníonn le Joseph. Mhínigh sí di nach bhfuil mórán ar eolas aici faoi chultúr agus faoi thraidisiún an Lucht Siúil. D'iarr Joan ar Kathleen roinnt a insint di faoina slí bheatha agus faoi thraidisiúin an Lucht Siúil atá tábhachtach di siúd. Cuideoidh sé leis an bhfoireann tacú le Joseph má tá roinnt eolais acu ar na nithe seo. D'inis Kathleen do Joan go dtaistealaíonn siad de ghnáth i leantóir le linn mhíonna an tsamhraidh agus go socraíonn siad síos i gceantar amháin don chuid eile den bhliain. Mhínigh sí freisin nach bhfuil formhór an Lucht Siúil chomh fánaíoch agus a bhídís. Dúirt Kathleen gur breá le Joseph ainmnithe, go háirithe capaill agus madraí. D'inis sí do Joan nach dteastaíonn uaithi go ndéanfar idirdhealú éagórach ar Joseph toisc go bhfuil sé ina bhall den Lucht Siúil. Tá imní uirthi mar go raibh eispéiris dhiúltacha ag leanaí níos sine i suíomhanna eile.

Agus í ag ullmhú le haghaidh Joseph, agus le cúnamh ó Kathleen, d'aimsigh Joan roinnt leabhar agus míreanna mearaí a léiríonn saol an Lucht Siúil sa lá atá inniu ann. D'eagraigh sí taispeántais d'ainmhithe a thaitníonn le Joseph ionas go bhféadfadh sé féachaint orthu ar theacht dó chun an naíonra. Dúirt sí leis na leanaí go mbeadh buachaill nua chucu go luath. Cúpla lá ina dhiaidh sin labhair Joan leis na leanaí maidir lena mbailte. Bhain sí úsáid as taispeántais ar na ballaí chun béim a leagan ar roinnt de na pointí a bhí á ndéanamh aici. Sa taispeántas sin bhí pictiúir de bhailte leanaí cosúil le leantóirí, árasáin agus tithe sraithe. Bhain siad úsáid astu seo chun labhairt faoin 'áit ina gcónaímid'. Thug na leanaí isteach grianghraif dá dteaghlaigh agus dá dtithe, agus rinne múnlaí de na tithe sin ag baint úsáide as drámh-ábhair, fabraicí, olann, páipéar maiseach agus cairtchlár. Chuir siad iad seo ar taispeáint in aice a ngrianghraf. I gcaitheamh na laethanta ina dhiaidh sin d'inis siad scéalta dá chéile faoina bpeataí agus a dturais. Bhreathnaigh Joan ar na leanaí le linn a ngníomhaíochtaí agus chinntigh gur cuireadh Joseph san áireamh agus gur thosaigh sé ag cruthú caidreamh le daoine eile. Thug sí tuairisc chun dáta do Kathleen maidir le conas a bhí sé ag socrú isteach.

*Ábhar Machnaimh: Cá mhéad atá ar eolas ag na leanaí agus agamsa faoi theaghlaigh a chéile agus faoin bpobal?*

**Eispéireas foghlama 12: Bogadh mór**

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Sa bhaile agus feighlíocht linbh**

Bhí John ina athair a fhanann sa bhaile le sé mhí anuas. Anois tá sé féin agus a pháirtí Bernice ag lorg suímh nua dá leanbh óg, Eimear (bliain amháin d'aois) trí lá in aghaidh na seachtaine, mar go bhfuil John chun filleadh ar an obair go lánaimseartha. Teastaíonn uathu feighlí linbh a fháil mar gur mhaith leo go bhfaigheadh Eimear taithí ar shuíomh eile lasmuigh den bhaile. D'imigh John agus Bernice i dteagmháil leis an oifig áitiúil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun liosta a fháil d'fheighlithe linbh sa cheantar. Cuireadh iad ar ghearrliosta agus rinneadh socruithe le go dtabharfaí cuairt orthu. Chuir gach feighlí linbh síos ar a hoiliúint agus a cáilíochtaí. Bhí oiliúint céadchabhrach ag an triúr acu. Trí mheán an deontais feighlíochta linbh ón gCoiste Cúraim Linbh Contae áitiúil cheannaigh siad réimse bréagán agus trealamh sábháilteachta. Tá rochtain ag gach feighlí linbh ar spás lasmuigh.

Nuair a shroich siad an baile d'imigh John agus Bernice siar ar a nótaí agus d'aontaigh siad gurb é teach Liz an áit is fearr a d'oirfeadh do Eimear. Is bungaló é le rochtain éasca ar an ngairdín agus a lán féir agus spás maith le plandaí a chur ann. Tugann Liz aire do bheirt leanaí eile d'aois réamhscoile agus measann John agus Bernice go bhfuil seo tábhachtach chun cuidiú le hEimear foghlaim conas idirghníomhú le leanaí eile. D'idirghníomhaigh Liz an-mhaith le hEimear, agus bhí an chuma air gur thaitin sí le hEimear. Chuir Liz fáilte roimh John agus Bernice agus chuir iad ar a suaimhneas. Thug sí leabhrán dóibh le heolas mar gheall ar a seirbhís feighlíochta linbh, lena n-áirítear na cineálacha gníomhaíochtaí a eagraíonn sí agus na gnáthaimh a leanann sí leis na leanaí eile. Mhínigh sí dóibh freisin go n-úsáideann sí leabhar nótaí beag gach lá chun taifead a choinneáil ar an soláthar bunúsach cúraim agus ar ghníomhaíochtaí agus ar ghothaí na leanaí agus ar a bhfuil bainte amach acu. Glacann sí grianghraif go rialta agus tugann iad seo do na tuismitheoirí. Bíonn John agus Bernice buíoch as na grianghraif seo mar bhealach le heolas a chomhroinnt. D'iarr siad ar Liz litreacha molta a chur ar fáil ó thuismitheoirí eile. Tar éis na litreacha seo a sheiceáil d'imigh siad i dteagmháil le Liz. I dteannta a chéile líon siad foirm iarratais agus bhí plé eatarthu maidir leis na nithe is maith le Eimear, na riochtaí leighis, ailléirgí agus vacsaínithe aici agus na míreanna compoird agus cluichí is maith léi, chomh maith lena gnáthaimh agus eolas teagmhála ginearálta. Chaith Eimear roinnt ama gach lá le Liz sna seachtainí ina dhiaidh sin. Bhain Liz úsáid as an eolas ó John agus Bernice chun cuidiú le Eimear socrú isteach agus bheith sona ina suíomh nua.

*Ábhar machnaimh: Cén t-eolas is cóir dom a fháil ó thuismitheoirí chun cuidiú lena leanaí socrú isteach?*







**Eispéireas foghlama 13: Athruithe**

### Téama: *Folláine agus Leas,* Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 3

**Aois: Leanaí**

**Suíomh: Sa bhaile, seisiún naíonra agus rang na naíonán (bunscoil)**

Freastalaíonn Simon (beagnach 6 bliana d'aois) ar bhunscoil áitiúil. Thosaigh a thuismitheoirí ag éirí imníoch faoina iompar nuair a bhí sé tuairim is dhá bhliain go leith d'aois. Bhí deacrachtaí ag Simon díriú isteach ar ghníomhaíochtaí agus iad a chur i gcrích. Labhair siad leis an altra sláinte poiblí. Bhí sise den tuairim nach raibh aon chúis imní láithreach ann agus mhol sí dóibh Simon a sheoladh chuig réamhscoil an Meán Fómhair dár gcionn. Shocraigh sé isteach go maith. Bhí an cóimheas daoine fásta le leanaí an-mhaith agus sannadh Simon don Oibrí Bunriachtanach, Kelly, a chaith am leis go minic in idirghníomhaíochtaí duine le duine agus chuidigh sí leis súgradh agus idirghníomhú le leanaí eile sa ghrúpa. Chuidigh Kelly tascanna a bhriseadh síos le haghaidh Simon agus thaispeáin dó conas a oibríonn rudaí cúpla uair. Thug sí píosa amháin eolais nó treoir amháin dó ag an uair agus chuidigh leis páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí leis na leanaí eile. Thaitin sé go háirithe le Simon an súgradh le huisce agus bheith ag súgradh lasmuigh. Chuidigh Kelly leis córas cairde a bhunú agus thaitin sé go mór le Rachel bheidh ina cara speisialta ag Simon. Chaith Simon dhá bhliain sa réamhscoil.

Bhí imní ar thuismitheoirí Simon faoina aistriú chuig an mbunscoil. Bhí sé ar tí dul chuig an scoil áitiúil áit a bhfuil 19 naíonán shóisearacha, naíonán shinsearacha agus leanbh rang a haon sa seomra ranga. Bhuail tuismitheoirí Simon leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir sular thosaigh sé ar an scoil agus chuir siad síos ar a gcúiseanna imní agus ar an gcabhair bhreise a fuair Simon sa réamhscoil. Shocraigh siad bualadh lena chéile arís i lár Dheireadh Fómhair nuair a bheadh seans ag an múinteoir aithne a chur ar Simon. Tar éis an chruinnithe sin atreoraíodh Simon le haghaidh measúnú oideachais. Tar éis an mheasúnaithe, dréachtaíodh Plean Oideachais ar leith dó agus ceapadh cúntóir riachtanas speisialta dó chun cuidiú leis sa seomra ranga ar feadh 10 n-uaire sa tseachtain.

Tá Simon anois sna naíonáin shinsearacha. Caitheann sé am le múinteoir riachtanas speisialta oideachais na scoile ag obair ar scileanna ar leith a chuideoidh leis lena chuid foghlama. Tá tuismitheoirí Simon sásta lena dhul chun cinn agus leis an obair atá ar siúl ag na múinteoirí chun a chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar a riachtanais. Faigheann siad aiseolas rialta ón scoil agus labhraíonn siad leis an múinteoir uair gach coicís ar an teileafón chun a fháil amach céard is féidir leo a dhéanamh chun cuidiú le dul chun cinn Simon.

?

***Ábhar machnaimh: Conas is féidir liom feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibrím le tuismitheoirí na leanaí le Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) chun go mbeadh na tuismitheoirí níos rannpháirtí i bhfoghlaim agus i bhforbairt a leanaí?***

# Conclúid

Ceann de na comharthaí de sheirbhís luath-óige ardchaighdeáin ná go n-oibríonn an tseirbhís sin i gcomhar le tuismitheoirí chun timpeallacht a sholáthar ina mbraithfidh leanaí óga, mamailínigh agus leanaí sona agus a mbraithfidh siad go bhfuil siad páirteach ann. Sa timpeallacht seo oibríonn tuismitheoirí agus cleachtóirí lena chéile chun eolas agus saintaithí a chomhroinnt, agus chun cinntí a dhéanamh d'fhonn eispéiris shaibhre a thabhairt do leanaí i suíomhanna éagsúla.







# Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta

# Réamhrá

Tá caidrimh ag croílár na luathfhoghlama agus luathfhorbartha uile. Ón tús ar fad foghlaimíonn leanaí óga trí mheán na hidirghníomhaíochta conas a bhrath slán, conas cumarsáid a dhéanamh agus conas taitneamh a bhaint as bheith le daoine eile. De réir mar a fhásann agus a fhorbraíonn siad, is breá le mamailínigh agus le leanaí a bheith ag súgradh, ag comhrá, ag breathnú, agus a bheith le daoine eile. Cruthaíonn leanaí caidrimh, déanann siad cumarsáid, agus cuireann siad a ngrá agus a ngean in iúl, bíonn siad ag súgradh lena chéile, bíonn siad ag foghlaim agus freastalaítear ar a riachtanais tríd an teagmháil a bhíonn acu le daoine eile.

Cuirtear síos sna treoirlínte seo ar réimse straitéisí agus modhanna idirghníomhaíochta ar féidir leis an duine fásta úsáid a bhaint astu chun feabhas a chur ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí.

## Conas is féidir liom idirghníomhú go sásúil le leanaí?

Bíonn idirghníomhaíochtaí maithe' idir daoine fásta agus leanaí **urramach, spraíúil, taitneamhach, cumasach,** agus **baintear sásamh astu**. Trí mheán na hidirghníomhaíochta seo féadfaidh an duine fásta

- gach leanbh a urramú mar dhuine indibhidiúil a bhfuil cearta aige/aici
- tógáil ar chumais, spéiseanna, eispéiris, cultúir agus cúlraí leanaí, soláthar dá riachtanais agus cuidiú leo gníomhaíochtaí a thionscnamh, roghanna a dhéanamh agus bheith níos neamhspleáiche agus níos freagraí
- riachtanais bhreise nó tacaí a chur san áireamh a mbeadh gá ag leanaí leo d'fhonn páirt chomh hiomlán agus is féidir a ghlacadh
- aiseolas a thabhairt do leanaí maidir lena bhfuil ar siúl acu, na nithe sin a ainmniú agus iad a mholadh as a n-iarrachtaí, ceiliúradh a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus ar a bhfuil bainte amach acu, agus cuidiú leo foghlaim óna gcuid earráidí, ó aon dhul ar gcúl agus ó dhúshláin (Féach sna treoirlínte, *Supporting learning and development through assessment.)*
- caidrimh mhaithe a bhunú agus a chothú le teaghlaigh na leanaí (Féach sna treoirlínte, *Building partnerships between parents and practitioners).*

Tarlaíonn a lán idirghníomhaíochta go huathoibríoch agus tarlaíonn roinnte eile trí phleanáil agus cinnteoireacht chúramach. Téann na fachtóirí atá luaite thuas, na haidhmeanna iomchuí agus na spriocanna foghlama in Aistear, agus na gníomhaíochtaí a mbítear ina mbun go léir i bhfeidhm ar chinneadh an duine fhásta maidir le cathain agus conas idirghníomhú le leanaí. Bíonn tionchar ag saineolas agus taithí an duine fhásta, chomh maith lena d(h)earcadh i leith chothú fhoghlaim agus fhorbairt an linbh, ar na cineálacha idirghníomhaíochta a bhíonn ag an duine fásta le leanaí. Chomh maith leis sin bíonn tacaíocht shuntasach ag teastáil ó roinnt leanaí ar feadh tréimhsí sínte ama, ach i gcás leanaí eile ní bhíonn an méid céanna ag teastáil agus ní bhíonn sé uathu ach ar feadh tréimhse ghearr.

Mar atá luaite sna treoirlíne, *Building partnerships between parents and practitioners*, múnlaítear foghlaim agus forbairt leanaí trí chaidrimh le daoine atá tábhachtach ina saol. I suíomhanna lasmuigh den bhaile, oibríonn tuismitheoirí, cleachtóirí agus gairmithe eile, amhail oibrithe sóisialta agus teiripeoirí urlabhra, lena chéile chun sochair leanaí. Bíonn tionchar ag caidrimh dhearfacha urramacha idir gach duine fásta i saol an linbh ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an leanbh le daoine eile.

?

### Machnamh ar mo chleachtas

1. *Cén fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil a bhféadfainn páirt a ghlacadh inti chun tacú le m'idirghníomhaíocht le leanaí (mar shampla foghlaim conas taifeadtaí digiteacha a úsáid chun tacú le siarmhachnamh an duine fhásta?*
2. *Conas a dhéanaim idirghníomhú le gach ball foirne, le gníomhaireachtaí seachtracha agus le gairmithe eile?*

## Cad iad na straitéisí idirghníomhaíochta is féidir liom a úsáid?

Díríonn na treoirlínte seo ar cheithre straitéis a bhfuil cur síos orthu i dTábla 2. Sa chéad dá cholún sa tábla is an leanbh féin atá ag stiúradh na foghlama agus tá an duine fásta sa ról cumasúacháin. Sa ról seo déanann an duine fásta eagrú ar an timpeallacht, breathnaíonn ar eispéiris leanaí, déanann eiseamláiriú ar iompair agus ar fhoghlaim, bunaíonn comhthuiscint agus brí, agus déanann siarmhachnamh ar a bhfuil ag tarlú. Ag baint úsáide as na straitéisí sa tríú agus sa cheathrú colún i dTábla 2 déanann an duine fásta an fhoghlaim a stiúradh trí ról níos réamhghníomhaí a ghlacadh, trí aiseolas a thabhairt, trí ghníomhaíocht a stiúradh, nó trí pháirt a ghlacadh de réir mar is iomchuí.

Le linn na luath-óige tá sé tábhachtach go mbeadh deiseanna ag leanaí an fhoghlaim a stiúradh trí fhoghlaim fhéintionscanta fhéinstiúrtha, agus go mbeidís páirteach i gcinntí mar gheall ar a bhfuil ar siúl acu. Ag amanna eile, stiúrann an duine fásta a bhfuil ag tarlú trí ghníomhaíochtaí pleanáilte stiúrtha agus méadaíonn nó laghdaíonn an cineál tacaíochta de réir mar a mhéadaíonn féinmhuinín nó inniúlacht an linbh.

I dTáblaí 3 go 6 tá cur síos gearr ar roinnt de na modhanna a úsáidtear sna ceithre straitéis. Cuirtear na modhanna sin i láthair in ord aibítre. Cuirtear tuilleadh eolais ar fáil freisin nuair a phléitear na sé mhodh go sonrach ar leathanaigh 32 go 52. Tá forluí nach féidir a sheachaint ann idir na straitéisí agus na modhanna.

**Tábla 2: Réimse de straitéisí idirghníomhaíochta**

| Caidrimh a Thógáil | Éascú | Eagrú | Stiúradh |
|---|---|---|---|
| Foghlaimíonn leanaí trí bheith le daoine eile. Áiríonn an straitéis seo modhanna a mbaineann an duine fásta úsáid astu chun timpeallacht a chruthú ina mbraithfidh na leanaí slán agus féinmhuiníneach a ndóthain chun rioscaí a thógáil, iniúchadh a dhéanamh, páirt a ghlacadh in eispéiris dhúshlánacha, agus a bhfoghlaim féin a stiúradh agus a chomh-stiúradh. | Foghlaimíonn leanaí trí bheith páirteach i gcinntí a dhéanamh, trí chinntí a dhéanamh agus trína bhrath go bhfuil siad i gceannas. Bíonn an fhoghlaim taitneamhach dóibh agus baineann siad sásamh as nuair a chuireann siad dúshláin rompu féin agus nuair is féidir leo úsáid a bhaint as an eolas atá acu cheana féin agus tógáil ar an eolas sin. Baineann siad taitneamh as an bhfoghlaim trí ghníomhaíochtaí leanbh-thionscanta. Áiríonn an straitéis seo modhanna a mbaineann an duine fásta úsáid astu chun na leanaí a spreagadh le bheith i gceannas agus an ceannas sin a roinnt le daoine fásta. | Foghlaimíonn leanaí i dtimpeallacht atá dea-phleanáilte agus ina bhfuil acmhainní maithe. Déanann an timpeallacht ionadú ar gach leanbh sa suíomh agus bíonn an fhoghlaim ina gníomh dúshlánach. Áiríonn an straitéis seo modhanna a mbaineann an duine fásta úsáid astu chun a leithéidí sin de thimpeallacht a chruthú, lena n-áirítear machnamh ar an bhfoghlaim atá ag tarlú sa timpeallacht agus bealaí a phleanáil chun feabhas a chur uirthi. | Foghlaimíonn leanaí trí ghníomhaíochtaí atá pleanáilte, stiúrtha a thógann ar a spéiseanna agus ar a n-eispéiris. Áiríonn an straitéis seo modhanna a mbaineann an duine fásta úsáid astu chun díriú ar fhoghlaim leanaí agus chun meonta, luachanna agus dearcadh, scileanna, eolas agus tuiscint ar leith a fhorbairt. |

**Stiúrann leanaí an fhoghlaim** ⟷ **Stiúrann an duine fásta an fhoghlaim**

**Tábla 3: Caidrimh a thógáil**

| Modhanna samplacha | An Duine Fásta |
|---|---|
| **Glacadh le leanaí, lena dteaghlaigh agus lena bpobail agus luach a bheith orthu** | ■ Fáilteoidh roimh gach leanbh, roimh a dteaghlaigh agus roimh a bpobail<br>■ Gheobhaidh amach cad iad spéiseanna, cúlra, luachanna agus traidisiúin gach linbh<br>■ Cuirfidh frapaí, bréagáin, leabhair agus taispeántais ar fáil atá ionadaíoch do na leanaí go léir sa suíomh<br>■ Cuideoidh le leanaí foghlaim faoina bpobail |
| **Rannpháirt, plé agus cumarsáid** | ■ Glacfaidh páirt le leanaí ina gcuid súgartha, gníomhaíochtaí agus plé<br>■ Roinnfidh scéalta grinn le leanaí agus beidh idirghníomhú spraíúil acu leo chomh maith le hidirghníomhú dáiríre<br>■ Cuideoidh le leanaí scileanna urlabhra agus éisteachta a fhorbairt<br>■ Cuirfidh feabhas ar fhreagraí briathartha na leanaí i gcás gur iomchuí é<br>■ Éistfidh go cúramach le leanaí agus déanfaidh iarracht gan cur isteach orthu |
| **Iompar leanaí a threorú** | ■ Coinneoidh timpeallacht dhearfach shlán foghlama<br>■ Oibreoidh le leanaí chun rialacha a cheapadh don seomra agus don chlós súgartha<br>■ Tacóidh le leanaí bheith in ann teacht aniar agus déileáil le cúrsaí i gcás nach dtéann nithe mar ba chóir agus i gcás go bhfuil siad trína chéile<br>■ Bainfidh úsáid as coinbhleachtaí agus amanna míchompordacha chun mothúcháin a phlé<br>■ Oibreoidh le leanaí chun fadhbanna agus coinbhleachtaí a réiteach<br>■ Déanfaidh idirghabháil nuair is gá ar bhealach docht cothrom chun tacú le leanaí a bhfuil a mothúcháin gonta |
| **Gníomhartha agus iompair leanaí a ainmniú agus a dhearbhú** | ■ Ainmneoidh na nithe atá ar siúl ag na leanaí agus déanfaidh cur síos orthu<br>■ Tacóidh le hiarrachtaí na leanaí<br>■ Cuiridh aiseolas dearfach ar fáil (briathartha agus neamhbhriathartha). |

**Tábla 4: Éascú**

| Modhanna samplacha | An Duine Fásta |
|---|---|
| **Foghlaim a idirbheartú agus spriocanna foghlama a shoiléiriú** | ■ Spreagfaidh na leanaí chun nithe a dhéanamh dóibh féin<br>■ Cuideoidh le leanaí a bhfoghlaim féin a stiúradh<br>■ Áireoidh leanaí i gcinntí maidir lena bhfoghlaim agus tabharfaidh roghanna dóibh<br>■ Cuideoidh le leanaí bheith soiléir faoina spriocanna foghlama agus spreagfaidh iad le breithiúnas a dhéanamh i ndáil le cé chomh maith is a rinne siad rud |
| **Tacú le rannpháirtíocht agus foghlaim** | ■ Tabharfaidh aitheantas do chumas an linbh nithe a dhéanamh dóibh féin agus cothóidh an cumas sin trí cheannas a roinnt leo agus iad a chumhachtú<br>■ Cuideoidh le tionscnaimh, buanseasmhacht agus cinnteoireacht leanaí<br>■ Spreagfaidh leanaí cuidiú lena chéile agus a chéile a theagasc (meantóireacht piara)<br>■ Soláthróidh cúnamh agus tacaíocht shealadach do leanaí, trí scaffallú, chun gluaiseacht ó leibhéal amháin inniúlachta chuig leibhéal eile<br>■ Cuirfidh smaointe, comhairle agus moltaí ar fáil i gcás gur iomchuí é |
| **Machnamh le chéile chun brí agus tuiscint a chothú** | ■ Imreoidh, labhróidh agus oibreoidh le leanaí ionas gur féidir leo brí a bhaint as eispéiris agus foghlaim ó na heispéiris sin<br>■ Leanfaidh stiúir an linbh<br>■ Cuideoidh, léireoidh agus míneoidh i gcás go n-iarrfar é agus i gcás gur iomchuí é<br>■ Déanfaidh iniúchadh i dteannta leanaí chun nithe a fháil amach lena chéile seachas freagraí a thabhairt dóibh láithreach |

**Tábla 5: Eagrú**

| Modhanna samplacha | An Duine Fásta |
|---|---|
| **Leanaí a ghrúpáil** | ■ Déanfaidh cinneadh cén fáth agus cén chaoi leanaí a thabhairt le chéile i ngrúpaí<br>■ Dáilfidh am ar leanaí chun róil i ngrúpaí a idirbheartú<br>■ Déanfaidh cinneadh maidir le cad iad na grúpaí a mbeifear ag obair leo ag am ar leith<br>■ Soláthróidh eispéiris indibhidiúla, i mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga |
| **Pleanáil le haghaidh fhoghlaim an linbh agus machnamh uirthi** | ■ Déanfaidh tathant ar leanaí gníomhaíochtaí a phleanáil<br>■ Déanfaidh pleanáil, agus smaoineamh ar eispéiris leanaí agus labhróidh faoi na heispéiris sin<br>■ Déanfaidh cinneadh maidir leis na chéad chéimeanna eile agus soláthróidh tascanna, gníomhaíochtaí agus ábhair bunaithe ar riachtanais agus spéiseanna leanaí |
| **Sceidealú agus socrú amchláir** | ■ Eagróidh eispéiris foghlama agus déanfaidh monatóireacht ar an idirghníomhaíocht a eascróidh astu idir leanaí agus daoine fásta agus idir leanaí agus an timpeallacht<br>■ Déanfaidh pleanáil ar ghnáthaimh agus ar athruithe, agus na leanaí páirteach sa phleanáil sin i gcás gur féidir é |
| **An timpeallacht foghlama a struchtúrú** | ■ Déanfaidh cinneadh cén trealamh agus cad iad na hábhair a bheidh ar fáil sa timpeallacht<br>■ Déanfaidh pleanáil rialta agus athbhreithniú ar an timpeallacht foghlama, bunaithe ar eispéiris na leanaí agus ar aidhmeanna agus spriocanna foghlama Aistear<br>■ Cuirfidh dóthain acmhainní, ama, agus spáis ar fáil do na leanaí uile ionas go mbeidh siad ábalta leas a bhaint as na heispéiris atá á dtairiscint. |

**Tábla 6: Stiúradh**

| Modhanna samplacha | An Duine Fásta |
|---|---|
| **Cuidiú le smaointeoireacht leanaí** | ■ Bunóidh atmaisféar a chothóidh caint agus plé<br>■ Éistfidh go cúramach chun tuiscint a fháil ar a bhfuil á smaoineamh agus á bhrath ag leanaí<br>■ Cothóidh rannpháirtíocht, smaointe agus spéiseanna leanaí chun cur le comhráite<br>■ Cuideoidh le leanaí úsáid a bhaint as a réimse iomlán scileanna smaointeoireachta<br>■ Cuirfidh ceisteanna iomchuí dúshlánacha<br>■ Cuideoidh le leanaí a ndul chun cinn agus a bhfuil bainte amach acu féin a aithint agus déanfaidh cothú ar na nithe sin |
| **Foghlaim a stiúradh, a lipéadú, cur síos uirthi agus í a mhíniú** | ■ Déanfaidh pleanáil ar eispéiris foghlama atá tionscanta ag an duine fásta<br>■ Míneoidh do leanaí cad a bheidh ar siúl agus á fhoghlaim acu, agus tabharfaidh breac-chuntas ar an gcaoi a n-oibríonn rudaí agus cad iad na ‘rialacha’<br>■ Déanfaidh gníomhartha a réasúnú a shoiléiriú agus míneoidh cén fáth a bhfuil nithe á ndéanamh mar atá<br>■ Inseoidh, gheobhaidh tuiscint, déanfaidh hipitéisiú agus smaoineoidh os ard |
| **Eiseamláiriú** | ■ Múinfidh trí mheán an dea-shampla<br>■ Léireoidh conas nithe a dhéanamh<br>■ Coinneoidh cuimhne ar theanga, iompair, luachanna agus dearcadh a léireoidh leanaí de réir mar dhéanfaidh leanaí aithris ar a bhfeiceann agus a gcloiseann siad |

## Machnamh ar mo chleachtas

1. *Cad iad na modhanna a úsáidim chun idirghníomhú le leanaí? Cad iad na modhanna eile a d'fhéadfadh bheith úsáideach i mo chuid oibre?*
2. *Conas is féidir liom smacht níos fearr a thabhairt do leanaí ar a gcuid foghlama féin? Conas is féidir liom a chinntiú go mbainfear amach cothromaíocht idir eispéiris foghlama atá tionscanta ag an duine fásta agus tionscanta ag an leanbh?*
3. *Cé dhéanann formhór na cainte nuair a bhím ag idirghníomhú leis an leanaí? Conas a d'fhéadfainn níos lú cainte a dhéanamh agus ligean dóibh tuilleadh cainte a dhéanamh? Cá mhéad ama atá ag an leanaí le bheith ag caint lena chéile?*
4. *An bhfuilim eagraithe ar bhealach a thugann am dom le grúpaí beaga agus le leanaí indibhidiúla?*

## Modhanna samplacha: Tuilleadh eolais

Anseo thíos déanfar iniúchadh in ord aibítre ar shé cinn de mhodhanna idirghníomhaíochta a bhfuil tagairt déanta dóibh i dTábla 3 go 6. Baintear úsáid as eispéiris foghlama chun na modhanna a léiriú mar a bheidís agus iad i bhfeidhm. Seo a leanas na modhanna:

- Cuidiú le smaointeoireacht leanaí (Tábla 6, Stiúradh)
- Eiseamláiriú (Tábla 6, Stiúradh)
- Gníomhartha agus iompair leanaí a ainmniú agus a dhearbhú (Tábla 3, Caidrimh a thógáil)
- Foghlaim a idirbheartú agus spriocanna foghlama a shoiléiriú (Tábla 4, Éascú)
- An timpeallacht foghlama a struchtúrú (Tábla 5, Eagrú)
- Machnamh le chéile agus brí agus tuiscint a chothú (Tábla 4, Éascú).

### Cuidiú le smaointeoireacht leanaí (Tábla 6)

Cuideoidh an duine fásta le leanaí smaoineamh ar cén fáth agus cén chaoi a dtarlaíonn rudaí. Cuideoidh sé seo leis na leanaí a gcuid smaointeoireachta agus foghlama féin a fhorbairt (scileanna meiteachognaíocha). Cuidíonn comhráite a bhíonn ag leanaí gach lá le daoine indibhidiúla, i mbeirteanna nó i ngrúpaí leis na leanaí smaoineamh ar a gcuid foghlama agus labhairt ina taobh. Éistfidh an duine fásta go cúramach lena bhfuil á rá ag leanaí trí mheán a ngothaí, a n-iompair agus a dteanga. Léireoidh an duine fásta comharthaíocht choirp atá dearfach, agus bainfidh úsáid as focail, frásaí agus gothaí a chuirfidh in iúl don leanbh go bhfuil sé/sí ag éisteacht. Spreagfaidh sé/sí leanaí le cur síos a dhéanamh, rudaí a mhíniú, hipitéisiú a dhéanamh, buille faoi thuairim a thabhairt, iombhá a léiriú agus nithe a réamh-mheas. Féadfaidh ceisteanna a roghnófar go cúramach spéis agus samhlaíocht leanaí a spreagadh. Dé ghnáth i gcás ceisteanna iata bíonn freagraí sainiúla gonta orthu amhail sea/ní hea. Ar an taobh eile de, i gcás ceisteanna oscailte féadfar an iliomad freagraí a bheith orthu agus cuideoidh sé seo le leanaí smaoineamh níos doimhne a dhéanamh. D'fhéadfadh an duine fásta na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cur síos ar a (h)eispéiris féin, mar shampla, *Nuair a bhí mise óg …*
- Smaoineamh os ard, mar shampla, *Creidim go …*
- Siarmhachnamh a dhéanamh, mar shampla, *Luaigh tú go …*
- Tuairimí oscailte a chur in iúl, mar sampla, *Is breá liom nuair …*
- Buille faoi thuairim a thabhairt, mar shampla, *Ní fheadair cén fáth …*
- Scéal grinn a insint





- Tuairimí agus smaointe a iarraidh ar na leanaí agus feidhmiú orthusan
- Nithe a rá a thosódh comhrá, mar shampla, *Tuigim, hmmm, dáiríre. Inis dom ina thaobh, An féidir leat …?*
- Ceisteanna oscailte a chur, mar shampla, *Cad a tharlódh dá …? Conas a bhraithfeá dá …? I do thuairim, cén fáth ar tharla ...? Conas a d'fhoghlaim tú sin?*

Trí comhráite leanaí a chothú agus smaoineamh ar na bealaí seo bailíonn an duine fásta eolas faoi theoiricí, smaointe agus mothúcháin agus baineann úsáid astu seo chun pleanáil don fhoghlaim amach anseo.

Seo a leanas trí shampla de dhaoine fásta ag cuidiú le smaointeoireacht leanaí.



**Eispéireas foghlama 14: Bia a thabhairt do na lachain**

## Téama: *Cumarsáid,* Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Sa bhaile**

Bhí Leah (13 mhí) agus a Daid ag tabhairt bia do na lachain ar an loch. Phointeáil Leah i dtreo na lachan go fuinniúil. Phointeáil a Daid i dtreo na lachan agus d'aontaigh sé, ***Sea, is lachain iadsan Leah agus anois táimid chun bia a thabhairt dóibh.*** Phointeáil Leah i dtreo an aráin. Rinne a Daid miongháire léi agus dúirt, ***Is maith leat bia a thabhairt dóibh, nach maith Leah?*** D'aontaigh Leah. Kak kak, ar sise. D'aontaigh a Daid léi. ***Deir na lachain 'quack, quack' nach ndeir Leah?*** Rinne sé aithris ar rann faoi lachain agus bhuail sí a bosa agus phointeáil go sceitimíneach i dtreo na lachan de réir mar a d'aithris sé an rann.

?

***Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom eispéiris laethúla a úsáid chun cuidiú le leanaí tuiscint a fháil ar na nithe ina dtimpeall?***





**Eispéireas foghlama 15: Ag obair sa chairéal**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht,* Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Seisiún (grúpaí do thuismitheoirí agus mamailínigh)**

Bhí Azeed, athair a d'fhreastail ar ghrúpa áitiúil do thuismitheoirí agus mamailínigh, ar a ghlúine in aice le beirt leanaí sa tráidire gainimh. Bhí a leanbh féin Zyta (2½ bliain d'aois) le David (beagnach 3 bliana d'aois). Thaitin an tráidire gainimh go mór leis na leanaí agus bhí siad ag machnamh go dian ar a raibh ar siúl acu de réir mar a bhog siad méideanna móra gainimh agus fuaimeanna na meaisíní móra á ndéanamh acu. D'imigh Zyta chun súgradh le rud éigin eile agus d'fhéach David ar Azeed agus rinne mionghháire.

Azeed (mionghháire á dhéanamh ar ais aige): ***Is maith liom a bhfuil déanta agat. Inis dom ina thaobh?***

David: Mé déanamh cairéal.

Azeed: ***Is maith an rud é go bhfuil cairéal á dhéanamh agat. Inis dom ina thaobh.***

David: Fuair mé cocha (clocha) agus chuir mé arracóirí (tarracóirí) isteach (ag pointeáil i dtreo an tráidire gainimh).

Azeed: ***Chuir tú clocha isteach ar dtús agus ansin chuir tú tarracóirí isteach sa ghaineamh. Cén fáth ar theastaigh uait cairéal a dhéanamh?***

David: Obíonn (oibríonn) daidí i cairéal.

Azeed: ***Tuigim, theastaigh uait cairéal a dhéanamh cosúil leis an gceann ina n-oibríonn do dhaidí. An bhfuil sin ceart?***

D'aontaigh David.

Azeed: ***Tá cairéal iontach mór déanta agat anseo. Ba bhreá liom ceann cosúil leis a dhéanamh. Inis dom arís David conas é sin a dhéanamh.***

David: 'Seo (anseo). Déan poll (de réir mar a thaispeáin sé do Azeed conas an gaineamh a bhogadh timpeall leis an tochaltóir ag baint úsáide as buicéad tosaigh an tochaltóra).

Azeed: ***Wow, tá seo ar fheabhas. Tá an gaineamh á bhogadh timpeall agam chun cairéal a dhéanamh díreach cosúil le do chairéal.***

Lean David agus Azeed ar aghaidh le tógáil a gcairéil agus ag tochailt agus fuaimeanna á ndéanamh acu mar a dhéanfadh na meaisíní agus iad ag plé a raibh ar siúl acu.

?

***Ábhar Machnaimh: Cá mhéad a fhéachaim ar a bhfuil ar siúl ag na leanaí agus a n-éistim go cúramach leo agus conas a úsáidim sin i mo chomhráite leo chun a gcuid smaointeoireachta a fhorbairt?***

**Eispéireas foghlama 16: Téann Ruairí go dtí an t-ospidéal**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 5

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang naíonán (Gaelscoil)**
(Thosaigh an t-eispéireas seo le linn an tseisiúin chomhrá Ghaeilge)

Bhí Múinteoir Seán ag labhairt lena rang de 23 naíonán sóisearach agus sinsearach. Bhí imní ar Ruairí, an puipéad, toisc go raibh air dul go dtí an t-ospidéal chun go mbainfí a chéislíní. D'fhiafraigh Múinteoir Seán de na leanaí conas a bhraithfeadh siad dá mbeadh orthu dul go dtí an t-ospidéal. Fuair sé freagraí éagsúla. Ansin d'fhiafraigh sé de na leanaí conas a d'fhéadfaidís cuidiú le Ruairí brath níos fearr mar gheall ar an gcuairt ar an ospidéal. Rinne roinnt mhaith de na leanaí comhbhá le mothúcháin imní agus neirbhíse Ruairí agus faoi bheith ina aonair agus scoite amach óna theaghlach agus a chairde.

Thosaigh Myra (beagnach 6 bliana d'aois), a bhfuil fiobróis chisteach uirthi, ag labhairt ar na sealanna fada a chaith sí san ospidéal. Bhí gach duine ag éisteacht léi go cúramach. Thosaigh sí le plé ar an ospidéal agus ar an gcúis a mbíonn ar dhaoine dul ann. Chuir roinnt de na leanaí a scéalta féin in iúl mar gheall orthu féin agus chuir Múinteoir Seán leis an méid a bhí le rá acu. D'eascair sraith comhráite as an bplé thar an gcéad chúpla lá eile maidir le cén fáth a n-éiríonn daoine tinn, conas a thagann biseach orthu, agus cén fáth a bhfaigheann roinnt daoine bás de bharr tinnis.

Níos déanaí i rith na seachtaine, agus tar éis roinnt acmhainní a thabhairt ón mbaile, thiomsaigh Múinteoir Seán agus na leanaí bailiúchán frapaí agus éadaí maiseacha chun ospidéal a dhéanamh. Bhí ceathrar tinn ann – Ruairí, Teidí, Nóra, agus Múinteoir Seán. Roinn sé an grúpa leanaí i gceithre ghrúpa agus d'iarr orthu oibriú le chéile chun freastal ar riachtanais duine amháin de na hothair. Gan mhoill shroich ceithre fhoireann de dhochtúirí agus altraí chomh maith le cuairteoirí an t-ospidéal chun Ruairí, Teidí, Nóra agus Múinteoir Seán a fheiceáil. Thar an gcéad seachtain eile, bhí deis ag na grúpaí cóireáil a chur ar na hothair seo agus ar othair nua, agus fuair gach leanbh an deis a bheith ina dhochtúir, altra, chuairteoir agus othar. Chuir an phleanáil seo ar chumas Mhúinteoir Seán am a chaitheamh le gach ceann de na ceithre ghrúpa agus thug seo an deis dó teanga nua a thabhairt isteach sa chomhthéacs agus a dtuiscint ar bheith san ospidéal a fhorbairt.

Tá sé beartaithe ag Múinteoir Seán úsáid a bhaint as roinnt suíomhanna ina mbeadh daoine i sáinn chun plé a spreagadh agus foghlaim a chur chun cinn i réimsí éagsúla den churaclam thar na seachtainí le teacht.


*Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom cuidiú leis na leanaí iniúchadh a dhéanamh ar shuíomhanna agus ar eispéiris nua trí mheán an phlé agus trí shúgradh samhlaíoch?*







**Eiseamláiriú (Tábla 6)**





Foghlaimíonn leanaí a lán trí bhreathnú ar dhaoine fásta ina dtimpeall. Tugann sé seo ról eiseamláirithe don duine fásta. Féadfaidh leanaí aithris a dhéanamh ar gach rud a dhéanann agus a deir sé/sí, bíodh sé sin pleanáilte nó neamhphleanáilte. Nuair a bheartóidh daoine fásta eiseamláiriú a dhéanamh ar rud éigin de ghnáth tabharfaidh siad míniú ar a conas atá an rud seo ag tarlú agus cad atá ag tarlú. Cuidíonn déanamh agus míniú i dteannta a chéile leis na leanaí. Féadfaidh eiseamláiriú a bheith an-úsáideach nuair atáthar ag iarraidh tacú le leanbh cúthail nó ciúin nó nuair atáthar ag cuidiú le leanbh le deacracht foghlama. Trí mheán an eiseamláirithe, féadfaidh an duine fásta uchtach a thabhairt don leanbh nithe a dhéanamh ag leibhéal atá compordach dó/di.

Is éard atá i gceist le heiseamláiriú ná an duine fásta ag baint úsáide as réimse scileanna. D'áireodh sé seo taispeáint do leanaí conas cluiche a imirt, conas rud nó uirlis a úsáid, scil éigin a léiriú nó comhoibriú le daoine eile, rólghlacadh a dhéanamh, scéal a insint, scéal a léamh, nó amhrán a chasadh. Féadfaidh an duine fásta eiseamláiriú a dhéanamh ar ghníomhartha cairdiúla, ar chleachtais shábháilte, ar scileanna teanga agus cumarsáide, ar dhearcadh, agus ar scileanna smaointeoireachta agus machnaimh.

Seo a leanas trí shampla de dhaoine fásta ag eiseamláiriú chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí.

**Eispéireas foghlama 17: An Druma Mór**

## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 6

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Sa bhaile**

Bhí Callum (9 mí d'aois) agus a Dhaidí ag suí ar an urlár sa bhaile ag seinm lena chéile. Bhí Callum ag súgradh le roinnt dá bhréagáin ach bhrath Daidí go raibh sé ag éirí bréan. Fuair a Dhaidí stán brioscaí a bhí folamh ón gcistin. Thug sé é do Callum. D'ardaigh Callum é, agus bhog é agus thug faoi dearadh go raibh fuaim laistigh de. Chuardaigh sé foinse na fuaime. Tar éis cúpla nóiméad d'fhéach sé ar a Dhaidí agus lig scread as, ag léiriú gur theastaigh uaidh breathnú isteach sa stán. Bhain Daidí an barr den stán. Rug Callum greim láimhe ar a eochracha bréige. Chuir siad rudaí eile a bhí ina gcóngar isteach sa stán agus ansin bhain amach iad. Labhair Daidí faoina raibh ag tarlú. Tar éis tamaill d'imigh Daidí isteach sa chistin agus rug leis spúnóg adhmaid. Chuir sé an barr ar an stán agus thosaigh á bhualadh leis an spúnóg adhmaid agus thosaigh ag casadh amhráin. Scread Callum agus é ag gáire. Thug Daidí an spúnóg do Callum agus bhuail seisean go láidir ar an druma ag déanamh aithrise ar a Dhaidí. Chas Daidí amhrán de réir mar a bhuail Callum na drumaí. Labhair Daidí le Callum ag cur síos ar a ghníomhartha agus á mholadh as a iarrachtaí. Léirigh Callum chomh sásta agus a bhí sé lena iarrachtaí trí chomhrá, gáire, agus miongháire. Thaispeáin Callum a scileanna nua d'uncail Jimmy níos déanaí an lá sin.

*Ábhar Machnaimh: Cad iad na scileanna nua is féidir liom a eiseamláiriú do leanaí?*

**Eispéireas foghlama 18: Toirtíní úll, suibhe agus láibe**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 4

**Aoisghrúpa: Mamailínigh agus leanaí**

**Suíomh: Feighlíocht linbh**

Tugann Margaret aire do bheirt leanaí ina teach féin agus tuismitheoirí na leanaí sin ag obair. Tosaíonn siad an lá trí lámha a ní agus naprúin a chur orthu. Bhí John (2 bhliain agus 2 mhí), Orla (5 bliana) agus Margaret ag déanamh toirtíní úll lá amháin. Chuidigh Orla le Margaret na húlla a ghearradh, agus chroith John an siúcra orthu. Nuair a bhí na toirtíní úll san oigheann bhain John agus Orla úsáid as an taosrán a bhí fágtha chun toirtíní suibhe a dhéanamh. Bhí an-spraoi acu ag rolladh amach an taosráin díreach mar a rinne Margaret, agus chuir siad subh sa lár sular chuir siad bainne ar na himill chun iad a shéalú. Bhain John taitneamh as an bplúr a chroitheadh ar an taosrán ionas nach ngreamódh an taosrán den bhord. Nuair a bhí críochnaithe acu chuidigh siad le Margaret glanadh suas. Scuab Orla an t-urlár fad is a d'úsáid John an méisín deannaigh agus scuab.

Níos déanaí d'imigh Orla agus John amach ag súgradh. Rinne siad toirtíní láibe lasmuigh agus thug Orla cloch do John agus thug na treoracha seo dó: Rollaigh amach an taosrán John mar tá toirtín uainn don dinnéar. Toirtín blasta. Is féidir leatsa an chuid seo a dhéanamh. Buachaill maith, bácáil an-mhaith. D'iarr sí ar John cuidiú léi glanadh suas nuair a bhí críochnaithe acu díreach mar a rinne Margaret. D'aontaigh sé go sásta. Nuair a bhí an toirtín láibe bácáilte roinn na leanaí an toirtín le teidí agus le bábóg Orla, Babs, díreach mar a rinne níos luaithe i rith an lae le Margaret.

?

***Ábhar Machnaimh: Cad atá á fhoghlaim ag na leanaí trí bheith ag breathnú ar mo ghníomhartha agus ag déanamh aithrise orthu.?***

**Eispéireas foghlama 19: Ní theastaíonn uaim go dtiocfaidh tusa go dtí mo bhreithlá**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 4

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang na Naíonán (bunscoil)**

I rang na naíonán tá leanaí ó chultúir éagsúla lena n-áirítear leanaí ón Lucht Siúil agus leanaí ón bPolainn, ón tSín agus ón Éigipt. Go luath i rith an téarma thug an múinteoir, Bean Uí Raghallaigh, faoi deara go raibh rudaí ciníocha éagóracha á rá ag roinnt de na leanaí agus iad ag idirghníomhú le leanaí eile sa rang. Tharla seo d'fhormhór ag am sosa sa chlós.

Lá amháin chuala sí comhrá ina ndúirt leanbh amháin an méid seo a leanas le leanbh eile, Ní theastaíonn uaim go dtiocfaidh tusa go dtí mo bhreithlá mar go bhfuil tú donn. Labhair an múinteoir leis an mbeirt leanaí, ag cur Zara (an leanbh le craiceann donn) ar a suaimhneas ar dtús báire agus ag labhairt léi faoina raibh sí ag mothú. Ansin dhírigh sí ar a fháil amach cén fáth a raibh an leanbh eile, Anna, á hiompar féin mar seo. Thuig Bean Uí Raghallaigh go bhféadfadh cúpla rud a bheith ina chúis leis seo. An raibh na cailíní tar éis easaontú a bheith acu faoi rud éigin? Ar chuala Anna duine eile ag rá an ruda a dúirt sise? Ar theastaigh ó Anna Zara a ghortú agus dath a craicne a úsáid chun é seo a dhéanamh? Labhair Bean Uí Raghallaigh le Anna faoi na nithe coscracha a dúirt sí agus í ag súgradh le Zara. Mhínigh sí an chaoi a bhféadfadh seo Zara a ghortú agus nach bhfuil sé ceart go leor rudaí mar sin a rá. Chuidigh sí le Anna machnamh ar conas a bhraithfeadh sise dá ndéanfaí amhlaidh léi.

Bhí tacaíocht á lorg ag Bean Uí Raghallaigh maidir leis an gcaoi a bhféadfadh sí déileáil leis an scéal leis an rang go léir. D'éirigh léi sin a dhéanamh trí roinnt léitheoireachta a dhéanamh faoi leanaí agus claontacht agus idirdhealú éagórach. Rinne sí tagairt do pholasaí na scoile maidir le cuimsitheacht agus

bhain úsáid as an doiciméad *Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil: Treoirlínte do Scoileanna* (CNCM, 2005). Chomh maith leis sin thug sí cuairt ar www.action.ncca.ie chun roinnt samplaí cleachtais a fháil ó mhúinteoirí eile a raibh orthu freagairt do choinbhleacht. Labhair sí freisin leis an bpríomhoide.

Thuig Bean Uí Raghallaigh go raibh sé tábhachtach dul i ngleic leis an gceist seo láithreach chun tacú le Zara agus Anna chomh maith leis na leanaí eile. Lean sí an scéal sa seomra ranga trí obair bhunaidh a dhéanamh ar mhothúcháin. Bhain sí úsáid as leabhair scéalta chun iniúchadh a dhéanamh ar na téamaí 'bheith fágtha ar lár' agus 'ainmneacha a thabhairt ar leanaí'. Trí an mean seo, rinne sí féin agus na leanaí machnamh ar ghníomhartha agus ar smaointe an duine a dhéanfadh a leithéid, an duine a bheadh thíos lena leithéid agus an bhreathnóra a thabharfadh an gníomh faoi deara. Rinne sí athbhreithniú ar íomhánna de dhaoine a bhí léirithe sa seomra ranga trí phóstaeir agus trí ghrianghraif agus d'athraigh roinnt díobh seo chun go mbeadh daoine ó chultúir bhreise ar taispeáint. Chomh maith leis sin d'aimsigh sí bábóga ilchultúrtha (bábóga fireanna agus baineanna le tréithe fisiceacha réadúla) le cur sa spás don súgradh samhlaíoch chomh maith le criáin agus péinteanna ar dhathanna éagsúla craicne. I gcás go dtarlóidh a leithéidí céanna arís labhródh sí le tuismitheoirí na leanaí i gceist. Go dtí sin, bhreathnódh sí go géar ar an gcaidreamh idir Zara agus Anna, agus d'oibreodh leis an rang iomlán chun go mbraithfeadh gach duine go bhfuil an scoil ina heispéireas dearfach do chách.

?

***Ábhar Machnaimh: An bhfuilim ag ceadú, trí thaisme, do leanaí a chéile a ghortú le focail agus le gníomhartha?***

**Gníomhartha agus iompair leanaí a ainmniú agus a dhearbhú (Tábla 3)**

Déanfaidh an duine fása iarrachtaí agus gníomhartha an linbh a ainmniú, a spreagadh agus a cheiliúradh gach lá. Déanfaidh sé/sí cur síos ar a bhfuil ar siúl ag an leanbh, ar a ndearna an leanbh nó ar a ndéanfaidh an leanbh, agus tabharfaidh aitheantas don chaoi a mbraitheann an leanbh. Cuirfidh an duine fásta aiseolas dearfach tuairisciúil ar fáil a d'fhéadfadh bheith ina aiseolas briathartha nó neamhbhriathartha. Cuirfidh sé/sí moltaí ar fáil freisin i ndáil leis an gcéad chéim eile den phróiseas foghlama.

Trí athdhearbhú a dhéanamh ar a bhfuil ar siúl ag leanaí féadfar cuidiú leo coinneáil orthu le gníomhaíochtaí agus tascanna dúshlánacha. Féadfaidh tacaíocht bheag an difríocht a dhéanamh idir eispéireas foghlama taitneamhach a bhfuil sásamh le baint as agus eispéireas foghlama díomách nach féidir sásamh a bhaint as. I gcás go bhfuil leanbh gafa go hiomlán le gníomhaíocht, ámh, is fearr go minic gan do thuairim a chur in iúl go dtí go bhfuil críochnaithe acu. Tarraingeoidh an duine fásta aird ar a bhfuil déanta ag leanaí, ag díriú ar na gnéithe dearfacha dá n-iompar agus a n-iarrachtaí, nó ar ghnéithe de rud éigin a chruthaigh na leanaí nó a chuir siad i gcrích. Déanfaidh an duine fásta na leanaí a mholadh as a n-iarrachtaí, as a ndul chun cinn agus as a bhfuil bainte amach acu. Cuideoidh sé seo leis na leanaí a bhfuil bainte amach acu a 'fheiceáil', a bheith mórálach as na nithe sin, agus iad a chothú.

Seo a leanas trí shampla de dhaoine fásta ag ainmniú agus ag dearbhú gníomhartha agus iompair leanaí.

**Eispéireas foghlama 20: D'éirigh liom, sheas mé suas!**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aim 4 agus Sprioc foghlama 4

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Sa bhaile, cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (creis)**

Bhí Daniel (10 mí d'aois) agus foghlaim conas é féin a tharraingt aníos ina sheasamh. Bhí Monica, a Oibrí Bunriachtanach, ag breathnú air ina chóngar. Rinne Daniel iarracht cúpla uair é féin a tharraingt aníos ina sheasadh trí bhreith ar bhréagán le rothaí a rollann agus gach uair a rinne sé iarracht greim a bhreith ar an mbréagán sin bhog an bréagán trasna an urláir. Bhí sé ag éirí éadóchasach. Chuir Monica

síos ar a raibh á dhéanamh ag Daniel, ***Tá tú ag iarraidh seasamh suas i d'aonar, nach bhfuil?*** Thathantaigh sí air coinneáil air agus í ag miongháire agus ag insint dó cé chomh maith is a bhí ag éirí leis. ***Measaim gur féidir linn cosc a chur ar na rothaí seo ó bheith ag rolladh,*** a dúirt sí nuair a thit Daniel athuair. Mhol sí dó triail eile a bhaint as trí léiriú dó nach ndéanfadh an bréagán rolladh an uair seo mar go raibh na rothaí faoi ghlas. Rug Daniel greim ar an mbréagán arís agus tharraing é féin ina sheasamh go mall. Scread sé le háthas nuair a bhí sé ina sheasamh suas. D'athdhearbhaigh Monica a raibh bainte amach aige trí bhualadh bos a dhéanamh, cur síos ar a raibh déanta aige agus tathant ar a comhghleacaí teacht anall agus breathnú ar a raibh bainte amach ag Daniel. D'fheidhmigh a cóngaracht agus a spéis mhór mar thacaí fisiceacha agus mothúchánacha. Ghlac sí grianghraf i rith an lae de Daniel ina sheasamh agus thaispeáin é dó agus bhain úsáid as chun cur síos ar a éacht. Thaispeáin sí an grianghraf dá dhaid freisin nuair a tháinig sé chun é a bhailiú an tráthnóna sin. Chuir sí é ar taispeáint sa halla leis an dáta scríofa faoina bhun agus cur síos ar iarracht Daniel! Bhreathnaigh mamaí Daniel ar an ngrianghraf an mhaidin dár gcionn nuair a thug sí Daniel isteach, agus labhair sí leis mar gheall ar a raibh bainte amach aige. Rinne siad miongháire lena chéile.

? ***Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom tacú le leanaí coinneáil orthu le tascanna deacra?***

**Eispéireas foghlama 21: Fuair Rover bás**



## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 2

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Bhí Patrick (beagnach 3 bliana d'aois) brónach mar go bhfuair a mhadra, Rover bás ag an deireadh seachtaine. Chuir máthair Patrick foireann an naíonra ar an eolas agus bhí súil ghéar á coinneáil acu air. Bhí drogall ar Patrick páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí agus shuigh Rita, a Oibrí Bunriachtanach, síos ina aice leis. Léirigh sí iombhá agus léirigh go raibh tuiscint aici ar a mhothúcháin, ***Tá tú brónach inniu Patrick.*** Thosaigh Patrick ag caoineadh agus d'iarr Rita air ar theastaigh uaidh dul go dtí an cúinne suaimhnis agus scéal a léamh lena chéile agus go mbéarfadh sí barróg air. D'aontaigh sé. Shuigh siad ar phónaireán lena chéile agus nuair a bhí Patrick ullamh léigh siad an scéal ab ansa leis. Thug cara Patrick, Liam é faoi deara agus thug cuireadh do Patrick teacht anall chuig an mbord tógála. D'éirigh Patrick go mall agus d'imigh sall go dtí Liam chun súgradh leis.

Le linn na laethanta ina dhiaidh sin, nuair a bhí Patrick ullamh, thosaigh Rita ag labhairt faoina raibh tarlaithe. Thug sí cuireadh do Patrick grianghraf de Rover a thabhairt isteach ionas go bhféadfadh sé breathnú air agus labhairt le Rover aon uair a theastaigh uaidh. Chuidigh an plé seo le Patrick a chur in iúl conas a bhí sé ag mothú. D'éist Rita agus thug focail thuairisciúla nua dó. Labhair sí faoina bheith brónach, corraithe agus feargach, agus faoi gcaoi a ndéantar caoineadh uaireanta nuair atá tú míshona agus uaireanta braitheann sé faoi mar go bhfuil tú ag caoineadh laistigh chomh maith. D'iarr Rita ar Patrick samhail de Rover agus é féin a dhéanamh ag baint úsáide as taos súgartha. Ghlac sí grianghraf de shaothar Patrick agus gheall dó go dtabharfadh sí cóip dó. Thathantaigh Rita air a insint do na leanaí eile faoin tsamhail agus faoina scéal brónach. Chuidigh sí le Patrick a scéal a insint ag baint úsáide as a fhocail thuairisciúla nua.

D'fhill an fhoireann agus na leanaí ar thopaic na mothúchán i gcaitheamh na seachtainí ina dhiaidh sin. Léigh siad leabhair faoi chineálacha éagsúla mothúchán. Labhair roinnt de na leanaí faoi bheith sceitimíneach faoi dhul ar saoire, faoi eagla a bheith orthu dul chuig an bhfiaclóir, faoi bheith sona gurb a mbreithlá a bhí ann agus faoi bheith brónach nuair a chaill siad an teidí ab ansa leo. Tháinig topaic na mothúchán aníos le linn gníomhaíochtaí laethúla freisin, mar shampla sa spás don súgradh samhlaíoch, nuair a bhí sealaíocht á cleachtadh acu agus nuair a tháinig coinbhleachtaí chun cinn. D'athdhearbhaigh an fhoireann iarrachtaí na leanaí agus thug tacaíocht dóibh, agus chuidigh leo a stór focal a forbairt trí chur síos a dhéanamh ar a raibh á mhothú acu agus an chúis leis sin.

? ***Ábhar Machnaimh: An féidir liom tuilleadh a dhéanamh chun cuidiú le leanaí a mothúcháin a aithint agus a chur in iúl?***

**Eispéireas foghlama 22: Lá Fhéile Pádraig faoi sheán is faoi mhaise duit**

## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 5

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang na naíonán (bunscoil)**

Bhí an grúpa de 25 naíonán sinsearach ag déanamh cártaí do Lá Fhéile Pádraig. Bhí siad ag obair orthu ar feadh cúpla lá, ag greamú, ag gliúáil agus ag déanamh pictiúr. Bhí siad ag scríobh teachtaireachtaí chuig a dteaghlaigh ar na cártaí. Bhí a lán deiseanna ag na leanaí scríobh gach lá, mar shampla liostaí siopadóireachta agus teachtaireachtaí teileafóin sa spás don súgradh samhlaíoch, lipéid don obair i gcúinne na mbloc, ainmneacha do shaothair dhrámh-ealaíne, cailc agus cláir dhubha bheaga sa chúinne scríbhneoireachta chun teachtaireachtaí agus nuacht a scríobh, cóipleabhair chun scéalta a scríobh, agus cluichí litreacha ar an ríomhaire agus ar an gclár bán idirghníomhach. Chomh maith leo seo bhain an múinteoir úsáid as mioncheachtanna chun léiriú dóibh conas litreacha a fhoirmiú.

Ní maith le John (5½ bliain d'aois) earráidí a dhéanamh agus é ag scríobh. D'iarr sé ar Bhean Fogarty a bheith ina scríobhaí dó mar a dhéanann sí nuair a bhíonn an rang ag insint agus ag cruthú scéalta. Chun cuidiú leis a fhéinmhuinín a fhorbairt sa scríbhneoireacht, thathantaigh Bean Fogarty air triail a bhaint as. No, déanfaidh mé praiseach de, a dúirt sé. Thóg Bean Fogarty nóta as fillteán oibre John, a scríobh sé chuig na sióga sa scéal, Na Sióga agus an Gréasaí Bróg. D'imigh sí ar a glúine in aice le John agus dúirt, ***An cuimhin leat an lá nuair a scríobh tú an nóta seo chuig na sióga? Bhí an nóta sin ar fheabhas, léimis le chéile é.*** Rinne John miongháire agus é ag breathnú ar a nóta. Chuir sí i gcuimhne dó freisin na liostaí siopadóireachta a scríobh siad níos luaithe i rith na seachtaine, agus faoi na leabhair agus póstaeir le focail ar fud an tseomra. Mhol Bean Fogarty, ***Fanfaidh mé in aice leat agus cabhróidh mé leat más gá.*** D'aontaigh John. D'fhiafraigh an múinteoir de céard ba mhaith leis a chur ar an gcárta. D'fhreagair sé, Lá Fhéile Pádraig faoi Shéan is faoi Mhaise Mamaí agus Daidí. Grá mór, John. Go tobann léim John as a shuíochán agus d'imigh go dtí an balla ar a raibh póstaer le 'Lá Fhéile Pádraig faoi Shéan is faoi Mhaise' scríofa air. Is féidir liom é seo a scríobh, ar seisean de scread áthais. Chóipeáil John go cúramach é. D'fhiafraigh sé den múinteoir conas mamaí agus daidí a litriú. Theastaigh ó Bhean Fogarty a fháil amach an raibh aon leanbh eile ag baint úsáide as na focail, agus thosaigh plé leis an gcuid eile den ghrúpa agus rinneadh roinnt moltaí. Bhain John triail as mamaí a litriú, M-A-M-Í. Bhain Bean Fogarty úsáid as comharthaíocht dhearfach choirp chun tacú leis. Mhínigh sí dó go raibh 'a' sa bhreis san fhocal mamaí. De réir mar a chríochnaigh sé gach focal, dhearbhaigh sí a iarrachtaí agus thug uchtach dó: ***Measaim go mbeidh do mhamaí agus do dhaidí an-sásta nuair a osclóidh siad do chárta agus nuair a léifidh siad an teachtaireacht a scríobh tú air tú féin.*** Bhí John an-sásta go deo leis féin nuair a bhí críochnaithe aige. Ag 2 i.n. rith sé go dtí an doras chun fáilte a chur roimh a mháthair agus a chárta ina lámh aige.

?

***Ábhar Machnaimh: An gcuidím leis na leanaí an dul chun cinn atá á dhéanamh acu a fheiceáil agus an gcothaím seo?***

### Foghlaim a idirbheartú agus spriocanna foghlama a shoiléiriú (Tábla 3)

Is éard atá i gceist le foghlaim a idirbheartú agus spriocanna foghlama a shoiléiriú ná an duine fásta ag tacú le neamhspleáchas agus freagracht gach linbh mar fhoghlaimeoir óg. Cuirfidh an duine fásta deiseanna agus acmhainní ar fáil do leanaí chun cuidiú leo nithe a dhéanamh as a stuaim féin. Cuirfidh sé/sí san áireamh cumais, cúlraí, spéiseanna agus eispéiris na leanaí agus cothóidh iad seo chun cuidiú leo a gcuid foghlama a chur chun cinn. Oibreoidh siad le leanaí chun beartú cad a fhoghlaimeoidh siad, cathain a fhoghlaimeoidh siad agus conas a fhoghlaimeoidh siad chun a spéis a dhoimhniú, chun scileanna agus inspreagadh a fhorbairt le páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcuid foghlama agus forbartha féin, agus a bheith níos neamhspleáiche agus féinmhuiníní.

Bainfidh an duine fásta úsáid as eolas agus saineolas speisialaithe chun foghlaim agus forbairt leanaí a threorú. Beartóidh sé/sí cad iad na cineálacha eispéireas agus gníomhaíochtaí atá ar fáil do leanaí agus cuirfidh am agus acmhainní ar fáil dóibh seo. Spreagfaidh an duine fásta na leanaí le roghanna a dhéanamh laistigh de theorainneacha réasúnta, ról gníomhach a ghlacadh i gcinntí faoina bhfoghlaim bunaithe ar a n-aois agus a gcéim forbartha. Cothóidh an duine fásta caidrimh chothroma urramacha le leanaí, ag roinnt spriocanna foghlama leo, agus á spreagadh le breithiúnais a dhéanamh faoina bhfuil bainte amach acu (cad is féidir leo a dhéanamh anois nach bhféadaidís a dhéanamh roimhe). Féadfaidh siad é seo a dhéanamh trí athbhreithniú a dhéanamh ar a raibh ar siúl acu, machnamh air sin agus labhairt ina thaobh.

Seo a leanas thrí shampla de dhaoine fásta ag idirbheartú foghlama agus ag soiléiriú spriocanna foghlama le leanaí.





**Eispéireas foghlama 23: Brístí gearra a chaitheamh le linn an gheimhridh!**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 6

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Sa bhaile**

Bhí mamaí sa bhaile le Aoife (16 mhí d'aois). An geimhreadh a bhí ann. Bhí sí ar tí Aoife a ghléasadh ionas go bhféadfaidís go léir siúl chun na scoile le deirfiúr mhór Aoife, Lorraine. Threoraigh Aoife Mamaí go dtí an áit a bhfaca sí brístíní gearra samhraidh an lá roimhe agus chuir sí in iúl do mhamaí go raibh siad ag teastáil uaithi. Rinne Mamaí iarracht a mhíniú di nach bhfuil brístíní gearra oiriúnach do lá fuar geimhridh. Rinne sí an fhuaim *brrrrr* agus chuimil a bosa chun í féin a théamh. Phointeáil sí i dtreo éadaí níos teo, rinne miongháire agus sméid a ceann, agus mhínigh go mbeidís seo te teolaí do Aoife ar an lá úd. Ansin thug Mamaí an rogha do Aoife geansaí dúghorm agus jíons a chaitheamh nó culaith spóirt. Bhreathnaigh Mamaí ar fhreagairt Aoife agus a luaithe is a léirigh sí spéis sa chulaith spóirt dúirt Mamaí: *Ba mhaith leat an chulaith spóirt a chaitheamh inniu, Aoife. Coinneoidh sé tú deas te - ba bhreá liomsa ceann compordach mar seo a bheith agam.* Rinne Aoife miongháire agus d'aontaigh le Mamaí. Nuair a bhí siad lasmuigh, rinne Mamaí na fuaimeanna *brrrr* arís agus chuir síos ar cé chomh fuar is a bhí sé. Rinne Aoife miongháire a d'inis do Mhamaí gur thuig sí.

?

*Ábhar Machnaimh: Cad iad na deiseanna is féidir liom a úsáid chun roghanna a thabhairt do leanaí laistigh de theorainneacha réasúnta?*

**Eispéireas foghlama 24: Is féidir liom é a dhéanamh as mo stuaim féin!**

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 2

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Tá pairilis cheirbreach ar Christy (beagnach 3 bliana d'aois). Is é an Béarla máthairtheanga a thuismitheoirí. Teastaíonn uathu go bhfaighidh Christy an deis Gaeilge a fhoghlaim mar dhara teanga ionas gur féidir leo socrú a dhéanamh go bhfreastalóidh sé ar naíonra áitiúil.

Sa naíonra bailíonn an fhoireann eolas ar bhonn laethúil faoi gach leanbh agus baineann úsáid as an eolas seo chun pleanáil agus tacú leis/léi. Is cainteoir dúchais í Niamh, Oibrí Bunriachtanach Christy. Baineann sí úsáid as geáitsí aghaidhe, agus as noda neamhbhriathartha eile chun cuidiú leis tuiscint a fháil ar an nGaeilge de réir mar a úsáideann sí an teanga chun cumarsáid a dhéanamh leis. Tá aithne mhaith ag Niamh ar Christy. Tuigeann sí céard is féidir leis a dhéanamh, cad iad na rudaí atá dúshlánach dó, agus tuigeann sí a thuiscint ar fhocail agus ar fhrásaí as Gaeilge. Díríonn Niamh ar chuidiú leis réimse scileanna a fhorbairt – scileanna teanga san áireamh. De réir mar a théann foghlaim Christy chun cinn, bíonn Niamh ann chun tacú leis agus cuireann deiseanna ar fáil dó i leith a bhfuil ar siúl aige. Cuireann sí ceist air i gcónaí sula ndéanann sí rud ar a shon mar go bhfuil sé ag éirí níos neamhspleáiche gach lá. Lá ar leith d'fhiafraigh sí de an raibh cúnamh uaidh ag bailiú na mbloc ón urlár mar go mbíonn sé deacair air uaireanta greim a bhreith ar rudaí. Dúirt Christy os ard, No, mise é. D'aithin Niamh gur theastaigh uaidh a bheith ag obair as a stuaim féin agus rinne aithris air chun cuidiú leis lena fhoclaíocht agus lean ghramadach, ***Déanfaidh mise é mé féin.*** Thug sí an t-am do Christy chun an tasc a dhéanamh agus thacaigh leis, mar go raibh gá tréaniarracht chun na bloic go léir a chur sa bhuicéad. Ghlac Niamh grianghraf de Christy in aice na mbloc, chlóigh amach an grianghraf agus chuir é ar taispeáint ar an mballa leis an abairt faoina bhun, *Christy ag glanadh suas.* Ar an Aoine thaispeáin Christy é dá dhaideo nuair a tháinig sé chun é a bhailiú.

? ***Ábhar Machnaimh: An dtugaim dóthain ama agus spáis do leanaí chun a spriocanna foghlama féin a shocrú?***

**Eispéireas foghlama 25: Is féidir linn cinneadh a dhéanamh**



## Téama: *Folláine agus Leas*, Aim 4 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (cúram iarscoile)**

D'imigh na leanaí ó ranganna na naíonán sa bhunscoil chuig an gclub iarscoile. Chuidigh Ray, an t-oibrí iarscoile, leo a gcuid gníomhaíochtaí a phleanáil. Rinne sé iarracht timpeallacht dhaonlathach neamhspleách a chothú. De ghnáth bíonn struchtúr solúbtha ann sa seisiún a áiríonn am lasmuigh, gníomhaíocht amháin nó dhó laistigh (ceann amháin a bheartaíonn Ray, agus ceann eile a bheartaíonn na leanaí), saorshúgradh, agus ansin gníomhaíocht i ngrúpa roimh dhul abhaile. Reáchtáil sé cruinniú le hocht leanbh chun a bheartú cad a dhéanfaidís do na 2½ uair sula mbaileodh a dtuismitheoirí iad. Ní raibh rochtain dhíreach ar an spás lasmuigh ar fáil, mar sin d'imigh na leanaí amach mar ghrúpa le haghaidh gníomhaíochtaí a d'eagraigh Ray nó le haghaidh gníomhaíochta nó tionscadail ar leith a bheartaigh siad féin. Le linn an ama don saorshúgradh féadfaidh na leanaí roghnú ó acmhainní agus ábhair éagsúla, mar shampla an spás ríomhairí, an spás don súgradh samhlaíoch, an spás le haghaidh na n-ealaíon agus na ceardaíochta, an spás gainimh agus uisce, an spás tógála, agus spás suaimhnis ina bhfuil leabhair agus míreanna mearaí.

Tá clár maighnéid ag Ray ar féidir le gach leanbh a (h)ainm a ghreamú de agus/nó a (h)ainm a scríobh air. Chuir na leanaí pictiúir de gach gníomhaíocht a bhí beartaithe acu a dhéanamh le linn an tseisiúin ar an gclár in aice lena n-ainmneacha agus/nó a ngrianghraif. Choinnigh Ray súil ghéar orthu chun a chinntiú go raibh réimse gníomhaíochtaí ar siúl ag na leanaí go léir. Roimh dhul abhaile tháinig na leanaí le chéile arís mar ghrúpa chun scéal a chlos agus amhráin a chasadh agus chun labhairt faoina raibh déanta acu.

?

***Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom na leanaí a áireamh sna cinntí maidir lena ndéanfaidh siad sa suíomh?***

**An timpeallacht foghlama a struchtúrú (Tábla 5)**

Tá sé tábhachtach an timpeallacht a struchtúrú laistigh agus lasmuigh, d’fhonn a chinntiú go dtacaíonn an timpeallacht sin le foghlaim agus forbairt na leanaí ar fud cheithre théama *Aistear*. Trí phleanáil, eagrú, acmhainní a sholáthar agus meastóireacht a dhéanamh déanfaidh an duine fásta cinntí faoi threalamh, ábhair agus daoine sa timpeallacht. Díreoidh na cinntí sin ar na nithe seo a leanas:

- suíomh – cá bhfuil na daoine agus na nithe (an leagan amach)
- teorainneacha – an chaoi a ndéantar na limistéir a roinnt ina spásanna beaga, ar an toise ceart don leanbh
- éagsúlacht – an rogha ábhar agus gníomhaíochtaí atá ar fáil
- stóráil – cá gcoinnítear rudaí agus cá bhfuil siad ar taispeáint
- am – an méid ama atá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí
- atmaisféar – suaimhneach, fáilteach, cosúil leis an mbaile, gnóthach.

Tá sé tábhachtach freisin cén chaoi a ndéantar grúpáil ar ábhair agus conas a chuirtear iad i láthair, cén trealamh atá éasca ar na leanaí teacht air, agus cad nach bhfuil teacht ach ag na daoine fásta air. Nuair a bheidh an timpeallacht á struchtúrú ag an duine fásta smaoineoidh sé/sí ar cathain ábhair a chur in áit ar leith agus cén áit í sin, d’fhonn gníomhaíochtaí agus idirghníomhaíocht nua éagsúil a spreagadh. Chomh maith leis sin tá suíomh na ndaoine fásta sa timpeallacht ríthábhachtach sa struchtúrú. Caithfidh na leanaí fhios a bheith acu go mbeidh daoine fásta ar fáil dóibh go fisiceach agus go mothúchánach. Nuair atá daoine fásta in áit inar féidir leo súgradh agus idirghníomhú leis na leanaí is féidir leo a chinntiú go dtacófar leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt.

Cé go bhfuil sé tábhachtach plean foriomlán a bheith ann don timpeallacht, féadtar an timpeallacht a shaibhriú agus cur leis an bhfoghlaim trí mheán na n-athruithe laethúla a bhíonn ann bunaithe ar spéiseanna agus ar smaointe na leanaí. I gcás gur féidir é, caithfidh leanaí a bheith páirteach i struchtúrú na timpeallachta.

Seo a leanas trí shampla de dhaoine fásta ag struchtúrú na timpeallachta foghlama.

**Eispéireas foghlama 26: Ár n-áit**

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (creis)**

Is í Diane bainisteoir an tseomra do leanaí óga sa chreis. Tugann sí féin agus a cúntóir Monique aird ar leith ar struchtúrú na timpeallachta le haghaidh na sé leanbh faoina gcúram. Labhraíonn siad leis na tuismitheoirí, breathnaíonn siad ar na leanaí óga agus labhraíonn leo agus déanann a gcuid pleanála dá réir. Déanann Diane agus Monique seiceáil go rialta go bhfuil gach duine slán, sona. Soláthraíonn siad bréagáin, ábhair nádúrtha agus míreanna eile ón teach le huigeachtaí, dathanna, cruthanna agus toisí

éagsúla d'fhonn céadfaí na leanaí a spreagadh. Cuireann siad grianghraif de leanaí óga agus a dteaghlaigh ar taispeáint ar na ballaí le hainmneacha na leanaí agus focail cosúil le *mamaí* agus *daidí* in aice leo. Tá grianghraif dá bpeataí ag roinnt de na leanaí óga ar an mballa freisin. Bíonn na doirse dúbailte amach chuig an ngairdín ar oscailt agus tá rampa ann le haghaidh leanaí óga ar mhian leo lámhacán amach. Cuirtear na leanaí óga nach bhfuil chomh soghluaiste in aice na fuinneoige ionas gur féidir leo breathnú ar a bhfuil ag tarlú lasmuigh. Tá suíochán sa ghairdín, chomh maith le bréagáin ar rothaí, agus bréagáin agus trealamh éagsúil eile ar féidir leo bheith ag súgradh leo. Déantar na bréagáin agus an trealamh uile a sheiceáil go rialta le haghaidh sábháilteachta agus cuirtear bréagáin nua leis an gcnuasach go rialta chun cur le spéiseanna na leanaí. Fanann Diane agus Monique in aice na leanaí óga an t-am ar fad, agus baineann siad úsáid as córas an oibrí bhunriachtanaigh lena chinntiú go dtugann an duine céanna cúram do gach leanbh a mhéad is féidir.

***Ábhar Machnaimh: An bhfáiltím roimh leanaí agus an spreagaim iad le nithe a iniúchadh agus a thaiscéaladh?***

**Eispéireas foghlama 27: Go leor boscaí!**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Mamailínigh agus leanaí**

**Suíomh: Sa bhaile**

Is tuismitheoir singil í Jenna agus bíonn sí sa bhaile lena beirt leanaí, Robert (2½ bliain d'aois) agus Rebecca (5 bliana d'aois). Tá cónaí orthu i gceantar faoi mhíbhuntáiste i lár na cathrach. Ag amanna bíonn sé deacair ar Jenna déileáil leis na leanaí, go háirithe sa mhéid nach bhfuil rochtain ar an ngairdín ón árasán agus go gcaithfear dul ar bhus chuig an bpáirc is cóngaraí. Bhí Pat, an t-oibrí tacaíochta teaghlaigh, ag cuidiú le Jenna páirt a ghlacadh sa súgradh leis na leanaí eile. D'imigh Pat agus an teaghlach chuig an siopa leictreach áitiúil chun boscaí folmha éagsúla a fháil. D'imir Jenna agus na leanaí eile lena chéile chun na boscaí seo a thiontú ina ngaráistí agus ina gcoimpléisc d'árasáin. Chuir Pat péinteanna, glioscarnach agus gliú ar fáil agus d'oibrigh an teaghlach go léir lena chéile go sona sa chistin ag beartú cé dhéanfadh an chéad ní eile. Ar scoil phéinteáil Rebecca pictiúir, a thug sí abhaile chun an t-árasán a mhaisiú. Chuidigh Jenna le Robert rampa a dhéanamh dá charr chun dul isteach sa gharáiste. Níos déanaí i rith na seachtaine d'imigh Jenna, Robert agus Rebecca ar shiúlóid agus chuir a ngaráistí agus a n-árasáin i gcomparáid leis na cinn ina gceantar. Bhí spraoi acu ag siúl agus ag moladh nithe a d'fhéadfaidís a chur lena n-árasáin chairtchláir.

***Ábhar Machnaimh: Cad iad na hacmhainní agus na hábhair is féidir liom a fháil i mo phobal chun feabhas a chur ar an timpeallacht foghlama le haghaidh mo leanaí?***

**Eispéireas foghlama 28: Dearadh mór do mo sheomra ranga**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang na naíonán (bunscoil)**

Bhí Iníon Uí Bhriain á hullmhú féin dá rang nua naíonán sóisearach. Roinn sí an rang i gcúig spás spéiseanna: spás súgartha le hábhair (gaineamh, uisce, taos súgartha agus péint), spás don súgradh samhlaíoch, agus spás ciúin (leabharlann), spás tógála, agus spás le boird agus suíocháin. Bhain sí úsáid as pictiúir chun lipéid a chur ar na spásanna le haghaidh na leanaí. I mbliana beidh ceathrar

leanaí Polannacha aici ina rang. Beidh an Béarla agus an Ghaeilge mar dhara agus tríú teanga ag na leanaí seo. Chun tacú leis an litearthacht bhain Iníon Uí Bhriain úsáid as focail Bhéarla, Ghaeilge agus Pholannacha agus í ag cruthú na lipéad. Chuir sí pictiúir agus comharthaí ilteangacha os cionn na seilfeanna agus na spásanna stórála ionas go mbeadh sé níos éasca ar gach duine agus iad ag glanadh suas. Chomh maith leis sin chuir sí comharthaí fáilte ar fáil i dteangacha dúchais na leanaí, fuair sí roinnt taispeántas ar iasacht dá gcuid oibre agus grianghraif ó thuismitheoirí agus ó na réamhscoileanna ina raibh na leanaí.

Bhain Iníon Uí Bhriain úsáid as cóid dathanna chun cuidiú leis an leanaí a ngrúpaí a aithint. D'eagraigh sí na boird i gcúig ghrúpa le dathanna ag gabháil le gach grúpa. Bheartaigh sí úsáid a bhaint as códú de réir dathanna chun gníomhaíochtaí éagsúla a rothlú agus a bhainistiú i measc grúpaí ar bhonn laethúil, seachtainiúil agus téarmach. D'eagraigh sí agus d'éagsúlaigh sí na gníomhaíochtaí, na hacmhainní agus na roghanna go minic. Tá súil aici roinnt gníomhaíochtaí a bhogadh lasmuigh i rith na bliana cosúil le corpoideachas, tionscadail ghrúpa ealaíne, agus súgradh samhlaíoch: ar a laghad uair sa mhí i rith an gheimhridh agus uair sa tseachtain sna téarmaí eile.

Beidh Sally, Cúntóir Riachtanas Speisialta, sa seomra ranga chun tacú le Fergal, a bhfuil uathachas air. Baineann Fergal úsáid as an gCóras Cumarsáide Malartaithe Pictiúr (CCMP) chun cumarsáid a dhéanamh. Chuir Iníon Uí Bhriain roinnt pictiúr ar fud an tseomra chun cuidiú le Fergal tuiscint a fháil ar a raibh ag tarlú ina thimpeall agus ar an gcéad rud eile a tharlódh.

Tá pleanáil agus struchtúrú na timpeallachta ina gcodanna ríthábhachtacha d'obair Iníon Uí Bhriain. Bhí fhios aici go mbeadh gá le roinnt mhaith athruithe a luaithe is a thiocfadh na leanaí, agus fiú ar bhonn laethúil ina dhiaidh sin, de réir mar a chuirfeadh sí aithne ar na leanaí agus mar a roinnfidís an chinnteoireacht faoina dtimpeallacht foghlama laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de.

?

***Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom an seomra ranga a dhearadh agus a eagrú ionas go mbainfidh leanaí taitneamh as bheith istigh ann, agus ionas go gcuideoidh sé leo bheith chomh neamhspleách agus is féidir?***

**Machnamh le chéile agus brí agus tuiscint a chothú (Tábla 4)**

Baineann leanaí brí as a bhfeiceann agus a gcloiseann siad ina dtimpeall trí idirghníomhú le daoine sa bhaile, i suíomhanna lasmuigh den bhaile agus ina bpobal áitiúil. Bíonn leanaí ag iniúchadh agus ag fionnadh, ag fiosrú agus ag hipitéisiú, ag déanamh roghanna agus cinntí agus ag tógáil rioscaí. Ar an gcaoi seo bailíonn agus eagraíonn siad eolas agus baineann siad brí as an eolas sin. Baineann siad triail as a smaointe féin agus léiríonn siad na smaointe sin trí mheán siombailí. Déanann siad machnamh ar a bhfuil déanta, cloiste agus foghlamtha acu, agus baineann siad a mbrí féin astu.

Spreagfaidh an duine fásta an leanbh le bheith ag labhairt faoina smaointe agus a t(h)uiscintí féin, agus faoi na smaointe agus tuiscintí ag daoine eile. Déanfaidh sé/sí meonta, eolas, tuiscintí, scileanna, dearcadh agus luachanna na leanaí a chothú de réir mar a aistríonn siad ó shuíomh go suíomh. Leanfaidh an duine fásta treoir an linbh, agus i dteannta a chéile déanfaidh siad iniúchadh ar an gcaoi a n-oibríonn rudaí, conas rudaí a dhéanamh agus cad as a bhfuil rudaí déanta. Déanfaidh siad iniúchadh i dteannta a chéile ar bhealaí éagsúla chun rudaí a dhéanamh, ag breathnú ar pheirspictíochtaí éagsúla, agus déanfaidh iarracht ceangal a aithint idir a bhfuil ar eolas ag an leanbh cheana féin agus ar thuiscint an linbh sin. Déanfaidh said taighde chun rudaí a fháil amach ó fhoinsí éagsúla, cosúil le daoine, leabhair, an leabharlann agus an t-idirlíon. Oibreoidh an duine fásta le leanaí chun fadhbanna a réiteach agus spreagfaidh siad iad chuige seo, agus foghlaimeoidh siad conas freagraí a aimsiú ar cheisteanna, coinbhleachtaí, tascanna, aincheisteanna agus saincheisteanna. Tabharfaidh sé/sí leideanna, déanfaidh eiseamláiriú, cur síos, dul siar, cuirfidh moltaí ar fáil agus cuirfidh ceisteanna nuair a iarrtar é nó nuair is iomchuí.

Seo a leanas trí shampla de dhaoine fásta ag smaoineamh le leanaí chun brí agus tuiscint a chothú.

**Eispéireas foghlama 29: Súgradh le glóthach!**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 6

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (creis)**

Bhí Darragh (14 mhí d'aois) agus Ian (16 mhí d'aois) ag súgradh lasmuigh. Rinne Susan, a nOibrí Bunriachtanach, glóthach dhearg, agus nuair a théacht an ghlóthach thug sí roinnt do Dharragh agus Ian chun iniúchadh a dhéanamh uirthi. Bhí na buachaillí ag suí ar ruga in aice le píosa páipéir a bhí greamaithe leis an bhféar. Bhain Susan amach roinnt glóthaí agus thug é do Dharragh agus Ian. Bhí an-fhuadar faoi Ian roinnt den ghlóthach a fháil agus scread sé chun a chur in iúl do Susan go raibh roinnt uaidh. Ní raibh an chuma air go raibh roinnt ó Dharragh. Chuimil Ian a ghlóthach isteach sa pháipéar agus bhí sé an-sásta marcanna dearga a fheiceáil ag teacht aníos ar an bpáipéar. Rinne Susan roinnt marcanna dá cuid féin. ***Tá tú ag baint an-taitnimh as an nglóthach nach bhfuil, a Ian,*** ar sise. ***Céard fútsa, Darragh, ar mhaith leat roinnt a thriail?*** Bhreathnaigh Darragh ar Susan agus Ian agus shín sé amach a lámh go trialach i dtreo na glóthaí. Spreag Susan é le hiniúchadh a dhéanamh ar an nglóthach agus le marcanna a dhéanamh ar an bpáipéar leis an nglóthach. Bhreathnaigh Darragh ar Susan ag déanamh línte fada dearga ar an bpáipéar. Bhí Susan ag breathnú ar a fhreagairtí go cúramach. D'imigh sí ar a glúine in aice leis agus chuidigh leis marc a dhéanamh. Chuir sí síos ar an nglóthach agus ar na marcanna a bhí déanta ag Darragh agus Ian. Chuir Darragh roinnt den ghlóthach ina bhéal; thaitin an blas leis a bhí ar an nglóthach agus bhí blúire eile aige. Rinne Ian aithris air. Tar éis cúpla nóiméad thosaigh Darragh ag tógáil píosaí glóthaí as an mbabhla agus á dtairiscint do Ian. Chuir na buachaillí an ghlóthach ar an bpáipéar agus ansin phioc suas arís í agus chuir ar ais sa bhabhla í. Bhí Darragh agus Ian gafa ar fad lena raibh ar siúl acu. Níor theastaigh ó Susan cur isteach ar an smaointeoireacht agus shuigh sí go ciúin in aice leo. Ba léir go raibh an-taitneamh á bhaint ag Ian agus Darragh as an eispéireas óna gcomharthaíocht choirp agus ón smál de ghlóthach dhearg ar na haghaidheanna acu!

?

***Ábhar Machnaimh: Cad iad na heispéiris nua is féidir liom a sholáthar do leanaí a spreagfaidh a bhfiosracht agus a spreagfaidh iad le nithe nua a thriail?***

**Eispéireas foghlama 30: Tarracóirí i sáinn!**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Mamailínigh agus leanaí**

**Setting: Seisiún naíonra**

Bhí an cúpla Claire agus Robert (beagnach 3 bliana d'aois), Lauren (3½ bliain d'aois) agus Oisín (4 bliana d'aois) ag súgradh le tarracóirí agus le tochaltóirí lasmuigh. Bhí siad gnóthach ag tógáil bunsraitheanna le haghaidh teach nua a bhí á thógáil acu. Líon siad dhá leantóir le hithir agus le clocha. An chéad tasc eile ná é seo a iompar go limistéar dumpála a bhí suite trasna an fhéir. D'imigh Oisín agus Claire leo ina dtarracóirí. Thug siad faoi deara go gasta nach mbogfadh na tarracóirí ba chuma cé chomh dian is a bhrúigh siad na troitheáin. Bhí an talamh an-mhíchothrom agus bhí an t-ualach trom! Mheas Robert agus Lauren go mbeidís siúd níos láidre. Athraíodh na tiománaithe ach níor tháinig feabhas ar an scéal.

Ina dhiaidh sin bhain siad roinnt den ábhar i gceann de na leantóirí. Chuidigh sé sin pas beag ach fós bhí gá le tréaniarracht chun rothaí an tarracóra a bhogadh. Ghlaoigh Claire ar stiúrthóir an naíonra, Rosaleen, le teacht anall agus breathnú ar an bhfadhb. D'imigh Rosaleen ar a glúine chun a fháil amach

céard a bhí ag tarlú. Léim Claire ar an tarracóir agus bhrúigh síos na troitheáin chomh láidir agus a d'fhéadfadh sí. Féach tá an tarracóir greamaithe, mhínigh Claire. Ansin dúirt Rosaleen: ***A thiarcais, cén fáth nach bhfuil na rothaí ag casadh?*** Chuala Jamie (4 bliana d'aois), a bhí ina sheasamh ina gcóngar an comhrá, d'imigh sall chun páirt a ghlacadh agus bhreathnaigh ar rothaí an tarracóra. Baineann Daideo úsáid as rudaí fada adhmaid nuair a ghreamaíonn an tarracóir sa láib, ar seisean. An féidir linn seo a dhéanamh Rosaleen?, arsa Robert. Le cúnamh Rosaleen d'aimsigh siad bosca mór cairtchláir agus ghearr siad é ina stiallacha fada. Fuair siad amach go raibh stiall amháin rófhada le síneadh trasna an fhéir agus ghearr siad é in dhá leath chun cosán fada a dhéanamh. D'oibrigh an cúigear leanaí lena chéile chun an tarracóir a bhogadh trasna an chairtchláir. Léim Claire ar ais ar an tarracóir agus bhrúigh ar na troitheáin arís. Go mall thosaigh an tarracóir ag bogadh arís agus bhí an-áthas ar gach duine. Ní fada go raibh conbhua de tharracóirí ag baint úsáide as an mbóthar cairtchláir nua, agus leagadh ithir agus clocha sa limistéar dumpála. De réir mar a bhí na leanaí ag súgradh lena chéile rinne Rosaleen iniúchadh ar an gceist leo cén fáth a gcuidíonn cairtchlár an tarracóir a bhogadh. D'eascair comhrá iomlán uaidh seo!

?

***Ábhar Machnaimh: An mbainim úsáid as fionnachtana na leanaí chun cuidiú leo a scileanna smaointeoireachta agus réitigh fadhbanna a chothú?***

**Eispéireas foghlama 31: Cad é an stuif dubh sin?**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 5

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Setting: Rang na naíonán (bunscoil)**

Múineann Iníon O'Meara 23 naíonán sóisearach agus sinsearach. Le linn tréimhse d'aimsir the thug na leanaí faoi deara go raibh tarra bog dubh ar an mbóthar lasmuigh de gheata na scoile. Shiúil roinnt de na leanaí air agus thug faoi deara go raibh sé an-ghreamaitheach! Spreag sé seo comhrá sa rang faoin 'stuif dubh' agus an chaoi ar tháinig sé le bheith ann. Chun cuidiú leis na leanaí tuiscint a fháil ar éifeacht teasa ar ábhair bheartaigh an múinteoir iniúchadh a phleanáil don lá dár gcionn.

Le linn súgradh struchtúrtha d'oibrigh Iníon O'Meara le seisear leanaí ag an am, fad is a bhí na leanaí eile i spásanna eile sa seomra – mar shampla an spás don súgradh samhlaíoch, an spás ceoil agus ealaíne agus an spás tógála. Bhí sé shoitheach ag an ngrúpa chomh maith le miasa seacláide, uachtair reoite agus ime. D'oibrigh na leanaí i mbeirteanna agus bhí gach beirt freagrach as ceann amháin de na trí ábhar. Thaispeáin Iníon O'Meara do na leanaí a bosca fuaraitheora a bhí lán le hoighear agus thaispeáin sí cófra dóibh a bhí an-te mar go raibh píobáin téimh laistiar de. D'fhiafraigh sí de na leanaí céard a cheap siad a tharlódh don tseacláid, don uachtar reoite agus don im dá gcuirfí iad san fhuaraitheoir agus dá gcuirfí iad sa chófra. Choinnigh sí taifead ar phíosa mór páipéir de thuairimí na leanaí ina leith seo. Lean na leanaí leo ag tástáil a dteoiricí. Chuir siad roinnt de na soithigh leis na trí ábhar (gach ceann le hábhar éagsúil ann) san fhuaraitheoir agus na trí shoitheach eile sa chófra. D'fhág siad iad ann thar oíche.

An lá dár gcionn chuir Iníon O'Meara i gcuimhne dóibh cad a thuar siad. Go sceitimíneach, d'imigh na leanaí chun a soithigh a fháil ón bhfuaraitheoir agus ón gcófra. Bhí iontas ar na leanaí faoi roinnt de na hathruithe. Bhí an-áthas orthu nár leáigh an t-uachtar reoite san fhuaraitheoir, ach thug Aisling faoi deara, Seans go mbeadh gá le coinlín óil in ionad spúnóige chun an t-uachtar reoite sin a ithe, agus í ag tagairt don uachtar reoite sa chófra. Bhí an-díomá ar Peter nach bhféadfaí aon chuid den tseacláid a ithe, mar fiú nuair a bhuail sé an tseacláid a bhí san fhuaraitheoir ní fhéadadh sé píosa a bhriseadh de, agus bhí an píosa sa chófra róbhog cosúil le bia don leanbh óg. Bhí Anna den tuairim go dtaitneoidh an t-im a bhí sa chófra lena mamaí, mar go bhfuil sé deas bog agus ní chuirfidh sé

poill san arán le haghaidh mo cheapairí. Ach bhí na leanaí cinnte de nach dtaitneodh le mamaí Anna an t-im a bhí san fhuaraitheoir mar go raibh sé chomh crua.

Bhain na leanaí agus Iníon O'Meara úsáid as a raibh le feiceáil acu chun a mhíniú cad as ar tháinig an tarra bog dubh. I gcaitheamh na dtrí lá ina dhiaidh sin bhí an-spórt ag na leanaí ag breathnú ar an tarra ag geata na scoile agus ag cruthú iniúchtaí ar 'leá' sa bhaile lena ndeartháireacha agus a ndeirfiúracha.

?

*Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom deiseanna a sholáthar le gnáthrudaí a thuar agus a iniúchadh agus cuidiú le leanaí tuiscint a fháil ar an saol?*

?

## Machnamh ar mo chleachtas

1. *Cad iad na modhanna is féidir liom a úsáid chun leanaí a spreagadh le foghlaim agus forbairt?*
2. *Cén chothromaíocht is féidir liom a bhaint amach idir comhrá agus ceistiú fad is atáim ag labhairt le leanaí? Cá fhad a mhaireann na comhráite? An spreagann siad na leanaí le bheith ag machnamh ar a bhfuil ar siúl acu, á fheiceáil acu agus á chlos acu?*
3. *Conas atáim ag eiseamláiriú iompair agus teanga chun tacú le foghlaim agus forbairt?*
4. *Cathain agus conas a labhraím leis na leanaí faoi phleananna le haghaidh gníomhaíochtaí?*
5. *Cén córas a úsáidim chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár dtimpeallacht foghlama agus pleanáil don timpeallacht sin?*

## Leanaí ag foghlaim le chéile

Cuireann caidrimh le piaraí na nithe seo a leanas ar fáil do leanaí: tacaíocht mhothúchánach, an deis le bheith ag súgradh le cara, agus eispéiris i gceannaireacht, leanúint, idirbheartú, réiteach coinbhleachta, earráidí a dhéanamh agus rioscaí a ghlacadh. Chomh maith leis sin foghlaimíonn siad scileanna agus forbraíonn siad eolas agus luachanna trí idirghníomhú le piaraí agus trí aoisghrúpaí measctha de leanaí. Cuireann súgradh freisin leis an bhfoghlaim agus forbairt agus feabhsaíonn iad.

Braitheann cineál idirghníomhaíochta na leanaí le leanaí eile ar a scileanna sóisialta de réir mar a thagann siad ar thuiscint agus ar chothromaíocht idir a 'mianta' féin agus mianta daoine eile. Tógann sé am caidrimh a chothú, agus fásann cairdis go mall trí idirghníomhú laethúil leis na daoine céanna. Bíonn borradh faoi idirghníomhaíocht leanbh-leanbh i suíomhanna ina bhfuil am ag leanaí a bheith ag súgradh, ag obair, ag idirghníomhú agus ag cumarsáid leis an ngrúpa céanna leanaí, agus áit a spreagtar iad agus a dtacaítear leo cabhair a lorg óna chéile agus a thairiscint dá chéile.

## Conas is féidir liom tacú le hidirghníomhaíocht idir leanaí?

Tá ról lárnach ag daoine fásta i dtacú le hidirghníomhaíocht idir leanaí. Tabharfaidh said faoi deara cairdis atá á gcruthú idir leanaí agus tacóidh leo ar na bealaí seo a leanas:

### An timpeallacht a eagrú

- spás, ábhair agus am a sholáthar do leanaí le bheith ag súgradh lena chéile
- timpeallacht a chruthú ina bhfuil a lán deiseanna don súgradh sóisialta, go háirithe sa spás don súgradh samhlaíoch
- tionscadail a phleanáil le haghaidh beirteanna agus grúpaí beaga

**Idirghníomhaíocht dhearfacha a chothú**

- a aithint go bhfuil daoine éagsúil agus cuidiú le leanaí a thuiscint go bhfuil éagsúlachtaí mar ghnáthchuid den saol agus go bhfuil siad tábhachtach agus é seo a bhaint amach trí labhairt faoi dhath an chraicinn, teanga, cumas, buachaillí, cailíní, reiligiún, struchtúr teaghlaigh, cultúr, luachanna agus traidisiúin
- a bheith ullamh do choinbhleacht agus tacú le leanaí an choinbhleacht sin a réiteach, cúnamh a thabhairt do leanaí nach bhfuil ag fáil sásaimh agus cuidiú leo réitigh a fháil
- iompar sóisialta a eiseamláiriú trí idirghníomhú le daoine fásta agus leanaí agus ar an gcaoi seo cuidiú le leanaí scileanna sóisialta a fhorbairt amhail sealaíocht, éisteacht, roinnt, iarraidh le haghaidh rudaí, agus gabh mo leithscéal, le do thoil agus go raibh maith agat a rá
- leanaí a spreagadh le cuidiú lena chéile le linn a ngníomhaíochtaí, súgartha agus a ngnáthamh
- cuidiú le leanaí scileanna agus eolas a roinnt lena chéile (meantóireacht piara)
- tacú le hiarrachtaí uathspreagtha comhoibritheacha a dhéanann na leanaí
- labhairt le leanaí faoin am a chaitheann siad le chéile
- leanaí a spreagadh le cluichí comhoibritheacha a imirt.

Seo thíos roinnt samplaí de dhaoine fásta ag tacú le hidirghníomhú idir leanaí óga, mamailínigh agus leanaí. Déantar na heispéiris foghlama a ghrúpáil de réir aoisghrúpa chun na bealaí éagsúla a léiriú inar féidir leis an duine fásta tacú le leanaí de réir mar a imríonn siad lena chéile ag céimeanna éagsúla den luath-óige.

**Eispéireas foghlama 32: Súgradh le huisce**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Sa bhaile**

Chuir a mamaí Alisha (8 mí d'aois) ar thuáille in aice lena col ceathrar Leah (10 mí d'aois) ionas go bhféadfaidís beirt a lámha a chur i mbáisín d'uisce patuar. Shuigh Mamaí ar an urlár agus rinne eiseamláiriú ar a lámha féin a chur isteach san uisce agus iad a thógáil amach. Tharla bolgáin de bharr ghluaiseacht a lámh san uisce. Bhreathnaigh Leah go cúramach agus rinne aithris ar a gníomhartha ach bhí drogall ar Alisha páirt a ghlacadh. Chuir Mamaí síos ar a raibh ar siúl aici agus rinne teagmháil súl le Alisha. Mhínigh sí: ***Féach Alisha, tá Mamaí agus Leah ag cur a lámh isteach san uisce agus á mbaint amach arís. Is féidir leatsa é a dhéanamh freisin. Féach tá mé ag cur mo lámh ar lámha Leah san uisce deas te. Is féidir leatsa é a dhéanamh freisin!*** Thóg Mamaí lámh Alisha go bog agus chuir an lámh san uisce. Bhreathnaigh sí ar chomharthaíocht choirp Alisha, a bhí dearfach ag an bpointe seo, agus lean ar aghaidh lena cur síos tuairisciúil ar ghníomhartha agus ar mhothúcháin na gcailíní ag baint úsáide as a n-ainmneacha go rialta. A luaithe is a thug sí faoi deara nach raibh spéis ag na cailíní sa súgradh seo a thuilleadh mhol sí gníomhaíocht eile.

? ***Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom cuidiú le leanaí gníomhaíochtaí nua a thriail go féinmhuiníneach?***

**Eispéireas foghlama 33: Tar agus bí ag sórtáil i mo theannta**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (creis)**

Bhí Rachel, oibrí cúraim leanaí, ag suí ar an urlár sa seomra leanaí le Ciara (12 mhí) agus Jack (14 mhí) ag cuidiú leo bheith ag súgradh le chéile agus ag cur cruthanna isteach sa sórtálaí cruthanna. Bhí sí ag idirghníomhú leo go spraíúil agus ag eiseamláiriú cruthanna a roinnt lena chéile ar an gcaoi seo a leanas: *Féach anois, cuirfidh Rachel cruth amháin isteach, cuirfidh Ciara cruth eile isteach agus cuirfidh Jack ceann eile isteach.* De réir mar a rinne na leanaí aithris ar na gníomhartha a bhí á n-eiseamláiriú ag Rachel, lean sí ar aghaidh ag cur síos ar a raibh ar siúl aici fad is a d'úsáid sí a n-ainmneacha. Gach uair a rinne na leanaí iarracht ainmneacha a chéile a rá, mhol sí iad as a n-iarrachtaí agus d'eiseamláirigh an t-ainm a rá i gceart ansin.

?

*Ábhar Machnaimh: An féidir liom tuilleadh a dhéanamh chun eiseamláiriú a dhéanamh ar idirghníomhú maith do leanaí?*

**Eispéireas foghlama 34: An dinnéar a ullmhú le Mamó**

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 2

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Sa bhaile**

Tugann Mamó aire dá beirt gariníonacha Abi agus Ava (17 mí) dhá lá in aghaidh na seachtaine. Breathnaíonn na cailíní go minic ar Mhamó sa chistin agus í ag déanamh an dinnéir. Labhraíonn Mamó leo faoina bhfuil ar siúl aici. Lá amháin thug sí roinnt potaí, friochtán, spúnóg, cairéad agus prátaí amach sa ghairdín ionas go bhféadfadh na cailíní a bheith ag súgradh lena chéile. Rinne sí eiseamláiriú ar an dinnéar a dhéanamh, ag corraí na bprátaí agus na gcairéad sa phota. Labhair Mamó leis na cailíní faoi dhinnéar a dhéanamh do Mhamaí nuair a thiocfadh sí abhaile ón obair. Chinntigh Mamó go raibh dóthain ábhar ann agus uaireanta rinne cur síos ar a raibh na cailíní ag déanamh. Bhreathnaigh sí de réir mar a bhí siad ag éirí níos gafa leis an ngníomhaíocht, ag corraí na nglasraí sna potaí agus bia á thabhairt aici do theidí. Níos déanaí chuidigh na cailíní léi na prátaí a ní sa doirteal fad is a bhí an dinnéar á ullmhú aici.

?

*Ábhar Machnaimh: Cad is féidir liom a dhéanamh chun na leanaí a spreagadh le bheith ag idirghníomhú lena chéile le linn an tsúgartha?*

**Eispéireas foghlama 35: Mata le difríocht**

## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Feighlíocht linbh**

Ní fhéadfadh Zoe (20 mí d'aois) a sip a dhúnadh, agus mar sin d'iarr Emma, a feighlí, ar Conor (beagnach 3 bliana d'aois) cuidiú léi. Bhreathnaigh sí orthu chun a chinntiú go bhféadfadh Conor an tsip a dhúnadh agus ansin ghabh buíochas leis as an gcúnamh. D'fhiafraigh sí de Zoe agus Conor ar mhaith leo greim lámha a bhreith ar a chéile ar an mbealach amach sa ghairdín agus thacaigh leo súgradh lena chéile le pionnaí éadaigh, a thug siad di de réir mar a chuir sí na héadaí ag crochadh ar an líne. Chonaic Conor an mata tairsí agus bheartaigh sé na pionnaí a úsáid chun imeall maisiúil a chur ar an mata. Ghlac Zoe páirt sa ghníomhaíocht seo agus bhain na pionnaí go léir as ciseán éadaigh Emma. Cé nach raibh ach cúpla focal ag Zoe, ba léir óna comharthaíocht choirp agus óna mionghháire go raibh gliondar uirthi a bheith ag súgradh le Conor.

?

*Ábhar Machnaimh: An bhfuil a lán deiseanna ag na leanaí le ham a chaitheamh lena chéile agus taitneamh a bhaint as sin?*

**Eispéireas foghlama 36: Fadhb réitithe**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 6

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Feighlíocht linbh**

Oibríonn Jean, atá ina feighlí linbh, ceithre lá in aghaidh na seachtaine, ag tabhairt aire do cheathrar leanaí, beirt atá ar aois scoile agus beirt ar aois réamhscoile. Bhí sí ag súgradh sa ghairdín le beirt deirfiúracha, Aoife (2 bhliain agus 9 mí) agus Siobhán (beagnach 4 bliana). Tháinig Jean i gcabhair ar an mbeirt deirfiúracha chun fadhb a réiteach maidir le héadaí na mbábóg a roinnt, mar go raibh frustrachas ar Aoife. D'fhiafraigh sí de na cailíní cén fhadhb a bhí ann agus d'iarr sí orthu moltaí a sholáthar chun an fhadhb a réiteach. Tar éis roinnt plé d'aontaigh na cailíní na héadaí a roinnt eatarthu. D'fhan Jean leis na cailíní agus labhair leo faoina raibh ar siúl acu. Spreag sí iad le cuidiú lena chéile agus d'iarr ar Shiobhán cuidiú le Aoife stocaí a chur ar an mbábóg. Mhol Jean go bhféadfaidís na héadaí a phacáil agus na bábóga a thabhairt ar laethanta saoire in áit bhreá ghrianmhar. Thóg Jean amach an folcadh do leanaí óga agus lig na cailíní orthu gur linn snámha a bhí ann le haghaidh na mbábóg sa Spáinn. Mhol sí a gcuid iarrachtaí a bheith ag súgradh lena chéile agus bhí an-spórt acu, agus ag an deireadh thosaigh siad ag caitheamh uisce lena chéile agus le Jean!

?

*Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom cuidiú leis na leanaí oibriú le chéile chun fadhbanna agus coinbhleachtaí a réiteach?*

**Eispéireas foghlama 37: Mo chara Clare**

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Bhí Melanie, stiúrthóir an naíonra, buartha faoi Chaitríona (beagnach 3 bliana d'aois). Bhí Caitríona ina leanbh réamhaibí agus tá roinnt riachtanas speisialta oideachais aici, deacrachtaí cumarsáide san áireamh. Bíonn sé deacair ar Chaitríona imeascadh leis an leanaí eile agus ní féidir leo í a thuiscint rómhaith. Bhreathnaigh Melanie go géar uirthi agus labhair lena tuismitheoirí. Bheartaigh siad roinnt comhairle a fháil ó theiripeoir Chaitríona chun cuidiú le Caitríona lena hurlabhra agus le cúrsaí teanga. Chomh maith leis sin bhunaigh Melanie córas cairdis mar a bhfuil cara speisialta ag gach leanbh le bheith ag súgradh leis/léi. Ag obair i mbeirteanna ghlan na leanaí an seomra, thug siad amach lóin, agus bhí ag súgradh lena chéile laistigh agus lasmuigh. Is í Clare cara Chaitríona, agus ó bunaíodh an córas nua tá cairdeas an-mhaith cothaithe idir an bheirt. Is maith leo ligean orthu go bhfuil siad sa sciamhlann (is sciamheolaí í máthair Clare). Is breá leo cluichí le liathróidí agus le scidil. Bhreathnaigh Melanie orthu agus bhí sí ag súgradh leis an cailíní go minic chun a ngníomhaíocht a fhorbairt agus chun eiseamláiriú a dhéanamh ar labhairt na teanga.

?

*Ábhar Machnaimh: Cad iad na modhanna is féidir liom a úsáid chun cuidiú le leanaí cairdis a chruthú?*





**Eispéireas foghlama 38: Is breá linn dineasáir**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 2

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang na naíonán (bunscoil)**

Bhí Jason (4½ bliain d'aois) i rang na naíonán sóisearach. D'fhiafraigh sé dá mhúinteoir faoi dhineasáir. Mhol an múinteoir dó ceist a chur ar Sarah (5½ bliain d'aois) ina dtaobh mar go raibh roinnt mhaith ar eolas aici ar an ábhar. Bhí Sarah ábalta freagra a thabhairt ar a cheist agus thosaigh an bheirt acu ag súgradh leis na dineasáir bheaga ar an mbord. Thug Sarah isteach a leabhar gearrthóg faoi dhineasáir an lá dár gcionn chun é a thaispeáint do Jason. D'inis Jason dá mháthair faoi Sarah agus shocraigh sí go dtiocfadh Sarah chuig teach Jason le go mbeidís ag súgradh lena chéile. D'eascair cairdeas an-mhaith idir na leanaí le linn na mblianta sna naíonáin shóisearacha.

?

*Ábhar Machnaimh: An gcruthaím deiseanna le gur féidir le leanaí a spéiseanna a roinnt lena chéile agus é sin a úsáid mar bhunús le haghaidh na foghlama?*





**Eispéireas foghlama 39: An iliomad cineálacha éagsúla teaghlach**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 2

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (creis)**

Lá amháin bhí na leanaí sa chreis áitiúil ag déanamh pictiúr faoina dteaghlaigh. Nuair a bhí a bpictiúir críochnaithe acu d'iarr an stiúrthóir, Dervla, orthu a insint do na leanaí eile ag a mboird faoina bpictiúir. Tharraing Amer pictiúr den bheirt mhamaí aici agus dá dearthár mór. Phéinteáil Alan pictiúr dá mhamaí, dá dhaidí agus dá mhadra. Tharraing Diarmuid pictiúr dá dhaidí, agus dá mhamaí le bolg mór agus í ag iompar clainne, agus tharraing Emma pictiúr dá mamaí agus dá peata an t-iasc órga sa bhaile agus pictiúr dá daidí agus den teaghlach eile sa bhaile. D'imigh Dervla ar a glúine in aice le gach beirt. D'éist sí leo, rinne roinnt moltaí agus uaireanta chuir sí ceist orthu. Trí mheán an eispéiris seo thosaigh na leanaí ag forbairt measa ar na héagsúlachtaí i dteaghlaigh agus i mbailte a chéile.

?

*Ábhar Machnaimh: Cad is féidir liom a dhéanamh chun cuidiú le leanaí a fheiceáil go bhfuil éagsúlachtaí ina gcuid den saol?*

**Eispéireas foghlama 40: Ná gortaigh mé toisc go bhfuil mé éagsúil**

### Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 5

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Bhí beirt leanaí ón Lucht Siúil, Winnie (3 bliana d'aois) agus David (4½ bliain d'aois), ag freastal ar an naíonra. Bhí cónaí ar na leanaí i leantóir ar láithreán stad oifigiúil ar imeall an bhaile. Dúirt roinnt de na leanaí rudaí nach raibh go deas mar gheall ar an Lucht Siúil agus faoin áit a bhfuil cónaí ar Winnie agus David. Theastaigh ó Sarah, stiúrthóir an naíonra, déileáil leis na ráitis ghránna seo láithreach ionas go bhféadadh sí cuidiú leis na leanaí ón Lucht Siúil a bheith mórálach astu féin. Chomh maith leis sin theastaigh uaithi a chinntiú go mbraithfidís mar chuid den suíomh. Bhí Sarah den tuairim, dá bhfaigheadh na leanaí eile amach faoi shaol an Lucht Siúil agus faoi chúlraí agus faoi thraidisiúin éagsúla, go mbeadh Winnie agus David in ann cairdis a chruthú níos éasca. Chuir Sarah an puipéad, Ollie, in aithne dóibh, agus labhair Ollie faoin gcaoi a bhraith sé nuair a dúirt daoine rudaí leis a ghortaigh é. Thug sí na leanaí isteach sa phlé agus mhínigh nach bhfuil sé go deas rudaí gránna a rá faoi dhaoine ná faoin áit a gcónaíonn siad. Phleanáil Sarah roinnt gníomhaíochtaí i ngrúpaí beaga mar a mbeadh beirt nó triúr leanaí ag súgradh agus ag obair le Winnie agus David. Thacaigh Sarah leis na leanaí agus iad ag súgradh lena chéile agus ghlac sí páirt í féin go dtí go raibh na leanaí níos compordaí lena chéile.

?

*Ábhar Machnaimh: Conas a chuidím le leanaí meas a bheith acu ar chúlraí agus ar thraidisiúin a chéile, agus conas a spreagaim iad le bheith ag súgradh agus ag obair lena chéile?*

?

## Machnamh ar mo chleachtas

1. *Cad iad na deiseanna a chuirim ar fáil chun leanaí a spreagadh le bheith ag súgradh lena chéile? Conas is féidir liom na deiseanna seo a fhorbairt chun leasa na leanaí?*
2. *Conas is féidir liom meantóireacht piara a spreagadh?*
3. *Má thugaim ciníochas, claontacht agus idirdhealú éagórach faoi deara i measc leanaí céard a dhéanfaidh mé? Conas is féidir liom feabhas a chur air seo?*

# Conclúid

Foghlaimíonn agus forbraíonn leanaí trí bheith ag idirghníomhú le daoine eile. Is iad na daoine fásta a éisteann go hurramach agus a bhreathnaíonn go cúramach, atá sásta idirbheartú, a gcleachtas a athrú, agus a chothaíonn tuiscint le leanaí is fearr a fhreagróidh do riachtanais na leanaí sin. Beidh aithne mhaith acu ar leanaí, beidh siad in iúl ar a leibhéal reatha tuisceana, ar a bhfuil beartaithe ag na leanaí, agus eagróidh siad gníomhaíochtaí agus eispéiris atá díreach os cionn an méid is féidir leis na leanaí a dhéanamh agus a thuiscint ionas go gcothófar foghlaim na leanaí. Cothóidh a n-idirghníomhú foghlaim agus forbairt na leanaí agus cuideoidh leo barr a gcumais a bhaint amach.





# Foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha

# Réamhrá

Is breá le leanaí a bheith ag súgradh, agus go minic is léir ón súgradh cad iad na rudaí atá tábhachtach dóibh. Má fhiafraítear de leanbh faoi shúgradh labhróidh siad faoi spraoi a bheith acu, faoi bheith lena gcairde, faoi ghníomhaíochtaí a roghnú iad féin, agus faoi bheith lasmuigh. Féadfaidh súgradh a bheith ciúin nó glórach, néata nó ina chíor thuathail, greannmhar nó dáiríre, dian nó éasca. Féadfaidh sé tarlú laistigh nó lasmuigh de réir mar a fhásann agus a athraíonn na leanaí. Bíonn leanaí ag súgradh ar chúiseanna éagsúla. Uaireanta bíonn siad ag iniúchadh agus ag foghlaim rudaí nua. Uaireanta eile bíonn a bhfuil foghlamtha acu á chomhdhlúthú nó á chleachtadh acu. Féadfaidh súgradh a bheith ina bhealach le caidreamh a chruthú nó a chothú. Go minic bíonn leanaí ag súgradh ar mhaithe le spraoi agus taitneamh. Tugann siad leo a dtuiscintí féin ar shuíomhanna, imeachtaí, eispéiris agus ionchais chuig an súgradh.

Bíonn gá ag leanaí le ham chun a gcuid súgartha a fhorbairt. Taitníonn sé leo spásanna a bheith acu laistigh agus lasmuigh, agus baineann siad taitneamh as a bheith ag súgradh le leanaí eile agus le daoine fásta. Bíonn gá acu le frapaí freisin amhail bréagáin, trealamh agus fíor-rudaí chun bheith ag súgradh leo agus chun iad a ionramháil. Is breá leo roghanna a dhéanamh faoi cathain súgradh, cén sórt súgartha, conas súgradh agus cé leis/léi a bheith ag súgradh. Cuireann na treoirlínte seo eolas agus moltaí ar fáil maidir leis an gcaoi ar féidir leis an daoine fásta cuidiú leis an leanbh foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha agus an súgradh sin a shaibhriú.

## Céard is súgradh ann?

Is éard is súgradh ann ná an chaoi le 'nithe a dhéanamh'. I dTábla 7 tá breac-chuntas ar roinnt de shaintréithe an tsúgartha in ord aibítre.

**Tábla 7: Saintréithe an tsúgartha**

| Saintréith | Cur Síos |
|---|---|
| **Casta** | Bíonn leanaí gafa go domhain sa súgradh agus dírithe air, ag díriú agus ag smaoineamh ar a bhfuil ar siúl acu. |
| **Cumarsáideach** | Roinneann leanaí faisnéis agus eolas trí mheán a gcuid súgartha. Féadfaidh a gcumarsáid a bheith briathartha nó neamhbhriathartha, simplí nó casta. |
| **Deonach** | Roghnaíonn leanaí a bheith ag súgradh. Bíonn a gcuid súgartha uathspreagtha. Cuireann siad cruth ar an súgradh de réir mar a théann siad ar aghaidh, ag athrú na gcarachtar, na n-imeachtaí, na míreanna agus na suíomhanna. |
| **Eachtrúil agus rioscúil** | Cuidíonn súgradh le leanaí iniúchadh a dhéanamh ar nithe anaithnide. Leis an ngné shamhlaíoch seo tá líontán sábhála ann dóibh agus ar an gcaoi seo tacaítear leo rioscaí a thógáil. |
| **Gníomhach** | Baineann leanaí úsáid as an gcorp agus as an aigne ina gcuid súgartha. Déanann siad idirghníomhú leis an timpeallacht, le hábhair agus le daoine eile. |
| **Lánbhríoch** | Bíonn leanaí ag súgradh faoina bhfuil feicthe agus cloiste acu. Cuidíonn súgradh leo a gcuid eolais agus a scileanna a chruthú agus a chothú ar bhealach a bhfuil brí ag baint leis dóibhsean. |
| **Siombalach** | Samhlaíonn leanaí agus ligeann siad orthu agus iad ag súgradh. Baineann siad triail as smaointe, as mothúcháin agus as róil. Uaireanta bíonn 'léitheoireacht' agus 'scríbhneoireacht' i gceist leis seo sular féidir leo na scileanna seo a fhorbairt. |
| **Sóisialta agus idirghníomhach** | Bíonn leanaí ag súgradh in éineacht le daoine eile. Uaireanta is maith leo súgradh ina n-aonar agus bíonn gá acu leis seo. |
| **Taitneamhach** | Bíonn súgradh taitneamhach, bíonn sé spreagúil, agus bíonn gá le féith an ghrinn ann. |
| **Teiripeach** | Cuidíonn súgradh le leanaí mothúcháin agus eispéiris a chur in iúl agus oibriú trí na mothúcháin agus na heispéiris sin. |

## An bhfuil cineálacha éagsúla súgartha ann?

Tá a lán cineálacha éagsúla súgartha ann agus féadfaidh leanaí a bheith páirteach i gcineál amháin nó i roinnt cineálacha éagsúla ag aon am amháin. Mar shampla, go minic ligeann leanaí orthu gur tógálaithe iad (súgradh samhlaíoch) nuair atá túr nó bóthar á thógáil acu (súgradh tógála). Ar an gcaoi chéanna féadfaidh leanaí óga cluichí píceála (cluichí le rialacha) a thionscnamh agus píosa fabraice á iniúchadh acu (súgradh taiscéalaíoch). Cé gur féidir le leanaí roghanna a léiriú ina gcuid súgartha tá sé tábhachtach go bhfaighidís taithí ar chineálacha éagsúla súgartha chun tacú lena bhfoghlaim agus a bhforbairt ar fud na gceithre théama *Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid* agus *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.* Tá cur síos i dTábla 8 ar na cineálacha éagsúla súgartha in ord aibítre.

**Tábla 8: Súgradh a chur i gcatagóirí**

| Cineál Súgartha | Cur Síos |
|---|---|
| **Cruthaitheach** | **Súgradh cruthaitheach** – leanaí ag iniúchadh agus ag baint úsáide as an gcorp agus as ábhair chun ithe a dhéanamh agus a chruthú agus chun a gcuid mothúchán, smaointe agus tuairimí a chur in iúl. Is maith leo bheith cruthaitheach trí mheán an damhsa, na péinteála, trí shúgradh le dramhábhar agus le hábhair athchúrsáilte, oibriú le cré agus taos súgartha agus úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht. |
| **Cluichí le rialacha** | Cineál eile súgartha ná súgradh ina bhfuil **cluichí le rialacha**. Féadfaidh leanaí óga agus mamailínigh fiú páirt a ghlacadh sna cluichí seo, mar go bhfuil rialacha i gceist i *bpíceáil* agus cluichí sealaíochta. Ag an tús is minic a bhíonn leanaí ag súgradh ag baint úsáide as a rialacha solúbtha féin! Le caitheamh ama glacann siad páirt i gcluichí níos traidisiúnta a bhfuil rialacha 'seachtracha' ag baint leo. Tá teanga ina cuid thábhachtach de chluichí le rialacha mar go ndéanann leanaí rialacha a mhíniú, a cheistiú agus a idirbheartú. Go minic bíonn rialacha ina gcuid thábhachtach de shúgradh samhlaíoch mar a ndéanann leanaí rialacha a idirbheartú i ndáil le céard is féidir agus céard nach féidir a dhéanamh. |
| **Súgradh le teanga** | **Súgradh le teanga** – is éard atá i gceist leis seo ná leanaí ag súgradh le fuaimeanna agus le focail. Áiríonn sé ionramháil neamhchleachta uathspreagtha fuaimeanna agus focal, agus go minic bíonn gnéithe rithimeacha athráite i gceist. Is maith le leanaí a bheith ag súgradh le teanga – ag baint úsáide as pátrúin, as fuaimeanna agus as focail raiméise. Taitníonn scéalta grinn leo freisin. |
| **Fisiceach**[1] | **Súgradh fisiceach** – leanaí ag forbairt, ag cleachtadh agus ag cur barr feabhais ar ghluaiseachtaí an choirp agus ar smachtú an choirp. Áiríonn sé seo gluaiseachtaí fisiceacha ar mhaithe leis na gluaiseachtaí féin agus ar mhaithe le spraoi. Faigheann leanaí smacht ar scileanna mórluaile sula gcuireann siad barr feabhais ar a scileanna mínluaile.<br><br>**Súgradh taiscéalaíoch** – leanaí ag baint úsáide as scileanna fisiceacha chun a fháil amach conas a bhraitheann rudaí agus cad is féidir a dhéanamh leo. Déanann leanaí Taiscéalaíocht ar a gcoirp féin agus ansin déanann siad Taiscéalaíocht ar a dtimpeallacht.<br><br>**Súgradh ionramhála** – cleachtadh a dhéanamh ar scileanna mórluaile agus barr feabhais a chur ar na scileanna sin. Déanann an cineál súgartha seo feabhas a chur ar dheaslámhacht fhisiceach agus ar an gcomhordú idir lámha agus súile. Le caitheamh ama bíonn gá ag leanaí taithí a fháil ar réimse leibhéil éagsúla ionramhála má tá siad chun barr feabhais a chur ar a scileanna mórluaile. Áiríonn an cineál seo súgartha nithe agus ábhair a ionramháil.<br><br>**Súgradh tógála** – rud éigin a thógáil ag baint úsáide as ábhair nádúrtha agus ábhair mhonaraithe. De réir mar a fhorbraíonn leanaí, féadfaidh an cineál seo súgartha éirí níos casta. |

1 Tagraíonn súgradh fisiceach do shúgradh fisiceach, taiscéalaíoch, ionramhála, agus tógála.

| | |
|---|---|
| Samhlaíoch[2] | **Súgradh samhlaíoch, drámata, fantaisíochta** agus **rólghlacadh** – leanaí ag baint úsáide as an tsamhlaíocht. Áiríonn sé ligean orthu go bhfuil siad ag súgradh le míreanna, go bhfuil gníomhaíochtaí ar siúl acu agus go bhfuil siad i suíomhanna éagsúla. De réir mar a fhásann leanaí, éiríonn a samhlaíocht agus a gcuid súgartha níos casta. Baineann leanaí úsáid as a dteanga atá ag forbairt aistriú ón smaointeoireacht choincréiteach chuig smaointeoireacht theibí. Cumann siad scéalta agus suíomhanna. Ligeann leanaí orthu go bhfuil fíor-imeachtaí ag titim amach agus glacann siad páirt freisin i súgradh fantaisíochta faoi nithe nach bhfuil ann, cosúil le sióga nó sárlaochra. Baineann leanaí triail as róil, gairmeacha agus eispéiris sa súgradh samhlaíoch.<br><br>Bíonn litearthacht agus uimhearthacht luath follasach sa chineál seo súgartha, mar shampla déanann leanaí liostaí agus íocann siad as ticéid don phictiúrlann. Chomh maith leis sin faigheann siad an deis imirt le cineálacha éagsúla TFC amhail fóin phóca, méarchláir, ceamaraí agus áireamháin.<br><br>**Súgradh i ndomhan ar scála beag** – leanaí ag baint úsáide as léiriúcháin ar scála beag d'fhíor-nithe amhail ainmhithe, daoine, carranna agus traenacha bréige mar fhrapaí súgartha.<br><br>**Súgradh sóch-dhrámata** – leanaí ag súgradh le leanaí agus/nó daoine fásta eile. Soláthraíonn sé deiseanna do leanaí cairde a ghnóthú, idirbheartú le daoine eile, agus a scileanna cumarsáide a fhorbairt. Cuidíonn an súgradh seo feabhas a chur ar theanga. Eascraíonn an cumas scéalta a scríobh as an súgradh sóch-dhrámata. |

Féach Aguisín 1 le haghaidh samplaí d'acmhainní ar féidir úsáid a bhaint astu chun tacú leis na cineálacha éagsúla súgartha seo.

Uaireanta is maith le leanaí ar leith súgradh ina n-aonar agus uaireanta is maith leo súgradh le daoine eile:

- **Súgradh aonair** – Bíonn an leanbh ag súgradh ina (h)aonar.
- **Súgradh breathnóra** – Breathnaíonn an leanbh ar dhaoine eile agus iad ag súgradh gan páirt a ghlacadh sa súgradh sin.
- **Súgradh i gcomhthráth** – Bíonn an leanbh ag súgradh taobh le taobh le leanbh eile, go minic leis na hábhair chéanna, ach gan idirghníomhú leis an leanbh eile.
- **Súgradh comhluadair/comhpháirtíochta** – Tosaíonn leanaí ag súgradh le chéile, ag forbairt idirghníomhaíochtaí trí na gníomhaíochtaí céanna a dhéanamh nó súgradh le trealamh comhchosúil nó trí aithris a dhéanamh ar dhaoine eile.
- **Súgradh comhoibritheach** – Déanann leanaí idirghníomhú, bíonn siad i mbun sealaíocht a chleachtadh, roinneann siad lena chéile agus cinneann siad ar céard a imreoidh siad. Comhoibríonn siad chun teacht ar smaointe don súgradh, déanann na smaointe sin a fhorbairt agus a idirbheartú.

De réir mar a foghlaimíonn agus a fhorbraíonn leanaí óga, mamailínigh agus leanaí éiríonn a gcuid súgartha le daoine eile níos casta.

## Cá mbíonn leanaí ag súgradh?



Is breá le leanaí súgradh laistigh agus lasmuigh, agus baineann siad fóir as an dá chineál súgartha. Glacann roinnt leanaí páirt níos díograisí i ngníomhaíochtaí, agus léiríonn siad níos mó féinmhuiníne sa timpeallacht lasmuigh ná laistigh. Go hidéalach ba chóir go mbeadh an limistéar súgartha lasmuigh nasctha go díreach leis an limistéar súgartha laistigh ag soláthar rochtain éasca le linn an lae. Féadfar formhór na nithe is féidir a dhéanamh laistigh a dhéanamh lasmuigh chomh maith, mar shampla scéalta a léamh, súgradh samhlaíoch a dhéanamh, tionscadail ealaíne a dhéanamh i ngrúpaí, agus

[2] Tagraíonn súgradh samhlaíoch do shúgradh samhlaíoch, fantasaíoch, drámata, sóch-dhrámata, do rólghlacadh agus do shúgradh i ndomhan ar scála beag.

súgradh le gaineamh nó le huisce. Lasmuigh féadfar gníomhaíochtaí a sholáthar ar scála níos mó. Féadfar míreanna a iompar ag úsáid vaigíní, tralaithe nó barachairtíní, féadfar tithe a thógáil ag baint úsáide as boscaí cairtchláir de mhéid éagsúla, as seanbhraillíní nó seanchuirtíní; féadfar marcanna a dhéanamh ag baint úsáide as píosaí móra cailce nó buicéid d'uisce agus scuaba péinte; féadfar gníomhaíochtaí garraíodóireachta a dhéanamh; agus féadfar bóithre agus fothain a chruthú le haghaidh mion-bheithíoch.

**Freagairt don aimsir**



Sa mhéid nach féidir brath ar an aimsir in Éirínn bheith tirim agus te, tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeadh buataisí agus seaicéid uiscedhíonacha agus athrú éadaí ar fáil sa suíomh ionas gur féidir leis na leanaí súgradh lasmuigh is cuma cibé aimsir. Chomh maith leis sin tá sé úsáideach boscaí a bheith ann le haghaidh 'lá gaofar' agus 'lá fliuch' chun cuidiú leis na daoine fásta freagairt go huathspreagtha d'aimsir athraitheach de réir mar a tharlaíonn sí. D'fhéadfaí nithe mar seo a leanas a bheith sa bhosca don lá gaofar: sraoilleáin, cloigíní, muilte gaoithe, eitleoga, boilgeoga, cairteacha aimsire agus leabhair phictiúr iomchuí. D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a bheith sa bhosca don lá fliuch: scáthanna báistí, criathair, báid bheaga, lachain bhréige, soithigh chun méid na báistí a thomhas, tonnadóirí, cairteacha chun an méid báistí a thomhas, soithigh chun uisce a bhailiú le hathchúrsáil (uisce a chur ar na bláthanna laistigh, mar shampla), scragall stáin (chun hataí a dhéanamh), téipeanna chun toise lathaí a thomhas, agus leabhair phictiúr iomchuí. B'fhiú limistéar le fothain a bheith ann ar a bhfuil díon agus taobhanna oscailte áit ar féidir leis na leanaí bheith ag súgradh nuair atá sé ag cur báistí nó áit ar féidir leo fothain a fháil ón ngrian. Le tuilleadh spáis bíonn tuilleadh saoirse acu, agus cuireann an súgradh lasmuigh timpeallacht idéalach ar fáil le haghaidh réimse eispéireas spreagúil súgartha.

?

## Machnamh ar mo chleachtas

1. *Conas is féidir liom eispéiris bhaile, shóisialta agus chultúrtha baile na leanaí a chur san áireamh nuair atáthar ag breathnú ar an súgradh, ag smaoineamh air agus ag pleanáil dó?*
2. *Conas is féidir liom tacaíocht níos fear a thabhairt do shaintréithe éagsúla an tsúgartha?*
3. *Cad iad na cineálacha éagsúla deiseanna súgartha atá á soláthar agam do leanaí laistigh agus lasmuigh? Cad iad na téamaí, na haidhmeanna agus na spriocanna foghlama a bhfuilim ag tacú leo trí mheán na ndeiseanna seo?*
4. *An bhfuil rochtain éasca idir na spásanna laistigh agus lasmuigh? Conas is féidir liom tuilleadh deiseanna a thabhairt do leanaí chun úsáid a bhaint as an timpeallacht lasmuigh?*
5. *An bhfuil rogha de ghníomhaíochtaí ar fáil do na leanaí le déanamh ina n-aonar, i mbeirteanna nó i ngrúpaí? An bhfuil deis ann do na leanaí cinneadh a dhéanamh cá fhad a thógfaidh an súgradh, cé leis a tharlóidh sé agus cad a bheidh á imirt?*

## Cén ról atá agamsa, an duine fásta, sa súgradh?

Cuireann an duine fásta tacaíocht, frapaí, am agus spás ar fáil do leanaí le gur féidir leo a gcuid súgartha a fhorbairt. Tá roinnt mhaith diminsean sa ról seo cosúil le cathain is cóir idirghabháil agus cathain is cóir seasamh siar. Glacann an duine fásta am le breathnú, le dul i gcomhairle, le pleanáil agus le páirt a ghlacadh sa súgradh. Tá sé/sí soiléir maidir leis an bpoitéinseal atá sa súgradh chun nithe a fhoghlaim (scileanna agus cumais a fhorbairt, deiseanna a soláthar le haghaidh an chomhoibrithe, caidrimh a fhorbairt, sealaíocht, aighneas a réiteach agus fadhbanna a réiteach, eolas agus tuiscint ar an domhan a fhorbairt). Tuigeann an duine fásta an tábhacht a bhaineann leis an súgradh do gach leanbh. D'fhonn an leas is fearr a bhaint as na deiseanna a chuireann an súgradh ar fáil ní foláir do dhaoine fásta pleanáil le haghaidh an tsúgartha, tacú leis agus athbhreithniú a dhéanamh air. (Féach Tábla 9).

**Tábla 9: Foghlaim a shaibhriú agus cur leis an bhfoghlaim trí mheán an tsúgartha**

| Pleanáil le haghaidh súgartha | Tacú le súgradh | Athbhreithniú ar shúgradh |
|---|---|---|
| Cruthóidh an duine fásta timpeallacht laistigh agus lasmuigh chun réimse leathan deiseanna súgartha a sholáthar. Déanfaidh sé/sí na nithe seo a leanas:<br>▪ ullmhóidh, pleanálfaidh agus eagróidh gníomhaíochtaí bunaithe ar mheasúnú an eolais agus na n-aidhmeanna agus na spriocanna foghlama i gceithre théama Aistear<br>▪ soláthróidh deiseanna súgartha atá ina ndeiseanna sábháilte, dúshlánacha, cuimsitheacha, taitneamhacha<br>▪ déanfaidh an timpeallacht laistigh agus lasmuigh a struchtúrú ionas go léireoidh na timpeallachtaí seo láidreachtaí, cumais agus riachtanais indibhidiúla na leanaí<br>▪ ar bhonn leanúnach cuirfidh le forbairt agus foghlaim an linbh agus tabharfaidh dúshlán dóibh<br>▪ soláthróidh roghanna do leanaí faoin céard a dhéanfaidh siad agus cathain a dhéanfaidh siad é | Déanfaidh an duine fásta feabhsú agus fairsingiú ar shúgradh bunaithe ar a (h)eolas ar leanaí indibhidiúla, ar théamaí *Aistear*, agus ar shaineolas i modheolaíocht an tsúgartha. Déanfaidh sé/sí na nithe seo a leanas:<br>▪ labhróidh le leanaí faoina súgradh, aithneoidh, urramóidh roghanna súgartha leanaí agus tacóidh leo (uaireanta féadfaidh teannas a bheith ann idir an rud a cheapann an duine fásta a bheith oiriúnach agus an rud a theastaíonn ón leanbh a dhéanamh, amhail súgradh le gunnaí. Pléifidh an duine fásta agus aontóidh le comhghleacaithe conas déileáil leis na teannais seo)<br>▪ tacóidh le leanaí gan cur isteach orthu, glacfaidh páirt nuair a thugtar cuireadh dó/di nó nuair is féidir leis/léi cur go dearfach leis an súgradh, cuideoidh le leanaí scileanna a fhorbairt le haghaidh súgartha agus beidh ina d(h)ea-shampla maidir le hiompair sa súgradh<br>▪ beidh in iúl ar mhothúcháin, ar theanga, ar chumas, ar chúlra agus ar chultúr leanaí agus urramóidh iad<br>▪ cuideoidh le leanaí a bheith ina n-imreoirí, tacóidh le hidirghníomhú agus feidhmeoidh mar eadránaí<br>▪ cosnóidh leanaí ó aon dochar sa súgradh agus déanfaidh idirghabháil i suíomhanna a d'fhéadfadh a bheith míchompordach nó dochrach do leanaí (go fisiceach nó go mothúchánach) amhail nuair a fhágtar ar lár iad nó nuair a dhéantar bulaíocht orthu<br>▪ cuideoidh le leanaí déileáil le deacrachtaí amhail nuair nach bhfuil siad gafa le haon rud nó nuair atá gá acu le spreagadh chun tosaithe. | Baileoidh an duine fásta eolas ar shúgradh leanaí agus úsáidfidh é chun cur leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt. Déanfaidh sé/sí na nithe seo a leanas:<br>▪ breathnóidh sé/sí ar leanaí, labhróidh agus éistfidh leo nuair a bheidh siad ag súgradh<br>▪ breathnóidh sé/sí ar an gcaoi a bhfuil spás agus an timpeallacht laistigh agus lasmuigh leagtha amach chun a fháil amach an bhfuil an timpeallacht sin ag tacú leis an súgradh nó an bhfuil bac á chur leis<br>▪ sainaithneoidh na cineálacha agus caighdeáin súgartha ag leanaí, beidh in iúl ar stíl agus ar phátrún shúgradh gach linbh agus ar a roghanna, a spéiseanna agus a gcairdis<br>▪ breathnóidh agus coinneoidh taifead trí nótaí, trí ghrianghraif agus trí phíosaí fístéipe ar céard atá ar siúl sa súgradh<br>▪ gheobhaidh sé/sí tuiscint ar céard a fheiceann sé/sí agus céard a chloiseann sé/sí sa súgradh<br>▪ roinnfidh eolas le leanaí agus lena dteaghlaigh faoin súgradh<br>▪ úsáidfidh an t-eolas a bailíodh sa mheasúnú i bpleanáil don súgradh' |





## Conas an timpeallacht súgartha a ullmhú?

Bíonn tionchar ag an timpeallacht ar an gcaoi a mbíonn leanaí ag súgradh agus ar an gcineál súgartha. Cuidíonn spásanna lán acmhainní, dea-phleanáilte intuartha le leanaí deiseanna a fheiceáil don súgradh. Tá dhá ról ann don duine fásta in ullmhú na timpeallachta sin: í a eagrú agus acmhainní a chur ar fáil di.

**Eagrú**

- **Spásanna le haghaidh spéiseanna** – Eagróidh an duine fásta na spásanna agus an troscán ionas go mbeidh spásanna ann ar an toise ceart do leanaí seachas spás mór amháin le haghaidh grúpa. Cruthóidh sé/sí spásanna dea-shainithe a spreagann cineálacha éagsúla súgartha agus a chuidíonn le leanaí roghanna a fheiceáil agus taithí a fháil ar na roghanna atá ar fáil. Mar shampla, i suíomhanna lasmuigh den bhaile féadfaidh an duine fásta spásanna laistigh agus lasmuigh a eagrú sa chaoi is go mbeidh spás bréagán/ealaíne/dramábhair ann, spás le haghaidh súgartha samhlaíoch, spás le haghaidh ceoil agus gluaiseachta, agus spás tógála. Lasmuigh d'fhéadfaí spás a eagrú ionas go mbeidh spás sainithe ann le haghaidh bréagán le rothaí, spás dreapadóireachta, spás le plandaí a chur, spás fiadhúlra, beathaitheoirí chun éin agus féileacáin a mhealladh, spás chun súgradh le hábhair nádúrtha amhail gaineamh, uisce agus láib, agus spás suaimhnis le suíocháin. Sa bhaile d'fhéadfaí spás don súgradh samhlaíoch agus le haghaidh leabhar a eagrú sa seomra codlata nó i gcúinne na cistine, agus lasmuigh d'fhéadfaí spás a eagrú chun plandaí a chur, tráidire gainimh a chur (seanfholcadán bábóige a bhíonn clúdaithe nuair nach mbíonn in úsáid), agus spás saor le haghaidh bréagán le rothaí.

- **Spás sóisialta agus pearsanta** – Cruthóidh an duine fásta spás le haghaidh leanaí áit ar féidir leo bheith ag súgradh le daoine eile agus ina n-aonar. Beidh a spás féin inaitheanta go soiléir ag gach leanbh ina suíomh lasmuigh den bhaile, amhail caochóg nó bosca nó soitheach pearsanta. D'fhéadfaí giuirléidí pearsanta na leanaí, nithe a thugtar abhaile go laethúil, agus fillteáin lena gcuid oibre a choimeád sa suíomh seo, áit ar féidir le leanaí agus tuismitheoirí teacht orthu go héasca

- **Spás lasmuigh/laistigh** – Cinnteoidh na duine fásta go bhfuil rochtain éasca ann idir an spás laistigh agus an spás lasmuigh agus cuireann radharc soiléir ar fáil ar an spás lasmuigh le haghaidh gach linbh nuair atá siad laistigh, mar shampla fuinneoga ísle a úsáid.

- **Taispeántais** – Cuirfidh an duine fásta taispeántais ar na ballaí ag leibhéal súl na leanaí. Léirítear ann obair na leanaí, a n-ainmneacha agus an dáta. Léireoidh taispeántais íomhánna fíorshaoil a thaispeánann an leanbh sa suíomh agus sa phobal i gcoitinne.

- **Ceiliúradh** – Díreoidh an duine fásta ar fhéilte atá bainteach le teaghlaigh sa suíomh sula mbogann siad ar aghaidh chuig féilte eile. Oibreoidh sé/sí le tuismitheoirí chun cinneadh a dhéanamh céard a dhéanfar a cheiliúradh.

- **Stóráil** – Cruthóidh an duine fásta spás stórála laistigh agus lasmuigh. Beidh ábhair sna suíomhanna céanna i gcónaí ionas gur féidir le leanaí iad a aimsiú agus iad a chur ar ais san áit cheart. Reáchtálfar amanna le glanadh suas go rialta chun a chinntiú nach n-éiríonn spásanna ró-lán le bréagáin agus nithe eile. Beidh am agus spás ag leanaí tabhairt faoina smaointe súgartha féin agus beidh siad in ann ábhair a aimsiú, a úsáid agus a chur ar ais - ábhair iad a bhfuil suim acu iontu.

**Soláthar acmhainní**

- **Ilchineálacht acmhainní** – Léireoidh an timpeallacht, an trealamh, na hábhair agus na taispeántais ilchineálacht shochaí na hÉireann lena n-áirítear cumas, inscne, ilchineálacht eitneach agus struchtúr teaghlaigh.

- **Acmhainní speisialta** – I gcás gur féidir é, freastalóidh acmhainní agus trealamh laistigh agus lasmuigh ar riachtanais shonracha na leanaí, lena n-áirítear míchumais fhisiceacha, chéadfacha agus foghlama.

- **Acmhainní litearthachta agus uimhearthachta** – Soláthrófar a lán leabhar agus taispeántas chun pictiúir, uimhreacha agus focail a léiriú (roinnt i dteanga dhúchais an linbh nach Béarla ná Gaeilge an teanga sin). Beidh cineálacha éagsúla uirlisí a chruthaíonn marcanna agus uirlisí scríbhneoireachta ar pháipéar ar fáil le gur féidir le leanaí iad a úsáid. Cuirfear réimse uirlisí matamaiticiúla ar fáil, mar shampla áireamháin, miosúir, rialóirí, cairteacha airde, scálaí meáchain, agus fóin.

- **Ábhair oscailte** – Beidh réimse leathan ábhar oscailte ar fáil amhail bloic mhóra agus bheaga, fabraicí, ábhair athchúrsáilte, péinteanna, gaineamh, uisce, cré, páipéar agus míreanna nádúrtha amhail clocha, craobhóga agus duilleoga chun cruthaitheacht, taiscéaladh agus samhlaíocht a chur chun cinn.

- **Dóthain acmhainní** – Beidh cineálacha éagsúla bréagán, trealaimh agus ábhar ar fáil agus líon dóthanach díobh ann nuair a bheidh cineálacha éagsúla súgartha ag tarlú laistigh agus lasmuigh.
- **Eispéiris phraiticiúla** – Beidh gníomhaíochtaí ar fáil le haghaidh leanaí le gur féidir leo nithe a bhrath, a bhlaiseadh, a bholú, a chloisteáil agus a dhéanamh. Mar shampla, baineann leanaí taitneamh as an urlár a scuabadh, as an mbord a leagan le haghaidh béile, as an níochán a chrochadh, as cineálacha éagsúla bia a ullmhú agus a bhlaiseadh, as an ngaoth a bhrath, as tochailt, as uisce a chur ar phlandaí agus as bia a thabhairt d'ainmnithe. Cuirfear réimse d'fhíor-nithe ar fáil, mar shampla potaí, sa spás don súgradh samhlaíoch, fíorbhioinn airgid don siopa samhlaíoch, fíorbhróga don ghléasadh suas, agus fíorchrainn fuinte don taos súgartha.

Chomh maith leis an timpeallacht a eagrú agus acmhainní a chur ar fáil athróidh an duine fásta a ról chun freastal ar leanaí d'aoiseanna agus de chéimeanna éagsúla dá bhforbairt mar atá sonraithe i dTábla 10.

**Tábla 10: Athrú ar ról an duine fhásta sa súgradh le linn na luath-óige**

| Leanaí óga (0 go dtí 18 mí) | Mamailínigh (12 mhí go dtí 3 bliana) | Leanaí (2½ go 6 bliana) |
|---|---|---|
| Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas:<br>▪ bonn slán a sholáthar ónar féidir le leanaí óga súgradh agus Taiscéalaíocht laistigh agus lasmuigh<br>▪ nithe agus ábhair shábháilte shuimiúla a sholáthar ar féidir le leanaí óga súgradh leo<br>▪ taithí a thabhairt do leanaí óga ar dhaoine agus ar áiteanna eile<br>▪ comharthaíocht choirp na leanaí a thuiscint, agus freagairt dó<br>▪ gnáthaimh chúraim a dhéanamh, amhail bia a thabhairt dóibh, an clúidín a athrú ar bhealach spraíúil<br>▪ labhairt leis an leanaí óga, nithe a ainmniú dóibh agus cur síos orthu<br>▪ tacú le leanaí óga nithe nua a thriail agus gníomhaíochtaí a chleachtadh agus a aithris<br>▪ gníomhartha, mothúcháin agus iompar leanaí óga a athdhearbhú. | Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas:<br>▪ leanúint ag soláthar bonn slán ónar féidir le mamailínigh súgradh agus Taiscéalaíocht laistigh agus lasmuigh<br>▪ deiseanna a sholáthar do mhamailínigh le rioscaí a ghlacadh, le coinneáil orthu, le gluaiseacht a dhéanamh, le hionramháil a dhéanamh, deiseanna don súgradh samhlaíoch agus ábhair a iompar<br>▪ athróidh an timpeallacht agus na deiseanna a chuireann an timpeallacht sin ar fáil do mhamailínigh chun fáis (Áiríonn sé seo trealamh agus ábhair agus athruithe leibhéal amhail rampaí, fánaí, agus cuair)<br>▪ cuidiú le mamailínigh taithí a fháil ar chineálacha éagsúla súgartha<br>▪ deiseanna a sholáthar do mhamailínigh bheith ag súgradh i mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga<br>▪ páirt ghníomhach a ghlacadh in idirghníomhaíocht spraíúil eachtrúil le mamailínigh, mar shampla súgradh gníomhach fisiceach leo ar an urlár. | Déanfaidh an duine fásta na nithe seo a leanas:<br>▪ leanúint ag soláthar bonn slán ónar féidir le leanaí súgradh agus Taiscéalaíocht laistigh agus lasmuigh<br>▪ deiseanna a sholáthar do leanaí páirt a ghlacadh i réimse gníomhaíochtaí súgartha, go háirithe súgradh samhlaíoch<br>▪ tacaí a sholáthar don súgradh, amhail réimse ábhar agus trealaimh agus dóthain spáis, ama agus roghanna<br>▪ cuirfidh frapaí agus athruithe ar fáil go rialta, chun suíomhanna éagsúla a chruthú a léiríonn spéiseanna agus eispéiris nua na leanaí<br>▪ cuirfidh ábhair ar fáil chun áiteanna i bhfolach a chruthú<br>▪ cuirfidh tacaíocht dhíreach ar fáil amhail taispeáint do leanaí conas bheith páirteach i súgradh daoine eile, suíomh súgartha a bhunú, cur síos agus plé a dhéanamh ar an suíomh súgartha roimh an súgradh, le linn an tsúgartha agus ar chríoch dó tacú le leanaí agus iad ag déileáil le mothúcháin agus le haighneas, cuidiú le leanaí aistriú isteach agus amach as ról<br>▪ súgradh le leanaí, agus cinntí stuama a ghlacadh ionas nach gcuirfidh rannpháirt an duine fhásta isteach ar neamhspleáchas an linbh nó nach gcuirfidh sé isteach ar 'leanúnachas' an tsúgartha. |

**Breith........1..............................2................3........4......5.......6 bliana**

## Conas is féidir liom cuidiú le leanaí a bhfuil sé deacair orthu súgradh?

Forbraíonn súgradh leanaí le caitheamh ama agus feabhsaíonn an súgradh nuair a thugtar na cineálacha cearta tacaí dóibh. Cé go bhfuil an poitéinseal ag gach leanbh bheith ag súgradh bíonn tacaíocht bhreise an duine fásta ag teastáil uaireanta ón leanbh ionas go mbainfidh an leanbh sochar as an súgradh. Mar shampla, i gcás leanaí atá ríogach nó a bhíonn i gcoinbhleachtaí go minic, leanaí atá cúthail nó aonraithe, leanaí nach é an Béarla nó í an Ghaeilge a dteanga dhúchais, leanaí a bhfuil caint mhoillithe acu, agus leanaí le lagú céadfach nó fisiceach go minic bíonn tacaíocht speisialaithe dírithe ag teastáil uathu ón duine fásta.

Níl sé éasca a thomhas cén leibhéal tacaíochta atá ag teastáil le haghaidh grúpa leanaí. Trí mheán an mheasúnaithe cuireann an duine fásta pictiúr le chéile d'fhoghlaim gach linbh agus déanann gníomhaíochtaí a phleanáil bunaithe air seo. Díríonn an duine fásta ar na nithe is féidir leis an leanbh a dhéanamh agus ar na nithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shúgradh an linbh sin, agus ansin athraíonn an timpeallacht chun í a chur in oiriúint do shúgradh an linbh. Bíonn gá ag roinnt leanaí le hachar níos sia ama chun rogha a dhéanamh, chun fadhb a réiteach, nó chun cuimhneamh ar cén áit a choinnítear rudaí. Seans nach mbeidh fhios acu conas tús a chur le gníomhaíocht, nó nuair a thosaíonn siad ar rud éigin seans go mbeidh gá é a chleachtadh ar feadh achair níos sia. Tá sé seo go breá: ar cheann de na buntáistí a bhaineann leis an súgradh tá a sholúbthacht agus is féidir é a chur in oiriúint do gach leanbh ar leith. Seo a leanas roinnt rudaí a d'fhéadfadh an duine fásta a dhéanamh chun cuidiú le leanaí súgradh

- an timpeallacht fhisiceach nó shóisialta a athrú mar shampla na hábhair shúgartha a athrú ionas gur féidir le gach leanbh iad a ionramháil nó cloigín a úsáid chun cuidiú le leanaí a bhfuil lagú amhairc orthu chun go mbeadh fhios acu go bhfuil gníomhaíocht chun athrú.
- machnamh ar chaighdeán agus ar mhéid na n-eispéireas ilchéadfach atá ar fáil do leanaí agus cur leo nó iad a athrú
- úsáid a bhaint as foghlaim chomhoibritheach chun a chinntiú go mbainfidh gach leanbh barr a c(h)umais amach, mar shampla córas cairdis nó córas meantóireachta a bheith ann
- gníomhaíocht a shimpliú ach an ghníomhaíocht sin a bhriseadh ina chodanna níos lú agus an líon treoracha a thugtar ag aon am amháin a theorannú
- úsáid a bhaint as rogha gníomhaíochta, ábhair nó rogha duine an linbh, chun é/í a spreagadh chun súgartha, mar shampla d'fhéadfadh an tOibrí Bunriachtanach nithe nua a chur os a gcomhair
- tacaíocht bhreise a sholáthar trí pháirt a ghlacadh i súgradh an linbh nó trí rud éigin a eiseamláiriú cúpla uair
- gléasanna speisialta nó oiriúnaitheacha a úsáid chun cuidiú le leanaí páirt a ghlacadh
- grianghraif nó gníomhaíochtaí a bheith ann do leanaí nach féidir leo teanga bhriathartha a úsáid, nó míreanna mearaí simplí a bheith ann le píosaí móra láidre do leanaí a bhfuil sé deacair orthu greim a bhreith ar rudaí.

Cuirfidh an duine fásta an leibhéal agus an cineál tacaíochta a bhfuil gá leis ar fáil chun neamhspleáchas a chur chun cinn agus ionas go mbeidh súgradh indéanta agus go mbeidh sé taitneamhach le haghaidh gach linbh.

## Machnamh ar mo chleachtas

1. *Conas a eagróidh mé spásanna lasmuigh agus laistigh agus cad iad na hacmhainní a sholáthróidh mé dóibh? Conas a chuideodh eagrú an spáis ina limistéir ar leith feabhas a chur ar shúgradh leanaí?*
2. *Cad iad na gníomhaíochtaí, na spásanna, na bréagáin agus na hábhair is minice a úsáidim agus na leanaí chun bheith ag súgradh laistigh agus lasmuigh? Cén fáth?*
3. *Cad iad na gníomhaíochtaí praiticiúla ar féidir liom na leanaí a spreagadh le bheith rannpháirteach iontu?*
4. *Conas is féidir liom mo ról a éagsúlú agus an timpeallacht shóisialta agus fhisiceach a athrú chun a chinntiú go mbainfidh gach leanbh sochar as an súgradh?*
5. *Conas is féidir leanaí a spreagadh ina gcuid súgartha agus conas is féidir liom tacú leo – buachaillí agus cailíní, leanaí níos óige agus níos sine, leanaí ó chúlraí agus ó chultúir éagsúla, agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?*

## Conas is féidir liom súgradh a úsáid ar fud cheithre théama *Aistear*?

Bainfidh an duine fásta úsáid as cineálacha éagsúla súgartha chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí ar fud na dtéamaí *Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht* agus *Smaointeoireacht.* Ar leathanaigh 63 go 73 tá ceithre eispéireas foghlama i ngach téama, ceann amháin le haghaidh leanaí óga, ceann amháin le haghaidh mamailíneach agus dhá cheann le haghaidh leanaí (ceann amháin i seisiúin naíonra nó cúram lae lánaimseartha nó páirtaimseartha agus ceann amháin i mbunscoil).

**Eispéireas foghlama 41: Gnáthaimh spraíúla**

### Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Sa bhaile agus feighlíocht linbh**

Ta caidreamh speisialta ag Charlie (10 mí d'aois) lena dhaidí, Luca. Le linn a ghnáthamh cúraim bíonn Daidí ag idirghníomhú agus ag súgradh leis. Is breá le Charlie nuair a labhraíonn agus nuair a imríonn Daidí *Chuaigh an muicín seo* lena bharraicíní agus é ag athrú a chlúidín. Is breá leis freisin *píceáil* a imirt agus téann Daidí i bhfolach taobh thiar den doras agus preabann a cheann isteach agus amach, rud a chuireann gliondar ar Charlie. Chomh maith leis sin is maith le Charlie nuair a ligeann Daidí air gur eitleán an spúnóg agus é ag tabhairt bia dó. Ceann de na rudaí is ansa le Charlie ná nuair a bheireann Daidí é thuas san aer ag ligean air gur eitleán é Charlie. Déanann Linda, an feighlí linbh, idirghníomhú go spraíúil le Charlie freisin. D'inis Luca do Linda faoi na cluichí a imríonn sé le Charlie sa bhaile, agus cuidíonn sé seo an t-aistriú ón mbaile go dtí a teach a bheith ina eispéireas taitneamh do Charlie. Diaidh ar ndiaidh tugann Linda isteach cluichí nua agus gnáthaimh spraíúla eile agus insíonn sí do Luca faoi na gnáthaimh nua seo nuair a bhailíonn sé Charlie sa tráthnóna.

*Ábhar Machnaimh: An bhfuil fhios agam cad iad na gnáthaimh spraíúla a imríonn na leanaí sa bhaile, agus conas is féidir liom úsáid a bhaint astu chun go mbeadh an t-aistriú idir na suíomhanna seo níos éasca?*



Eispéireas foghlama 42: Cuidigh liom páirt a ghlacadh sa spraoi

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Seisiún naíonra (réamhscoil speisialta), agus cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (naíolann)**

Caitheann na mamailínigh a lán ama lasmuigh i rith na bliana ar fad. I gcás roinnt de na leanaí atá níos cúthaile laistigh éiríonn siad i bhfad níos gníomhaí agus níos inspreagtha agus iad lasmuigh. Ritheann siad, dreapann siad suas an dréimire, téann siad síos an sleamhnán, speachann siad an liathróid pheile, imríonn siad sa chaife lasmuigh, faigheann siad breosla dá bhfeithiclí ag na pumpaí, imríonn siad le huisce agus le gainimh, agus rothaíonn siad ar a rothair thrianacha. Imríonn baill foirne leo agus téann na leanaí i bhfolach. Eagraíonn an fhoireann rásaí, imríonn peil, glacann latte leo sa chaife agus labhraíonn leo faoina bhfuil ar siúl acu agus á fhoghlaim acu. Ar laethanta fuara cuireann siad a gcótaí agus a hataí ar na leanaí sula dtéann siad amach, agus ar laethanta fliucha léimeann siad sna locháin uisce ina mbuataisí agus éisteann siad leis an mbáisteach ag titim ar a scáthanna fearthainne atá clúdaithe le scragall stáin.

Freastalaíonn Daniel (beagnach 3 bliana d'aois) ar réamhscoil speisialta trí mhaidin sa tseachtain. Bíonn sé leis na leanaí i seomra na mamailíneach sa naíolann an dá lá eile. Ní féidir leis aon cheann dá ghéaga a bhogadh agus mar sin bíonn sé ag brath ar an bhfoireann é a iompar amach. Scréachann sé le háthas nuair a ardaíonn siad suas san aer é agus nuair a chuirtear ar an sleamhnán é. Labhraíonn an fhoireann le Daniel, ag cur lena stór focal, ag cuidiú leis lena fheasacht ar spásúlacht agus lena scileanna fisiceacha, ag rá, mar shampla, *Anois Daniel, tá tú thuas thuas thuas ...anois tá tú thíos thíos thíos.* Cuireann siad Daniel ar an talamh agus cuireann liathróid in aice lena cheann. Is breá leis an liathróid a bhogadh go mall lena cheann agus é a chur faoi mbinse. Deir siad, *Maith thú, Daniel.....faoi bhun, faoi bhun an bhinse.* Cuidíonn na heispéiris fhisiceacha seo le Daniel a scileanna mórluaile a fhorbairt agus cuidíonn leis coincheapa spásúlachta a thuiscint amhail os cionn/faoi bhun, suas/síos, agus isteach/amach. Go minic ritheann na leanaí eile sall chuig Daniel agus bogann an liathróid go bog ina threo nó beannaíonn dó. Déanann sé miongháire nuair a dhéanann siad seo.

? *Ábhar Machnaimh: An bhfaigheann gach leanbh i mo shuíomh an deis a bheith páirteach sa súgradh agus taitneamh a bhaint as?*



Eispéireas foghlama 43: Líontán an damháin alla

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Bhí na leanaí i naíonra lasmuigh maidin seaca amháin. D'aimsigh beirt bhuachaillí, Fiachra agus James (an bheirt 4 bliana d'aois) líontán damháin alla. Chuir siad fios ar na gcúntóir sa naíonra, Zola, teacht anall agus féachaint air. Thaitin na dathanna éagsúla go mór leo. Mhínigh Zola dóibh gurbh é a bhí ann ná frithchaitheamh sholas na gréine ar an sioc a bhí ag cruthú na ndathanna sin. Is Francach í Zola agus d'inis sí dóibh gurb é *toile d'araignée* an focal Francach ar líontán damháin alla. Rinne siad gáire ag iarrachtaí a chéile é sin a rá! D'fhiafraigh sí de na buachaillí ar mhaith leo grianghraf a fheiceáil den líontán agus rás siad isteach chun an ceamara a fháil, an bheirt ag iarraidh rás níos tapúla ná an duine eile. Rinne Zola an grianghraf a uaslódáil ar an ríomhaire. Rinne na buachaillí staidéar air ag iarraidh a dhéanamh amach conas a rinne an damhán alla an líontán. D'inis na buachaillí do Zola gur theastaigh uatha líontán a dhéanamh freisin. Chruinnigh siad lena chéile réimse ábhar. I measc na n-ábhar sin bhí gliú, páipéar, marcóirí, sreangán, olann le haghaidh cniotála, agus scragall stáin. Chaith siad a lán ama

ag déanamh a líontáin agus ag glacadh grianghraf díobh go bródúil. ***Ils sont magnifique, quelles couleurs (Tá siad ar fheabhas ar fad, agus féach ar na dathanna áille),*** arsa Zola.

Tar éis lóin rith na buachaillí amach chun an líontán a fheiceáil agus bhí sé deacair orthu é a aimsiú mar go raibh an t-oighear leáite anois. Bhí díomá orthu. Le linn an chiorcail chomhrá ag an ngrúpa i dtaobh conas a leánn oighear agus sneachta agus an chaoi a raibh sé deacair ar Fhiachra agus James an líontán a aimsiú toisc gur leáigh an t-oighear. An lá dár gcionn thug leanbh eile DVD isteach faoi dhamhán alla. Bhreathnaigh siad go léir air. Le linn na seachtainí ina dhiaidh sin rinne roinnt leanaí tionscadail ar dhamháin alla agus rinne leanaí eile iniúchadh ar oighear.

?

***Ábhar Machnaimh: Cé chomh minic a spreagaim na leanaí le páirt a ghlacadh i dtionscadail ar nithe a bhfuil spéis acu iontu?***

**Eispéireas foghlama 44: Stair a athchruthú**



## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang na naíonán (bunscoil)**

Tá cónaí ar na naíonáin shóisearacha i mbaile ina bhfuil caisleán mór. Thug siad cuairt air cúpla seachtain ó shin, lena múinteoir agus le roinnt tuismitheoirí. Ghlac an múinteoir agus na leanaí roinnt mhaith grianghraf digiteach. Chonaic na leanaí roinnt gnéithe éagsúla den chaisleán agus phléigh siad iad agus d'fhoghlaim faoi cé bhí ina c(h)ónaí ann agus na feidhmeanna a bhí ag codanna éagsúla an chaisleáin. Lá amháin díreach tar éis na cuairte d'iarr an múinteoir orthu caisleáin dá gcuid féin a dhéanamh. D'oibrigh siad i ngrúpaí de cheathrar agus bhí cead acu úsáid a bhaint as aon ábhar ba mhian leo. Roghnaigh roinnt díobh bloic, roghnaigh roinnt eile Lego, roinnt eile ábhair athchúrsáilte, agus bheartaigh roinnt eile pictiúir a tharraingt.

Bheartaigh grúpa amháin samhail den chaisleán a dhéanamh as ábhair athchúrsáilte, lena n-áirítear bosca cairtchláir agus figiúirí ar scála beag. Ghlac Dylan (beagnach 5 bliana d'aois) a bhfuil spina bifida air páirt ghníomhach. Bhí roinnt athruithe le déanamh ag Lisa, a chúntóir riachtanas speisialta, ar na hábhair ionas go bhféadfadh Dylan páirt a ghlacadh ar bhonn chomh neamhspleách agus ab fhéidir. Chinntigh sí gur greamaíodh an caisleán go daingean den bhord le téip agus go raibh téip dhéthaobhach ar roinnt de na píosaí cheana féin ionas go bhféadfadh Dylan iad a úsáid. Sa mhéid go bhfuil roinnt míchumas fisiceach ag Dylan go minic bíonn cúnamh uaidh ó chara sa rang, Liam, a bhíonn i gcónaí ar fáil chun lámh chúnta a thabhairt. Bhí an grúpa an-sásta leis an saothar críochnaithe agus chaith siad roinnt mhaith ama ag súgradh leis.

Thug siad an caisleán amach ag am súgartha cúpla uair. Choinnigh Dylan an caisleán ar a ghlúine ina chathaoir rothaí agus sháigh duine eile é sa chathaoir. Lá amháin rinne siad dearmad an caisleán a thabhairt isteach arís agus an mhaidin dár gcionn nuair a tháinig siad isteach fuair siad an caisleán lasmuigh agus é fliuch báite bog! Chonaic siad an tionchar a bhí ag an mbáisteach ar chairtchlár ach ní raibh siad ró-imníoch ina thaobh. Bheartaigh siad a shamhlú gur fhairtheoirí agus ainmhithe fiáine iad agus roinn siad an clós súgartha ina limistéir éagsúla de chaisleán. Thiomáin Dylan timpeall go gasta ina chathaoir rothaí ag troid i gcoinne na n-ainmhithe fiáine.

Forbraíodh téama an chaisleáin i gcaitheamh na laethanta ina dhiaidh sin agus d'fhoghlaim na leanaí faoi stair an chaisleáin agus léigh siad leabhair agus bhreathnaigh ar chlár teilifíse ar an ábhar. Méadaíodh go mór an spéis acu i saol caisleáin agus rinne siad a lán taighde agus agallaimh leis an leabharlannaí áitiúil agus chruthaigh siad culaithirití seanré a chuir siad ar taispeáint do ranganna eile ag an tionól.

?

***Ábhar Machnaimh: Cá mhéad a dhéanaim chun na leanaí a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar a láidreachtaí agus róil éagsúla a ghlacadh sa súgradh?***

**Eispéireas foghlama 45: Nílim réidh go fóill!**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 6

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Feighlíocht linbh**

Tá Tess (14 mhí) ina cailín cúthail agus cuireann torann isteach go mór uirthi. Éiríonn sí an-chorraithe go héasca agus ní maith léi bheith ag súgradh le bréagáin a phreabann aníos nó a dtagann ceol astu. Bíonn imní uirthi freisin agus í timpeall ar leanaí eile. Tuigeann Anna, a feighlí, ina thaobh seo agus rinne sí cúinne compordach le haghaidh Tess atá scoite amach ón torann áit ar féidir le Tess bheith ag súgradh go sonasach le leabhair, le bloic agus le bréagáin bhoga. Diaidh ar ndiaidh tugann Anna bréagáin nua níos idirghníomhaí do Tess. Nuair a chuireann siad imní ar Tess cuireann sí iad ar leataobh agus cuireann sí Tess ar a suaimhneas. Tacaíonn sí freisin le Tess idirghníomhú leis an leanbh óg eile a bhfuil sí ag tabhairt aire di, Amy, atá 15 mhí d'aois. Uaireanta suíonn Anna le Tess agus Amy sa chúinne compordach. Cuireann Anna taephota agus cupáin ar fail dóibh. Ligeann na cailíní orthu ól as na cupáin agus tugann Anna tae do Theidí freisin. Déanann Tess aithris uirthi agus tairgeann cupán do Amy. Doirteann Anna roinnt tae do na cailíní agus labhraíonn go bog leo faoina bhfuil ag tarlú. Uaireanta léiríonn Tess an taitneamh atá á bhaint aici as trí mhiongháire a dhéanamh agus comharthaíocht choirp a úsáid, ag amanna eile tosaíonn sí ag caoineadh agus cuireann in iúl gur mhaith léi súgradh ina haonar.

?

*Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom cuidiú le leanaí atá cúthail páirt a ghlacadh sa súgradh le leanaí eile?*

**Eispéireas foghlama 46: Dóiteán, dóiteán!**



## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 5

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (naíolann)**

Freastalaíonn Cáit (beagnach 3 bliana d'aois) ar naíolann fad is a bhíonn a tuismitheoirí ag obair. Is fear dóiteáin é daidí Cháit agus labhraíonn sí ina thaobh go minic sa naíolann. D'fhiafraigh an stiúrthóir seomra ar dhaidí Cháit, Mike, an raibh aon seans go bhféadfadh na naoi leanbh i seomra Cháit cuairt a thabhairt ar an stáisiún dóiteáin. D'eagraigh Mike cuairt agus bhain na leanaí an-taitneamh as an turas. Shuigh siad ar an inneall dóiteáin agus rug siad greim ar an bpíobán solúbtha. Phléigh na leanaí a gcuairt ar fhilleadh ar na naíolann dóibh. Labhair siad faoin inneall dóiteáin, faoi dhath an innill, faoi cá mhéad roth a bhí air, faoin gcaoi a fhaigheann sé an t-uisce, agus faoi cé a thiomáineann é. Le linn na seachtaine chas siad amhráin agus léigh siad scéalta faoi dhóiteáin agus faoi innill dóiteáin, agus rinne na fuaimeanna a dhéanann an bonnán agus tharraing pictiúir d'innill dóiteáin agus foireann dóiteáin. Rinne siad samhlacha d'inneall dóiteáin le taos súgartha. Shórtáil siad míreanna dearga chun meaitseáil leis an inneall dóiteáin agus bhí ag súgradh le figiúirí agus feithiclí beaga chun a n-éigeandálaí féin a chruthú.

Chuir an stiúrthóir seomra sraith de bhoscaí móra ar fáil dóibh ionas go bhféadfaidís a n-inneall dóiteáin féin a dhéanamh agus suí isteach ann. Chuidigh sí leo fuinneoga agus doirse a ghearradh amach agus péint a chur ar an inneall. Thaitin leo bheith ag suí ann, agus fuaimeanna an bhonnáin a dhéanamh agus gléasadh suas mar fhoireann dóiteáin. Lá amháin le linn seisiún saor súgartha bheartaigh na leanaí ligean orthu go raibh an seomra trí thine agus bhain siad úsáid as seanfhón póca chun glaoch a chur ar an inneall dóiteáin. Bhí fhios ag na leanaí go maith céard ba chóir a dhéanamh mar go ndearna siad druil dóiteáin go minic. D'iarr siad ar an stiúrthóir seomra an clár a fháil agus a chinntiú go raibh gach leanbh ann agus bhog siad go léir chuig cúinne an tseomra in áit i bhfad ón tine. Tháinig cabhair go gasta agus léim beirt den fhoireann dóiteáin as an inneall dóiteáin le hataí crua agus píobán solúbtha. Múchadh an tine go gasta agus tugadh íde béil don stiúrthóir seomra arb í a thosaigh an tine!

I gcaitheamh na laethanta ina dhiaidh sin d'oibrigh an fhoireann agus na leanaí lena chéile chun grianghraif agus péintéireachtaí agus pictiúir dá gcuairt ar an stáisiún dóiteáin a chur ar taispeáint, in aice a n-innill dóiteáin, ionas go bhfeicfeadh a dtuismitheoirí iad.

?

***Ábhar Machnaimh: Cén turas is féidir liom a eagrú sna seachtainí amach romhainn chun tacú le forbairt agus foghlaim na leanaí?***

**Eispéireas foghlama 47: Ní hea, seo mo sheal**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 6

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Bhí grúpa de cheithre leanbh (idir 3 agus 4 bliana d'aois) ag súgradh lasmuigh lena rothair agus a dtarracóirí i réamhscoil. D'eascair díospóid eatarthu. D'imigh beirt leanaí chun cainte le Breda, ball foirne. Labhair sí leis an ngrúpa de cheathrar agus d'fhiafraigh díobh cén fhadhb a bhí ann. Seo mo sheal ar an rothar, arsa Robert. Agus seo mo sheal an tarracóir a bheith agam, arsa Jenny. Ní hea, arsa David de scread, Fuair mise é ar dtús. Shuigh Claire go daingean ar an tarracóir gan páirt a ghlacadh san argóint agus rinne Jenny iarracht í a shá den tarracóir. Thug Breda faoi deara ón méid seo nach raibh dóthain rothar agus tarracóirí ann do chách. ***Feicim nach bhfuil dóthain ann daoibh go léir. Céard is féidir linn a dhéanamh faoi seo***, arsa Breda: ***Táim ag iarraidh smaoineamh céard a rinneamar nuair a bhí an fhadhb chéanna againn i leith sealanna a ghlacadh ar an ríomhaire an tseachtain seo caite. An féidir le haon duine cuimhneamh cad a rinneamar?*** Thosaigh na leanaí ag argóint arís. Scread Robert Tuigim, an t-orláiste uibhe. Sin a rinneamar. Gheobhaidh mise é. D'fhill sé tar éis nóiméid leis an orláiste uibhe. Tar éis roinnt plé a bheith acu d'aontaigh na leanaí úsáid a bhaint as an orláiste, agus ghlac Robert freagracht as bheith i bhfeighil agus é a chur ar an gcéim i gcóngar ionas go bhfeicfeadh gach duine é.

Bhunaigh Robert agus Jenny niteoir carranna agus iad ag fanacht. Nuair a bhí an t-am istigh rith siad trasna chun a seal a bheith acu. Níor theastaigh ó Claire an tarracóir a thabhairt do Jenny agus dhiúltaigh David éirí den rothar. Shín Jenny a méar i dtreo an orláiste agus d'inis do David go raibh a sheal críochnaithe. D'fhéach sé ar Robert agus thug an rothar dó. Choinnigh Breda súil ghéar ar na leanaí de réir mar a bhainistigh siad a mbréagáin mar a d'aontaigh siad.

?

***Ábhar Machnaimh: An gcuidím leis na leanaí fadhbanna a réiteach agus aighneas a réiteach ina measc féin?***

**Eispéireas foghlama 48: Margadh an fheirmeora**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang naíonáin (bunscoil sa Ghaeltacht)**

Le linn sraith ceachtanna drámaíochta bhunaigh grúpa leanaí i rang na naíonán sóisear agus sinsear, in éineacht le Múinteoir Síle, stallaí margaidh sa spás súgartha. Thugadh roinnt mhaith de na leanaí cuairt ar an margadh áitiúil feirmeora maidineacha Sathairn lena dtuismitheoirí agus bhí fhios ag na leanaí eile ina thaobh seo ó na hamanna roinnte nuachta. Fuair Múinteoir Síle frapaí súgartha, mar shampla ábhair scríbhneoireachta agus airgead, soithigh bhia fholmha, agus prócaí. Ghlan sí an bord taispeántais agus d'úsáid é mar chuntar. Ghlac na leanaí róil éagsúla agus thug cuireadh do Mhúinteoir Síle bheith ina custaiméir. Thar an gcéad chúpla lá eile thug siad boinn airgid 1, 2, 5, agus 10 cent isteach ar scoil chun

táirge a cheannach. D'fhorbair an súgradh le linn na seachtaine de réir mar a bhunaigh leanaí stallaí níos speisialaithe. Ag an bpointe sin bhí an spás sa seomra ranga le haghaidh na stallaí an-teoranta. Mhol Múinteoir Síle go bhféadfaidís athshocrú a dhéanamh ar na boird agus na cathaoireacha chun spás a dhéanamh. Agus iad ar cipíní, chuidigh na leanaí léi é seo a dhéanamh. Bhí cead pleanála i bhfeidhm anois chun síneadh a chur leis an margadh! Thosaigh níos mó agus níos mó stallaí nua ag teacht ar an bhfód de réir mar a rinne leanaí nithe as taos súgartha agus de réir mar a thug siad cartáin fholmha ón mbaile. Bhunaigh siad stallaí áit a raibh a bpéintéireachta agus a mbláthanna féin á ndíol acu. Thug siad seanbhréagáin agus leabhair ón mbaile leo agus dhíol iad lena chéile. Bhídís ina gcustaiméirí agus ansin ina n-úinéirí stallaí. Chuidigh Múinteoir Síle leo comharthaí a dhéanamh le haghaidh na stallaí éagsúla. Rinne roinnt leanaí comharthaí a thaispeáin praghas a n-earraí.

Sheol Múinteoir Síle nóta abhaile ag insint do na tuismitheoirí céard a bhí ar siúl ag na leanaí agus thug cuireadh dóibh cuairt a thabhairt ar mhargadh na leanaí nuair a bhí siad ag fágáil na leanaí ar scoil nó á mbailiú. Rinne sí fístéip de roinnt de na heipeasóidí súgartha. Lá eile bhain sí úsáid as an margadh chun fadhb a chur faoi bhráid na leanaí, agus d'fhiafraigh sí di féin os ard ar chóir di na boinn airgid a bhí aici a úsáid chun íoc as planda a chosain 5c (naíonáin shóisearacha) nó 10c (naíonáin shinsearacha). De réir mar a rinne gach leanbh na fíorbhoinn airgid a láimhseáil (1c, 2c, 5c, agus 10c), spreag sí na leanaí le hiniúchadh a dhéanamh ar na meascáin éagsúla de bhoinn airgid a d'fhéadfaidís a úsáid le haghaidh na bplandaí.

? ***Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom úsáid níos mó a bhaint as an súgradh samhlaíoch chun cur le forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta na leanaí?***

**Eispéireas foghlama 49: Meas a bheith againn ar ár dteangacha**

## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 6

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (creis)**

Teastaíonn ó mháthair Pema, Marta go bhfásfaidh Pema (17 mí) aníos agus í in ann idir Pholainnis agus Bhéarla a labhairt. Tháinig daideo Pema, Thomas, ón bPolainn chun cuairt a thabhairt ar Marta agus Pema ar feadh míosa. Mar is gnách, thug sé roinnt leabhar agus bréagán nua le haghaidh Perma. An uair seo thug sé bábóg le gruaig fhada dhubh. Thug siad Paula ar an mbábóg. Shuigh Thomas, Pema agus Paula lena chéile gach tráthnóna sa chistin ag léamh na leabhar nua. Shín sé a mhéar go mórálach i dtreo na bpictiúr agus d'ainmnigh iad i bPolainnis. Rinne Pema aithris air agus bhí an-áthas uirthi nuair a rinne sé miongháire chun a hiarrachtaí a dhearbhú.

Freastalaíonn Pema ar chreis áitiúil ó 9 r.n.go dtí 1i.n. trí lá in aghaidh na seachtaine fad is a bhíonn Marta ag obair. Maidin amháin bhí Thomas, Marta agus Pema ag siúl lena chéile chuig an gcreis. Bhí Pema agus Paula sa bhugaí. Bhí am acu stad agus pointeáil i dtreo roinnt nithe suimiúla ar an mbealach: madra, otharcharr ag dul thar bráid leis an mbonnán ag splancadh, díoltóirí bláthanna agus séipéal. Thóg Thomas a am ag ainmniú na míreanna a chonaic siad agus ag cur síos orthu i bPolainnis agus shín Perma a méar ina dtreo agus rinne iarracht aithris a dhéanamh ar roinnt de na focail. D'athdhearbhaigh Thomas na focail, shméid a cheann agus rinne miongháire le Perma.

Nuair a shroich siad an chreis, d'fháiltigh Aveen, an cleachtóir, rompu le dia duit i bPolainnis. Thaispeáin Marta dá hathair go bródúil an balla ar a raibh na grianghraif de gach teaghlach sa chreis agus an comhartha fáilte i dteanga dhúchais gach linbh. Thug Marta agus Thomas póg agus barróg do Pema agus thug Aveen í chuig an bhfuinneog ionas go bhféadfadh sí slán a fhágáil leo roimh thosú ag súgradh le Paula.

? ***Ábhar Machnaimh: Céard is féidir liom a dhéanamh chun teangacha dúchais na leanaí a thabhairt isteach sa suíomh?***

**Eispéireas foghlama 50: Is breá liom damhsa agus amhráin a chasadh**



## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (naíolann)**

Is cailín cúthail ciúin í Emily (2½ bliain d'aois). Freastalaíonn í ar naíolann áitiúil gach lá lena máthair, tuismitheoir singil a bhíonn ag obair. Nuair a bhíonn Emily ag damhsa sa naíolann athraíonn a meon go hiomlán agus bíonn sí lán de shonas agus de ghliondar agus bíonn sé sin le sonrú go soiléir. Is maith léi go háirithe na hamhráin Gugalaí gug agus Dilín ó Deamhas. Is breá léi freisin a bheith ag casadh amrán agus ag déanamh gníomhaíochtaí le haghaidh Roille Roille Ráinne agus Nigh na hÉadaí, go háirithe nuair a chantar iad sa Lativis. Bíonn sí féin agus a beirt chairde speisialta, Victoros and Seán, sna tríthí ag gáire ag an deireadh. Is breá le Victoros a theanga dhúchais a chlos in úsáid sa suíomh agus tosaíonn ag labhairt go sceitimíneach sa Laitvis nuair a chloiseann sé na rannta.

Taitníonn sé le Emily nuair a mholann an stiúrthóir seomra go dtógfaidís amach na huirlisí ceoil. Is breá léi máirseáil timpeall an tseomra lena cairde ag déanamh a lán ceoil agus torainn. Baineann siad taitneamh go háirithe as nuair a fhaigheann sí an deis dul amach. Go minic déanann Máire, an stiúrthóir seomra, taifeadadh de na leanaí ag ceol agus ag damhsa ionas gur féidir leis na leanaí na heispéiris a roinnt lena dtuismitheoirí. Tá sé tábhachach do Emily í féin a chur in iúl ar bhealaí éagsúla. Cé go bhfuil a máistreacht ar an teanga an-mhaith tá sí an-choimeádach agus í ag idirghníomhú le leanaí eile, ach fós féin is maith léi damhsa agus ceol a dhéanamh leis an gceol.

?

***Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom cuidiú leis na leanaí iad féin a chur in iúl ar bhealaí éagsúla?***

**Eispéireas foghlama 51: An cluiche a athchruthú**

## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Bhí an Bhrasaíl agus Éire le cluiche cairdeachais sacair a imirt. Bhí roinnt leanaí sa ghrúpa súgartha arb as an mBraisíl dóibh agus bhí an-sceitimíní orthu. Bhí a lán de na leanaí ag caitheamh a ngeansaithe foirne. Maidin an chluiche rinne siad meirgí agus bratacha. Bhí roinnt de na leanaí le dul chuig an gcluiche an tráthnóna sin lena dtuismitheoirí i mBaile Átha Cliath. Labhair na leanaí agus Liz, stiúrthóir an naíonra, faoi seo ag an gciorcal comhrá. Baineann roinnt leanaí úsáid as Portaingéilis, teanga oifigiúil na Brasaíle, agus spreag sé seo plé breise agus fiosracht i measc na leanaí eile. D'éist Liz leis na scéalta faoi cé a bhí chun an cluiche a bhuachan agus cérbh iad na himreoirí ab fhearr. Tar éis an phlé tharraing na leanaí pictiúir a bhain leis an téama 'Peil'. De réir mar a tharraing siad d'éist Liz le scéalta faoina líníochtaí agus scríobh sí abairt in aice gach pictiúir bunaithe ar a raibh á rá ag na leanaí. Léigh sí seo le haghaidh na leanaí. Chuidigh roinnt de na leanaí léi a 'scéalta' a léamh.

Amuigh sa chlós theastaigh ó roinnt de na leanaí a bheith ina n-imreoirí sacair ar fhoirne na hÉireann agus na Brasaíle. Rinne siad cuaillí as a gcótaí. D'iarr Liz ar na leanaí eile teacht agus tacú leis na foirne. Mhol sí dóibh táille a ghearradh ar chead isteach chuig an gcluiche. Bhain siad úsáid as clocha mar airgead agus as duilleoga mar thicéid agus d'imigh Seán agus Rianna isteach chun meirgí agus bratacha a fháil. Thug roinnt leanaí eile cathaoireacha amach agus d'eagraigh siad seastáin don lucht féachana. Bheartaigh Olivia uachtar reoite a dhíol ag an gcluiche agus bhain úsáid as píosaí páipéir mar uachtar reoite. Baineadh úsáid arís as clocha mar airgead chun na nithe seo a cheannach!

Roghnaíodh foirne agus aontaíodh ar rialacha an chluiche. Thug Liz a feadóg ar iasacht do réiteoir an chluiche, Ciara. Shéid sí an fheadóg go láidir agus thosaigh an cluiche. Scread an lucht féachana nuair a d'éirigh leis na foirne cúl a fháil agus thug tacaíocht do na himreoirí le linn an chluiche. Chroith siad na meirgí go spreagúil. Shéid an réiteoir an fheadóg ag deireadh an chluiche agus baineadh amach comhscór. Chroith an dá thaobh lámha lena chéile agus thacaigh an lucht féachana leo arís. Ar fhilleadh ar an seomra istigh dóibh, d'eagraigh Liz micreafón samhlaíoch agus chuir sí agallamh ar an dhá fhoireann. Chuir sí síneadh leis an gcomhrá seo trína tuairimí féin a chur in iúl agus trí cheisteanna a chur.

?

***Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom deiseanna a sholáthar chun cur le súgradh na leanaí lasmuigh?***

**Eispéireas foghlama 52: Dul go dtí an fiaclóir**

## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 4

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang na naíonán (bunscoil)**

Baineann Iníon Ní Mhurchú, an múinteoir ranga ag rang na naíonán sóisearach agus sinsearach, úsáid as an gcúinne do shúgradh samhlaíoch chun tacú le foghlaim na leanaí ar fud théamaí *Aistear*, chomh maith le teangacha, mata, OSCE agus OSPS i *gCuraclam na Bunscoile*. Athraíonn fócas an tsúgartha gach coicís nó mar sin. Baineann na leanaí úsáid as an gcúinne chun ligean orthu go bhfuil siad ag cócaireacht nó ag bácáil nó ag tabhairt aire do leanaí óga, go bhfuil siad sa chaife, ag an dochtúir, san oifig áitiúil leasa shóisialaigh, ag an ngaráiste, sa leabharlann, i stáisiún na ngardaí, ag iascaireacht ar thrálaer, nó ag dul ar laethanta saoire. An mhí seo toisc roinnt leanaí ag léiriú spéise i gcúrsaí fiacla, bheartaigh Iníon Ní Mhurchú agus na leanaí ligean orthu go raibh siad *ag dul go dtí an fiaclóir*. Tá roinnt de na leanaí tar éis a gcéad fiacla a chailliúint agus tá roinnt eile tar éis cuairt a thabhairt ar an bhfiaclóir leo féin nó le deartháireacha nó deirfiúracha níos sine nó lena dtuismitheoirí.


Baintear úsáid as an gcúinne don súgradh samhlaíoch de réir mar a shroicheann leanaí an scoil agus ag amanna éagsúla den lá nó den tseachtain ag brath ar cad iad na gníomhaíochtaí atá ar siúl. Eagraíonn Iníon Ní Mhurchú an cúinne don súgradh samhlaíoch ionas go n-áireofaí ann ábhar súgartha iomchuí chun tacú le foghlaim agus forbairt na leanaí, lena n-áirítear scileanna litearthachta agus uimhearthachta. Mar shampla, tá teileafón agus ríomhaire ann do rúnaí an fhiaclóra. Chomh maith leis sin tá leabhar nótaí agus peann luaidhe ann chun coinní a dhéanamh agus tá leabhair agus irisleabhair ann sa seomra feithimh.

Bhí na leanaí an-sceitimíneach faoina lialann fiaclóireachta féin a chruthú. An tseachtain dár gcionn d'eagraigh agus d'atheagraigh na leanaí an lialann fiaclóireachta agus iad ag cur leis an liosta othar de réir a chéile. Uaireanta ghlac Iníon Ní Mhurchú páirt sa súgradh leis na leanaí, agus uaireanta eile bhreathnaigh sí orthu. Ó am go chéile rinne sí idirghabháil, go háirithe nuair a bhí an chuma air go raibh an súgradh ag éirí athráiteach. Uaireanta chuir sí frapaí, focal nó smaoineamh nua faoina mbráid, uaireanta eile rinne sí moladh, chuidigh sí aighneas a réiteach agus rinne sí eiseamláiriú ar ról nua. Le linn na seachtaine, ní hé amháin go raibh na leanaí ag súgradh sa spás don súgradh samhlaíoch, ach bhí comhráite ag na leanaí faoina gcuairt ar an bhfiaclóir. D'éist siad le scéalta faoin bhfiaclóir agus léigh siad leabhair iomchuí sa chúinne leabharlainne. Bhí siad ag súgradh le frapaí amhail gloiní cosanta, folcadh béil, bior fiacla, taos fiacla, cótaí bána, druileanna, lionsaí formhéadúcháin, scátháin, agus insealltaí. D'imir siad cluichí amhail *Feicim le mo shúilín, Aimsigh na difríochtaí, Aimsigh an ceann cor* ag baint úsáide as pictiúir agus nithe atá bainteach leis an bhfiaclóir. Bhain formhór na leanaí úsáid as roinnt mhaith focal atá bainteach leis na bhfiaclóir. Ar an Aoine tháinig an t-altra déadliachta ón gclinic sláinte áitiúil. Bhain sí úsáid as scuab agus fiacla ollmhóra chun a mhíniú conas a scuabann tú na fiacla. Faoi dheireadh na seachtaine bhí an gnó sa lialann fiaclóireachta faoi bhláth agus bhí na leanaí ag déanamh fiacla bréige agus bhí teanntáin fiacla á dtairiscint acu.

?

***Ábhar Machnaimh: Cé chomh minic is a bhreathnaím ar na leanaí agus a éistim leo de réir mar atá siad i mbun súgartha samhlaíoch, agus conas is féidir liom cur leis an súgradh seo?***

**Eispéireas foghlama 53: Aithne a chur ort**



## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 2

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Sa bhaile**

Bhí Meagan (5 mhí d'aois) ag luí in aice col ceathrar léi, Doireann (8 mí). Bhí an bheirt acu ar an mata agus a lán bréagán ceangailte leis an mata sin, amhail scátháin, ábhair chraptha, flapaí fabraice, agus ainmhithe ag crochadh. Léirigh Meagan do Dhoireann go raibh sí ag baint taitnimh as a bheith ina comhluadar. Shín sí amach a lámh agus chuir a méar ar chos Dhoirinn. Rinne an bheirt miongháire agus thosaigh ag cur a n-áthas in iúl. Thaispeáin Niamh gnéithe éagsúla an mhata do na cailíní. Luigh sí in aice na beirte agus bhrúigh cnaipí chun fuaimeanna ainmhithe a chlos. Spreag sí na cailíní le hábhair éagsúla a bhrath. Rug sí greim ar a lámha chun cuidiú leo na crothla a úsáid. Nuair ba léir go raibh spéis caillte ag na cailíní sna nithe sin thosaigh sí ag casadh amhráin dóibh *Cuimil do bhosa* ag baint úsáide as gníomhaíochtaí leis an mbeirt. Chuir na cailíní in iúl di gur thaitin go mór leo an chuimilt óna méar ar bhosa a lámh de réir mar a bhí an t-amhrán á chasadh aici. Shín Doireann amach a lámh cúpla uair ag iarraidh go ndéanfaí arís agus arís eile é. Tar éis an amhráin shín Niamh a méar i dtreo éadaí agus codanna an choirp ag cur síos orthu. *Tá stocaí bána ar Dhoireann, tá stocaí gorma ar Meagan. Tá Doireann ag cur a láimhe go deas séimh ar mhéara Meagan. An dtaitníonn sin leat Meagan? Measaim go dtaitníonn.* Agus mar sin de leis an Taiscéalaíocht.

?

*Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom cuidiú leis na leanaí idirghníomhú lena chéile agus tuilleadh a fhoghlaim faoina chéile trí mheán an tsúgartha?*

**Eispéireas foghlama 54: Is breá linn capaill, mar sin bíodh cairdeas eadrainn**



## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 5

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Thosaigh Bernadette, leanbh ón Lucht Siúil (2 bhliain agus 10 mí d'aois) sa ghrúpa súgartha i lár na bliana. Tá capaill ag a teaghlach agus téann siad chuig aonaigh ar fud na tíre. Mar chuid den chruinniú foirne coicísiúil phléigh an fhoireann conas a d'fhéadfaí cuidiú le Bernadette an t-aistriú a dhéanamh chuig an ngrúpa súgartha. D'aontaigh siad póstaeir de chapaill agus d'aonaigh a fháil agus iad a chur ar taispeáint ar na ballaí. Chomh maith leis sin d'iarr siad ar an ionad oiliúna áitiúil leantóir beag a dhéanamh agus samhail de láithreán stad chun cur sa spás don súgradh samhlaíoch. Chuir siad tuilleadh capall leis an bhfeirm bheag bhréige.

Is breá le Michael (3 bliana d'aois) a bhfuil cónaí air ar fheirm, gach ní a bhaineann le feirmeoireacht – ainmnithe, tarracóirí agus leabhair i dtaobh feirmeoireachta. Caitheann Michael seisiúin fhada gach lá ag cur na feirme in eagar agus ag súgradh léi. Socraíonn sé na geataí leis na ba a choinneáil istigh agus cinntíonn sé go bhfuil uisce ag na hainmhithe. Is léiriú an súgradh seo ar nithe san fhíorshaol is breá leis a dhéanamh lena Mhamaí agus a Dhaidí a oibríonn ar na bhfeirm. Thaitin le Michael go raibh capaill sa bhreis anois san fheirm bhréige. Thaitin le Bernadette seasamh ina chóngar agus breathnú ar Michael agus é ag súgradh. Go minic shuigh sí in aice leis, agus páirt á ghlacadh aici sa súgradh mar bhreathnóir. Chonaic an fhoireann a raibh ag tarlú.

Tar éis cúpla lá agus le spreagadh ó Nóra, stiúrthóir an ghrúpa súgartha, chinn Bernadette páirt a ghlacadh le Michael agus súgradh leis na capaill. Thosaigh caidreamh eatarthu. Thacaigh Nóra leis seo agus d'iarr orthu nithe a dhéanamh cosúil le glanadh suas lena chéile agus súgradh lasmuigh lena

chéile. Is breá leo cluichí a imirt a bhaineann le capaill. Is breá le Bernadette seo agus go minic téann sí chun a Daid a fheiceáil i rásaí ar a gcapall féin. Uaireanta ligeann Michael air gurb é siúd an capall agus gurb í Bernadette a hathair agus í ag marcaíocht ar an gcapall. Deir Bernadette giddy-up leis an gcapall. Ó am go chéile úsáideann Bernadette focail 'Caintise' fad is atá sí ag súgradh. Tá suim ag Nora tuilleadh a fháil amach faoi seo ó thuismitheoirí Bernadette. Ag an gcéad chruinniú foirne eile molfaidh sí dá comhghleacaithe go bhfoghlaimeoidís agus go n-úsáidfidís roinnt focal Caintise chun cuidiú le Bernadette bheith níos sona compordaí sa ghrúpa súgartha. Chuideodh sé seo leis na leanaí eile tuilleadh a fhoghlaim faoi shaol an Lucht Siúil.

? *Ábhar Machnaimh: An léiriú maith na frapaí súgartha i mo shuíomh ar chultúir agus ar chúlraí na leanaí?*

**Eispéireas foghlama 55: Cumhacht an cheoil agus na scéalaíochta**



## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 4

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (creis)**

Tá siondróm Down ag Abi (beagnach 4 bliana d'aois) agus freastalaíonn sí ar chreis áitiúil. Baineann an fhoireann an-úsáid as ceol i rith an lae. Casann siad cantaireacht speisialta chun an t-aistriú ó ghníomhaíocht amháin go gníomhaíocht eile a éascú agus baineann siad úsáid as amhráin fhuinniúla chun leibhéil fuinnimh a ardú, go háirithe sa tráthnóna. Thug Mella, an stiúrthóir seomra, faoi deara gur fhreagair Abi go dearfach do cheol. Cuidíonn Abi go fuinniúil leis an nglanadh suas nuair a chasann siad amhrán an ghlanta suas. Is breá léi nuair a chasann siad amhrán na fáilte, *Dia duit Abi, conas atá tú inniu?* (ag dul tríd ainmneacha na leanaí go léir). Déanann sí mionghháire nuair a úsáidtear a hainm.

Is breá le Abi go háirithe é nuair a chásann siad an t-amhrán, *Rólaí polaí* – éiríonn sí an-bheoga agus inspreagtha. Chomh math leis sin úsáideann Mella a lán den teanga súgartha agus cuidíonn le hAbi agus leis na leanaí eile le forbairt a dteanga. Imríonn siad cluichí rannaireachta agus déanann Abi gáire nuair a chruthaíonn a cairde scéalta grinn agus focail raiméise. Is breá léi freisin casfhocail agus rabhlóga.

Baineann Mella úsáid as scéalaíocht chruthaitheach chun focail agus smaointe nua a chur faoi bhráid na leanaí. Caitheann sí hata agus clóca speisialta scéalaíochta chun cuidiú le gach duine a bheith sa giúmar ceart don scéalaíocht. Suíonn na leanaí ar phónaireáin. Uaireanta baineann Mella úsáid as ceol don scéalaíocht. Déanann sí iarracht píosaí ceoil a mheaitseáil le scéalta. Is breá le Abi an chuid seo.

Le cúnamh ó na leanaí agus a dteaghlaigh chruthaigh Mella réimse frapaí a chuir sí i mála scéalaíochta chun na scéalta a thabhairt chun beatha. Mar shampla, sa mhála (clúdach piliúir ildaite) d'fhéadfadh ceithre nó cúig cinn de fhrapaí a bheith ann – frapaí atá bainteach leis an scéal. Ina measc bheadh figiúirí ar scála beag, figiúirí iompair agus ainmhithe, torthaí, pictiúir de charactair agus a n-ainmneacha scríofa faoina mbun, príomhfhocail scríofa i gcló mór, maisc ag léiriú mothúcháin éagsúla, bábóg óg nó teidí, hata, bróga, píosaí éadaigh, cineálacha éagsúla bia, tóirse, steiteascóp, eochracha, fón póca, boinn airgid, grianghraif, bréagáin amhail puipéad de mhadra rua nó figiúr cairtchláir, glasraí amhail tornapa don scéal, *An Tornapa Ollmhór.* Níl teorainn leis an liosta frapaí a d'fhéadfaí a úsáid! Déanann Mella a dícheall leabhar fíorasach a úsáid a bhaineann leis an scéal. Uaireanta úsáideann sí scéalta mar gheall ar an tír ina bhfuil an scéal suite, uaireanta scéal i dtaobh na garraíodóireachta, uaireanta scéal mar gheall ar spóirt agus ar ainmhithe. Is cuidiú mór í leabharlannaí áitiúil Mella nuair a bhíonn leabhair á lorg aici. Bíonn Abi i gcónaí sáite i ngach scéal a insíonn Mella agus bíonn sí i gcónaí ag iarraidh a fháil amach cathain a chuirfidh Mella an chéad scéal eile ar fáil!

? *Ábhar Machnaimh: Cad iad na frapaí súgartha is féidir liom a úsáid chun scéalta a thabhairt chun beatha?*

**Eispéireas foghlama 56: Am do scéal**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 5

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang na naíonán (bunscoil)**

Bhí rang na naíonán sinsearach, ina raibh 28 buachaill, á n-ullmhú féin d'am scéalaíochta. Shocraigh siad isteach ar na mataí ag cúl an tseomra ranga in aice an spás leabharlainne. Chuir an múinteoir a hata scéalaíochta air agus bhí roinnt frapaí in aice leis chun cuidiú leis an scéal *Jack agus an Gas Pónaire* a insint. Léigh sé an scéal dóibh le cúnamh ó roinnt de na buachaillí a roghnaigh róil éagsúla sa scéal.

Le linn am plé d'fhiafraigh an tUasal Ó Dónaill de na buachaillí cur síos a dhéanamh ar na carachtair éagsúla sa scéal. Chuir sé roinnt ceisteanna orthu amhail: ***An raibh sé ceart gur sheol máthar Jack é leis féin chun an bhó a dhíol? An raibh sé ceart do Jack nithe a ghoid ón bhfathach?*** D'eascair roinnt comhráite suimiúla as an bplé seo. Níos déanaí an lá sin d'imir na buachaillí cluichí le focail thábhachtacha ón scéal. Is breá leo seo a dhéanamh go háirithe focail raiméise a chruthú.

Tháinig an tUasal Ó Dónaill ar ais chuig an scéal an lá dár gcionn agus d'iarr orthu deirí eile a chumadh don scéal. Níos déanaí le linn am drámaíochta rinne na buachaillí aisteoireacht ar an scéal *Jack agus an Gas Pónaire*. Chuir siad deirí nua leis mar shampla cairdeas á dhéanamh idir Jack agus an fathach, Jack ag díol na bó agus a lán airgid á fháil aige air sin, Jack ag fágáil baile agus gan an t-airgead á thabhairt dá mháthair, na gardaí ag gabháil Jack agus iad á thabhairt chuig stáisiún na nGardaí, príomhoide na scoile ag glaoch ar mháthair Jack chun a fháil amach cén fáth nach bhfuil sé ag freastal ar scoil. Thóg an múinteoir ar a gcuid smaointe agus chuidigh leo a scéalta féin a fhorbairt. Thar an gcéad dá lá eile, ag obair i mbeirteanna, scríobh na buachaillí a scéalta féin faoi Jack. Bhain siad úsáid as focail ón gclár bán bunaithe ar an bplé acu agus bhain siad úsáid as a litriú féin ar fhocail. Chuir na leanaí a gcuid líníochtaí féin leis an scéal. Mhol an tUasal Ó Dónaill do na buachaillí go bhféadfaidís na leathanaigh a ghreamú le chéile agus leabhar a chruthú ar a gcuirfidís a n-ainmneacha mar údair agus maisitheoirí leabhar. Chuir siad isteach uimhreacha leathanaigh agus fiú amháin cóid ISBN! An tseachtain dár gcionn thug na buachaillí cuairt ar sheomra ranga na naíonán sóisearach chun léamh do na leanaí i ngrúpaí beaga. Fuair na tuismitheoirí an deis na leabhair a léamh nuair a thug siad na buachaillí ar scoil an lá dár gcionn nó nuair a bhí na buachaillí á mbailiú acu.

? ***Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom scéalaíocht a úsáid chun scileanna smaointeoireachta ardoird a chothú?***

# Conclúid

Féadfaidh súgradh a bheith taitneamhach agus a bheith dúshlánach do dhaoine fásta agus do leanaí araon. Trí chuidiú le leanaí páirt a ghlacadh i gcineálacha éagsúla súgartha ina n-aonar agus le daoine eile, agus trí thimpeallacht súgartha le hacmhainní maithe ann a sholáthar laistigh agus lasmuigh, is féidir le daoine fásta na deiseanna foghlama a chuireann an súgradh ar fáil a shaibhriú.





# Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe

# Réamhrá

Is gnáthchuid den idirghníomhú idir daoine fásta agus leanaí é an measúnú. Bíonn daoine fásta de shíor ag tabhairt breithiúnas ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí agus baineann siad úsáid as an eolas a bhailíonn siad chun cuidiú le leanaí lena ndul chun cinn. Tugann leanaí breithiúnais chomh maith faoina gcumais, faoi na nithe a mbaineann siad taitneamh astu, faoi na nithe is féidir leo a dhéanamh ach roinnt bheag cúnaimh a fháil, agus faoi na nithe ar mhaith leo a dhéanamh amach anseo.

Cuireann na treoirlínte seo síos ar céard is measúnú ann agus léiríonn siad cad atá i gceist le measúnú le linn na luath-óige. Déantar tagairt shonrach ó am go chéile do ranganna na naíonán i mbunscoileanna mar a bhfuil bonn reachtaíochta leis an gcleachtas measúnaithe.

## Cad is measúnú ann? Cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint leis?

**Fíor 3: Sainmhíniú an fhocail 'measúnú'**

Is éard is measúnú ann ná próiseas leanúnach mar a ndéantar eolas a **bhailiú, a dhoiciméadú, machnamh air, agus é a úsáid** d'fhonn léiriú saibhir a fháil ar leanaí mar fhoghlaimeoirí, chun tacú lena gcuid foghlama amach anseo agus chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim sin.

Cuidíonn an measúnú leis an duine fásta a fháil amach cad a thuigeann leanaí, conas a dhéanann siad machnamh, cad is féidir leo a dhéanamh, cad iad na meonta atá acu agus cad iad na nithe a bhfuil spéis acu iontu. Cuidíonn an t-eolas seo leis an duine fásta scéalta saibhre a fhoirmiú de leanaí mar fhoghlaimeoirí inniúla d'fhonn tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt amach anseo. Lena linn seo baineann an duine fásta úsáid as an eolas measúnaithe chun aiseolas leanúnach a thabhairt do leanaí faoi conas atá ag éirí leo lena gcuid foghlama, eispéiris dhúshlánacha thaitneamhacha a chur ar fáil dóibh, tacaí iomchuí a roghnú dóibh, agus doiciméadú agus ceiliúradh a dhéanamh ar a gcéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama agus na céimeanna sin a phleanáil.

Go bunúsach, breithneoidh an duine fásta na ceisteanna seo a leanas agus measúnú beartaithe acu.

**Tábla 11: Machnamh ar mheasúnú**

| Eilimint | Ceisteanna |
|---|---|
| **Breithiúnas a thabhairt** | Cad iad na gnéithe d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí ar mhaith liom mo mheasúnú a dhíriú orthu?<br><br>Cé thabharfaidh an breithiúnas – mise, na leanaí, nó muid araon? |
| **Taifeadadh** | Conas a dhéanfaidh mé an breithiúnas a thaifeadadh – mar nóta cinn, nóta scríofa, tagairt nó scéal, líníocht, grianghraf nó taifeadadh fístéipe, nó mar sheicliosta, srl.?<br><br>Conas a fhéachfaidh mé chuige, le caitheamh ama, go bhfuil léiriú saibhir á fháil agam ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí?<br><br>An dtabharfaidh mé deiseanna do leanaí a gcuid breithiúnas féin a dhéanamh? Cén chaoi a chuirfidh mé na deiseanna sin ar fáil? |
| **Comhroinnt** | Cad a theastaíonn uaim a rá le leanaí faoina gcuid foghlama agus forbartha?<br><br>Cad a theastaíonn uaim a chomhroinnt le tuismitheoirí na leanaí?<br><br>Conas a chomhroinnfidh mé an t-eolas ón measúnú? |

Dhá chur chuige i leith an mheasúnaithe ná **Measúnú chun Foghlama** agus **Measúnú ar an bhFoghlaim**. An difríocht idir an dá chur chuige ná an chaoi a n-úsáideann an duine fásta an t-eolas a bhaileoidh sé/sí. Príomhchuspóir Mheasúnú ar an bhFoghlaim ná daoine eile, amhail tuismitheoirí agus gairmithe, dála teiripeoirí, a chur ar an eolas faoina bhfuil bainte amach ag leanaí. Díríonn an Measúnú chun Foghlama ar eolas measúnaithe a úsáid chun cuidiú le leanaí lena gcéad chéimeanna eile dá bhfoghlaim agus dá bhforbairt. Cé go bhfuil an dá chur chuige tábhachtach, díríonn na treoirlínte seo ar an duine fásta a bheith ag baint úsáide as an measúnú ar bhonn laethúil chun cuidiú le leanaí dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama agus forbartha ar fud cheithre théama *Aistear*. Sin Measúnú chun Foghlama.

### Measúnú a 'dhéanamh'

Trasnaíonn na ceithre bheart measúnaithe — eolas a bhailiú, a dhoiciméadú, machnamh air, agus é a úsáid — agus go minic tarlaíonn siad i gcomhthráth. Ó am go chéile úsáidfidh an duine fásta gach ceann de na ceithre bheart i gcomhthráth agus uaireanta ní rachaidh sé/sí ach i mbun ceann amháin nó dhá cheann. Uaireanta déanfaidh an duine fásta measúnú laistigh de chúpla soicind nó nóiméad, ach go minic tarlóidh measúnú i gcaitheamh tréimhse de roinnt laethanta nó seachtainí. Uaireanta déanfaidh an duine fásta measúnú gan é bheith beartaithe acu déanamh amhlaidh. Ag amanna eile, beartóidh sé/sí díriú ar ghnéithe ar leith d'fhoghlaim agus d'fhorbairt ar fud théamaí *Aistear*. Tá achoimre i dTábla 12 de roinnt de na príomhghnéithe a bhaineann leis an dea-chleachtas.




**Tábla 12: Gnéithe den dea-chleachtas sa mheasúnú**

| Measúnú | An duine fásta |
|---|---|
| **Ar mhaithe le leanaí** | ■ tabharfaidh sé/sí aiseolas do leanaí maidir lena bhfoghlaim mar chuid den idirghníomhú laethúil leo<br>■ déanfaidh sé/sí cinntí a thógfaidh ar eispéiris a tharla san am atá thart agus tacóidh siad le foghlaim nua |
| **Leanaí páirteach ann** | ■ labhróidh sé/sí le leanaí chun tuiscint a fháil ar a gcuid foghlama<br>■ tabharfaidh sé/sí deiseanna do leanaí machnamh ar a ndearna siad, ar a ndúirt siad agus ar an méid a d'fhoghlaim siad agus ar a bhfuil beartaithe acu a dhéanamh mar chéad chéim eile |
| **Déanann ciall do leanaí** | ■ déanfaidh sé/sí measúnú mar chuid de na gníomhaíochtaí, na himeachtaí, na gnáthaimh agus den idirghníomhú a tharlóidh gach lá, agus bainfidh úsáid as nithe, as áiteanna agus as daoine a bhfuil aithne ag na leanaí orthu nó a bhfuil spéis acu iontu |
| **Teaghlaigh leanaí páirteach ann** | ■ cuirfidh sé/sí léargais ar fáil do thuismitheoirí maidir le foghlaim a leanaí agus tabharfaidh moltaí dóibh maidir leis an gcaoi ar féidir leo tacú le foghlaim sa bhaile<br>■ tabharfaidh sé/sí deiseanna do thuismitheoirí eolas a chomhroinnt faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt a leanaí |
| **Baineann úsáid as an iliomad modhanna** | ■ úsáidfidh sé/sí modhanna amhail féinmheasúnú, comhráite, breathnóireacht, tascanna agus tástálacha<br>■ bainfidh sé/sí úsáid as modhanna ar bhealach iomchuí, i gcomhthéacs aoiseanna, chúlraí agus chéimeanna foghlama agus forbartha na leanaí |
| **Tarlaíonn le caitheamh ama** | ■ baileoidh sé/sí eolas ar bhonn laethúil agus bainfidh úsáid as<br>■ le caitheamh ama, gheobhaidh sé/sí léiriú saibhir ar gach leanbh mar fhoghlaimeoir |
| **Déanann ceiliúradh ar fhairsinge agus ar dhoimhne fhoghlaim agus fhorbairt na leanaí** | ■ cuirfidh sé/sí fianaise ar fáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí ar fud na meonta, na scileanna, na dtuairimí agus luachanna agus an eolais agus na tuisceana arna leagan amach i dtéamaí *Aistear* |

## Cad a dhéanfaidh mé a mheasúnú agus cathain a dhéanfaidh mé an measúnú sin?

Le linn an mheasúnaithe, beidh an duine fásta ag lorg fianaise ar dhul chun cinn an linbh ar fud théamaí Aistear:

- **meonta:** mar shampla fiosracht, aird a dhíriú ar rudaí, teacht aniar i gcás deacrachtaí, agus buanseasmhacht
- **scileanna:** mar shampla siúl, gearradh, scríbhneoireacht, agus réiteach fadhbanna
- **tuairimí agus luachanna:** mar shampla meas a bheith acu orthu féin agus ar dhaoine eile, aire a thabhairt don chomhshaol, agus dearcadh dearfach i leith na foghlama agus an tsaoil
- **eolas agus tuiscint:** mar shampla nithe a rangú ag baint úsáide as dath agus méid, 'rialacha' foghlama don idirghníomhú le daoine eile, fáil amach faoi dhaoine ina bpobal, agus tuiscint ar fhocail agus ar an gciall atá leo.

Díreoidh an duine fásta ar na nithe is féidir le leanaí a dhéanamh, a chruthú agus a rá. Mar shampla, d'fhéadfadh sé/sí breathnú ar leanaí óga agus iad ag féachaint ar a chéile agus ag tionscnamh na cumarsáide trí lámh a leagan ar a chéile nó trí scread a ligean, nó breathnú ar mhamailínigh ag obair i gcomhar lena chéile chun carn cloch a thógáil, nó breathnú ar leanaí ag iniúchadh fuaimeanna de réir mar a chruthaíonn siad uirlisí dóibh féin ó nithe déanta d'ábhair éagsúla agus ar chruthanna agus ar mhéideanna éagsúla. Bainfidh an duine fásta úsáid as aidhmeanna agus spriocanna foghlama *Aistear* chun na heispéiris seo a thuiscint agus chun iad a fhairsingiú. Tá tábhacht ar leith ag baint le heolas a bhailiú le caitheamh ama go háirithe i gcás leanaí idir 0 agus 6 bliana d'aois mar nach bhfuil patrúin ar leith ag baint lena bhfoghlaim agus a bhforbairt, agus mar nach bhfuil an ráta céanna i gceist le gach leanbh.

Bíonn clocha míle forbraíochta ag leanaí freisin, a ndéanann gairmithe sláinte seiceáil orthu ag amanna áirithe le linn na luath-óige. Chomh maith leis sin bíonn páirt thábhachtach ag an measúnú diagnóiseach i gcuidiú riachtanais speisialta oideachais leanaí a shainaithint. Cé nach ndéanann an chuid is mó de chleachtóirí measúnachtaí diagnóiseacha, go minic tugann siad faoi deara comharthaí go bhfuil deacrachtaí féideartha ann agus is féidir leo a gcúiseanna imní a chur faoi bhráid na dtuismitheoirí agus na ngairmithe iomchuí.

## Cén t-eolas a dhéanfaidh mé a dhoiciméadú agus cén fáth agus cén chaoi a ndéanfaidh mé é a dhoiciméadú?

Cuireann doiciméadú taifead ar fáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí. Cuidíonn an taifead seo scéal a insint faoi aistear leanaí mar fhoghlaimeoirí inniúla. Déanfaidh an duine fásta doiciméadú ar na nithe tábhachtacha a dtéann na leanaí ina mbun, agus an chaoi a dtéann na leanaí i mbun na foghlama. Uaireanta coinneoidh sé/sí taifead níos mionsonraí i leith na páirte a ghlac leanaí in imeachtaí nó i ngníomhaíochtaí ar leith d'fhonn léiriú níos iomláine a fháil de shaibhreas agus de chastacht a gcuid foghlama agus forbartha. Bíonn an **cur chuige scéalaíochta** seo an-úsáideach le linn na luath-óige.

D'fhéadfaí doiciméadú na nithe seo a leanas a chur san áireamh: nótaí scríofa, scéalta, grianghraif, físeáin, agus samplaí de nithe a rinne leanaí, amhail samhlacha, dealbha, pictiúir, péintéireachtaí, tionscadail, tuairimí leo a scríobhadh síos, freagraí, nó ráitis. Bainfidh daoine fásta agus leanaí úsáid as an bhfianaise seo den fhoghlaim chun ceiliúradh a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar a bhfuil bainte amach acu, agus chun na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim a phleanáil. Cuideoidh an doiciméadú freisin leis an duine fásta/nó an leanbh eolas a chomhroinnt le tuismitheoirí. Cuideoidh sé seo le tuismitheoirí eispéiris na leanaí a fhairsingiú agus iad lasmuigh den bhaile, agus ar an gcaoi seo an fhoghlaim a dhéanamh níos taitneamhaí agus níos rathúla. I gcás roinnt leanaí, cuireann an doiciméadú eolas ríthábhachtach ar fáil i gcuidiú riachtanais speisialta oideachais a shainaithint, tacú a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na n-idirghabhálacha sin.

### Beartú ar cad a dhéanfar a dhoiciméadú

Ní bheadh sé praiticiúil ná úsáideach dá ndéanfadh an duine fásta taifeadadh ar gach rud a chuala agus a chonaic sé/sí agus ar gach rud a fuair sé/sí amach. Cinnfidh sé/sí cén t-eolas a bheadh úsáideadh i léiriú agus tuiscint dhul chun cinn an linbh ó thaobh meonta, tuairimí, eolais agus tuisceana de. Déanfaidh an duine fásta doiciméadú ar eolas i ndáil le gach leanbh. I gcás leanaí áirithe, mar shampla leanaí a bhféadfadh deacracht foghlama a bheith acu nó a bhfuil eolas breise ag teastáil ón duine fásta ina leith chun léiriú níos iomláine a fháil ar ghné ar leith den fhoghlaim, déanfaidh sé/sí eolas a thaifeadadh níos minice. Uaireanta, déanfaidh an duine fásta eolas sonrach a thaifeadadh agus uaireanta eile ní bheidh an t-eolas chomh sonrach. Bunaithe ar shaineolas gairmiúil, cinnfidh sé/sí cá mhéid eolais is gá agus cé chomh minic is gá an t-eolas sin a thaifeadadh. An rud is tábhachtaí ná go mbeadh an doiciméadú ag tacú le hobair an duine fhásta le leanaí sa suíomh ar bhealach soláimhsithe.

## Beartú ar an gcaoi le doiciméadú a dhéanamh

Cuireann Tábla 13 síos ar na cineálacha éagsúla doiciméadaithe. Tá samplaí san áireamh in *eispéiris foghlama* 57-74.

**Tábla 13: Foghlaim agus forbairt leanaí a dhoiciméadú**

| Cineál Doiciméadaithe | Acmhainní, modh agus aoisghrúpa |
|---|---|
| **Samplaí d'obair leanaí** | *Acmhainní:* obair leanaí<br>*Modh*: Déanfaidh an duine fásta stóráil ar shamplaí d'obair leanaí. Uaireanta roghnóidh an leanbh na samplaí, agus uaireanta eile cinnfidh an duine fásta ar céard a roghnófar, agus uaireanta eile, roghnóidh an leanbh agus an duine fásta an t-ábhar i dteannta a chéile.<br>*Aoisghrúpa:* sé mhí go dtí sé bliana |
| **Nótaí** | *Acmhainní*: leabhar nótaí, nótaí greamaitheacha, ríomhaire le pacáiste próiseála focal<br>*Modh*: Glacfaidh an duine fásta nótaí gearra, nach mbeidh iontu ach eochairfhocail, faoi imeacht, gníomhaíocht nó tasc ar leith. Uaireanta féadfaidh an nótaí a bheidh níos faide, le sonraí faoi ghné ar leith d'fhoghlaim leanaí. Féadfaidh na nótaí díriú ar leanbh ar leith nó ar ghrúpa leanaí. Le caitheamh ama, inseoidh na nótaí scéal mar gheall ar an nithe a rinne leanaí, na nithe a dúirt siad agus na nithe a thuig siad.<br>*Aoisghrúpa*: 0-6 bliana |
| **TFC: grianghraif agus taifid ar fhístéipeanna nó clostaifid** | *Acmhainní:* ceamara, fístaifeadán, clostaifeadán, téipeanna<br>*Modh*: Bainfidh an duine fásta úsáid as ceamara nó as fístaifeadán nó clostaifeadán chun cúpla nóiméad d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an linbh a thaifeadadh. Cuideoidh gach grianghraif agus gearrthóg fístéipe scéal a insint. Féadfaidh bailiúchán le caitheamh ama dul chun cinn leanaí a léiriú, maille lena bhfuil bainte amach acu. Féadfar sraith grianghraf a thógáil i lá amháin chun dul chun cinn linbh i ngníomhaíocht áirithe a léiriú.<br>*Aoisghrúpa:* 0-6 bliana (le cead faighte i scríbhinn roimh ré ó na tuismitheoirí) |
| **Scéalta** | *Acmhainní:* leabhar nótaí, nótaí greamaitheacha, ríomhaire le pacáiste próiseála focal<br>*Modh:* Glacfaidh an duine fásta nótaí gearra faoin bpáirt a ghlac leanaí in imeacht, gníomhaíocht nó tasc ar leith. Féadfaidh na nótaí díriú ar an méid a rinne leanbh áirithe nó an méid a rinne grúpa leanaí. Neamhchosúil le nótaí, tugann an cineál seo doiciméadaithe eolas níos sonraí faoi idirghníomhú leanaí le daoine eile, chomh maith le míreanna agus áiteanna iomchuí, agus iad scríofa go seicheamhach. Cuideoidh na scéalta seo leis an duine fásta an dul chun cinn atá á dhéanamh ag leanaí a fheiceáil agus a thuiscint i ndáil le meonta, scileanna, tuairimí agus luachanna, eolas agus tuiscint *Aistear*. Féadfaidh samplaí d'obair leanaí agus grianghraif an léiriú a shaibhriú.<br>*Aoisghrúpa*: 0-6 bliana |

| | |
|---|---|
| **Dialanna laethúla nó taifid chúraim** | *Acmhainní:* leabhar nótaí, fillteán, ríomhaire le pacáiste próiseála focal<br><br>*Modh:* Glacfaidh an duine fásta (go minic an tOibrí Bunriachtanach) nótaí achoimre gach lá faoi ghnáthaimh agus freagraí leanaí, mar shampla céard a d'ith an leanbh, cá mhéad codlata a fuair sé/sí, cé chomh minic is a athraíodh a c(h)lúidín, agus an t-idirghnníomhú agus na gníomhaíochtaí éagsúla. Bunaithe ar iompar, ar chomharthaíocht choirp agus ar aiseolas briathartha ó leanaí, féadfaidh an duine fásta nóta a choinneáil maidir leis na nithe is maith leis an leanbh, na nithe is fearr leis an leanbh agus na nithe a bhain an leanbh amach. Déanfar ábhar na dialainne a chur in iúl do na tuismitheoirí agus seolfar an t-eolas abhaile chuige seo. Féadfar iarraidh ar thuismitheoirí a dtuairimí a chur in iúl nó eolas a sholáthar faoi nithe a thaitníonn lena leanaí a dhéanamh chomh maith le nithe a fhaigheann siad deacair.<br><br>*Aoisghrúpa:* 0-3 bliana, agus suas go 6 bliana d'aois do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. |
| **Seicliostaí** | *Acmhainní:* seicliostaí réamhullmhaithe<br><br>*Modh*: Bainfidh an duine fásta úsáid as seicliosta chun eolas a thaifeadadh maidir le gnéithe áirithe d'fhoghlaim leanaí, de ghnáth ag deireadh thréimhse áirithe ama. Tabharfaidh an duine fásta breithiúnais agus soláthróidh siad cur síos réamhdhearbhaithe. D'fheadfaidís sin díriú, mar shampla, ar an idirghníomhú fisiceach nó ar scileanna litearthachta. De ghnáth cuirfidh an duine fásta tic leis an gceannteideal is fearr a chuireann síos ar dhul chun cinn an linbh go dtí sin.<br><br>*Aoisghrúpa: 0-*6 bliana d'aois |
| **Tuairiscí** | *Acmhainní:* teimpléid le haghaidh tuairiscí<br><br>*Modh*: Bainfidh an duine fásta úsáid as eolas ó réimse modhanna measúnaithe agus as doiciméadú éagsúil chun tuairiscí ar fhoghlaim agus forbairt leanaí a scríobh. Comhroinnfidh sé/sí na tuairiscí seo leis na tuismitheoirí. Sa mhéid go ndíreoidh na tuairiscí seo ar dhul chun cinn na leanaí agus ar a bhfuil bainte amach acu, déanfar iad a scríobh ag amanna ar leith i rith na bliana, mar shampla sa samhradh tar éis don leanbh bliain a chur i gcrích sa suíomh.<br><br>I gcás leanaí áirithe, féadfaidh an duine fásta tuairisc a fháil ó ghairmí eile, amhail síceolaí, teiripeoir urlabhra agus teanga, teiripeoir súgartha, nó fisiteiripeoir. Bainfidh an duine fásta úsáid as na tuairiscí chun cuidí leis/léi lena (h)obair le leanaí.<br><br>*Aoisghrúpa:* 0-6 bliana (De ghnáth úsáidfear tuairiscí le haghaidh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus le haghaidh leanaí ar an mbunscoil.) |

## Conas an t-eolas measúnaithe a stóráil agus cá fhad é a choinneáil?

Féadfar eolas measúnaithe a stóráil i bhfillteáin foghlama na leanaí, i gcomhaid an chleachtóra, agus i gcomhaid lárnacha[3].

### Fillteáin foghlama na leanaí

Tá an fillteán foghlama ar bhealach cuidiúil eolas faoi fhoghlaim agus forbairt leanaí a thiomsú. Féadfaidh an bailiúchán seo a bheith i bhfoirm fillteáin, i leabhar gearrthóg, i mbosca bróg, gránaigh nó píotsa, nó in áit chomhchosúil inar féidir nithe a rinne leanaí, grianghraif, scéalta, nótaí, taifid chúraim, seicliostaí agus marcanna i dtástálacha (más iomchuí), a choinneáil. Inseoidh an bailiúchán seo scéal faoi aistear foghlama gach linbh – faoina (h)iarrachaí, a d(h)ul chun cinn agus a bhfuil bainte amach aige/aici le caitheamh ama.

Féadfaidh na fillteáin seo cuidiú le leanaí a bheith bródúil as a bhfoghlaim agus a bhforbairt agus úinéireacht a ghlacadh astu. Mar shampla, féadfaidh leanaí samplaí oibre agus grianghraif a roghnú dá bhfillteáin, machnamh ar na nithe sin, agus le cúnamh an duine fhásta, pleanáil don obair amach anseo. Féadfaidh an t-eispéireas seo an fhoghlaim a dhéanamh níos taitneamhaí dóibh.

3 Féach caighdeán 15 i *Síolta*, An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige (2006), a dhearbhaíonn gur 'gá rialachán agus ceanglas reachtúil ábhartha a chomhlíonadh, nó dul tharstu'. I gcás múinteoirí na naíonán i mbunscoileanna, tá tuilleadh eolais faoi fhaisnéis a thaifeadadh agus a stóráil ar fáil sa cháipéis, *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* (2007).

### Taifid an chleachtóra

Féadfaidh cleachtóirí a bhíonn ag obair i suíomh lasmuigh den bhaile taifead a choinneáil le haghaidh gach linbh ina g(h)rúpa nó ina rang. D'fhéadfaí breathnóireacht, comhráite le leanaí agus a dtuismitheoirí, imeachtaí agus tarluithe a bheith sa taifead seo. Cuirfidh an cleachtóir leis an taifead seo de réir mar is iomchuí. Ar an gcaoi seo, is 'taifead reatha' é.

### Comhaid lárnacha

Caithfear eolas áirithe faoi riachtanais leanaí a choinneáil i gcomhad lárnach i suíomh lasmuigh den bhaile. Féadfaidh seo sonraí a áireamh cosúil le hainmneacha agus sonraí teagmhála na dtuismitheoirí, eolas leighis, tuairiscí agus eolas ó ghairmithe eile amhail teiripeoirí, agus mar sin de. I gcás suíomhanna ina bhfuil roinnt cleachtóirí, d'fhéadfadh tábhacht ar leith a bheith ag baint le go mbeadh fáil ar an gcineál eolais seo. I gcás ina bhfuil leanaí ag freastal ar shuíomh ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin, féadfaidh an duine fásta pointí tábhachtacha eolais faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt linbh a aistriú chuig an gcomhad ag deireadh na bliana nó ag deireadh tréimhse ama eile.

Ba chóir eolas measúnaithe a bhailítear sa suíomh agus eolas a bhailíonn gairmithe eile (mar shampla, tuairiscí a fhaightear ó theiripeoir) a stóráil go slán agus níor chóir ach do na daoine a bhfuil baint acu le foghlaim agus forbairt an linbh úsáid a bhaint as an eolas sin. Tá sé tábhachtach freisin nach mbainfí úsáid as an eolas ach amháin ar mhaithe leis na spriocanna a bhí i gceist lena bhailiú agus lena dhoiciméadú. Féadfar eolas a stóráil ag baint úsáide as córas struchtúrtha comhdaithe láimhe, agus/nó as córas comhdaithe leictreonach. I gcás ina gcoinnítear taifid leictreonacha, féadfaidh an duine fásta grianghraif a chur san áireamh de nithe a rinne na leanaí.

Déanfar cinneadh i ngach suíomh ar leith cá fhad a choinneofar an t-eolas. I gcás bunscoileanna, moltar eolas iomchuí a stóráil go dtí go sroichfidh leanbh aois a fiche haon[4].



## Conas a bhainfidh mé úsáid as an eolas a bhaileoidh mé agus a dhéanfaidh mé a dhoiciméadú?

Mar chuid d'obair an ghairmí tá machnamh ar céard le déanamh, conas é a dhéanamh agus cén fáth a ndéantar é. Bainfidh an duine fásta athmhachnamhach úsáid as eolas faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt leanaí chun machnamh ar a c(h)leachtas, agus bealaí a shainaithint chun feabhas a chur ar an gcleachtas sin. Féadfaidh sé/sí seo a dhéanamh i gcomhpháirt lena c(h)omhghleacaithe agus/nó le gairmithe eile. Mar thoradh ar an athmhachnamh seo d'fhéadfadh an duine fásta an chaoi a n-idirghníomhaíonn sé/sí le leanaí agus a dtuismitheoirí a athrú, atheagrú a dhéanamh ar an seomra, gnáthaimh a athrú, gníomhaíochtaí áirithe a phleanáil, agus ábhair agus míreanna sonracha a sholáthar. Comhroinnfidh an duine fásta an t-eolas measúnaithe freisin le leanaí agus a dtuismitheoirí agus bainfidh úsáid as an eolas seo chun pleanáil do dhul chun cinn leanaí.

### Tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Féadfaidh eolas measúnaithe foláireamh a thabhairt don duine fásta go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag leanaí. Trí chúiseanna imní a chur faoi bhráid tuismitheoirí agus gairmithe eile, tá ról ríthábhachtach ag an duine fásta i gcuidiú le rochtain a fháil ar thacaí iomchuí chun cabhrú le leanaí dul chun cinn ina bhfoghlaim agus teorainn a chur leis an tionchar féideartha a bheadh ag míchumas nó deacracht ar fhoghlaim agus forbairt amach anseo. San áireamh leis an tacaí seo d'fhéadfaí clár sonrach foghlama a chur i bhfeidhm le haghaidh linbh. D'fhéadfadh seo a bheith bunaithe ar Phlean Oideachais don Dalta Aonair (PODA)[5].


---

[4] Féadfaidh tuismitheoirí eolas measúnaithe a iarraidh ó scoileanna, nó féadfaidh leanaí an t-eolas sin a iarraidh ar shroicheadh ocht mbliana déag d'aois dóibh faoin Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) (2003).

[5] Níl úsáid PODA mar atá leagtha amach san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (ODRSO, 2004) achtaithe go fóill, agus mar sin níl sé de cheangal ar an suíomh oideachais é a dhéanamh.

Is éard atá sa PODA ná doiciméad feidhmiúil cuimsitheach ina leagtar amach riachtanais foghlama, spriocanna agus straitéisí d'fhonn tacú le foghlaim an linbh agus mapáil a dhéanamh ar a d(h)ul chun cinn. De ghnáth déanfaidh cleachtóir an plean a fhorbairt i gcomhar le tuismitheoirí an linbh. Féadfaidh Teiripeoirí agus Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais (ERSO) cur leis an bplean seo. Tá eolas sonrach ar an gcaoi le PODA a fhorbairt le fáil ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ag www.ncse.ie.

## Cé leis/léi a chomhroinnfidh mé an t-eolas seo agus cén chaoi a ndéanfaidh mé sin?







Trí labhairt go rialta le leanaí faoina bhfoghlaim agus a bhforbairt, is féidir leo cinneadh a dhéanamh in éineacht an duine fhásta cén chéad chéim eile a ghlacfaidh siad. Tá sé chomh tábhachtach céanna eolas a chomhroinnt le tuismitheoirí[6], ionas gur féidir leo tacú lena leanaí sa bhaile, agus más gá, obair leis an suíomh chun tacaí breise a eagrú dá leanaí. I roinnt cásanna, má tá cúis imní ann i leith na foghlama agus na forbartha, féadfaidh na duine fásta comhairle a chur ar thuismitheoirí litir atreorúcháin a fháil óna ndochtúir d'fhonn measúnú a fháil don leanbh. I gcás roinnt leanaí, agus le cead na dtuismitheoirí, féadfaidh an duine fásta an t-eolas a chomhroinnt le daoine eile amhail teiripeoirí, Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais (ERSO) agus cigirí d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na tacaí agus/nó na hacmhainní ar leith. Déanfar roinnt mhaith eolais a chomhroinnt idir an suíomh agus na tuismitheoirí go neamhfhoirmiúil agus go rialta, mar shampla nuair atá tuismitheoirí ag tabhairt leanaí chuig an suíomh ar maidin agus á mbailiú ón suíomh sa tráthnóna. Chomh maith leis sin tá sé tábhachtach am sonrach a lua leis an tuismitheoirí ag ar féidir leo a phlé leis an suíomh conas mar atá ag éirí lena leanaí. Is féidir seo a dhéanamh trí bhualadh le tuismitheoirí ag am a fheileann dóibh. Bíonn socruithe éagsúla feiliúnach le haghaidh suíomhanna agus tuismitheoirí éagsúla. Is féidir leis an gcruinniú seo a bheith an-tábhachtach i gcás leanaí nach dtugann a dtuismitheoirí iad chuig an suíomh iad féin agus nach mbailíonn ón suíomh iad. Ag amanna eile, féadfaidh sé bheith cuidiúil bualadh le tuismitheoirí mar ghrúpa, mar shampla sula dtosaíonn leanaí sa suíomh den chéad uair agus tamall gearr ina dhiaidh sin. I measc imeachtaí eile, áit ar féidir eolas a chomhroinnt, tá laethanta oscailte, taispeántais agus ceolchoirmeacha na leanaí, agus socruithe le go gcaithfeadh tuismitheoirí am sa suíomh chun tacú le gníomhaíochtaí cosúil leis na healaíona, ceol, agus scéalta a léamh (féach sna treoirlínte, *Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí*). I suíomhanna áirithe bíonn ball foirne ar leith freagrach as an idirchaidreamh le tuismitheoirí. Mar chuid den obair seo bheadh fanacht i dteagmháil rialta trí ghlaonna teileafóin agus cuairteanna ar an mbaile, chomh maith le cruinnithe sa suíomh.

Bíonn sé cuidiúil freisin eolas a thabhairt do thuismitheoirí i scríbhinn. Mar shampla féadfaidh tuismitheoirí *dialann laethúil* nó *taifead cúraim a leanaí* a fháil. Féadfaidh sé bheith an-úsáideach go háirithe i gcás leanaí óga agus mamailíneach agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. D'fhéadfadh cleachtóirí tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí freisin ag amanna ar leith i rith na bliana, amhail an Nollaig agus/nó i rith an tsamhraidh[7]. (Féach www.ncca.ie/bunscoileanna/measunu le haghaidh

---

6 I gcás suíomhanna bunscoile, tá cur síos san Acht Oideachais (1998) agus san Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) (2003) ar na cearta atá ag tuismitheoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi dhul chun cinn a leanaí agus ar a bhfuil bainte amach acu ar bhonn rialta.

7 Tuairiscíonn múinteoirí bunscoile eolas measúnaithe dhá uair sa bhliain. Ba chóir go dtarlódh ceann amháin díobh seo i dtuairisc scríofa, ag deireadh na scoilbhliana más féidir. D'fhéadfadh an dara tuairisc cruinniú nó cruinniú agus tuairisc scríofa a áireamh (CNCM, 2007). Féadfaidh múinteoirí bualadh leis na tuismitheoirí go neamhfhoirmiúil lasmuigh de na cruinnithe oifigiúla seo.

réimse teimpléad de chártaí tuairisce a úsáidtear i mbunscoileanna.) De ghnáth sa tuairisc bíonn achoimre ar dhul chun cinn an linbh agus ar a bhfuil bainte amach aige/aici san fhoghlaim i dtréimhse áirithe ama. Féadfaidh na leanaí ról a bheith acu i gcruthú na tuairisce. Má tá na tuairiscí seo le bheith úsáideach do thuismitheoirí, ba chóir iad a scríobh i dteanga atá éasca le tuiscint. Féadfaidh sé bheith úsáideach don fhoireann treoir a fhorbairt maidir le heolas a chomhroinnt le tuismitheoirí. D'fhéadfadh an treoir seo comhairle agus moltaí a sholáthar faoi cathain cruinnithe a reáchtáil, cá mhéad ama is cóir a thabhairt dóibh, cén t-eolas is cóir a roinnt, cén téarmaíocht le húsáid, agus noda le tacú le tuismitheoirí ina ról mar oideachasóirí[8]. D'fhéadfadh an fhoireann leas a bhaint as labhairt le tuismitheoirí faoi na cineálacha eolais a bheadh úsáideach dóibh, agus an chaoi ar mhaith leo an t-eolas sin a fháil, i gcás ina bhfuil an bhfoireann ag déanamh cinntí faoi eolas a chomhroinnt le tuismitheoirí.

## Cén t-eolas is cóir dom a bhailiú ó thuismitheoirí?

Chomh tábhachtach céanna le heolas a chomhroinnt le tuismitheoirí, tá sé tábhachtach go gcomhroinnfeadh tuismitheoirí an t-eolas le cleachtóirí[9]. Beidh cúnamh ag teastáil ó roinnt tuismitheoirí leis seo, mar shampla tuismitheoirí nach é an Béarla nó í an Ghaeilge a dteanga dhúchais, nó tuismitheoirí nach mbíonn muiníneach bualadh le cleachtóirí nó, b'fhéidir, a bhíonn míchompordach le coincheap an mheasúnaithe, bíodh go bhfuil a leanaí chomh hóg. Tá sé tábhachtach cuidiú le tuismitheoirí a thuiscint cad is brí le measúnú le linn na luath-óige, an ról atá ag an measúnú sin i léiriú saibhir a fháil agus céard a fhoghlaimíonn agus a fhorbraíonn a leanaí agus an chaoi a ndéanann siad amhlaidh, agus an úsáid a bhaintear as an measúnú i gcuidiú lena ndul chun cinn. Féadfaidh seo cuidiú le tuismitheoirí an pháirt thábhachtach atá acu i bhfoghlaim agus i bhforbairt a leanaí a thuiscint.

D'fhéadfaí eolas a chomhroinnt le linn comhrá teileafóin nó i gcruinniú idir na tuismitheoirí agus an cleachtóir sula dtosaíonn an leanbh sa suíomh. Rogha eile ná go bhféadfaí iarraidh ar thuismitheoirí foirm a chomhlánú. Cibé straitéis a roghnófar, tabharfaidh an cleachtóir cuireadh do thuismitheoirí eolas a chomhroinnt faoina leanaí

- Teaghlach – ainm, seoladh, áit sa teaghlach, lion deirfiúracha agus deartháireacha, teanga dhúchais
- Stair leighis – tréimhse sa bhroinn, deacrachtaí le linn na breithe, tinneas, vacsaínithe, ailléirgí, cógais[10], míchumais, réimsí ina bhfuil cúiseanna imní
- Luathfhoghlaim agus clocha míle forbraíochta – cén aois ag a raibh an leanbh in ann suí, cén aois ag a ndúirt sé/sí a c(h)éad fhocail agus abairtí, cathain a thosaigh sé/sí ag lámhacán, ag siúl agus dul go dtí an leithreas leis/léi féin
- Pearsantacht, mianta, nithe nach dtaitníonn leis/léi, láidreachtaí agus dúshláin
- Míreanna speisialta compoird, mar shampla blaincéad nó teidí
- Ainmneacha speisialta don teaghlach nó le haghaidh gnáthamh, mar shampla cad a thugann siad ar a dtuismitheoirí, ar an ngobán súraice agus mar sin de
- Idirghníomhú sóisialta agus caidrimh
- Eispéiris roimhe seo i suíomhanna lasmuigh den bhaile
- Aon eolas iomchuí eile.

I gcás ina bhfuil duine fásta imníoch faoi dhul chun cinn linbh d'fhéadfadh go mbeadh gá go mbaileofaí tuilleadh eolais ó na tuismitheoirí, mar shampla stair an teaghlaigh ó thaobh teanga nó forbairt shóisialta de.

8 Chuir CNCM DVD ar fáil do thuismitheoirí maidir le *Curaclam na Bunscoile.* Ar an DVD seo, *Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil, Céard, Cén Fáth agus Conas* (2006) tá eolas faoi luathfhoghlaim agus faoi fhoghlaim i ranganna na naíonán sóisearach agus sinsearach. Tá fáil ar an DVD seo, maille le bileoga eolais agus bileoga le noda, ar shuíomh gréasáin an CNCM ag **www.ncca.ie.**

9 Féach Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh.2) 2006, Nóta Míniúcháin: Rialachán 13, a leagann amach an t-eolas íosta is gá a choinneáil faoi leanbh atá ag freastal ar sheirbhís réamhscoile.

10 Iarrtar ar thuismitheoirí foirm slánaíochta a shíniú i gcás ina bhfuil cóir leighis le tabhairt do leanaí i suíomh lasmuigh den bhaile.

## Machnamh ar mo chleachtas

1. *Conas a bhailím eolas faoi fhoghlaim agus forbairt leanaí ar fud cheithre théama Aistear? Cé chomh maith is atá mo chleachtas ag saibhriú an léirithe atá á fháil agam ar fhoghlaim leanaí?*
2. *Céard a dhéanaim leis an eolas measúnaithe? An bhfuil an t-eolas a dhéanaim a dhoiciméadú ina eolas úsáideach? Conas is féidir liom an t-eolas a dhéanamh níos úsáidí?*
3. *Cé chomh minic is a labhraím le leanaí faoin dul chun cinn atá ar siúl acu?*
4. *Cé chomh minic is a chomhroinnim eolas le tuismitheoirí? Conas agus cathain a dhéanaim seo?*
5. *Conas a bhainim amach cothromaíocht idir eolas faoina bhfuil bainte amach ag leanaí agus eolas faoi na nithe atá dúshlánach dóibh agus mé ag labhairt le tuismitheoirí?*
6. *Cad iad na straitéisí a d'fheadfainn a úsáid chun tuismitheoirí a bheith níos páirtí i gcur leis an léiriú atá agam ar fhoghlaim a leanaí?*

## Conas an t-eolas measúnaithe a bhailiú?

Bainfidh an duine fásta úsáid as modhanna éagsúla chun eolas a bhailiú faoi dhul chun cinn leanaí ina bhfoghlaim agus a bhforbairt. Beartóidh sé/sí ar an modh is iomchuí ag brath ar an leanbh a bhfuil an measúnú ar siúl air/uirthi, agus cad iad na gnéithe den fhoghlaim agus den fhorbairt a bhfuiltear ag díriú orthu agus cén fáth. Coinneoidh an duine fásta cuimhne ar chúlraí, cultúir, comhthéacsanna agus luachanna teaghlaigh, teangacha, cumais, spéiseanna agus réimsí a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil iontu, nuair atá modhanna á roghnú. Cruthóidh agus cothóidh sé/sí caidreamh maith leis na leanaí agus beidh sé/sí ar an airdeall le haghaidh comharthaí a thabharfadh le fios gur chóir don measúnú teacht chun deiridh anois, nó b'fhéidir atosú amárach nó i gceann cúpla lá.

### Nithe a bhaineann le heitic

Léiríonn an measúnú, b'fhéidir níos fearr ná aon chuid eile den chleachtas le linn na luath-óige, an tábhacht a bhaineann le heitic. Sa mhéid go bhfuil na leanaí chomh hóg, tá freagracht ar an duine fásta a bheith oscailte do theachtaireachtaí a thugann leanaí tri ghothaí gnúise, gluaiseachtaí coirp, guthaíocht, agus focail. Ní foláir dó/di dóthain ama a thabhairt don measúnú d'fhonn fairsinge agus doimhne fhoghlaim agus fhorbairt an linbh a chuimsiú. Tá an daonra leanaí sa suíomh lasmuigh den bhaile ag méadú a mhéid sin ó thaobh éagsúlacht cultúir agus teanga de gur ghá don chleachtóir agus do leanaí i roinnt mhaith cásanna roinnt mhaith peirspictíochtaí éagsúla cultúir a bheith acu. De bhreis air sin, i gcás roinnt mhaith leanaí ní gá gurb í teanga an tsuímh an teanga a labhraíonn siad sa bhaile. Sna cásanna seo bainfidh an duine fásta úsáid as a (h)eolas ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn leanaí a dteanga dhúchais agus a dteangacha breise, agus an chaoi a bhfoirmíonn na heispéiris seo an bealach ina machnaíonn siad, d'fhonn breithiúnais a thabhairt ar dhul chun cinn leanaí. I gcás na leanaí seo, tá sé an-tábhachtach go mbeadh deis ag na tuismitheoirí eolas a chomhroinnt leis an suíomh ionas go mbeidh léiriú ar na leanaí mar fhoghlaimeoirí óga bunaithe ar a láidreachtaí, a spéiseanna agus a riachtanais.


## Cúig mhodh don measúnú

Léirítear i bhFíor 4 cúig mhodh don measúnú[11]. I measc na modhanna sin tá féinmheasúnú agus comhráite ina mbeadh na leanaí i bhfeighil breithiúnais a thabhairt maidir lena ndul chun cinn féin mar fhoghlaimeoirí.

[11] Seachas na modhanna measúnaithe a chur i láthair in ord minicíochta ag tosú le breithnóireachtaí agus comhráite, úsáideann na treoirlínte seo ord tosaíochta atá at teacht leis an teoiric shoch-chultúrtha. Tugann an t-ord sin tosaíocht do dheiseanna a thabhairt do leanaí a bpróiseas measúnaithe féin a threorú.

Bíonn an duine fásta ag treorú an mheasúnaithe le breathnóireacht, socrú tascanna agus tástáil[12]. Cé go leagtar amach sna treoirlínte seo na modhanna ar leithligh óna chéile, uaireanta bíonn modhanna eile in úsáid laistigh de gach modh. Trí chúpla modh a úsáid lena chéile féadfaidh an duine fásta léiriú níos saibhre agus níos barántúla a fháil ar leanaí mar fhoghlaimeoirí.

**Fíor 4: Modhanna measúnaithe**




Ar leathanaigh 85 go 105 tá cur síos ar gach modh trí fhreagra a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cad é an modh seo?
- Conas a bhainfidh mé úsáid as?
- Cén t-aoisghrúpa de leanaí lena n-úsáidfidh mé é?

In *eispéiris foghlama* 57-74 léirítear na modhanna agus iad á bhfeidhmiú ar fud na gcineálacha éagsúla suíomhanna agus le leanaí d'aoiseanna éagsúla.




## Féinmheasúnú

### Cad is féinmheasúnú ann?

Is éard atá san fhéinmheasúnú ná leanaí ag machnamh ar a gcuid foghlama agus forbartha féin. Déanann leanaí seo mar chuid den chaoi a bhfoghlaimíonn siad, agus go minic is iad féin a dhéanann measúnú is fearr ar a bhfuil déanta agus bainte amach acu. Le caitheamh ama bíonn siad níos fearr in ann machnamh ar a ndúirt siad, agus a ndearna siad, agus cinntí a dhéanamh faoin gcaoi a bhféadfaidís feabhas a chur air sin an chéad uair eile. Cuidíonn seo leo spriocanna pearsanta a shocrú agus oibriú i dtreo na spriocanna seo lena chéile mar ghrúpa nó ina n-aonar.

### Conas a chuideoidh mé le leanaí féinmheasúnú a dhéanamh?


Bíonn gá ag leanaí le ham chun a scileanna féinmheasúnaithe a fhorbairt. Tá ról lárnach ag an duine fásta ann seo trí am a chaitheamh leo ar bhonn aonair, i mbeirteanna nó i ngrúpaí, agus dul siar ar ghníomhaíochtaí agus imeachtaí a raibh siad páirteach iontu. Trí úsáid a bhaint as leideanna, treoreoidh an duine fásta smaointeoireacht an linbh de réir mar a labhróidh siad agus a ndearna siad ar a n-eispéiris. I measc na leideanna cabhracha tá siad seo a leanas:

---

12 Sna treoirlínte leagtar amach cúig mhodh ag brath ar a n-úsáideacht i measúnú a dhéanamh ar luathfhoghlaim agus forbairt. I gcomparáid leis sin, cuirtear i láthair ocht gcinn de mhodhanna measúnaithe i *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile, Treoirlínte do Scoileanna* (CNCM, 2007). Tá roinnt de na trí mhodh 'bhreise' sin cuimsithe sna cúig mhodh arna gcur i láthair sna treoirlínte seo.



- *Céard a rinne tú nuair …?*
- *Conas a rinne tú sin? Céard a d'úsáid tú?*
- *Céard a tharla ansin? Cén fáth ar tharla sé, dar leat?*
- *Ní fheadair céard a tharlódh dá…*
- *Ní fheadair conas a dhéanfaimis…*
- *Céard ba mhaith leat a dhéanamh an chéad uair eile? Conas a dhéanfaidh tú sin?*
- *B'fhéidir gur mhaith leat é a dhéanamh le Trevor.*
- *Ní fheadair cad a bhí i d'aigne nuair a…?*
- *Céard a bhí éasca faoin obair seo?*
- *Céard a bhí deacair faoin obair?*
- *An bhfuil tú sásta le…?*
- *Céard a d'fhoghlaim tú uaidh sin?*
- *Céard a dhéanfá ar bhealach éagsúil dá mbeifeá á dhéanamh arís?*
- *Céard a chuideodh leat é a dhéanamh níos fearr …?*



Ag amanna eile d'fhéadfadh an duine fásta iarraidh ar leanaí labhairt faoi shamplaí dá gcuid oibre. I measc na samplaí seo bheadh nithe a thóg siad, líníochtaí, éadaí maiseacha, péintéireachtaí, puzail, dealbha, nó ábhar scríofa. Rogha eile ná go bhféadfadh an duine fásta grianghraif a úsáid chun plé a thosú. Mar chuid den phlé sin d'fhéadfadh an duine fásta focail agus frásaí a chur ar fáil chun cuidiú le leanaí a scileanna teanga a fhorbairt ar féidir leo úsáid a bhaint astu chun labhairt faoina ndearna siad, faoina ndúirt siad agus faoinar fhoghlaim siad.

Féadfar cuidiú le leanaí gaol a thabhairt faoi deara idir an fhoghlaim roimhe seo agus foghlaim nua trí bhailiúcháin de na nithe a rinne na leanaí agus/nó grianghraif a úsáid. Ar an gcaoi seo beidh siad in ann a fheiceáil cad iad na nithe a bhfuil siad cumasach iontu, cad iad na réimsí a bhféadfaidís feabhas a chur orthu, agus cén fhoghlaim nua ar mhaith leo dul ina bun. Beidh sé seo mar bhonn dóibh le socrú ar spriocanna foghlama nua.

### Cén t-aoisghrúpa de leanaí ar féidir liom an féinmheasúnú a úsáid leo?

Féadfar féinmheasúnú a úsáid le mamailínigh agus le leanaí. Féadfar é a úsáid uaireanta freisin le leanaí óga, mar is léir ón gcéad eispéireas foghlama eile.

**Eispéireas foghlama 57: Féach Mia, rinne mise é freisin!**

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (creis)**

Bhí Mia (13 mhí d'aois) agus Josh (11 mhí d'aois) ag súgradh taobh le taobh ar an urlár. Thóg siad seansanna nithe a ardú den urlár, mar sampla spúnóga adhmaid, síothláin agus bairr agus thaispeáin iad dá chéile agus lig screadanna áthais. Thug Mia faoi deara go raibh cathaoir bheag ina cóngar agus

rinne lámhacán go dtí an chathaoir go gasta. Tharraing sí í féin ina seasamh agus rug greim ar chúl na cathaoireach agus tharraing í féin in airde ar an suíochán. Rinne sí miongháire, lig scread agus bhuail a bosa le háthas ag a raibh bainte amach aici. Níor theastaigh ó Josh bheith fágtha ar lár agus shleamhnaigh sé trasna chuig an gcathaoir. Theastaigh a sheans uaidh siúd ar an gcathaoir agus lig scread le Mia agus chroith a lámha. D'éirigh an bheirt acu corraithe le himní – níor theastaigh ó Mia an chathaoir a fhágáil agus theastaigh ó Josh suí ar an gcathaoir. Thosaigh na screadanna ag dul in olcas. Bhí Deirdre, a nOibrí Bunriachtanach, ag breathnú orthu ón taobh eile den seomra agus ag an bpointe seo d'imigh sí anonn chucu. Chuir sí cathaoir eile i gcóngar chathaoir Mia. D'imigh Josh chuig an gcathaoir nua seo agus rug greim ar chúl na cathaoireach, agus tharraing é féin ina sheasamh. Ansin rinne sé iarracht é féin a chur ar an suíochán. Thit sé ar ais ar an urlár. Tharraing sé é féin ina sheasamh arís, ach thit sé arís. Bhí Deirdre ag breathnú air seo agus mhol sí a chuid iarrachtaí. ***Is féidir leat é a dhéanamh Josh, tuigim gur féidir.*** Le scread beag breise, tharraing sé é féin ina sheasamh den tríú huair. D'fhéach sé go cúramach ar an suíochán agus thug sé faoi deara go raibh hanlaí air. Le háthas an domhain air, d'fhéach sé ar Dheirdre agus Mia agus phreab sé suas ar an suíochán.

?

***Ábhar machnaimh: An dtugaim deiseanna do leanaí a spriocanna foghlama féin a bhaint amach?***

**Eispéireas foghlama 58: An túr is fearr**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Bhí túr mór á thógáil ag Patrick, Zyta agus Johnny (iad go léir beagnach 3 bliana d'aois). Labhair siad le Aileen, stiúrthóir an naíonra, faoina raibh ar siúl acu agus ó am go chéile d'iarr siad uirthi bloc nó dhó a chur ar an túr agus iad ag rá léi a bheith cúramach! Mhínigh Johnny go raibh an túr á thógáil mar gur fhan sé féin agus Patrick (col ceathracha) in óstán mór ar a laethanta saoire agus go raibh sé cosúil le túr. *Túr mór é, nach ea, agus dhein muid féin é*, arsa Patrick agus é ag breathnú ar Aileen. Tharraing Zyta aird Aileen ar na bloic dhaite a d'úsáid siad don túr agus dúirt: *Tá 'lán dathanna ann dearg agus glas agus oráiste... gheobhaimid duais.* Dúirt Johnny, *Dhein muid jab maith.* Mhol Aileen go nglacfadh sí grianghraf de na leanaí lena dtúr. Bhain Aileen úsáid as ceamara digiteach, ríomhaire agus printéir, agus rinne sí trí chóip den ghrianghraf agus thug an deis do na leanaí iad a chur ina bhfillteáin oibre. In aice le gach grianghraf scríobh sí tuairim an linbh faoin túr. D'inis na leanaí do Aileen gur theastaigh uathu na grianghraif agus na tuairimí a chur ina bhfillteáin foghlama. Chomh maith leis sin chuir Aileen nótaí ina comhad cleachtóra faoi aird gach linbh ar mhionsonraí agus an túr á thógáil acu, maille lena gcumas obair lena chéile.

Trí bhreathnóireacht agus comhráite roimhe sin le Zyta, thuig Aileen go raibh Zyta ina cailín iomaíoch agus go raibh an-dúil aici i gcónaí an 'chéad áit' a fháil. Cé go n-athdhearbhaíonn tagairt Zyta anseo do dhuais a bhuachan don túr go bhfuil sí an-iomaíoch, scríobh Aileen a tuairim gur chuidigh sé le Zyta bheith ag comhoibriú le Patrick agus Johnny agus go raibh an chuma ar an scéal gur chuidigh an comhoibriú le Zyta gan a bheith ag trácht ar chomh 'maith' is a bhí an túr agus an jab iontach a bhí déanta aici. Scríobh Aileen nóta di féin ar a plean seachtainiúil tuilleadh deiseanna a chruthú don fhoghlaim chomhoibritheach le haghaidh Zyta.

?

***Ábhar machnaimh: An gcruthaím timpeallacht ina mbraitheann leanaí muiníneach cinntí a dhéanamh faoinar chóir a chur ina bhfillteáin foghlama?***

**Eispéireas foghlama 59: Pictiúir Fómhair**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 4


**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang na naíonán (bunscoil)**

Thug Bean Uí Chonaire, múinteoir rang na naíonán sinsearach, faoi deara nár ghlac Val (5 bliana agus 9 mí) páirt sa phlé ranga nó grúpa ach uair amháin. Tá stad sa chaint aige agus bhí imní ar an múinteoir go raibh sé ag éirí níos náirí ina thaobh seo agus é ag labhairt os comhair na leanaí eile.

Mar chuid dá n-obair ar an bhfómhar, tharraing na leanaí pictiúir trí dhuilleoga a chuimilt ar an leathanach. Labhair Bean Uí Chonaire agus na leanaí faoi na nithe a chuideodh leo 'pictiúr maith' a dhéanamh, agus scríobh Bean Uí Chonaire na nithe seo ar an gclár dubh. Tharraing sí pictiúr in aice leo chun cuidiú leis na leanaí na focail sin a léamh.

*Rinne mise dhá phictiúr de chuimilteáin duilleoga*



*Bhain mise úsáid as trí dhath Fómhair i mo phictiúr*




Ó Mheán Fómhair i leith, bhuail Bean Uí Chonaire le tuismitheoirí Val dhá uair chun labhairt leo faoi bhealaí éagsúla cuidiú le Val lena chuid urlabhra. Chuir siad í i dteagmháil lena theiripeoir urlabhra. Trí úsáid a bhaint as straitéisí a mhol an teiripeoir, rinne sí iarracht cúpla nóiméad d'aird aonair a thabhairt do Val gach lá. Ceann de na straitéisí ar bhain sí úsáid aisti ná labhairt go mall leis agus ar an gcaoi seo rinne sí eiseamláiriú ar an gcaoi a bhféadfadh seisean a urlabhra a mhoilliú. Chuidigh seo le Val a stad sa chaint a shárú.

An lá úd agus na leanaí ag déanamh a líníochtaí le duilleoga, d'imigh Bean Uí Chonaire ar a glúine taobh le grúpa Val agus labhair sí leis agus leis na leanaí eile sa ghrúpa faoi na pictiúir agus í ag baint úsáide as na focail a scríobh sí ar an gclár dubh. D'fhiafraigh sí de Val cad a bhí éasca dó agus cad a bhí deacair ó thaobh na gníomhaíochta de, agus an raibh sé sásta lena phictiúr. Labhair sí faoi na dathanna a d'úsáid sé chomh maith le cruthanna na nduilleog. Thug sí faoi deara gur chuir sé imní ar Val nuair a cuireadh ceisteanna air, agus gur éirigh an stad sa chaint níos measa dá bharr. Bhí an chuma air go raibh sé níos compordaí nuair a d'úsáid sí cur chuige comhráiteach, agus í ag cur a tuairimí in iúl agus ag ligean do Val freagra a thabhairt dá mba mhian leis. Nuair a thug sí seo faoi deara, níor chuir sí mórán ceisteanna agus ina ionad sin bhain sí úsáid as frásaí agus tuairimí a chuidigh le Val labhairt faoina chuid oibre ag baint úsáide as na focail agus na frásaí ar an gclár dubh, amhail dathanna an fhómhair, dearg agus oráiste, imill spiacánacha, agus thug sí a lán deiseanna do Val iad seo a úsáid. Theastaigh ó na leanaí úsáid a bhaint as na duilleoga chun pictiúr mór fómhair a chruthú lasmuigh de dhoras a seomra ranga ionas go bhfeicfeadh a dtuismitheoirí agus an príomhoide é. Mar chuid den tionscnamh seo tá sé beartaithe ag Bean Uí Chonaire úsáid a bhaint as focail agus as frásaí fómhair le haghaidh Val arís agus deiseanna beaga a thabhairt dó iad a úsáid.

Scríobh Bean Uí Chonaire na nótaí seo a leanas ina comhad cleachtóra.


| | | |
|---|---|---|
| Val | 30/09/08 | Fuaimniú maith na bhfocal agus na bhfrásaí faoin bhfómhar nuair a labhraíonn sé go mall agus i ngrúpaí beaga. |
| | Na chéad chéimeanna eile | Breac síos a bhfuil á dhéanamh ag Val mar bhealach cuidiú leis bheith ag labhairt. |

?

*Ábhar machnaimh: An bhfuilim oscailte do 'theachtaireachtaí' ó leanaí faoin gcaoi is fearr tacú leo lena gcuid foghlama?*

## Comhráite





### Cad is comhrá ann?

Labhraíonn daoine fásta le leanaí, agus labhraíonn leanaí le leanaí, faoina bhfuil ar siúl acu agus ar a bhfuil siad ag smaoineamh. Comhlánaíonn na comhráite seo gach modh measúnaithe eile. Mar shampla, féadfaidh breathnóireacht aird an duine fhásta a dhíriú ar ghné áirithe d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí agus is féidir le comhráite ina dhiaidh sin tuiscint níos fearr a thabhairt don duine fásta ar na nithe is féidir le leanaí a dhéanamh nó a thuiscint. Tarlaíonn an chuid is mó de chomhráite ar bhealach nádúrtha neamhphleanáilte agus déantar roinnt eile a phleanáil.

### Conas a úsáidfidh mé comhráite le haghaidh an mheasúnaithe?

Bainfidh an duine fásta úsáid as straitéisí éagsúla chun comhráite a spreagadh i measc leanaí. I measc na straitéisí sin tá siad seo a leanas:

- Machnamh os ard (labhairt faoina bhfuil á smaoineamh ag leanaí)
- Athmhachnamh os comhair na leanaí ar a ndúirt nó a ndearna siad
- Freagairt do na nithe a deir na leanaí trí ráitis a dhéanamh, mar shampla, is breá liomsa bheith cois trá freisin
- Fanacht i do thost fad a dhéanann leanaí machnamh agus fad a dtugann siad freagra
- Aontú nó easaontú
- Tuairim a chur in iúl
- Ceist a chur.

Bainfidh an duine fásta úsáid as meascán díobh seo ar bhonn laethúil chun a fháil amach céard atá ar siúl ag leanaí agus cén fáth, chun iad a mhealladh lena bhfuil á smaoineamh agus á mhothú acu a chur in iúl, agus cuidiú leo an tsamhlaíocht a úsáid agus machnamh go cruthaitheach. Féadfaidh sé/sí úsáid a bhaint as grianghraif, as gearrthóga fístéipe, nó as samplaí d'obair chun díriú ar leanaí. Ag baint úsáide as a bhfreagraí, féadfaidh an duine fásta aiseolas a thabhairt do leanaí agus a gcuid foghlama a threorú. Is féidir le leanaí freisin úsáid a bhaint as na straitéisí seo. Mar shampla is féidir leo a chéile a cheistiú agus/nó an duine fásta a cheistiú. Féadfaidh an duine fásta cuidiú leo na ceisteanna seo a úsáid chun tacú lena gcuid foghlama féin trí eiseamláiriú a dhéanamh ar an gceistiú maith agus trí am agus deiseanna a thabhairt dóibh ceisteanna a chur.

Bainfidh an duine fásta úsáid as dhá chineál ceisteanna:

- **Ceisteanna oscailte** – is féidir an iliomad freagraí a bheith ar cheisteanna oscailte, agus is féidir leis na freagraí sin a bheith gearr nó fada. Go minic sna ceisteanna seo bíonn focal amháin nó dhá fhocal amhail *cén fáth? cé hé/hí?* agus *cad chuige?* Féadfaidh an duine fásta úsáid a bhaint as na ceisteanna seo chun cuidiú leis na leanaí smaoineamh ar chúiseanna, ar fhéidearthachtaí, ar dheiseanna agus ar réitigh. Cuidíonn ceisteanna oscailte le leanaí an tsamhlaíocht a úsáid agus bheith cruthaitheach ina gcuid smaointeoireachta agus úsáid a bhaint as teanga níos casta.
- **Ceisteanna dúnta** – dé ghnáth bíonn freagra gearr amháin ar na ceisteanna seo. Uaireanta bíonn freagra ceart amháin ar na ceisteanna seo amhail, *Cad a bhí ag Jasper dá bhricfeasta?* agus ag amanna eile ní bhíonn i gceist leis an bhfreagra ach sea/ní hea nó tá/níl, mar shampla, *An bhfuil tollán á thochailt agat?* Is féidir leis an duine fásta úsáid a bhaint as ceisteanna dúnta chun a fháil amach cad a thuig na leanaí tar éis dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht nó in imeacht, chun cuidiú leis na leanaí nithe nó sraith imeachtaí a thabhairt chun cuimhne, nó chun plé a spreagadh.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi cheisteanna a chur féach *Cuidiú le smaointeoireacht leanaí* sna treoirlínte, *Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta*.

### Cad iad na haoisghrúpaí leanaí ar féidir liom comhráite a úsáid leo?

Is féidir comhráite a úsáid le leanaí óga, le mamailínigh agus le leanaí. Mura bhfuil leanaí ábalta cumarsáid éifeachtach a dhéanamh go fóill trí mheán na teanga is féidir leis an duine fásta iarracht tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist ag an leanbh óg trí mheán na ngníomhartha neamhbhriathartha.

**Eispéireas foghlama 60: Comhráite faoi uimhreacha**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 2

**Aoisghrúpa: Leanaí óga, mamailínigh agus leanaí**

**Suíomh: Feighlíocht linbh**

Tugann Bernie, atá ina feighlí linbh, aire do Jack (16 mhí d'aois), Sorcha (3 bliana d'aois) agus Rhiannon (5 bliana d'aois) ina baile féin. Déanann Bernie a lán gníomhaíochtaí a phleanáil don tseachtain chun tógáil ar a bhfuil déanta ag Sorcha sa naíonra, agus ag Rhiannon ar scoil.

Luan amháin d'imigh siad ag siúl chuig na siopaí. Ar an mbealach thosaigh siad ag comhaireamh na gcarranna dearga a bhí páirceáilte ar thaobh na sráide; chuardaigh Rhiannon agus Sorcha le haghaidh uimhreacha 1, 2, agus 3 ar uimhirphlátaí na gcarranna (rinne Rhiannon amhlaidh le haghaidh uimhreacha 4, 5 agus 6 freisin). Thug Rhiannon faoi deara go raibh uimhreacha ar roinnt doirse tithe agus siopaí. Labhair siad ina dtaobh seo agus mhínigh Bernie cad chuige na huimhreacha sin. Shroich siad an bosca poist. Ghlac Sorcha agus Rhiannon beirt litir ina lámha chun é a chur sa bhosca poist agus thug Rhiannon faoi deara go raibh uimhir 5 ar an stampa. D'fhiafraigh siad de Bernie cad a bhí i gceist leis an uimhir agus mhínigh sí gurb é sin costas an stampa. D'fhéach Bernie chuige gur cuireadh Jack san áireamh trí a aird a dhíriú ar rudaí. Ó am go chéile d'imigh sí ar a glúine taobh le Jack ina bhugaí agus phointeáil i dtreo rudaí agus chuir síos ar na nithe mórthimpeall air.

Ar an gCéadaoin bhí Bernie ag bácáil leis na leanaí. Shuigh Jack chun boird ina ardchathaoir agus shuigh na cailíní ar chathaoireacha agus a naprúin orthu. Bhí hataí arda á ndéanamh acu. Thug Bernie mias de thorthaí boga do Jack chomh maith le spúnóg ionas go bhféadfadh sé é a mheascadh agus ithe fad is a rinne sí féin agus na cailíní cásanna borróige a chomhaireamh, ag féachaint chuige go mbeadh ceann an duine ann do mhamaí, daidí agus do na deirfiúracha agus deartháireacha. Conas a dhéanfaimid na borróga seo, Bernie?, a d'fhiafraigh Rhiannon. Mhínigh Bernie an modh. Chuir sí seacláid leáite ar bharr agus chuir na cailíní leamhachán i ngach cás borróige chomh maith le sú talún beag, a phioc siad an mhaidin úd sa ghairdín le Bernie.

Ar laethanta eile chuardaigh siad le haghaidh uimhreacha sa chistin, mar shampla ar an meaisín níocháin, ar phacáistí bia, agus i leabhair scéalaíochta. 2! Cad chuige an uimhir sin?, a d'fhiafraigh Sorcha agus í agus Rhiannon ag cuidiú le Bernie éadaí a chur isteach sa mheaisín níocháin agus an clár ceart á roghnú acu. Chuir Bernie síos ar na heispéiris seo do Jack agus d'fhéach chuige go raibh sé san áireamh sna comhráite. Cuidíonn na leanaí le Bernie lena gníomhaíochtaí laethúla cúraim tí agus labhraíonn Bernie leo faoin na nithe atá á bhfoghlaim acu trí mheán na n-eispéireas praiticiúil seo agus an chaoi a bhfuil na nithe sin á bhfoghlaim acu.

?

***Ábhar machnaimh: An spreagaim na leanaí le ceisteanna a chur orm mar chuid dá gcomhráite liom?***

**Eispéireas foghlama 61: Tá imní orm sa dorchadas**

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Mamailínigh**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Bhí Kathleen, stiúrthóir an naíonra, ag léamh an scéil *Oiche Mhaith, a Bhéirín* (Martin Waddell) le haghaidh naonúr leanaí an ghrúpa (idir 2½ agus 3 bliana d'aois). Labhair Kathleen leo faoin scéal. Bhain sí úsáid as straitéisí éagsúla chun iad a spreagadh le bheith ag caint, agus i measc na straitéisí sin bhí machnamh os ard. Thug Kathleen faoi deara go raibh Killian ciúin an lá úd, cé go mbíonn sé cainteach de ghnáth. Tar éis an phlé labhair sí leis. Tháinig na deora le súile Killian. Go deas réidh d'iarr sí céard a bhí ag cur as dó: ***Feicim go bhfuil cúis imní ort Killian. Ní fheadair cén fáth?*** D'inis sé do Kathleen go raibh imní air faoin mBéar Beag mar go mbeadh eagla ar an mbéar arís an chéad oíche eile.

Killian: Ní maith liom é dorcha. Tá sé scanrúil.

Kathleen: (Chuir Kathleen é ar a shuaimhneas.) ***Is féidir leis an dorchadas bheith scanrúil. Sin an chúis leis an solas mór a chuir an Béar Mór i seomra an Bhéar Bhig, agus ansin thaispeáin sé solas na gealaí dó. An ndéanann do mhamaí nó do dhaidí a leithéidí duitse?***

Killian: Tá solas i mo sheomra ach fós scanrúil.

Kathleen: ***An cuimhin leat cad a rinne an Béar Beag nuair a bhí eagla air sa scéal? D'inis dé dá dhaidí. B'fhéidir gur féidir leatsa a insint do do mhamaí nó do dhaidí nuair atá eagla ortsa. Nach dea-smaoineamh é sin?***

D'aontaigh Killian léi.

An lá dár gcionn, ag baint úsáide as an scéal, *Oiche Mhaith, a Bhéirín*, rinne Kathleen agus na leanaí iniúchadh ar eagla a bheith ar dhuine. D'iarr sí orthu machnamh ar amanna ar bhraith siad beagán eaglach. D'inis roinnt mhaith de na leanaí scéalta faoi bheith caillte sa siopa, an bréagán is ansa leo a chailliúint agus a cheapadh nach n-aimseoidís é arís, agus torann scanrúil a chlos. D'inis Killian a scéal faoi eagla a bheith air sa dorchadas cosúil leis an mBéar Beag. D'aontaigh leanaí eile leis faoin dorchadas agus go raibh eagla orthusan chomh maith. Labhair siad faoi na nithe is féidir leo a dhéanamh chun nach mbeidh eagla orthu, mar shampla insint dá dtuismitheoirí nó do mhamó nó daideo, splanclampa a choinneáil faoin leaba i gcás nach mbeadh an leictreachas ag obair, agus focail chun cuidiú leo cur síos ar an gcaoi a mbraitheann siad. Níos déanaí d'fhoghlaim siad faoi ainmhithe ar breá leo an dorchadas. Cúpla seachtain ina dhiaidh sin dúirt Killian le Kathleen, Is breá liom an dorchadas anois!

Bhreac Kathleen síos nótaí ina comhad faoi eagla bheith ar Killian agus é sa dorchadas agus faoin dul chun cinn a rinne sé an eagla sin a shárú sna seachtainí tar éis dó labhairt faoin mothúchán seo. Déanann sí amhlaidh le leanaí eile.

?

***Ábhar machnaimh: Conas is féidir liom cuidiú le leanaí a n-eispéiris agus a mothúcháin a chur in iúl ar bhealach iomchuí dá gcéim forbartha?***

**Eispéireas foghlama 62: Spéis ar leith a fhorbairt**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang na naíonán (bunscoil)**

D'imigh rang na naíonán sóisearach ar thuras chuig feirm oscailte. Ghlac siad a lán grianghraf agus bhí a múinteoir, an tUasal Shaw, ag baint úsáide as na grianghraif sin chun chuidiú leo machnamh siar ar an eispéireas sin, agus a fháil amach cad a thaitin leo faoin turas agus cad a d'fhoghlaim siad. Bhí sé ag obair le grúpa de dháréag leanaí, fad is a bhí seisear eile ag súgradh sa chúinne ag ligean orthu go raibh siad ar fheirm, agus seisear eile ag tógáil tréidlialann ag baint úsáide as bréagáin bheaga agus as taos súgartha. Labhair na leanaí faoi bheith ag suí in aice lena gcairde ar an mbus, faoi lón a ithe lasmuigh, faoina mbuataisí a chaitheamh, faoi bhia a thabhairt d'uain, faoi shicíní beaga bheith ina lámha acu, agus faoi fhéachaint ar laonna óga ag ól bainne ó úthanna na mbó. Dúirt leanbh amháin: Dúirt an fear linn go dtarraingíonn an t-asal an chairt. Dar le leanbh eile: Sin mar nach bhfuil mórán tarracóirí ar an bhfeirm sin agus sin a dhéanann tú mura bhfuil tarracóir agat. Sin a dúirt daideo liom. Dar le leanbh eile: Dúirt an fear ar an bhfeirm nach bhfuil mórán asal fágtha ach tá na céadta ag mo dhaideo. Chuidigh an tUasal Shaw leis na leanaí níos mó ná cur síos a dhéanamh agus tabhairt faoin hipitéisiú, faoin samhlú agus buille faoi thuairim a thabhairt. Rinne sé seo trí fhrásaí a úsáid amhail, ***Ní fheadair cad a bhí ar na cairteacha a bhí á dtarraingt ag an asal. Dá mbeadh ar an bhfeirmeoir tuilleadh barr a chur, cad a dhéanfadh sé gan tarracóirí. Ní fheadair conas a bhraitheann an t-asal faoi bheith ag obair ar an bhfeirm?*** Ghlac na leanaí páirt sa chomhrá faoi conas mar a bhí an saol ag a seantuismitheoirí ar an bhfeirm. Ansin chuir an tUasal Shaw an cheist, ***Conas a gheobhaimis é seo amach?***, mhol cailín beag amháin ceist a chur ar na seantuismitheoirí. Thosaigh an comhrá seo tionscadal ranga faoi shaol ar an bhfeirm nuair a bhí mamó agus daideo óg. Mar chuid de pháirt a ghlacadh sa tionscadal seo chuir na leanaí agallamh ar a seantuismitheoirí, d'fhéach siad ar sheanghrianghraif, fuair siad seanuirlisí feirme agus bhraith siad iad agus fuair siad tuilleadh eolais ina dtaobh, d'fhoghlaim siad amhráin faoin bhfeirm agus thóg siad 'sean'-fheirm le bréagáin bheaga. Le linn an tionscadail d'fhoghlaim na leanaí focail nua faoin saol ar an bhfeirm agus d'fhoghlaim siad faoin gcaoi a bhfuil an saol ar an bhfeirm athraithe ón am a bhí a seantuismitheoirí óg, agus chuidigh sé seo leo tuiscint a fháil ar am ag dul thart.

?


***Ábhar machnaimh: Cé chomh maith is a úsáidim comhráite agus spéiseanna na leanaí mar fhócas don fhoghlaim bhreise?***

## Breathnóireacht

### Cad is breathnóireacht ann?

Is éard atá sa bhreathnóireacht ná breathnú ar leanaí agus éisteacht leo agus úsáid a bhaint as an eolas a bhailítear ar an gcaoi seo chun cur lena bhforbairt agus lena bhfoghlaim. Féadfaidh an duine fásta úsáid a bhaint as cineálacha éagsúla breathnóireachta ag brath ar cad a theastaíonn uaidh/uaithi a fháil amach. (féach Fíor 5). Cosúil le comhráite eile, is féidir breathnóireacht a phleanáil nó í a bheith uathspreagtha agus is fearr gur duine fásta a bhfuil aithne mhaith aige/aici ar na leanaí a dhéanfadh an bhreathnóireacht.

**Fíor 5: Cineálacha breathnóireachta**




### Conas a dhéanfaidh mé breathnóireacht?

Don chuid is mó bíonn an bhreathnóireacht neamhphleanáilte agus tarlaíonn sí le linn gnáthamh, plé, gníomhaíochtaí agus imeachtaí sa suíomh. Cé gur féidir le breathnóireacht uathspreagtha a bheith ina foinse luachmhar eolais don duine fásta, féadfaidh breathnóireacht phleanáilte cur leis na mionsonraí faoina bhfuil na leanaí ag foghlaim agus faoin gcaoi a bhfoghlaimíonn siad.

Trí mheán na breathnóireachta pleanáilte díríonn an duine fásta ar ghothaí gnúise, comharthaíocht choirp, guthú, focail labhartha, bearta agus saothair de chuid na leanaí amhail ealaín, damhsa, ceol agus amhránaíocht, pictiúir agus scríbhneoireacht. Ní féidir leis an duine fásta gach rud a fheiceann sé/sí a thaifeadadh agus níl gá leis sin. Cinnfidh sé/sí cén t-eolas is tábhachtaí ag am ar leith den tréimhse ina bhfuil léiriú d'fhoghlaim an linbh á fháil, agus coinneoidh taifead de seo. Ag amanna eile déanfaidh an duine fásta nótaí níos sonraí ar féidir úsáid a bhaint astu chun scéal rannpháirtíocht an linbh aonair nó scéal rannpháirtíocht an ghrúpa i ngníomhaíocht, tasc nó súgradh áirithe a insint. (Féach eispéireas foghlama 65.) I gcás breathnóireachta ar an toirt uaireanta tugtar breathnóireacht d'am na huaire uirthi agus is féidir leis an duine fásta eochairfhocail nó frásaí a scríobh i leabhar nótaí, nó ar phíosa páipéir nó nóta greamaitheach, agus níos déanaí ag am ciúin is féidir leis an duine fásta úsáid a bhaint astu seo chun nótaí a scríobh i bhfillteáin oibre na leanaí. Féadfaidh sé/sí grianghraf a ghlacadh freisin nó gearrthóg físteipe a dhéanamh mar thaifead. Má tá sé/sí ag obair le leanbh atá faoi bhun aois a sé tá sé tábhachtach am agus spás a thabhairt do leanaí a gcuid foghlama agus forbartha 'a léiriú'.

**Cén t-aoisghrúpa leanaí ar féidir liom breathnóireacht a úsáid leo?**

Féadfar breathnóireacht a úsáid le leanaí óga, le mamailínigh agus le leanaí. Tá sé cuidiúil go háirithe le leanaí a bhíonn ag brath ar chumarsáid neamhbhriathartha nó réamhbhriathartha.

**Eispéireas foghlama 63: Teastaíonn an ciúb sin uaimse**

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 2

**Aoisghrúpa: Leanaí óga**

**Suíomh: Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (creis)**

Bhí Miriam, stiúrthóir seomra na creise ag cuidiú le Liam (10 mí d'aois) tabhairt faoin lámhacán. Bhí fhios aici go raibh sé ábalta é a dhéanamh mar go ndúirt a mháthair le Miriam go raibh sé ag lámhacán sa bhaile. Ar chúis éigin b'annamh a rinne sé lámhacán sa chreis. Chuir Miriam ciúb sórtála a thaitin go mór le Lian in áit nach bhféadfadh sé teacht air trí lámh a shíneadh. Cé go raibh an ciúb ina chóngar bheadh air gluaiseacht níos cóngaraí dó. Laistigh de chúpla soicind léirigh sé a fhrustrachas agus lig sé béic as agus chroith sé a lámha. D'fhéach sé ar Miriam agus lig sé béic níos glóraí. Rinne Miriam lámhacán chuig an mbréagán agus thathantaigh ar Liam déanamh amhlaidh: ***Déanaimis lámhacán lena chéile, a Liam?*** Chuir sí an ciúb beagán níos cóngaraí dó, agus í ag eiseamláiriú an t-am ar fad conas lámhacán a dhéanamh agus ag tathant ar Liam triail a bhaint as. Chaill sé spéis sa chiúb agus phioc sé suas spúnóg a bhí cóngarach dó agus thosaigh ag bualadh an urláir leis an spúnóg. I ndiaidh lóin, nuair a bhí Miriam ag súgradh le leanbh óg eile sa seomra, chonaic sí Liam ag iarraidh tabhairt faoin lámhacán cúpla uair. Ghluais sí beagán níos cóngaraí dó chun breathnú air i gceart. Bhí sé ag gluaiseacht ag baint úsáide as a cheithre ghéag agus é á chothromú féin leis an lámh eile agus é ag síneadh i dtreo an chiúb. Ar deireadh thiar, d'éirigh leis agus bhuail Miriam a bosa nuair a shroich sé an ciúb. Idir an dá linn bhí Lisa, an cúntóir seomra, ag taifeadadh ar fhístéip a raibh á bhaint amach ag Liam fad is a d'fhan Miriam ina chóngar chun cuidiú leis dá mba ghá. Bhuail Miriam a bosa agus thréaslaigh do Liam. Bhuail Liam a bhosa freisin agus rinne gáire mór. Thosaigh sé ag súgradh leis an gciúb ansin. Thaispeáin Miriam an fhístéip do thuismitheoirí Liam an tráthnóna sin agus chuir taifead den rud a bhí bainte amach aige ina Thaifead Cúraim. Sna laethanta ina dhiaidh sin chuir Miriam a lán deiseanna ar fáil chun Liam a spreagadh le bheith ag lámhacán, agus faoi dheireadh na seachtaine dár gcionn bhí áthas an domhain air faoina shoghluaisteacht nua agus na deiseanna a chuir sé sin ar fáil dó chun nithe nua a iniúchadh!

?

***Ábhar machnaimh: Conas is féidir liom úsáid níos fearr a bhaint as breathnóireacht chun cuidiú le leanaí a spriocanna foghlama féin a shocrú?***

**Eispéireas foghlama 64: Is buachaillí a bhíonn ina bpíolótaí!**

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Mamailínigh agus leanaí**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Bhí Amy, Fionnán, Colm, agus Róisín (idir 2 bhliain 11 mhí d'aois agus 4 bliana 3 mhí d'aois) ag súgradh lasmuigh. Bhí siad ag ligean orthu go raibh siad ag dul chun na Fraince ar eitleán. Bhí stiúrthóir an naíonra, Joan, ag taifeadadh a gcuid súgartha ar thaifeadán físteipe. Bhí Áine, cúntóir an ghrúpa ag súgradh le roinnt de na leanaí eile agus súil á coinneáil aici ar a raibh ag titim amach idir Colm agus na leanaí eile. Bhí roinnt frapaí eagraithe ag na leanaí chun eitleán a chruthú agus anois bhí siad ag cinneadh ar na róil éagsúla. Bhí Colm an-soiléir go raibh seisean le bheith ina phíolóta ar an eitleán agus go mbeadh Fionnán ina chomhphíolta aige. Mhínigh Colm don bheirt chailíní go mbeidís siúd ina mbanmhaoir eitleáin, ag tabhairt deochanna do dhaoine agus ag taispeáint dóibh cá bhfuil na bealaí éalaithe.

Ní raibh Amy agus Róisín sásta leis na róil a tugadh dóibh. Theastaigh ó Amy bheith ina píolóta freisin.

Colm: Ní féidir le cailíní bheith ina bpíolótaí!

Róisín agus Amy: Is féidir.

Colm: Is sibhse na mná san eitleán a chabhraíonn le daoine. Ní féidir ach le buachaillí bheith ina bpíolótaí. Mar sin beidh mise i mo phíolóta ar an eitleán agus beidh Fionnán ina chomhphíolóta liom. (D'aontaigh Fionnán.)

Amy: Is féidir linn bheith inár bpíolótaí. Ní theastaíonn uaim súgradh libh.

D'imigh Amy léi agus fearg uirthi.

Róisín: Is féidir le cailíní ina bpíolótaí má theastaíonn uathu. (Thug Róisín sonc do Cholm agus thug sé sonc ar ais di).

Thosaigh an bheirt acu ag caoineadh. Bhí Áine ag breathnú air seo go léir agus d'imigh sí chuig na leanaí chun fiafraí díobh céard a tharla. Thug Amy é seo faoi deara agus d'fhill ar an ngrúpa.

Róisín: Dúirt Colm nach féidir le cailíní bheith ina bpíolótaí.

Colm: Buachaillí a bhíonn ina bpíolótaí agus thug sí sonc dom.

Róisín: Thug sé sonc domsa freisin.

Áine: ***Anois a chairde tuigeann sibh nach bhfuil cead agaibh bheith ag gortú a chéile, nach dtuigeann? Cuireann sé as dom go mór nuair a chloisim nach bhfuil sibh cineálta lena cheile. Ní fheadair an féidir linn an fhadhb seo a réiteach. Teastaíonn uaibh go léir bheith in bhur bpíolótaí, nach ea?***

D'aontaigh Amy, Fionnán, Colm, agus Róisín.

Áine: ***D'imigh mise go Meiriceá ar mo laethanta saoire anuraidh agus bhí cailín ina píolóta ar an eitleán mar sin tuigim gur féidir le cailíní bheith ina bpíolótaí freisin. Tuigimid go mbíonn a lán post éagsúil ag buachaillí agus cailíní. An cuimhin libh an scéal faoi Rosie a bhí ina tiománaí leoraí a thug a leoraí chun bia a cheannach do bha a comharsana? Nó céard faoi Bert atá ina altra a thug aire do Neena nuair a bhris sí a cos agus nuair a bhí uirthi dul chuig an ospidéal? Mar sin ní dóigh liom gur féidir a rá nach féidir ach le buachaillí amháin bheith ina bpíolótaí. Anois conas is féidir linn an fhadhb seo a réiteach? An bhfuil aon smaointe agaibh faoinar féidir linn a dhéanamh?***

Róisín: Beidh mise agus Amy inár bpíolótaí agus is féidir leis na buachaillí bheith san eitleán.

Colm: Níl sé sin féaráilte, teastaíonn uaimse bheith i mo phíolóta freisin.

Áine: ***An bhféadfaimis dhá eitleán a bheith againn?***

Amy: D'fhéadfaimis! Is féidir leatsa agus le Fionnán bheith in bhur bpíolótaí ar eitleán na mbuachaillí agus beidh mé féin agus Róisín inár bpíolótaí ar eitleán na gcailíní.

Colm: Sin é, agus eitleoimid chun na Fraince le chéile. Mise agus Fionnán chun tosaigh agus is féidir libhse muid a leanúint.

Fionnán: Sea.

Róisin: Agus déanfaimid na heitleáin a pháirceáil in aice lena chéile sa chlós páirceála d'eitleáin agus dul ag siopadóireacht. Tabharfaimid airgead daoibh.

Áine: ***Sin plean maith.***

Bhí an ceathrar leanaí gnóthach ansin ag tógáil an dara eitleán agus gan rómhoill bhí an ceathrar píolótaí san aer ar an mbealach chun na Fraince.

Nuair a d'imigh na leanaí abhaile bhreathnaigh Áine agus Joan ar na bhfístéip a bhí déanta acu den lá. Thóg siad ceithre ghrianghraf as agus bhain úsáid astu chun scéal eispéireas foghlama na leanaí a thaifeadadh. Rinne siad cóip den scéal le haghaidh gach linbh. Thaispeáin na leanaí an scéal dá dtuismitheoirí agus d'inis an scéal dóibh, agus chuir siad é isteach ina bhfillteáin oibre. Ina gcomhaid chleachtóra scríobh Áine agus Joan nóta faoi na smaointe a bhí ag na leanaí i leith cad is féidir le buachaillí agus cailíní a dhéanamh agus cad nach féidir leo a dhéanamh. Tá sé beartaithe acu tuilleadh póstaer agus scéalta a fháil faoi fhir agus mná i róil nach bhfuil steiréitipiciúil agus iad seo a phlé leis na leanaí. Tá sé beartaithe acu freisin roinnt súgartha a phleanáil leis na leanaí ina dtabharfar dúshlán dá stéiréitíopáil inscne.

?

***Ábhar machnaimh: Conas is féidir liom meas a léiriú ar shúgradh na leanaí agus ar a smaointe fad is a chuidím leo réiteach a fháil ar fhadhb – réiteach a fheileann do chách?***

**Eispéireas foghlama 65: Féach, casann an liathróid!**

## Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 3

**Aoisghrúpa: Mamailínigh agus leanaí**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Chruthaigh Mary, stiúrthóir an naíonra, an scéal seo a leanas chun doiciméadú a dhéanamh ar fhoghlaim Claire, Robert agus Kyle trí ghníomhaíocht ag bord an uisce.



**Grianghraf 1**
Bhí an cúpla Claire agus Robert (4 bliana d'aois) agus a gcara Kyle (beagnach 3 bliana d'aois) ag súgradh ag an tráidire uisce. Bhí siad ag líonadh agus ag folmhú soitheach agus bhí uisce á dhoirteadh acu isteach i rothaí uisce agus ag breathnú orthu ag casadh.



**Grianghraf 2**
Bhí leanaí ag baint trialach as nithe éagsúla amhail liathróidí agus ciúbanna a chur sna rothaí uisce. Thaitin le Claire úsáid a bhaint as an taephota chun an t-uisce a dhoirteadh. Thosaigh Robert ag déanamh amhlaidh. Bhain sé úsáid as canna spréite ón ngairdín glasraí chun uisce a chur ar na bloic a chuir sé sa roth uisce. Bhreathnaigh Kyle air seo, ag roghnú go ciúin gan aon doirteadh uisce a dhéanamh ag an roth uisce.



**Grianghraf 3**
Phioc Claire suas liathróid oráiste agus chuir sí é ar bharr an rotha uisce. Bhreathnaigh Robert agus Kyle uirthi agus uisce á dhoirteadh aici ón taephota. Thosaigh an liathróid ag casadh ag barr an rotha uisce. Mary, tar anseo. Féach cad a tharla, a dúirt sí go sceitimíneach. D'imigh Mary ar a glúine chun a fheiceáil cad a bhí ag titim amach. D'imigh Kyle ar a ghlúine freisin. D'iarr Mary ar Claire tuilleadh uisce a dhoirteadh. Bhreathnaigh siad go léir go cúramach ar an liathróid agus é ag casadh. ***A Thiarcais, féach air sin anois***, arsa Mary. Dhoirt Robert tuilleadh uisce ar bharr na gciúbanna. Ní chasann mo chinn. Níl sé sin féaráilte, ar seisean. ***B'fhéidir go bhféadfá triail a bhaint as liathróid mar a rinne Claire***, a mhol Mary. Thóg Robert amach na ciúbanna agus chuir liathróid a bhí ina lámh isteach ina n-ionad. Dhoirt sé uisce ar an liathróid leis an gcanna spréite agus thosaigh an liathróid ag casadh freisin. Féach, arsa Robert de bhéic. Rinne Kyle miongháire. Thug sé cuairt ar an tráidire uisce níos déanaí i rith na lae agus thosaigh ag casadh liathróidí.

D'inis Mary an scéal do na leanaí an lá dár gcionn agus thaispeáin sí grianghraif dóibh. Chuir siad an scéal ar taispeáint ar bhalla an naíonra. Thar an gcéad chúpla lá eile rinne Mary agus na leanaí iniúchadh ar cén fáth nach gcásann an ciúb mar a dhéanann na liathróidí.

?

*Ábhar machnaimh: Conas is féidir liom am a chur ar leataobh chun doiciméadú a dhéanamh ar roinnt d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na leanaí trí úsáid a bhaint as insint scéalta?*

**Eispéireas foghlama 66: Daoine eile a chur san áireamh**

## Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 3 agus Sprioc foghlama 5

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang na naíonán (bunscoil)**

Bhí cúigear as naonúr cailíní i rang na naíonán sóisearach ag súgradh amuigh sa chlós ag am lóin. Bhí Iníon Davison ar dhualgas clóis. Chuala sí cailín eile, Louise, ag iarraidh páirt a ghlacadh sa súgradh. Bhí an cara is fearr ag Louise, Síle, as láthair an lá úd. D'inis na cailíní do Louise nár theastaigh uathu súgradh léi. Láithreach bonn d'imigh Iníon Davison chuig Louise agus chuir in iúl di gur thuig siad gur gortaíodh a mothúcháin: *Louise, feicim go bhfuil díomá ort agus go bhfuil tú i d'aonar. Tá gá agam le cabhair chun aire a thabhairt do gach duine sa chlós. Ar mhaith leat cabhrú liom, le do thoil?* Chuidigh Iníon Davison agus Louise lena chéile don chuid eile d'am lóin. Tar éis lóin d'inis Iníon Davison do mhúinteoir rang Louise faoinar tharla sa chlós. Níos déanaí an lá sin chruinnigh an múinteoir na leanaí don chiorcal comhrá. Chuir sí ar leataobh an obair a bhí beartaithe aici agus thug faoin bplé seo a leanas: *Cad a dhéantar má iarrann duine ort an bhfuil cead acu súgradh leat ach go bhfuil do dhóthain daoine agat sa ghrúpa cheana féin?* Thosaigh sí an plé ag baint úsáide as an mbábóg ranga Ruby. D'inis Ruby don rang go raibh uirthi suí ina haonar lá amháin ar thuras scoile. Chuir sí síos ar a mothúcháin agus d'inis sí dóibh go raibh sí an-chorraithe agus gur theastaigh uaithi a bheith sa bhaile lena Mamaí agus a Mamó. D'fhiafraigh an múinteoir de na leanaí cad a d'fhéadfadh na leanaí eile i rang Ruby a dhéanamh ionas nach dtarlódh a leithéidí. Mhol siad straitéisí cosúil le sealaíocht, suí le Ruby, amhráin a chasadh le chéile ionas go mbeadh gach duine páirteach fiú dá mbeadh duine ag suí ina n-aonar, nó teidí a fháil chun suí in aice leis. D'fhorbair an múinteoir agus na leanaí an comhrá seo thar an gcéad chúpla lá eile.

Bhreac an múinteoir síos ina leabhar pleanála conas a d'éirigh le Louise go sóisialta sna laethanta ina dhiaidh sin, agus go háirithe nuair a bhí Síle as láthair. Scríobh sí nóta freisin ina comhad cleachtóra.

?

*Ábhar machnaimh: Conas is féidir liom úsáid níos fearr a bhaint as eolas measúnaithe d'am na huaire a bhailím trí bhreathnú ar leanaí agus bheith ag éisteacht leo?*







**Eispéireas foghlama 67: Mothúcháin a chur in iúl**

## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Freastalaíonn Caoimhín (3 bliana d'aois) ar naíonra. Is breá leis ceol. Phléigh a thuismitheoirí leis an stiúrthóir, Eimear, an chaoi a bhfuil sé deacair air a mhothúcháin a chur in iúl i gceart agus an chaoi a gcuireann sé sin as dó. Le cúpla seachtain anuas bhí Eimear ag múineadh amhrán do Chaoimhín agus do na leanaí eile sa ghrúpa i dtaobh mothúcháin éagsúla. Bhí úsáid á baint acu as uirlisí ceoil freisin fad is a bhí na hamhráin á gcanadh acu agus bhí siad ag bogadh leis an gceol chun cuidiú leo mothúcháin éagsúla a chur in iúl. Lena linn seo go léir, agus le linn am súgartha, bhí Eimear ag breathnú ar Chaoimhín chun a fháil amach conas a chuir sé é féin in iúl. Ghlac sí nótaí mionsonraithe mar gheall ar a eispéiris foghlama. Léirigh na nótaí sin go raibh dul chun cinn á dhéanamh ag Caoimhín ag léiriú do na leanaí eile conas a bhraith sé. Chuir Eimear an t-eolas seo in iúl dá mhamaí agus dá dhaidí an chéad uair eile a bhuail sí leo.

Samplaí de nótaí Eimear ina comhad cleachtóra.

*Dé Luain 18 Feabhra, 12.10 i.n. Súgradh lasmuigh*
*Bhí Caoimhín ag súgradh ina aonar sa chlais ghainimh. Rinne sé an gaineamh a chur isteach i dtrucail. Tháinig Anraí agus Sorcha sall chun cuidiú leis. Dúirt Caoimhín, "Ná déan" agus rinne buicéad eile in aice leis a thairiscint dóibh.*

*Dé Céadaoin 27 Feabhra, 9.40 r.n. Súgradh laistigh*
*Bhí Caoimhín, Eoin, Niamh, agus Amy ag imirt le foireann taeghréithe. Thug Eoin cupán tae do Chaoimhín. D'fhiafraigh Amy de Eoin an bhféadfadh sí roinnt tae a bheith aici. Rinne Eoin neamhaird den iarratas seo agus d'éirigh Amy corraithe. Rinne Caoimhín a chupán tae a thairiscint di.*

***Ábhar Machnaimh: An gcuirim am ar leataobh chun athbhreithniú a dhéanamh ar mo bhreathnadóireachtaí ar eispéiris foghlama na leanaí mar bhealach le feiceáil cén dul chun cinn atá ar siúl acu?***








## Tascanna sa suíomh

### Céard atá i gceist le tascanna sa suíomh?

Foghlaimíonn leanaí trí nithe a dhéanamh. Is éard atá i gceist le tascanna sa suíomh ná duine fásta ag ceapadh gníomhaíochtaí chun eolas a bhailiú faoi ghné ar leith den fhoghlaim agus den fhorbairt. Uaireanta d'fhéadfadh an duine fásta tascanna a eagrú ag deireadh tréimhse áirithe ama nó tar éis píosa oibre nó tionscadal a chur i gcrích ar thopaic éigin.

### Cad iad na tascanna a shocróidh mé?

Cinnfidh an duine fásta ar an eolas a theastaíonn uaidh/uaithi a bhailiú faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt leanaí. Leis an eolas seo, ceapfaidh an duine fásta tascanna a spreagfaidh spéiseanna na leanaí agus a mbeidh siad sceitimíneach ina dtaobh, agus beidh na leanaí i mbun úsáid a bhaint as ábhair agus nithe a bhfuil taithí acu orthu. Fad is atá na leanaí ag cur i gcrích na dtascanna breathnóidh an duine fásta orthu agus éistfidh lena bhfuil á rá agus á dhéanamh acu. I rith an ama seo freagróidh sé/sí ceisteanna a bheidh ag na leanaí agus molfaidh iad as a n-iarrachtaí.

### Cén t-aoisghrúpa leanaí ar féidir tascanna a úsáid leo?

Is féidir tascanna a úsáid le leanaí óga, le mamailínigh agus le leanaí.

**Eispéireas foghlama 68: Cad atá sa mhála draíochta?**

**Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 1**

**Aoisghrúpa: Leanaí óga agus leanaí**

**Suíomh: Feighlíocht linbh**

Tugann Mary aire do Chris (14 mhí d'aois), a bhfuil siondróm Down air, agus dá dheirfiúr Tamzin (beagnach 4 bliana d'aois) ina teach féin. Bhí Chris ag suí ar an gcairpéad sa seomra suite agus é ag suí i gcoinne cúisíní. Shuigh Mary ar an urlár in aice leis agus thathantaigh ar Tamzin teacht anonn chucu. Bhí Mála Draíochta ag Mary ina raibh a lán rudaí a chruinnigh sí ón teach.

Mary: ***Chris agus Tamzin féach,*** (ag croitheadh an mhála), ***cad atá sa mhála, meas sibh?***

Tamzin: Ní fheadair Mary.

Mary: ***Ceart go leor, anois dún na súile agus cuir an lámh isteach sa mhála agus aimsigh rud éigin. Cad atá ann, meas tú?***

Tamzin: (Dhún sí a súile agus chuir a lámh isteach sa mhála.) OOOH! Braithim rud éigin le fionnadh. An cat atá ann?

Mary: ***Nílim cinnte. D'fhéadfadh gur cat atá ann?***

Tamzin: Níl fhios agam. (Thóg sí an rud as an mála.) Lámhainn atá ann. Óinseach mise. (Thug sí an lámhainn do Chris.)

Shín Chris chun tosaigh agus thóg an lámhainn le fionnadh mín réidh air ó Tamzin. Chuir sé a lámh ar an bhfionnadh go cúramach, rinne gliog gliog glórach, agus thug an lámhainn ar ais do Mary, ansin dhírigh sé a aird ar Tamzin arís agus ar an mála.

Mary: ***Bíodh seans ag Chris anois.***

Chuir Chris a lámh go cíocrach isteach sa mhála agus thóg amach barr stáin bhrioscaí. Chas sé timpeall an barr agus chonaic sé é féin frithchaite sa stán agus thosaigh ag stánadh air sular thug sé an barr ar ais do Mary.

Mary: ***Cé hé sin?*** (Thug sí an barr ar ais do Chris agus shín amach é chun go bhfeicfeadh sé é féin.)

Tamzin: Lig domsa breathnú air freisin. Féach, sin tusa Chris, féach. Agus sin mise. (Chrom sí i dtreo Chris ionas go bhféadfaidís beirt iad féin a fheiceáil sa bharr.)

Ansin bhuail Tamzin an barr lena lámh agus rinne sí torann leis. Bhain sé seo geit as Chris agus thosaigh sé ag caoineadh. Thóg Mary an barr agus bhuail é go héadrom ciúin agus mhínigh sí do Chris cad a bhí ar siúl aici. Léirigh Chris nach raibh spéis aige sa bharr. Ina ionad sin d'fhill sé ar an mála agus thóg amach cupán séalaithe plaisteach ina raibh pasta tirim. Chroith sé an cupán, agus nuair a chuala sé an glór a rinne an pasta, rinne sé mionghháire agus bhain triail eile as. Leanadh ar aghaidh leis seo go dtí go raibh gach rud tógtha ag Chris agus Tamzin as an Mála Draíochta. Ansin thosaigh Tamzin ag cur gach rud ar ais sa mhála, agus thosaigh an ghníomhaíocht arís.

I dtaifead laethúil Chris scríobh Mary na nithe seo a leanas:

- *Bhí sé sceitimíneach agus fiosrach faoin Mála Draíochta.*
- *Shuigh sé suas le tacaíocht ó na cúisíní.*
- *Níor thaitin an torann mór leis.*

Sheol Mary an taifead laethúil abhaile, agus rinne sí tagairt don eispéireas leis an Mála Draíochta nuair a labhair sí le daid Chris ar an Aoine, nuair a tháinig sé chun na leanaí a bhailiú, faoina raibh ar siúl ag Chris agus Tamzin an tseachtain sin. Bhain daid Chris úsáid as an eolas seo chun tuairisc chun dáta a thabhairt don fhisiteiripeoir mar gheall ar dhul chun cinn Chris.

?

***Ábhar machnaimh: An mbainim úsáid as rudaí agus as gníomhaíochtaí a mbeadh spéis ag na leanaí iontu agus a spreagfadh a bhfiosracht ag baint úsáide as tascanna sa suíomh chun tuilleadh eolais a bhailiú faoi cé chomh maith is atá ag éirí leo?***

**Eispéireas foghlama 69: Dúshlán spraíúil lasmuigh leis an gceamara**

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Mamailínigh agus leanaí**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Bhí Liam agus Jean, beirt d'fhoireann an naíonra, agus sé leanbh déag (idir 2½ agus 4 bliana d'aois) ag súgradh lasmuigh. Chuir Liam gliondar ar na leanaí nuair a thug sé isteach liathróidí nua móra boga dóibh. Bhí na leanaí an-sceitimíneach agus rug siad go léir greim ar cheann amháin agus thosaigh á bpreabadh, á speachadh agus á rolladh. Bhí fáil ag na leanaí ar na liathróidí gach lá nuair a bhí siad lasmuigh. Shocraigh Liam tascanna dóibh ó am go chéile a bhí dírithe ar na scileanna comhordúcháin lámh-súl a fhorbairt, agus ionas go bhféadfadh sé léiriú maith a fháil ar a ndul chin cinn sna scileanna sin agus mar thoradh air sin cuidiú leo.

An Luan úd agus iad ag súgradh lasmuigh, mhínigh Liam agus Jean do na leanaí go raibh siad chun roinnt cluichí rollacha a imirt. Is éard a bhí i gceist ná a liathróid bhog a rolladh os a gcomhair amach, chuig an taobh, agus chuig a chéile. Roinn Liam an grúpa ina dhá leath, agus d'fhiafraigh den ghrúpa d'ochtar leanaí a bhí ag obair leis, ***Ní fheadair cá mhéad liathróid a bheidh ag teastáil uainn?*** Cúig cinn. Ní hea, trí cinn. Cúig cinn, a Liam, a tháinig mar fhreagraí. ***Roghnóimid cúig cinn agus feicfimid ansin an bhfuil ár ndóthain againn***, ar seisean. Chomhair beirt de na leanaí cúig cinn agus thug iad trasna chuig Liam. Ansin d'iarr Liam ar gach leanbh ceann amháin a thógáil. Thug duine de na leanaí faoi deara nach raibh dóthain ann do gach duine, agus d'iarr an leanbh air tuilleadh a fháil! Labhair siad faoin ngá a bhí ann liathróid an duine a bheith acu. Thosaigh comhrá cosúil leis seo i ngrúpa Jean.


Le liathróid an duine, thosaigh na leanaí ag rolladh a liathróidí. Thosaigh gáire ina measc nuair a bhuail na liathróidí cosa na leanaí agus nuair a phreab siad leo i ngach treo. Thosaigh na leanaí ag rith ina ndiaidh. Léirigh roinnt leanaí frustrachas leis na liathróidí mar nach rachaidís sa treo a theastaigh uathu. Rinne Liam agus Jean iombhá leo agus thacaigh leo. Rinne siad eiseamláiriú ar an rolladh.

Sna seachtainí ina dhiaidh sin d'eagraigh Liam agus Jean roinnt gníomhaíochtaí rollacha, agus ina dhiaidh sin gníomhaíochtaí ina raibh ar na leanaí nithe a chaitheamh san aer chun cuidiú leo lena scileanna comhordúcháin. Bhain siad úsáid as rudaí éagsúla amhail pónaireáin, liathróidí ar thoisí éagsúla, agus bréagáin bhoga. Rinne siad na leanaí a thaifeadadh ar fhístéip sa chéad seachtain agus ansin arís ceithre mhí dár gcionn. Thaispeáin siad an fhístéip do na leanaí agus labhair siad leo faoi cé chomh maith is a d'fhoghlaim siad conas nithe a rolladh agus a chaitheamh san aer. Thaitin sé go mór leis na leanaí fístéipeanna díobh féin a fheiceáil agus chuir siad a dtuairimí in iúl: Féach orm ag caitheamh na liathróide! Bhí sé mór millteach. Ní féidir le mo dheartháir é a dhéanamh.

?

***Ábhar machnaimh: Conas is féidir liom úsáid níos fearr a bhaint as fístéipeanna chun cur le foghlaim na leanaí agus a ndul chun cinn a thaispeáint dóibh?***





**Eispéireas foghlama 70: Tuar ceatha de dhathanna**

## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 4

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Bhí deichniúr leanaí (idir 3 bliana d'aois agus 4 bliana 4 mhí) ag freastal ar naíonra. Thug stiúrthóir an naíonra, Eilís, faoi deara go raibh sceitimíní ar na leanaí lá amháin nuair a chonaic siad tuar ceatha sa ghairdín. Láithreach bonn thug siad criáin agus páipéar amach agus tharraing na leanaí a dtuar ceatha féin mar a chonaic siad é sa spéir. Thug sí faoi deara an spéis a léirigh roinnt díobh in ainmneacha na ndathanna, go háirithe indeagó agus vialait. Sna seachtainí ina dhiaidh sin d'eagraigh Eilís roinnt eispéireas chun go bhfoghlaimeodh na leanaí tuilleadh faoi dhathanna.

Le cúnamh ó Eilís labhair na leanaí faoi dhathanna agus d'fhoghlaim na hainmneacha díobh de réir mar a shiúl siad i bpáirc sa chomharsanacht, de réir mar a bhí siad i mbun gníomhaíochtaí péintéireachta agus gníomhaíochtaí le taos súgartha, agus de réir mar a rinne siad glasraí a shórtáil san ollmhargadh agus cultacha do bhál Cinderella. Chomh maith leis sin rinne siad tástáil ar dhathanna a mheascadh, agus dúirt siad go raibh 'draíocht' cruthaithe acu, nuair a mheasc siad, faoi stiúir Eilís, gorm agus buí chun glas a chruthú agus dearg agus buí chun oráiste a chruthú. De réir mar a d'imigh an mhí ar aghaidh d'eagraigh Eilís spásanna do dhathanna éagsúla sa seomra. Bhí dath ar leith ag baint le gach spás, mar shampla Éan Gorm agus Dearg, an t-Inneall Dóiteáin, chomh maith le rudaí ar na dathanna sin. Sna seachtainí ina dhiaidh sin bhain sí úsáid as tascanna éagsúla chun measúnú a dhéanamh ar chumas na leanaí dathanna a mheaitseáil, a ainmniú agus a roghnú. I measc na dtascanna sin bhí siopa stocaí ag na leanaí. Gach lá d'iarr sí ar bheirt leanaí bheith i bhfeighil an tsiopa. D'iarr na custaiméirí (Eilís san áireamh) stocaí le dath ar leith. Bhreathnaigh Eilís ar an gcaoi ar chomhlíon na leanaí na horduithe ó na custaiméirí. De réir mar a d'imigh na laethanta thart, thug sí faoi deara gur thosaigh leanaí áirithe ag iarraidh stocaí le pátrúin ar leith agus le meascáin de dhathanna, agus nuair nach raibh siad sásta leis an réimse a bhí ar tairiscint ag an siopa, thug siad stocaí leo ón mbaile chuig an naíonra! Ní fada go raibh siopa gnóthach sa naíonra a bhí ag díol stocaí ildaite agus stocaí neamhchoitianta. Scaip an scéal agus thosaigh tuismitheoirí na leanaí ag tabhairt cuairte ar an siopa chun stocaí a cheannach nuair a bhí siad ag tabhairt na leanaí isteach ar maidin agus á mbailiú sa tráthnóna. Chun an gníomh seo a fhorbairt d'inis Eilís scéalta do na leanaí a d'áirigh tagairt do phátrúin, agus thug sí isteach leabhair fhíorasacha a léirigh pátrúin d'fhionnadh ainmhithe.

Ina comhad cleachtóra rinne Eilís seicliosta de na nithe a thug sí faoi deara sa siopa le linn na seachtaine agus ag baint úsáide as an eolas sin phleanáil sí le haghaidh eispéireas eile a bhain le dathanna agus le pátrúin.

### *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht,* Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 1, Siopa stocaí

| | Dáta – D.F. | dearg | oráiste | buí | vialait | glas | gorm | corcra | donn | dubh | bán | stríocach | breac |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fionn | 15 | √ | √ | √ | | | | | | | √ | | √ |
| Deirdre | 15 | √ | | | | √ | √ | √ | √ | | √ | √ | √ |
| Sasha | 16 | √ | √ | √ | √ | √ | √ | | √ | √ | | | √ |
| Billy | 16 | √ | | | | | √ | | | | | | |
| Yussef | 17 | √ | √ | √ | | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| George | 17 | | √ | √ | | √ | √ | | | | | | √ |
| Alisha | 18 | | | | | | | | | | | | |
| Cara | 18 | | | | | | | | | | | | |
| Leon | 19 | | | | | | | | | | | | |
| Aesha | 19 | | | | | | | | | | | | |

?

*Ábhar machnaimh: An socraím tascanna a spreagfaidh spéis agus samhlaíocht na leanaí?*

**Eispéireas foghlama 71: Forbairt scríbhneoireachta**

## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 4

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang naíonáin (Gaelscoil)**


Tá rang naíonáin á mhúineadh ag Iníon Uí Mhurchú i nGaelscoil. An tseachtain seo bhí sí féin agus an rang ag léamh agus ag plé an scéil, *Goldilocks agus na trí bhéar.* Mar chuid de seo bhí plé ann i dtaobh céard a dhéanfadh na trí bhéar dá mbeadh fhios acu cá raibh cónaí ar Goldilocks. Chuir siad tuairimí in iúl maidir lena dtarlódh agus ceann de na moltaí ná go ndéanfadh na béir praiseach de theach Goldilocks. Thug Iníon Uí Mhurchú tasc do na leanaí agus d'iarr orthu scéalta a scríobh faoi *Goldilocks agus na trí bhéar.* Thug sí tascanna éagsúla do leanaí éagsúla sa rang. Do roinnt de na leanaí thug sí sé phictiúr chun iad a chur in ord an scéil agus chun an focal cuí a roghnú ó liosta focal le cur faoin ngrianghraf cuí. Scríobh grúpa eile leanaí an scéal ina bhfocail féin ina leabhair – leabhair a raibh cruth teachín tuaithe orthu. Scríobh an tríú grúpa leanaí an scéal ina bhfocail féin agus rinne iarracht a shamhlú conas mar a bheadh an scéal dá dtabharfadh na béir cuairt ar theach Goldilocks. Chuir an múinteoir na príomhfhocail agus na priomhfhrásaí ar fáil bunaithe ar phlé an ranga.

D'imigh Iníon Uí Mhurchú ó ghrúpa go grúpa de réir mar a d'oibrigh na scríbhneoirí óga ar a scéalta. Spreag sí iad le litriú a úsáid nuair nach raibh an focal a bhí á lorg acu ar an gclár bán. Uaireanta bhí sí ag smaoineamh os ard in éineacht leo chun cuidiú leo deireadh an scéil a phleanáil: ***Chuir Goldilocks glaoch ar a mamaí nuair a chonaic sí an praiseach a bhí déanta!*** Gach lá ag am inste scéil thug sí an deis do sheisear a scéalta a léamh, ag léiriú a gcuid leabhar nó na pictiúir a chuir siad in ord an scéil. Gach tráthnóna nuair a bhí na leanaí imithe abhaile scríobh sí cuntas gearr ar scríbhneoireacht na sé leanbh agus chuir leis an eolas a bhí ar taifead aici cheana féin faoina scileanna scríbhneoireachta. Chuir sí freisin cóip d'obair na leanaí ina bhfillteáin oibre.

Sampla de nótaí Iníon Uí Mhurchú ar scéal Mheadbh ina comhad cleachtóra.

> *10 Márta 2009: Choinnigh sí na buncharachtair mar an gcéanna; thug sí isteach carachtar amháin nua (mamaí Goldilocks) ar bhealach loighciúil. D'úsáid sí a litriú féin ag léiriú feasacht mhaith fóineolaíochta. Chuir sí ceithre abairt nua sa bhreis leis chun deireadh eile a chur leis an scéal. Dul chun cinn an-mhaith.*

**?** ***Ábhar Machnaimh: Conas a bhainfidh mé úsáid níos fearr as eolas measúnaithe chun tascanna éagsúla a thabhairt do leanaí éagsúla agus ar an gcaoi seo cuidiú leo lena bhfoghlaim agus a bhforbairt?***








## Tástáil

### Cad is tástáil ann?

Cuireann breathnóireacht agus comhráite leanúnacha le leanaí eolas saibhir ar fáil don duine fásta faoi dhul chun cinn na leanaí agus faoi na nithe atá bainte amach acu mar fhoghlaimeoirí óga. Féadfaidh an tástáil, atá ina mhodh measúnaithe eile, an t-eolas sin a dhearbhú.

Is éard atá i gceist leis an tástáil le linn na luath-óige de ghnáth ná tascanna a cheaptar go tráchtála a shocrú agus/nó ceisteanna a chur chun eolas a bhailiú faoi ghnéithe sonracha d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí, amhail scileanna luaile agus sóisialta, iompar, teanga bhriathartha, agus tuiscint. Is tástálacha caighdeánaithe roinnt de na tástálacha agus de ghnáth úsáidtear iad i mbunscoileanna le haghaidh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Baintear úsáid as na tástálacha seo, déantar iad a mharcáil agus a léirmhíniú ar an gcaoi chéanna i ngach suíomh a bhaineann úsáid astu. Cuireann na marcanna ó na tástálacha foghlaim agus forbairt na leanaí i gcomparáid le leanaí eile ar chomhaois. Tá sé tábhachtach a mheabhrú gur féidir le marcanna ó thástálacha do leanaí óga a bheith neamhiontaofa. Chomh maith leis sin tá sé tábhachtach a mheabhrú go ndearnadh na tástálacha sin a chaighdeánú do dhaonraí áirithe leanaí, ar leanaí iad a bhféadfadh teanga dhúchais éagsúil a bheith acu, mar shampla, agus mar sin ba chóir a bheith an-chúramach nuair atá na marcanna á léirmhíniú.

I dteannta an eolais ó mhodhanna measúnaithe eile, féadfaidh marcanna ó thástálacha leanaí a shainaithint a bhféadfadh deacrachtaí foghlama a bheith acu faoi láthair nó amach anseo. Tugtar scagthástáil air seo[13]. Is féidir tástálacha eile, ar a dtugtar tástálacha diagnóiseacha, a úsáid le leanaí indibhidiúla (le cead ó thuismitheoirí) d'fhonn deacracht ar leith a shainaithint agus chun tacaí agus acmhainní a sholáthar chun an tionchar ar a bhfoghlaim agus a bhforbairt a íoslaghdú.

### Conas a dhéanfaidh mé an tástáil seo?

Is féidir le gairmithe, mar shampla teiripeoir urlabhra agus teanga nó síceolaí, úsáid a bhaint as tástálacha diagnóiseacha agus tástálacha caighdeánaithe i gcás ina bhfuil cúis imní ann faoi fhoghlaim agus forbairt linbh. Baineann múinteoirí bunscoile a bhíonn ag obair le naíonáin shóisearacha agus shinsearacha úsáid as tástálacha le haghaidh scileanna luatha litearthachta, uimhearthachta agus forbraíochta, fad is a úsáideann múinteoirí riachtanais speisialta tástálacha diagnóiseacha. I gcás roinnt mhaith daoine fásta eile a bhíonn ag obair i suíomhanna lasmuigh den bhaile ní bhainfidh siad úsáid as tástálacha.

Ceapadh gach tástáil ar mhaithe le cuspóir ar leith agus níor chóir é a úsáid ach chuige sin. I gcás ina bhfuil tástálacha á roghnú le haghaidh leanaí óga ní foláir do mhúinteoirí tástálacha a roghnú atá lánbhríoch, suimiúil agus spreagúil do na leanaí. Chomh maith leis sin ní foláir don múinteoir a bheith lánsásta go dtuigfidh gach leanbh go hiomlán an teanga atá in úsáid sa tástáil.

### Cén t-aoisghrúpa leanaí ar chóir na tástálacha seo a úsáid leo?

De ghnáth baintear úsáid as tástáil le leanaí óga. Ceaptar gach tástáil go háirithe le haghaidh raon aoise ar leith.

---

[13] Le haghaidh eolais maidir le scagthástáil i mbunscoileanna féach lch78 sa doiciméad, *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile. Treoir do Scoileanna* (CNCM, 2007). Dearbhaíonn an doiciméad gur chóir do scoileanna polasaí scagthástála a fheidhmiú sa dara scoilbhliain, i mí Feabhra den dara téarma más féidir.

**Eispéireas foghlama 72: Scagthástáil sna naíonáin shinsearacha**

## Téama: *Cumarsáid*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 1

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang na naíonán (bunscoil)**

Múineann Iníon Clarke 29 buachaill i rang na naíonán sinsearach. Mar chuid de pholasaithe measúnaithe na scoile bhain Iníon Clarke úsáid as scagthástáil litearthachta leis an rang iomlán go déanach i mí Eanáir. Nuair a bhí na tástálacha á gceartú aici thug sí faoi deara go raibh seisear le marc sa tástáil a bhí níos ísle ná an tairseach tástála. Trí bhreathnóireacht agus comhráite, bhí sí in ann monatóireacht chúramach a dhéanamh ar na buachaillí sin mar gur thuig sí go raibh fuaimeanna na litreacha dúshlánach dóibh, agus i gcás beirte bhí gá acu le tacaíocht leanúnach chun scileanna éisteachta a fhorbairt. Bhí sí den tuairim go mb'fhéidir go raibh fachtóirí eile ina gcúis leis na marcanna ísle sna tástálacha seachas deacrachtaí litearthachta. Chuir sí fachtóirí áirithe san áireamh, amhail teanga, castacht na dtreoracha, agus imní ar leanaí sa suíomh tástála. Tar éis di labhairt le tuismitheoirí na mbuachaillí, d'atreoraigh sí iad chuig an múinteoir tacaíochta foghlama, Bean Mhic Gearailt. Tar éis dea-chaidreamh a chur ar bun leis na leanaí rinne an múinteoir sin tástálacha diagnóiseacha indibhidiúla leo.

Tar éis di an t-eolas go léir a bhí ar fáil a mheas, thug Bean Mhic Gearailt cuireadh do thuismitheoirí an tseisir páirt a ghlacadh i gclár luath-idirghabhála 6-8 seachtaine, d'fhonn cuidiú leo tacú le gnéithe sonracha d'fhoghlaim a leanaí. D'aontaigh Iníon Clarke agus Bean Mhic Gearailt ar roinnt gníomhaíochtaí foghlama breise a bhféadfadh Iníon Clarke úsáid a bhaint astu chun obair leis na buachaillí ar bhonn aonair agus i ngrúpaí.

Ag deireadh an chláir luath-idirghabhála rinneadh tástáil arís ar an seisear. Fuair cúigear marcanna níos fearr an uair seo. Cé go raibh roinnt dul chun cinn déanta ag an séú leanbh, bheartaigh Iníon Clarke leanúint leis an tacaíocht duine le duine a bhí á fháil aige sa rang. Déanfaidh Bean Mhic Gearailt tuilleadh tástála diagnóisí agus measúnaithe air.

?

***Ábhar machnaimh: An bhfuil polasaí scagthástála ag an scoil chun leanaí a shainaithint a mbeadh gá acu le tacaíocht bhreise agus/nó speisialaithe?***

**Eispéireas foghlama 73: Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an PODA**

## Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 2

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Seisiún naíonra**

Tá Eoin (3½ bliain d'aois) ag freastal ar naíonra áitiúil. Rinneadh Eoin a dhiagnóisiú le Neamhord ar Speictream an Uathachais (ASD). Chaith Louise, stiúrthóir an naíonra, agus Emily (CRS Eoin), mí Mheán Fómhair ag bailiú eolais faoi Eoin trí bhreathnóireacht dhíreach agus é ag glacadh páirte i ngnáthghníomhaíochtaí, gnáthaimh agus idirghníomhaíochtaí le leanaí eile agus le daoine fásta. Ag deireadh na míosa tháinig siad le chéile chun plé a bheith acu ar an gcaoi tacú le foghlaim agus forbairt Eoin. Dhírigh siad, go háirithe, ar na dúshláin a bhí roimhe agus é ag súgradh agus ag obair le leanaí eile.

Ina dhiaidh sin bhuail Louise agus Emily le tuismitheoirí Eoin. Chuir máthair Eoin síos ar na cóireálacha agus teiripí a bhí á bhfáil ag Eoin. Ceapadh Plean Oideachais don Dalta Aonair (PODA) con chéad téarma, le cúnamh ón bhFoireann Luath-Idirghabhála in oifig áitiúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
Ar cheann de na spriocanna acu tá cuidiú le hEoin idirghníomhú le daoine eile. Cheap Louise clár gníomhaíochtaí d'Eoin le spriocanna gearrthéarmacha a chuideodh leis na spriocanna a bhaint amach. Ina measc bhí pictiúir a úsáid chun cuidiú le hEoin tuiscint a fháil ar ghothaí gnúise agus scéalta

sóisialta a úsáid chun tacú le hEoin agus é ag déileáil le hidirghníomhú sóisialta. Roghnaigh Louise agus Emily cara d'Eoin ó na leanaí eile, a bheadh mar pháirtí aige i ngníomhaíochtaí agus sa súgradh. Déanfar dul chun cinn Eoin ó thaobh an idirghníomhaithe de le daoine eile a dhoiciméadú agus a athbhreithniú i mí Eanáir agus déanfar cuspóirí nua gearrthéarmacha a shocrú don Phlean Oideachais don Dalta Aonair chun cuidiú leis idirghníomhú le daoine eile.

?

*Ábhar machnaimh: Conas is féidir liom úsáid a bhaint as an eolas a bhailím trí mheán na breathnóireachta chun cur leis an bPlean Oideachais don Dalta Aonair agus ar an gcaoi sin cuidiú le leanaí a bhfuil RSO acu dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama ar an mbealach is oiriúnaí dóibh ag an am áirithe sin?*

**Eispéireas foghlama 74: Ag obair i suíomh oideachais speisialta**

## Téama: Aidhmeanna agus Spriocanna foghlama ar fud na gceithre théama

**Aoisghrúpa: Leanaí**

**Suíomh: Rang na Naíonán (bunscoil speisialta)**

Freastalaíonn Stephen (6 bliana d'aois) ar scoil speisialta. Tá diostróife mhatánach air agus tá sé faoi mhíchumas éadrom ginearálta foghlama. D'inis a thuismitheoirí dá mhúinteoir, Linda, gur breá leis a mhadra agus go bhfuil an ghráin aige ar thorann. Bunaithe ar mheasúnuithe ar fhoghlaim agus ar fhorbairt Stephen, cheap Linda agus foireann teiripeoirí a oibríonn sa scoil clár d'eispéiris foghlama dó.

Dhírigh Linda ar chumas teanga Stephen, ar a iompar dúshlánach, ar a scileanna luaile agus ar an luath-léitheoireacht. Rinne sí breathnú, measúnú agus taifeadadh ar a urlabhra agus a scileanna teanga: léirigh sé teanga thromchiallach, mar shampla thug sé choo choo ar thraein. Bíonn struchtúr na habairte dúshlánach dó freisin agus bíonn deacrachtaí aige le friotal a chur ar eispéiris, mar shampla tugann sé goras ar doras. Chuir Linda an t-eolas seo in iúl don teiripeoir urlabhra Nora a rinne tuilleadh tástála, agus, ag baint úsáide as an eolas seo, cheap sí clár laethúil teanga agus urlabhra le haghaidh Stephen.

Bunaithe ar nótaí breathnóireachta Kate (Cúntóir Riachtanas Speisialta) agus ar a nótaí breathnóireachta féin d'iompar dúshlánach Stephen, d'athraigh Linda gnáthamh tráthnóna Stephen. Rinne sí é a atreorú chuig Joan an fisiteiripeoir a thug Stephen chuig linn hidriteiripe an chlinic dhá thráthnóna sa tseachtain, agus thug Gill, an teiripeoir saothair Stephen chuig seomra scíthe *Snoozaleen* dhá thráthnóna sa tseachtain.

Chun tacú le forbairt scileanna luaile Stephen chuir Joan cleachtaí oiriúnacha fisiceacha ar fáil do Linda, a d'áirigh an méid ama a chaitheann sé ag seasamh agus ag suí a athrú. Chun go mbeadh sé níos éasca ar Stephen bogadh timpeall an tseomra ranga d'fhéach Gill ar an bhféidearthacht a bhí ann teacht ar chathaoir rothaí dó. D'eagraigh sí réimse tacaí chun cuidiú leis a chuid deacrachtaí lena scileanna mínluaileacha. I measc na dtacaí sin bhí greamán don pheann luaidhe agus méarchlár ríomhaire sainoiriúnaithe.

Ar deireadh thiar, léirigh measúnú Linda ar scileanna luathléitheoireachta Stephen go raibh a stór focal súilaithne teoranta dá ainm féin. Léirigh tástálacha éagsúla freisin go raibh deacrachtaí aige le nithe a idirdhealú óna chéile ó amharc, go raibh deacrachtaí aige le cuimhne sheicheamhach, agus le seicheamhú éisteachta. I bhfianaise an eolais seo, mhol Gill do Linda go n-eagrófaí seisiúin imeasctha céadfaí i gcomhair Stephen.

?

*Ábhar machnaimh: Conas is féidir liom tógáil ar an obair idirdhisciplíneach ar bhonn leanúnach d'fhonn tacaíocht speisialaithe a sholáthar do na leanaí, más gá, chun cuidiú leo dul chun cinn a dhéanamh ina bhfoghlaim agus a bhforbairt?*

## Machnamh ar mo chleachtas

1. *An bhfuil dóthain eolais á bhailiú agam faoi fhoghlaim agus fhorbairt na leanaí ag baint úsáide as réimse modhanna?*
2. *Conas atá an t-eolas sin á úsáid agam chun foghlaim gach linbh a fhairsingiú agus a shaibhriú?*

## Na dúshláin agus láidreachtaí a bhaineann leis na modhanna measúnaithe

Mar a luadh roimhe seo, má úsáidtear meascán de mhodhanna measúnaithe soláthraítear cuntas sonrach ar fhoghlaim agus fhorbairt gach linbh. I dTábla 14 leagtar amach roinnt de na dúshláin agus na láidreachtaí a bhaineann le féinmheasúnú, comhráite, breathnóireacht, tascanna sa suíomh agus tástáil chaighdeánaithe.







**Tábla 14: Dúshláin agus láidreachtaí**

| Modh | Dúshláin | Láidreachtaí |
|---|---|---|
| **Féinmheasúnú** | ▪ Féadfaidh sé iomarca béime a leagan ar a ndéanann leanaí seachas féachaint ar an gcúis leis.<br>▪ Bíonn am ag teastáil ó leanaí a scileanna a fhorbairt chun machnamh ar a gcuid foghlama. | ▪ Cuidíonn sé le leanaí tuiscint a fháil orthu féin mar fhoghlaimeoirí.<br>▪ Spreagann sé leanaí le bheith bródúil astu féin agus as a bhfuil bainte amach acu.<br>▪ Cuidíonn sé le leanaí níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin.<br>▪ Déanann sé eispéireas níos taitneamhaí agus níos inspreagthaí as an bhfoghlaim. |
| **Comhráite** | ▪ Téann cumas cumarsáide na leanaí i bhfeidhm ar an eolas is féidir leo a roinnt agus an chaoi leis an eolas sin a roinnt.<br>▪ Caithfidh an duine fásta éisteacht go cúramach leis an gcaoi a ndéanann leanaí cumarsáid agus leis na nithe a chuireann siad in iúl.<br>▪ Bíonn am ag teastáil ón duine fásta chun scileanna a fhorbairt chun tacú le leanaí agus cur ar a gcumas léargais a roinnt ar a bhfoghlaim agus a bhforbairt trí bheith ag caint fúthu.<br>▪ Tógann sé seo am.<br>▪ Is féidir leis bheith deacair a dhéanamh le grúpa mór. | ▪ Tugann sé an deis do leanaí labhairt faoina gcuid oibre, faoina n-eispéiris, faoina dteaghlaigh, faoi na nithe a thaitníonn leo agus na nithe nach dtaitníonn leo.<br>▪ Soláthraíonn sé eolas faoin gcúis ar fhreagair leanaí ar bhealach áirithe, faoi na nithe a rinne siad agus a ndúirt siad, nó faoi nithe a chruthaigh siad. |
| **Breathnóireacht** | ▪ Tógann sé am tabhairt faoin mbreathnóireacht phleanáilte agus díriú ar leanbh ar leith<br>▪ Tógann sé am ar an duine fásta scileanna taifeadta eolais a fhorbairt<br>▪ Ní foláir don duine fásta a bheith inniúil ar an eolas atá á lorg aige/aici, agus cuimhneach ar an gcaoi a rachadh sin i bhfeidhm ar an mbreathnóireacht. | ▪ Féadfaidh sé bheith uathspreagtha nó pleanáilte, agus is féidir é a chur i gcrích laistigh de chúpla soicind nó nóiméad.<br>▪ Soláthraíonn sé eolas faoin gcomhthéacs inar tharla foghlaim agus forbairt an linbh.<br>▪ Cuireann sé eolas láithreach ar fáil faoin gcaoi a bhfoghlaimíonn leanaí agus faoi cad atá á fhoghlaim acu agus faoina n-eispéiris. |
| **Tascanna sa suíomh** | ▪ Go minic bíonn acmhainní ar leith ag teastáil.<br>▪ Bíonn am ag teastáil ón duine fásta chun breathnú ar leanaí ag glacadh páirte i dtascanna, agus má tá sé cuidiúil, labhairt leo. | ▪ Is féidir leis samplaí d'obair na leanaí a sholáthar mar fhianaise ar a bhfoghlaim agus a bhforbairt.<br>▪ Soláthraíonn sé eolas faoi fhoghlaim na leanaí i ngníomhaíochtaí a bhfuil spéis acu iontu. |
| **Tástáil** | ▪ Féadfaidh marcanna i dtástálacha a bheith neamhiontaofa.<br>▪ Uaireanta ní bhíonn brí ná ábharthacht ag baint le tascanna agus ceisteanna le haghaidh na leanaí agus uaireanta ní bhíonn siad oiriúnach go cultúrtha.<br>▪ Tógann siad am. | ▪ Cuidíonn siad leanaí a aithint a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.<br>▪ Comharthaíonn sé deacrachtaí sonracha foghlama. |

# Conclúid

Is measúnóirí nádúrtha iad leanaí, cosúil le daoine fásta, ar a ndul chun cinn féin agus ar a bhfuil bainte amach acu. Féadfaidh an duine fásta foghlaim leanaí a shaibhriú agus a fhairsingiú trí mheasúnú a dhéanamh trí fhoghlaim agus fhorbairt a shainaithint, eolas a thabhairt ar ais do na leanaí, a ndul chun cinn a cheiliúradh leo, maille lena bhfuil bainte amach acu, agus cleachtas a chur in oiriúint agus pleanáil le haghaidh na foghlama amach anseo. Ar an gcaoi seo, cuidíonn an measúnú leis an duine fásta léiriú a fháil ar shaibhreas fhoghlaim agus fhorbairt leanaí. Mar seo, treoraíonn an measúnú aistear na leanaí.

# Aguisín 1: Acmhainní don súgradh

Tá roinnt mhaith bréagán agus trealaimh is féidir a úsáid le haghaidh súgartha, agus ní gá go mbeadh sé costasach acmhainní a eagrú agus a fháil don timpeallacht súgartha. I gcás roinnt mhaith de na frapaí súgartha níl siad costasach, nó is féidir iad a athchúrsáil ó nithe sa bhaile agus sa ghnó. I gcás ábhar amhail dramhábhar, nithe in-athchúrsáilte agus boscaí níl teorainn leis na nithe is féidir a dhéanamh astu do shúgradh leanaí. I gcás roinnt mhaith de na hábhair seo is beag an costas atá orthu agus cuireann siad go mór leis na deiseanna atá ar fáil chun go n-úsáidfeadh na leanaí a samhlaíocht. Féadfar iarraidh ar thuismitheoirí agus ar leanaí páirt a ghlacadh cur leis na hacmhainní, agus is féidir iarraidh ar gnóthaí áitiúla freisin, mar go minic bíonn ábhair á gcaitheamh amach acu a d'fhéadfadh bheith an-úsáideach do leanaí ina gcuid súgartha. Foinsí féideartha eile le hábhair a aimsiú ná siopaí áitiúla carthanachta agus díolacháin athláimhe. Ní liosta uileghabhálach an liosta seo a leanas, ach tá sé ann chun tú a chur ag smaoineamh ar a bhféadfá a dhéanamh. Mar is gnách, caithfear tús áite a thabhairt i gcónaí do shábháilteacht leanaí agus é seo a choinneáil i gcuimhne nuair atá acmhainní á roghnú. Chomh maith leis sin ba chóir go mbeadh na frapaí agus na hábhair ag teacht le cúlraí, cultúir, cumais, inscní agus struchtúir teaghlaigh na leanaí.

**Tábla A: Acmhainní súgartha**

| Cineál súgartha | Leanaí óga | Mamailínigh | Leanaí |
|---|---|---|---|
| **Súgradh cruthaitheach** | ■ Féach na rannóga eile. Féadfar roinnt mhaith de na nithe liostáilte ann a úsáid sa súgradh cruthaitheach. | ■ Féach na rannóga eile. Féadfar roinnt mhaith de na nithe liostáilte ann a úsáid sa súgradh cruthaitheach. | ■ Féach na rannóga eile. Féadfar roinnt mhaith de na nithe liostáilte ann a úsáid sa súgradh cruthaitheach. |
| **Cluichí le rialacha** | ■ cluichí idirghníomhacha – mar shampla *píceáil*, canadh, scéalaíocht, rannta | ■ cluicí le cártaí amhail pictiúir a mheaitseáil<br>■ cluichí meaitseála<br>■ pictiúir le rannaireacht – mata-hata-fuinneog-cuileog srl.<br>■ bíonn rialacha iompair ag baint le frapaí samhlaíocha don súgradh samlaíoch (Féach acmhainní liostáilte thuas.)<br>■ cluichí sóisialta, amhráin fáilte, cluichí comhroinnte<br>■ cluichí cosúil le *Feicim le mo shúilín* | ■ cluichí ar an ríomhaire<br>■ cluichí biongó/crannchuir<br>■ cluichí cláir – nathracha is dréimirí, domanónna, táiplis, cártaí imeartha<br>■ cluichí le focail agus puzail – focail a chruthú agus abairtí raiméisí a chruthú le litreacha cairtchláir<br>■ cluiche scidilí, peil<br>■ nathracha is dréimirí ollmhór/ cleas na bacóide le himirt lasmuigh (is féidir iad seo a phéinteáil ar an talamh.) |
| **Súgradh chun teanga a fhorbairt** | ■ leabhair phictiúr (in-chuimilte) le pictiúir d'fhíor-nithe, nó scéalta atá an-ghearr, leabhair le huigeachtaí éagsúla, leabhar don fholcadh<br>■ seinnteoir DD agus dlúthdhioscaí éagsúla<br>■ puipéid | ■ gach cineál leabhar, go háirithe leabhair ar eispéiris – ag dul go dtí an dochtúir, go dtí an fiaclóir, go dtí an t-ospidéal, dul ar an eitleán, aistriú tí, leanbh nua a bheith agat, bás sa chlann<br>■ téipeanna ar DD | ■ gach cineál leabhar, leabhair gan aon fhocail chun na leanaí a spreagadh lena scéal féin a chumadh, leabhair a léiríonn spéiseanna leanaí – tarracóirí, peataí, gairmeacha, cairde, taisteal, leabhair scríofa i dteanga dhúchais na leanaí<br>■ leabhair faoi mhothúcháin<br>■ puipéid ilchultúrtha le gnéithe réadúla |

| Cineál súgartha | Leanaí óga | Mamailínigh | Leanaí |
|---|---|---|---|
| **Súgradh chun teanga a fhorbairt *(ar lean)*** | ■ leabhair le hamhráin/ rannta/scipeáil/rannta chun bualadh bos in éineacht leo ag léiriú ilchineálachta<br>■ DD le hamhráin/ cantaireacht/rannta | ■ fóin bhréige nó micreafóin nó seanfhóin<br>■ DD a chuireann fuaimeanna i gcomparáide lena chéile agus a dhéanann iniúchadh orthu – madraí ag tafann, leanaí ag súgradh, uisce ag rith, fón ag glaoch<br>■ ábhair/frapaí chun scéalta a dhrámatú/nithe a tharlaíonn | ■ ábhair ionas gur féidir leo a leabhair féin a dhéanamh, faoina dteaghlaigh, faoina spéiseanna, faoina gcairde, faoina scileanna agus faoina gcumais<br>■ grúpaí d'fhocail rannaireachta<br>■ clár scéalta (píosaí móra de chairtchlár péinteáilte le tírdhreacha oscailte) le frapaí beaga (figiúirí/ainmhithe ar scála beag) ar féidir úsáid a bhaint astu chun scéalta éagsúla a chruthú<br>■ Frapaí le haghaidh súgartha samhlaíoch (Féach thíos)<br>■ cluichí/rannta sráide- nigh na héadaí<br>■ málaí scéalta (clúdaigh piliúir/ málaí ildaite le sreangáin tarraingthe) le leabhair (leabhar ficsin amháin agus leabhar bainteach neamhfhicsin i ngach ceann) chomh maith le hábhair thacaíochta – puipéid, pictiúir, grianghraif, cluichí/gníomhaíochtaí bainteacha, páipéar, dathanna |
| **Súgradh fisiceach** | ■ liathróidí, bloic, ciúbanna cuasacha, coirníní ar shreang ceangailte go láidir den tsreang<br>■ bréagáin don fholcadh, crúiscíní le leacht a dhoirteadh astu<br>■ bréagáin ar féidir marcaíocht orthu, iad a tharraingt, boscaí folmha, cartáin fholmha le sreangán ceangailte ar féidir iad a tharraingt<br>■ bréagáin ar féidir iad a shá suas/a léimeann in airde, ionaid ghníomhaíochta, móibílí le crochadh os cionn an chliabháin<br>■ mataí boga súgartha<br>■ uirlisí ceoil/bréagáin ghníomhaíochta a dhéanann ceol<br>■ tolláin, pubaill, boscaí móra cairtchláir,<br>■ croiteoirí, crothla, bréagáin don bhéal<br>■ scáthán sábháilteachta ag leibhéal an urláir le lámhráille | ■ bréagáin tógála (sorcóirí uirlise, cartáin bhainne, boscaí bróg, hataí crua, dumpairí, miosúir, bréagáin chomhghlasacha, bloic mhóra agus bheaga, brící)<br>■ gnéithe fisiceacha éagsúla – fánaí, céimeanna, ballaí ísle<br>■ liathróidí, bréagáin stacála, coirníní móra le cur ar shreang<br>■ bréagáin ar féidir marcaíocht orthu, rothair thrianacha, bréagáin is féidir a shá agus a tharraingt, frámaí dreapadóireachta, sleamhnáin, cairteacha, bugaithe, leantóirí/ soithigh chun ábhair a iompar<br>■ míreanna mearaí, puzail shimplí le cúlraí, cultúir, cumais agus struchtúir teaghlaigh éagsúla léirithe orthu<br>■ ionaid ghníomhaíochta, caisil | ■ gaineamh, uisce, clocha, duilleoga, craobhóga, leintilí, gránábhar, pasta, bláthanna, féar, cleití, cré, taos, adhmad, púróga<br>■ hupaí, liathróidí pónaireáin, bíomaí cothromaíochta, bloic, boscaí, bréagáin le rothaí, tarracóirí, rothair, scátaí rollála, frámaí dreapadóireachta, hupa cispheile, agus cluichí eile ina gcaitear rudaí, cluichí/rásaí athsheachadta, rochtain ar spásanna oscailte, cluichí sráide traidisiúnta cosúil le scipeáil le rópa, cleas na bacóide<br>■ trealamh chun samhlacha a dhéanamh, ábhar fuála, cláir phionnaí, ábhair lásála, coirníní le cur ar shreang, spóil fholmha, ábhair mhóra agus bheaga tógála, fíor-mhiosúr, zipeanna, cnaipí, fáiscíní páipéir, bairr bhuidéil, gníomhaíochtaí barr boird, brící comhghlasála, cluichí meaitseála<br>■ míreanna mearaí/figiúirí súgartha ag léiriú íomhánna dearfacha lena n-áirítear cúlraí, cultúir, cumais, inscní agus struchtúir teaghlaigh<br>■ pictiúir lannaithe de leanaí gearrtha suas agus greamaithe |

| Cineál súgartha | Leanaí óga | Mamailínigh | Leanaí |
|---|---|---|---|
| **Súgradh fisiceach *(ar lean)*** | ■ nithe le bolú, le blaiseadh, le brath, agus le héisteacht leo<br>■ tdeiseanna chun bheith ag suí, ag lámhacán ag síneadh, taithí a fháil ar chúis agus éifeacht<br>■ gránphlúr, taos súgartha, uisce<br>■ damhsa, dul ar shiúlóid, luascáin, snámh<br>■ mataí/ciorcail gníomhaíochta<br>■ bréagáin a charnadh/a chur isteach ina chéile<br>■ ciseáin taisce<br>■ sórtálaithe cruthanna<br>■ criáin, páipéar, scuaba tiubha péinte agus péinteanna nach bhfuil nimhneach | ■ criáin, ábhair scríbhneoireachta agus ábhair chun marcanna a dhéanamh, leabhair, naprúin, cailc, gaineamh, uisce, péint (nach bhfuil nimhneach), cineálacha éagsúla páipéir, sean-irisleabhair, scuaba móra, marcóirí, gliú, píosaí d'ábhar daite, clár dubh agus cailc, taos súgartha, lintilí, pasta, siosúir sábháilteachta, adhmad, craobhóga, duilleoga, clocha, sliogáin, péinteanna ar dhath craicinn agus pinn luaidhe, scátháin chun portráidí a phéinteáil<br>■ uirlisí ceoil bréige/ bréagáin a dhéanann ceol<br>■ casúir agus pionnaí bréige<br>■ tolláin, bairillí chun dreapadh tríothu, pubaill ar féidir iad a chur in airde, boscaí cairtchláir fholmha, fánáin, céimeanna, cuair, struchtúir chun dreapadh ar a mbarr/os a gcionn/ faoina mbun, deiseanna chun bheith ag rith, ag léimneach, ag dreapadh, soilse tráchta bréige, comharthaí bóthair<br>■ cruthanna a théann isteach ina chéile/bloic chuasacha<br>■ tráidirí gainimh agus uisce (nó báisín/folcadh), réimse trealaimh gainimh (stáin bhácála, múnlaí, gearrthóirí, crúiscíní, spúnóga tomhais, spáda, cupáin, gaineamh agus rothaí uisce, buicéid, síothláin), trealamh uisce (cannaí spréite, liathróidí, báid, carranna/trucailí plaisteacha, bábóga ar féidir iad a ní, foirne | ar an gclár dubh chun míreanna mearaí a déanamh<br>■ ábhair eolaíochta/micreascóp, gloine formhéadúcháin, maighnéid, seanchloig<br>■ cineálacha éagsúla péinteanna, spúinsí, coinlíní, pinn luaidhe, ábhair uigithe cosúil le feilt, éadach, síolta, veilbhit, páipéar craptha, criáin/péinteanna a mheaitseálann dath chraiceann na leanaí, pinn luaidhe, dramhábhair, scéalta, leabhair, cairtchlár, sean-irisleabhair, seanpháipéar maisiúil, deireadh rolla páipéir don bhalla, plátaí páipéir, cré, cailc, taos, cineálacha éagsúla dathanna, toisí, uigeachtaí, siosúr sábháilteachta (ciotóige agus láimhe deise), pillíní dúiche agus stampaí, seilitéip<br>■ tráidirí gainimh/uisce, sconna lasmuigh, píobáin phlaisteacha, trealamh gairneoireachta, sluaistí, rácaí barachairtíní, cannaí spréite, síolta, beathnaitheoirí éin, trealamh le doirteadh, tomhas, gearradh, ionramháil, líonadh, súgradh go samhlaíoch leis, tógáil leis, cruthanna a dhéanamh leis, soithigh/cruthanna den toise céanna/éagsúil<br>■ uirlisí ceoil, míreanna a dhéanann torann (crothla leanaí óga, cloigíní), ábhair ionas gur féidir leo a n-uirlisí ceoil féin a dhéanamh (buidéil phlaisteacha, púróga, stáin bhrioscaí)<br>■ sean-innealra, rothaí, seanchloig, píobáin<br>■ ríomhairí, ceamaraí digiteacha<br>■ comhábhair chócaireachta, stáin bhácála, spadail, spúnóga adhmaid |

| Cineál súgartha | Leanaí óga | Mamailínigh | Leanaí |
|---|---|---|---|
